# Ag cur crutha eile ar shaol daoine



An Coimisiún Eorpach

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

© Grianghraif: Na Comhphobail Eorpacha

Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghraf nach bhfuil faoi chóipcheart na gComhphobal Eorpach, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach

Uimhir saorghlao (*):
00 800 6 7 8 9 10 11

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimhreacha 00 800 nó d'fhéadfaí airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá eolais breise faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon.
(http://europa.eu).

Tá sonraí catalógaithe chomh maith le hachoimre ar fáil i ndeireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, 2009

ISBN 978-92-79-12676-5

doi 10.2767/25848

© Na Comhphobail Eorpacha, 2009

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

*Arna chlóbhualadh sa Ghearmáin*

ARNA CHLÓBHUALADH AR PHAIPÉAR BÁN GAN CHLÓIRÍN

# AG CUR CRUTHA EILE AR SHAOL DAOINE

## An AE ag infheistiú i ndaoine trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa

**An Coimisiún Eorpach**
An Ardstiúrthóireacht um Fhostaíocht,
um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chomhdheiseanna
Aonad A.1
Lámhscríbhinn arna críochnú i Meitheamh 2009

# Clár na nÁbhar




## An t-aos óg

### Ag fás aníos go dtí an post ceart
10 D'fhill Audrey Libres, 21, ar an gcoláiste i Champagne na Fraince, le bheith ina bláthadóir faoi oiliúint.

### Dúshlán do chuid a shaothrú
12 Bhain Bruno De Almeida Aveiro, 18, sochar as scéim oideachais agus oiliúna trí bliana chun obair a fháil ina gharraíodóir cathrach i Lucsamburg.

### Chomh folláin le breac
14 Rinne Síne Nic Mhathúna, 27, as Baile Átha Cliath in Éirinn, cúrsa thraenáil spóirt agus anois traenálann sé teagascóirí nua.

### Tairngire an Oirthir
16 Bhain Bruno Texeira, 29, úsáid as teagmhálaithe ó shocrúchán san Indinéis chun sainchomhairliúchán trádála a bhunú in Oporto sa Phortaingéil.

### Fiontar na sláinte
18 Chuir Radmila Petroušková, 26, caife bhianna sláinte ar bun in České Budějovice i bPoblacht na Seice, i ndiaidh di dul le scéim d'fhiontraithe óga.

### Ag díriú na hóige agus an fhuinnimh
20 Fuair Yann Lelièvre, 27, tacaíocht le plean gnó a chruthú sular oscail sé siopa spóirt in Clermont-Ferrand san Fhrainc.




## Comhionannas ban agus fear

### Tá na mná ag obair agus na seandaoine ag déanamh spraoi
24 Fad is a bhíonn Koulla Aggelou, 38, ag obair ina glantóir in Augorou sa Chipir, déanann scéim chúram lae siamsa dá máthair aosta.

### Am súgartha san oifig
26 Is féidir do Stephan Wittich, 39, leanúint ar aghaidh lena chuid thaighde fad is a bhíonn a iníon i naíolann ag Ollscoil Vín san Ostair.

### Ag tógáil ghnó uathúil turasóireachta
28 Rinne Riikka-Leena Lappalainen, 50, éifeacht le hóstán a muintire i réigiún Pohjois Savo san Fhionlainn, i ndiaidh scéim idirnáisiúnta do bhanfhiontraithe.

### Bean sa suíochán tiománaí
30 Bhunaigh Beata Szozda iriseoir, 26, a foilseachán gluaisteánaíochta féin ar líne in Poznań sa Pholainn, i ndiaidh chúrsa gnó.

### Cothromaíocht níos fearr idir obair is saol
32 Déanann Gerard Jansen, 53, teilobair dá fhostóir, bord an uisce Drachten san Ísiltír.

### Tá an todhchaí ag brath uirthi féin
34 Rinne Katarína Vargová, 37, oiliúint agus fuair sí comhairle a chuidigh léi filleadh ar an lucht oibre sa Bhratasláiv sa tSlóvaic, i ndiaidh shaoire mháithreachais fhada.

## Daoine faoi mhíbhuntáiste

**Ní bac é an míchumas san obair**
38 Rinne Andrzej Lubowiecki, 47, cúrsa a chuidíonn le daoine faoi bhreac-mhíchumas cur isteach ar obair in Gdynia sa Pholainn, agus fuair sé post sa tslándáil an lá arna mhárach.


**Oideas ar an rath**
40 Tá Éva Gyulai, 33, ag obair i mbialann Titbit in Szekszárd san Ungáir, i ndiaidh oiliúint cócaireachta a dhéanamh go cionn bliana.

**Ag tabhairt lámh chuidithe do na daill**
42 Tugtar ábhar staidéir i mBraille saor in aisce do Sarmite Gromska mac léinn, 21, ag Ollscoil na Laitvia i Ríge.

**Ag baint suilt as saol na tuaithe**
44 Rinne Andrej Lovrencec, 22, oiliúint san obair, agus fuair sé post talmhaíochta i réigiún Prekmurje sa tSlóivéin.

**Ag foghlaim an phian a fhulaingt**
46 Bhí Otilia Marques glantóir, 54, craplaithe ag tinneas droma réamatach ach d'fhoghlaim sí é a chloígh i gcúrsa oiliúna i Lucsamburg.

**Scéal Georgia**
48 Mar gheall ar scéim athshlánaithe ar Chorfú sa Ghréig, fuair Georgia Chrisikopoulou, 36, obair mar gharraíodóir.




## Oibrithe breacaosta

**Ag ardú giar go dtí slí bheatha nua**
52 Cháiligh Jane Grøne, 58, ina tiománaí bus in Aalborg sa Danmhairg, a bhuíochas do chúrsa inniúlachta sa phost.

**Athoiliúint faoi choinne lucht oibre nua-aimseartha**
54 I ndiaidh do Milan Nedbal, 53, as Prusinovice i bPoblacht na Seice, scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim, fuair sé post arís sa déantúsaíocht i ndiaidh a bheith as obair.

**Fíor luach an eispéiris**
56 Mar gheall ar scéim a cheanglaíonn fostóirí agus oibrithe breacaosta i Vín san Ostair, fuair Roswitha Kerbel, 55, post ag eagraíocht thiomsaithe airgid ar son na carthanachta.

**Dóchas nua na dlúthpháirtíochta sóisialta**
58 Rinneadh cúntóir sóisialta de Tsvetan Ivanov, 62, in Vratsa sa Bhulgáir, i ndiaidh scéime a thugann tacaíocht do lucht cónaithe aosta gafa sa teach.

**Scileanna nua agus braistint phobail**
60 I ndiaidh cúrsa TF, spreagadh Aldona Mikalauskiene, bean gnó, 71, a gnólacht cuntasóireachta i Vilnias sa Liotuáin a nuachóiriú.

**Ar ais ag obair**
62 I ndiaidh cúrsa athnuachana bhí George Mifsud, 60, in ann tús nua dhéanamh ina oibrí chothabháil tírdhreacha i Málta.






## Fiontraíocht

### Cuireann meantóireacht an t-idiruasán ar an mbealach ceart

66 I ndiaidh scéim meantóireachta, bhí Peeter Tarmet, 32, in ann a thurais idiruasáin a chur chun cinn i dTaillinn san Eastóin.

### Ag giniúint fuinnimh ghlais

68 D'fhoghlaim Sandra Barnes-Keywood, 37, conas a leaba is bricfeasta in aice le Chichester i ndeisceart Shasana a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol.

### Gnó na mbeach

70 Rinne Normunds Zeps, 31, cúrsa oiliúna faoi reáchtáil gnólachta bhig agus anois tá sé ag tógáil beacha meala in Kalupe i dtuath na Laitvia.

### Slán sábháilte ar an bhfeirm

72 Fuair Gaetane Anselme, 40, comhairle faoi fheabhsú na sábháilteachta do pháistí ar cuairt ar a feirm oideachasúil i Vallúin na Beilge.

### Tá bunsraith dhaingean de dhíth ar ghnólacht tógála

74 Chlaochlaigh José Salmerón Guindos, 47, a ghnólacht tógála in La Huertezuela sa Spáinn, a bhuíochas le scéim d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

### Ag tógáil todhchaí faoin tuath

76 Cuidíonn Florin Istrate, 39, le feirmeoirí i mBarbuletu sa Rómáin slí mhaireachtála inbhuanaithe a dhéanamh amach dóibh féin agus dá dteaghlach.




## Scileanna nua

### An dara háiméar, slí bheatha nua

80 Bhí Marie Therese Vella, 48, in ann tosú as an úire i ndiaidh scéim oiliúna do dhaoine os cionn 40 bliana d'aois, anois tá sí ag obair go lán-aimseartha d'fhondúireacht forbartha i Málta.

### Tá sé níos éasca fadhbanna a réiteach má tá an tacaíocht agat

82 I ndiaidh oiliúint ghairmscileanna i Larnaka sa Chipir, fuair Andreas Apatzidis, 41, post atá fóirsteanach dó ag tiomáint veain.

### Baineann oibrí maith an t-aitheantas amach

84 Rinne Zsolt Korcz, 34, cúrsa oiliúna aon bhliana agus tháinig sé amach ina shaor cloiche oilte i ndiaidh na blianta ag obair mar shaothraí tógálaí in Zalaegerszeg san Ungáir.

### Ag infheistiú i gcodladh sámh na hoíche

86 Rinne Daniel Dellisse, 50, cúrsa athoiliúna teicniúla trí mhéan a ghnólachta i bhFlóndras na Beilge, ar mhodh is gurbh fhéidir leis seal an lae a dhéanamh.

### Dul chun cinn sa tslí bheatha

88 Chuidigh dianseisiúin oiliúna le Biliana Filipova, 33, as Dupnitsa sa Bhulgáir, a cuid freagrachtaí bainisteoireachta a láimhseáil agus iad ag dul i méid.

### Ag athghníomhachtú eolais

90 D'athnuaigh Peter Meller, 48, a chuid scileanna innealtóireachta meicniúla i Magdeburg sa Ghearmáin, agus fuair sé post i dtionscail na ngluaisteán.

## Oideachas agus oiliúint

### Luach an traidisiúin

94 Mar gheall ar scoláireacht Eorpach, bhí áiméar ag Monica Stroe, antraipeolaí, 24, as Búcairist sa Rómáin, dul níos faide lena cuid taighde.

### Ag tacú leis an gcruthaitheacht

96 Bhunaigh Harri Haanpää, 33, a ghnólacht léiriúchán scannán féin i Heilsincí san Fhionlainn, agus anois ba mhaith leis a scileanna sa mheán a chur ar aghaidh.

### Á thabhairt i gcrann

98 Cuidíonn oiliúint foraoiseachta le Maria Balbina Soares Melo Rocha, 59, eastát a muintire a reáchtáil in aice le hOporto sa Phortaingéil.

### Slí bheatha na nuálaíochta

100 Mar gheall ar dheontas taighde, chuaigh Simone Rossi, 30, as an Umbria san Iodáil, chun tosaigh ag forbairt chóras nua grian-fhuinnimh agus fuair sé post seasta.

### Dírigh in airde

102 Fuair Nedas Jurgaitis, léachtóir coláiste, 28, as Siauliai sa Liotuáin, tionchosc sainiúil ó roinnt de na scoláirí is fearr san Eoraip agus bhain sé amach an mhuinín a bhí uaidh lena shlí bheatha a chur ar aghaidh.

### Ag taispeáint an bhealaigh ar aghaidh do dhaoine eile

104 D'fhoghlaim Mogens Lausen, aisteoir agus ceoltóir, 44, conas gnólacht a bhunú chun oiliúnú pearsanta a thairiscint faoi shlite beatha in Aarhus sa Danmhairg.




## Cuimsiú sóisialta

### Ag aimsiú an bhealaigh chirt

108 Tháinig Jana Urbanija, 26, chuici féin i ndiadh mhí-úsáid drugaí agus rinne sí clár neam-hfhoirmiúil oiliúna a chuir ar a cumas stai-déar a dhéanamh ag Ollscoil Liúibleána sa tSlóivéin.

### Scileanna nua TF le haghaidh todhchaí níos fearr

110 Is dílleachta é Christos Giannakopoulos, 27, ó aois linbh, rinne sé oiliúint ríomhaireachta agus anois tá sé ag obair sa mhiondíoltóireacht in Chalkida sa Ghréig.

### Ó na sráideanna go dtí an t-ardán taispeána

112 Bhí Fiorella, 50, ina cónaí ar shráideanna Bologna, san Iodáil, ar feadh dhá bhliain sula ndearna sí cúrsa gairmoiliúna do dhaoine gan dídean agus tháinig sí amach ina bainisteoir siopa gúnaí.

### Lámh chuidithe, áiméar fuascailte

114 Thug scéim oiliúnú beatha deis do Ailean Mag Fhionnlaigh, 47, a laethanta mar phríosúnach a chur ar a chúl agus obair a fháil ag cuidiú le hiar-chiontóirí eile in Wishaw san Albain.

### Cumarsáid do bhodhair

116 Sháraigh Mário Greško, 30, a bhodhaire agus fuair sé an post a bhí sé á iarraidh i ndéan-túsaíocht gluaisteán i ndiaidh dó scileanna ríomhaireachta a fháil, sa Bhratasláiv sa tSlóvaic.

### Coinnigh do mhisneach

118 Fuair Anne-Lie Thuvesson, 52, cuidiú leis an dúlagar a bhaint di agus bhunaigh sí a delica-tessen féin in Hässleholm sa tSualainn.






## Ag troid in aghaidh an idirdhealaithe

**Tugann scéim chomhtháthaithe caoi do dhaoine san Eastóin**

122 Ghlac Messurme Pissareva, 37, páirt i scéim le haghaidh chomhtháthú neamhnáisiúnach i sochaí na hEastóine in Jõhvi, agus anois reáchtálann sí gnólacht eastáit réadaigh.

**Ag fáil áite i measc an lucht oibre**

124 Tháinig post seasta do Serge Mbami, 38, as Luimneach in Éirinn trí chúrsa oiliúna faoi lóistíocht shlabhra an tsoláthair.

**Post in uachtar**

126 Rinneadh maoirseoir de Amparo Navaja Maldonado, 30, in óstán mór mar gheall ar scéim ar son an phobail Romaigh i Sevilla sa Spáinn.

**Ar a dhá chois féin**

128 Chuidigh clár forbartha don aos óg le Abshir Abukar, 25, post a fháil agus comhtháthú i gcultúr a dhídine i Malmö sa tSualainn.

**Cumasaíonn an t-eolas**

130 I ndiaidh scéim oiliúna do mhná dífhostaithe, bhain Khadija Majdoubi, 38, a haisling amach go mbunódh sí sciamhlann in Amstardam san Ísiltír.

**Neart san éagsúlacht**

132 Fuair Cornelia Schultheiss, 44, cuidiú chun sainchomhairliúchán a sheoladh a chuireann chun cinn tuiscint idirchultúrtha i measc lucht gnó Bheirlín sa Ghearmáin.

**Innéacs aibítreach na n-ábhar**

134

**Liosta scéimeanna le haghaidh infheistithe i ndaoine**

142

# Ag cur crutha eile ar shaol daoine

## Scéalta pearsanta ó Chiste Sóisialta na hEorpa

An tAontas Eorpach – cad é a dhéanann sé dúinne i ndáiríre? Is é Ciste Sóisialta na hEorpa freagra amháin ar an gceist. Infheistíonn sé i ndaoine: tuairim is 10 milliún díobh gach bliain ar fud 27 mBallstát an AE. Is ar leibhéal pearsanta a mhothaítear an éifeacht go minic, agus léiríonn na 54 scéal sa leabhar seo an chaoi ina bhfuil CSE ag cur fíorchrutha eile ar shaol fíordhaoine.

Bunaíodh CSE i 1957 agus is tuairim agus 10% de bhuiséad an AE atá ann inniu. Caitear an t-airgead seo ar réimse mór scéimeanna aonair ar fud an AE, a chuirtear in eagar go náisiúnta agus go háitiúil chun sainriachtanais na ndaoine i staideanna éagsúla a riaradh.

Léiríonn sé tuiscint fhadradharcach bhunaitheoirí an AE, breis is leathchéad bliain ó shin, nach mbraitheann aontacht na náisiún ar chonartha agus ar thrádáil amháin. Taispeánadh praiticiúil na dlúthpháirtíochta idir Bhallstáit agus idir phobail is ea CSE, a chuireann ar chumas shaoránaigh na hEorpa cló leis na dúshláin nua a rinne forbairt leis na blianta. Cuireann sé i bhfeidhm comhluachanna shochaí na hEorpa, atá bunaithe ar chaitheamh cothrom agus cáilíocht mhaith beatha do chách. Is ionann é seo go praiticiúil agus fáil ar fhostaíocht, ar chúram sláinte, ar thithíocht agus ar oideachas, mar aon le cúram agus tacaíocht do na daoine níos leochailí sa tsochaí.

Más príomhthosaíocht CSE í daoine a chur ag obair, ní hionann é seo agus a rá obair de chineál ar bith. Na scéimeanna a mhaoiníonn sé, cuidíonn siad le daoine an post ceart a fháil: post ar féidir leo cló leis agus coinneáil. Tá na scéimeanna ann chun an athoiliúint agus an tacaíocht a thairiscint a chuideoidh le daoine filleadh ar an obair, agus brú a bhaint de theaghlaigh agus de chomhphobail. Is é príomhuirlis an AE é chomh maith le cuidiú le daoine cló leis an athstruchtúrú, agus téann sé i gceann na ndúshlán a fhaigheann siad rompu agus iad ag baint buntáiste as a gceart gluaiseachta idir Bhallstáit. Ní féidir fás eacnamaíoch a bheith san AE ach amháin trí chomhdhícheall agus trí chomhneart a 500 milliún de áitritheoirí.

Is é an cumasú an príomhphrionsabal ar a bhfuil CSE bunaithe: cuidiú le daoine cuidiú leo féin, a rogha féin a dhéanamh agus a n-uaillmhianta féin a bhaint amach. Sa leabhar seo aithrisítear scéal 54 dhuine a ghlac leis na deiseanna a thairgeann tionscnaimh mhaoinithe ag CSE.

Is í an chosúlacht atá ag na scéalta uilig ná gur scéalta daoine a bhí de rún acu dul i gcéim sa saol nó a dhiúltaigh géilleadh i láthair na mbac; i láthair na ndul ar gcúl; agus uaireanta i láthair an anró dheirg féin. Ghníomhaigh siad uilig chun feabhas a chur ar a saol, nó chun filleadh ar bhealach an leasa. Ach bhí lámh bheag chuidithe de dhíth orthu; beagán tacaíochta sa bhreis; an mhuinín astu féin sin a thugann scéimeanna CSE.

Tá idir mhná agus fhir sna hagallaimh, de gach aois ó dhéagóirí go dtí pinsinéirí, as comhphobail sna cathracha agus faoin tuath, agus i ngach aon tír an Aontais Eorpaigh. Tá fiontraithe uaillmhianacha ann atá de rún acu díol, tá tuismitheoirí ann atá ag lorg cothromaíochta idir an obair agus tógáil páistí, tá daoine ann atá ag déanamh a ndíchill chun míchumas meabhrach nó coirp a shárú, agus tá daoine ann atá ag iarraidh comhtháthú i sochaí nach bhfuil muintearas acu inti.

Taispeánann siad gur tarrthálaí féin í deis na hoibre, is cuma cé chomh measartha agus atá sí, do dhaoine a chaillfeadh an t-áiméar maireachtáil go cuibhiúil mura raibh sí acu. Taispeánann siad go bhfuil sochair ann do dhaoine nuair a chuidíonn siad lena chéile: don té a chuidíonn agus don té a gcuidítear leis. Ní próiseas aontreo í an tacaíocht ach comhleas. Agus léiríonn siad go bhfaigheann seancheann féin ciall, agus gur féidir le gach duine, is cuma a aois nó a chumas, muinín as féin a bhaint amach ó na scileanna nua a thairgeann an t-oideachas agus an oiliúint.

Ní hionann gach cás, agus arís is arís eile deilbhítear an cúnamh a thairgeann na scéimeanna seo de réir riachtanais shainiúla an duine. Feictear ó na torthaí gurb é seo an dóigh is oiriúnaí agus is rathúla chun cruth eile ar fad a chur ar shaol na ndaoine.

Bhí daoine na n-agallamh sásta sonraithe ceilte a shaoil a nochtadh, agus rinne siad a leithéid go minic mar chreid siad go mbeadh a scéal ina chuidiú do dhaoine a bhfuil deacrachtaí cosúla rompu. Cás corraitheach is ea Georgia Chrisikopoulou i gCorfú na Gréige, throid sí in aghaidh an anró iomadúil go dtí gur bhain sí amach gnáthshaol agus caidreamh leis an mac a chaill sí.

Léiríonn na tráchtanna atá fite fuaite sna scéalta an éifeacht atá ag CSE. "Chuidigh an scéim chomh mór sin liom gur mhaith liom eolas a bheith ag cách sa tSualainn faoi," arsa Anne-Lie Thuvesson in Hässleholm.

"Mhúin sé dom go bhfuil mé in ann cibé rud a dhéanamh. Is féidir rud ar bith ba mhaith liom a bhaint amach ach m'intinn a leagan air," arsa Messurme Pissareva san Eastóin. De réir Zsolt Korcz san Ungáir agus Andreas Apatzidis sa Chipir, rinne na scéimeanna "míorúiltí". Agus aontaíonn a lán daoine eile nach mbeidís "sa staid ina bhfuil siad inniu" gan tacaíocht CSE.

Tá na scéalta seo mar fhianaise ar fhuinneamh agus ar ghealltanas cheannairí agus eagraithe na scéimeanna, agus is minic a bhíonn siadsan in ann tualaing duine a aithint nach n-aithníonn an tsochaí mhór. Diúltaíonn siad na daoine timpeall orthu a thréigean, agus is minic go bhfuil léargas acu de shochaí níos cuimsithí ina bhfuil áiméar ag gach aon duine a thualaing féin a bhaint amach. Tá na scéimeanna agus na daoine a dtacaíonn siad leo mar choiscéimeanna beaga, ach coincréiteacha, i dtreo an chuspóra seo. "I rith na hoiliúna tá teachtaireacht go bhfuil an rath ar fáil do dhaoine," arsa Henrik Johannesson sa Danmhairg.

Agus, mar a deir Per Larsson as an tSualainn: "Cuireann sé in iúl go bhfuil cumas laistigh ag daoine ach an deis a bheith acu é a fhorbairt."

Léiríonn na samplaí go bhfuil obair le déanamh go fóill ag an AE chun fíorchomhtháthú sóisialta a bhaint amach. Ní hionann dálaí maireachtála na ndaoine agus na sochair atá acu ó réigiún go chéile. Ó na 1980í, tá CSE ag díriú maoine ar na réigiúin is boichte na hEorpa, agus de chuspóir aige an bhearna idir saibhir agus bocht a dhúnadh. Is léir nach bhfuil teorainneacha nó éagsúlachtaí cultúir ann maidir le tnúth na ndaoine feabhas a chur ar a saol féin, agus go háirithe ar shaol a gclainne.

Ba phribhléid agus ba inspioráid dóibh siúd uilig a raibh lámh acu sa leabhar seo é na scéalta seo a chloisteáil agus a sheachadadh. Tá súil againn go mbeidh siad chomh corraitheach agus chomh hinspioráideach céanna duitse iad a léamh, agus go mbainfidh tú an tátal astu gur fíor go bhfuil CSE 'Ag Cur Crutha Eile Ar Shaol Daoine'.

# An t-aos óg

# Ag fás aníos go dtí an post ceart



Tá potaí criosantamam glé – corcairdhearg, órbhuí, rua agus bánbhuí – feadh an chosáin taobh amuigh de *Le Jardinet*, ionad garraíodóireachta ar imeall Reims i dtuaisceart na Fraince. Cuireann Audrey Libres fáilte roimh chustaiméirí, glacann sí orduithe, déanann sí crobhaingí bláthanna, agus tugann sí aire do na plandaí sna tithe gloine béal dorais.

Tá an bhean 21 bhliain d'aois ag obair i *Le Jardinet* le trí bliana, agus is deas atá sé ag teacht di. "Obair chrua a bhíonn ann uaireanta agus bíonn uaireanta fada ann. Ach tá atmaisféar maith ann idir chomhoibrithe. Ba mhaith liom fanacht anseo." Deir Audrey gur fada an lá atá sí ag iarraidh a bheith ina bláthadóir, agus le roinnt tacaíochta ó oiliúint a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, tá sí ar bhealach an leasa. Ach ní raibh sé éasca.

Rugadh Audrey i Sedan, in Ardennes na Fraince, agus tá cion aici ar an dúlra óna hóige sa réigiún álainn fiáin cnocach sin in oirthuaisceart na tíre. "Nuair a bhí mé óg is minic a bhínn amuigh sna páirceanna le m'athair. Théimis amach ag baint beacán. Shádh m'athair mé roimhe sa bharra rotha – bhínn i gcónaí salach!"

## Cailín diongbháilte

Ach scar a tuismitheoirí ó chéile agus í naoi mbliana d'aois, agus d'aistrigh sí go Reims lena máthair, a phós in athuair. Ba thábhachtach an duine é a seanathair ag déanamh réitigh agus ag coinneáil an teaghlaigh – Audrey agus a beirt deirfiúracha – le chéile. Ach nuair a fuair sé bás in 2001 d'éirigh na rudaí i bhfad níos deacra.

"D'fhulaing mé mórán ag an am sin. Thagadh m'athair gach re deireadh seachtaine, ach bhí mo leasathair ag iarraidh bheith mar a bheadh athair, agus ní raibh mise á iarraidh sin. Níor réitigh mé leis ar chor ar bith," ar sise. "Bhí mé diongbháilte agus thugainn aisfhreagra air. Is oth liom anois é. Leis an aois, tuigim an rud a raibh sé ag iarraidh a dhéanamh. Bhí sé ag iarraidh cuidiú linn."

Ag an am céanna, ní raibh an t-oideachas ag dul go maith léi. "Níor mhaith liom an scoil," admhaíonn sí. "Is maith liom bogadh, agus dar liom bhí an t-am amú orm lá iomlán a chaitheamh i mo shuí ar chathaoir ag éisteacht le múinteoir. Bhí mé ag iarraidh bheith

*"Spreag gach aon duine mé agus dúirt siad liom gan géilleadh. Ba í Scoil an Dara hÁiméir a thug deis úrnua dom, agus tá mé iontach buíoch díobh."*

ag obair ach bhí mo mháthair ag iarraidh go leanfainn ar aghaidh ag staidéar." D'fhág sí an scoil agus í 17 mbliana d'aois, gan ach trí bliana de mheánoideachas aici, agus gan cháilíochtaí. "Ní hoth liom é," maíonn sí.

Bliain ina dhiaidh sin, i ndiaidh coimhlinte eile, phacáil Audrey a málaí agus d'fhág sí teach a muintire. Chuaigh sí a bheith ina cónaí lena buachaill fadtéarmach, Nicolas, agus lena theaghlach-san, agus ar feadh tamaill ní raibh teagmháil aici lena hathair ná lena máthair.

## An dara háiméar

Thug Audrey faoi chineálacha oibre éagsúla, mar shampla i ngnó na n-éadaí. "Ach níor mhaith liom é," ar sise. "Bhí mé ag iarraidh riamh a bheith i mo bhláthadóir." Faoi dheireadh fuair sí triail dhá mhíosa i siopa bláthanna. Ach i ndiaidh na tréimhse sin ní raibh sí de dhíth ar an úinéir níos mó, agus bhí sí as obair arís. "Is fíor an rud é go raibh mé faoi ghruaim ag an am sin. Ach spreag gach aon duine mé agus dúirt siad liom gan géilleadh. Ba í Scoil an Dara hÁiméir a thug deis úrnua dom, agus tá mé iontach buíoch díobh."

I Samhain 2004, thosaigh Audrey sa scoil, atá ina páirt de *Centre de Formation d'Apprentis* (CFA) na Fraince in Châlons, in Champagne. D'fhan sí inti go dtí Meán Fómhair 2005, agus chláraigh sí do phrintíseacht ag *Le Jardinet*. Ceaptar Scoil an Dara hÁiméir mar rud a chuideoidh daoine faoi bhun 25 bliana d'aois dul isteach san obair. Glacann siad páirt in oideachas leanúnach le feabhas a chur ar a scileanna san Fhraincis, sa mhatamaitic, agus i dteicneolaíocht na cumarsáide agus na faisnéise, agus déanann siad ceardlanna faoi chuardach poist chomh maith. Ag an am céanna, bíonn taithí oibre acu a chuidíonn leo a n-uaillmhianta gairmiúla a fháil amach, nó a dhearbhú. Chuidigh an scoil le hAudrey fiontar a fháil a thairgeadh di an phrintíseacht a bhí sí á hiarraidh.

Ar feadh dhá bhliana, mar aon leis an obair ag an ionad garraíodóireachta, rinne sí oiliúint agus d'éirigh léi san *Certificat d'Aptitude Professionel* (CAP) i mbláthadóireacht. Bhain sí é seo amach i Meitheamh 2007, agus chinn sí leanúint ar an staidéar le haghaidh dioplóma i ngarraíodóireacht na plandlainne (BEP). Déanann an scoil monatóireacht ar a dul chun cinn go fóill.

Caitheann sí seachtain amháin gach mí i Nancy, i réigiún Vosges na Fraince, ag staidéar don dioplóma. Caithfear éirí léi sna scrúduithe chun fanacht ag *Le Jardinet*, agus ciallaíonn sé sin gealltanas rialta. Tá Nancy rófhada le bheith ag comaitéireacht gach lá, mar sin caithfidh sí taisteal ag an deireadh seachtaine agus fanacht in óstán.

## Ag foghlaim san obair

Ag an phlandlann, is maith léi an obair shéasúrach. Tá a lán oibre Lá na Naomh Uile agus aimsir Nollag go háirithe, agus orduithe ag teacht agus cóirithe le deilbhiú, agus ciallaíonn sé sin go bhfuil gá le huaireanta breise chun riaradh ar an éileamh. Tá an t-ionad garraíodóireachta ar oscailt sé lá go leith sa tseachtain, maidin an Domhnaigh san áireamh, agus tá réimse leathan earraí le ceannach ann mar threalamh agus oiriúintí garraíodóireachta agus cóirithe bréagbhláthanna. Déanann an fhoireann sealaíocht, agus lá scíthe acu in aghaidh na seachtaine. Uaireanta téann Audrey lena fostóir chun soláthar nua bláthanna a thógáil, in aice le teorainn na Beilge.

An bhfuil bua sainiúil de dhíth ort chun an teaglaim cheart dathanna agus bláthanna a bhaint amach faoi choinne na crobhainge foirfe? Tá Audrey cúthail. "Caithfidh tú foghlaim faoi na dathanna agus conas iad a mhalartú," ar sise. "Beatha duine a thoil – tá cuid acu níos áille ná cuid eile. Nuair a thosaigh mé, ní raibh mo chuid chrobhaingí chomh hálainn sin, feicim an éagsúlacht anois."

Tá a saol pearsanta socraithe anois chomh maith. Tá sí ina cónaí anois in árasán cluthar in éineacht le Nicolas agus le dhá phuisín fhiosracha, Chicane agus Castrol. Tá sé róluath bheith ag smaoineamh ar an bpósadh, áfach. Tá an bheirt acu óg, agus níl Nicolas ag obair go fóill. "Tá níos mó slándála de dhíth orainn," arsa Audrey, go faichilleach. Tá sí i dteagmháil arís lena máthair, agus lena hathair, atá ina chónaí tuairim is uair an chloig sa ghluaisteán ó Reims. "Tá na rudaí i bhfad níos seasmhaí anois, agus tá muinín agam as an todhchaí. Ba mhaith go deo liom mo shiopa bláthadóireachta féin a bheith agam. Sin m'aisling."

Choinnigh Benoit Maujean, úinéir *Le Jardinet*, súil atharúil ar dhul chun cinn Audrey i rith na mblianta. "Tá a lán eispéiris bainte amach aici agus anois ar a comhairle féin atá sé," ar seisean. "Thig léi dul i bhfad níos faide má ba mhaith léi. Anois caithfidh sí eitilt lena sciatháin féin."

# Dúshlán do chuid a shaothrú




"Rinne mé iarracht staidéar sa scoil, ach ní raibh mé in ann," arsa Bruno De Almeida Aveiro go dúthrachtach. Tá sé 18 mbliana d'aois agus is cuimhin leis nuair a tháinig deacrachtaí foghlama air sa rang agus é seacht nó ocht mbliana d'aois. "Ní raibh mé ábalta m'intinn a dhíriú ar na rudaí go maith, agus mhol an múinteoir gur chóir dom dul chuig scoil shainiúil."

Tá Bruno ina chónaí lena theaghlach i mBissen, sráidbhaile ciúin i dtuaisceart Lucsamburg. Is glantóir í Benilde, a mháthair agus tá Jorge, a athair, ag obair i ngnólacht na háite a dhéanann ábhar tógála miotail. Is innealtóir tionsclaíoch é Hugo, 22, a dheartháir is sine i ngnólacht cáiliúil boinn.

In ainneoin na bhfadhbanna atá aige leis an bhfoghlaim fhoirmiúil, rinne Bruno a chuid féin de réimse shuntasach teangacha agus é ag teacht aníos. D'aistrigh a thuismitheoirí go Lucsamburg ón bPortaingéil beagán sular rugadh é, agus bíonn siad ag caint i bPortaingéilis sa bhaile. Ag an mbunscoil, d'fhoghlaim an bheirt deartháracha Lucsambuirgis, agus Fraincis agus Gearmáinis nuair a d'fhás siad beagán. Admhaíonn Hugo anois go labhraíonn an bheirt acu le chéile i dteanga chóir a bheith phríobháideach go minic, déanta d'fhocail pioctha ó na teangacha éagsúla – is ar éigean a thuigeann daoine eile. Ach nuair a bhí siad ina bpáiste, mar gheall ar cheist na teanga ní raibh na tuismitheoirí in ann cuidiú a thabhairt nuair a bhíodh ceisteanna sa rang acu.

## Tacaíocht sa bhreis

Leis an bhfadhb a shárú, d'aistrigh Bruno go dtí *Centre d'Integration Scolaire*, áit a bhfuair sé cuidiú sa bhreis, mar bhí ranganna beaga agus múinteoirí saineolacha ann. Ansin, i rith a óige, tairgeadh dó an deis lá amháin in aghaidh na seachtaine a chaitheamh ag scéim Liewenshaff i Merscheid, scéim a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Cuidíonn sí le daoine óga a bhfuil fadhbanna sainiúla acu nó ach bhfuil cáilíochtaí foirmiúla acu feabhas a chur ar a scileanna sóisialta, acadúla agus gairmiúla, agus comhtháthú go hiomlán sa tsochaí. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, in 2006, thosaigh Bruno ag freastal ar an scéim go lánaimseartha.

Bhain sé sult as an mhodh oibre nua ag Liewenshaff. Tairgeann sé cúig mhodúl ghairmoiliúna: cócaireacht, talmhaíocht, gairne-

*"Ó bhí mé i mo pháiste, níor smaoinigh mé faoin obair. Chuidigh mo mhuintir liom riamh, agus shíl mé go mbeadh gach rud éasca. Ach ní mar sin atá an saol."*

oireacht, obair iarainn agus glanadh tionsclaíoch. Roghnaigh Bruno glanadh agus bhí fíorshuim aige in oibriú na meaisíní agus ag foghlaim faoi na táirgí cearta a úsáid. "Thig liom m'intinn a dhíriú ar na rudaí a bhfuil suim agam iontu, agus bím ag foghlaim go tapa," míníonn sé, "ach in amanna eile ní thig liom m'intinn a dhíriú ar chor ar bith." Leoga, nuair is é an caitheamh aimsire is fearr leis atá i gceist, físchluichí a imirt, deir sé nach bhfuil fadhb ar bith aige díriú ar eachtraí an scáileáin.

## Ag tosú poist

In 2008, chuidigh an scéim le Bruno taithí oibre a fháil le húdarás áitiúil Bissen. Mar pháirt d'fhoireann bheag na bpáirceanna agus na ngairdíní cathracha, tá sé bunaithe sa stóras fada dhá nóiméad de chois óna theach. Tá tuarastal an stáit aige atá 80% den phá íosta, agus tá a chonradh trí mhí inathnuaite faoi dhó. Tá seisean agus a chomhoibrithe freagrach as glanadh agus cúram ghairdíní poiblí agus spásanna pléisiúir Bissen. Athraíonn an obair de réir an tséasúir: bailiú duilleog san fhómhar, maisiú an bheithilín i bpríomheaglais an bhaile faoi Nollaig, agus ullmhú ceapach agus cur plandaí san earrach. Tá sé ag foghlaim níos mó ó thosaigh sé ag obair agus is maith leis an éagsúlacht. "Is fearr liom obair ná staidéar," ar seisean.

Tacaíonn an t-oibrí sóisialta ag Liewenshaff leis go fóill, agus téann sé ar ais ansin go minic chun lámh chuidithe a thabhairt le ceolchoirmeacha agus gníomhaíochtaí sóisialta. "Uaireanta bím ag cuidiú sa chistin, uaireanta eile bím ag cuidiú leis an nglanadh," míníonn sé. "Tá aithne agam ar na daoine ansin." I ndiaidh naoi mí de thaithí oibre, thig leis filleadh ar an ionad má bhíonn cuidiú de dhíth air post seasta a fháil. Bheadh sé ar fheabhas leis dá gcoinneodh sé an obair atá aige anois, ach admhaíonn gur féidir go mbeidh sin deacair. Braitheann líon na foirne cathraí ar mhéid an chomhphobail, agus beidh air fanacht ar fholúntas.

## Ullmhúchán le haghaidh an tsaoil

Tá scileanna praiticiúla Bhruno úsáideach sa bhaile chomh maith. Chaith athair agus mic deich mbliana ag athchóiriú a dtí ó bhun go barr. "Tá sé bunoscionn go fóill," admhaíonn Bruno. "Bhí sé deacair, agus táimid ag obair linn go fóill." Tá sé ag staidéar chomh maith lena cheadúnas tiománaí a bhaint amach. Réiteoidh sé sin bealaí nua dó, mar beidh sé in ann na trucailí agus na tochaltóirí, na leoraithe grin agus na hinnill glanta sráide atá i ngaráiste cathrach Bissen a thiomáint.

Ach ní mhachnaíonn sé barraíocht ar an todhchaí. "Níor smaoinigh mé riamh ar an rud ba mhaith liom a dhéanamh sa saol, ach ag Liewenshaff thosaigh mé ag cur na ceiste seo orm féin. Thuig mé go raibh orm post a fháil, ach ní raibh a fhios agam cén post. Ó bhí mé i mo pháiste, níor smaoinigh mé faoin obair. Chuidigh mo mhuintir liom riamh, agus shíl mé go mbeadh gach rud éasca. Ach ní mar sin atá an saol. Ní raibh mé ag dul chun cinn sa scoil, agus murach Liewenshaff ní bheinn in ann post a fháil ar chor ar bith," ar seisean. "Thaispeáin sé dom conas atá an saol, agus go bhfuil ort saothrú sa saol. Tá mé sásta anseo. Feicfidh mé cad é mar a rachaidh na rudaí."

# Chomh folláin le breac



Meán Fómhair i nDeisceart Bhaile Átha Cliath in Éirinn. Tagann Síne Nic Mhathúna go luath chuig an ionad fóillíochta ina bhfuil sí ag obair.

Is teagascóir cúrsa í ag oiliúint an aosa óig a bheith ina dteagascóir corpoideachais, ina n-oiliúnóir spóirt, agus á n-ullmhú do shlite beatha fisiciúla eile. Ar dtús tá ceacht anatamaíochta sa seomra ranga, díreach ansin táthar i mbun rang aeróbaic chéime 40-nóiméad, agus ina dhiaidh sin seisiún chomh maslach céanna ar na rothair aclaíochta. Gnáthobair na maidine don bhean 27 mbliana d’aois.

Tá cuma tuirsiúil ar an iomlán, ach tá Síne lán fuinnimh agus foinn agus í ag caint faoina post. “Taitníonn an teagasc go mór liom. Nach breá an rud na mic léinn a fheiceáil agus iad ag athrú a saoil trí éirí níos gníomhaí,” ar sise. Is tionscnamh oiliúna áitiúil é an cúrsa a theagascann sí, *Spoirt Teic*, cuireann FÁS ar fáil é agus cómhaoiníonn an tAontas Eorpach é trí Chiste Sóisialach na hEorpa.

“Cuireann an cúrsa seo ar chumas na mac léinn post in ionad fóillíochta agus cáilíocht idirnáisiúnta mar oiliúnóir spóirt nó mar theagascóir corpacmhainne a fháil,” arsa Síne. Is féidir an clár a athrú de réir tosaíochtaí na mac léinn. “Déanaimid iarracht taithí a fháil dóibh sa rud a ba mhaith leo a dhéanamh, cibé acu oiliúnú spóirt, teagasc aclaíochta nó teagasc damhsa. Tá sé de chuspóir agam daoine a chur ag obair. Agus cuidiú leo an rud a ba mhaith leo a bhaint as an saol. Feicim mic léinn nua ag teacht isteach go cotúil agus ansin bím ag amharc orthu ag claochlú. Neartaíonn sé go mór a muinín astu féin agus a scileanna cumarsáide.” Tá ráta ratha ard ag an oiliúint, cuireann sí leis. “Faigheann tuairim is 90 % acu post sa spórt, san fhóillíocht nó i ngníomhaíochtaí.”

Is ambasadóir fonnmhar í Síne ar son an chúrsa, agus más amhlaidh tá fáth maith aici – roinnt blianta ó shin ba ise an mac léinn í féin. Maíonn sí gur “cuireadh cruth eile ar fad ar mo shaol” i ndiaidh an chúrsa naoi mí. “Is cuimhin liom an staid ina raibh mé roimh ré,” míníonn sí. “D’fhág mé an scoil nuair a bhí mé 14 nó 15 bliana d'aois. Ní raibh barúil agam cad é a ba mhaith liom a dhéanamh. Ní raibh treo nó cuspóir agam riamh.”

## Máthair shingil

Rinne sí cineálacha oibre éagsúla: freastalaí, glantóir, agus obair ag an margadh. “Théinn ó jab go jab,” ar sise, “ó dhrochjab go drochjab.

*"Tá de chuspóir agam daoine a chur ag obair. Agus cuidiú leo an rud a ba mhaith leo a bhaint as an saol. Feicim mic léinn nua ag teacht isteach go cotúil agus ansin bím ag amharc orthu ag claochlú."*

Ach bhí mé i gcónaí i m'oibrí maith. Bhítí ag iarraidh ardú céime a thabhairt dom, ach bhí a fhios agam nach raibh mé ag iarraidh an obair sin a dhéanamh i gcónaí, mar sin d'fhágainn." Ansin d'éirigh sí torrach ag 18 mbliana d'aois. "Bhí mé sásta ag an am sin, ach anois sílim go raibh mé rud beag ró-óg. Is mór an fhreagracht leanbh a thógáil ag an aois sin," ar sise. Mar mháthair shingil, bhí Síne i dtuilleamaí ar íocaíochtaí leasa lena leanbh Megan agus í féin a chothú. Bhí saol anróiteach aici – chuir sí suas meáchan agus bhí dúlagar iarbhreithe uirthi. "Tuairim is bliain i ndiaidh breithe Mhegan, chinn mé ar rud a dhéanamh chun mo staid a athrú. Níor mhaith liom go bhfeicfeadh sí mé mar neamhní," arsa Síne. "Ba mhaith liom dea-shampla a thabhairt uaim."

Ba iad an aclaíocht agus treoir ghairmiúil a chuir cor ina cinniúint. "Chuaigh mé chuig halla corpoideachais agus rinne mé cúrsa forbartha pearsanta." D'éirigh sí éadrom agus d'fhás a muinín aisti féin. "Thug sé orm tuiscint go bhfuil níos mó ann sa saol mór dom. Is cuimhin liom go ndeachaigh mé chuig rang aeróbaice agus chonaic mé an teagascóir. Bhí cuma bhreá uirthi agus ba chosúil go raibh sí socraithe. Dúirt mé liom féin 'Ba mhaith liom a hobair-se a dhéanamh'." Nuair a d'iarr Síne comhairle ar an teagascóir, d'inis sí di faoin gcúrsa *Spoirt Teic*.

## Ag éirí níos féinmhuiníní

Chláraigh Síne, agus mhothaigh sí an sochar láithreach bonn. "An chéad uair a labhair mé os comhair an ranga bhí mé ag crith le himní. Ach le himeacht na míonna d'éirigh mé i bhfad níos féinmhuiníní. Anois bainim an-sult as a bheith ansin os comhair na mac léinn." I ndiaidh di an chéim a bhaint amach, bhí sí ag obair i hallaí corpoideachais agus mar theagascóir damhsa, agus ansin fuair sí post ag ionad fóillíochta Tamhlachta Theas, an áit ina bhfuil na cúrsaí bunaithe. Ar dtús bhí sí ag obair mar múinteoir corpoideachais agus damhsa, ach bhí a fhios aici go raibh sí ag iarraidh a bheith ina teagascóir ar an gcúrsa. Thosaigh sí ag déanamh ionadaíochta do na teagascóirí eile. "Bhínn ag obair 11 lá i ndiaidh a chéile. Bhínn chomh tuirseach sin, ach bhí mé ag iarraidh go mór an obair sin mar theagascóir. Ní raibh mé chun géilleadh."

D'fhoghlaim Síne óna cuid taithí gur féidir léi a saol a athrú. "D'fhoghlaim mé cuspóirí a leagan amach agus a bhaint amach." Tá pleananna aici don todhchaí chomh maith. "Is é an chéad chéim eile agam ná dul chuig scoil liachta," ar sise. "Tá a fhios agam go bhfuil mé ábalta. Má thógann sé am fada féin, fanfaidh mé leis."

# Tairngire an Oirthir



Tá Oporto sa Phortaingéil ina ionad trádála idirnáisiúnta leis na céadta bliain agus tá Bruno Texeira ag coinneáil thraidisiún a bhaile dhúchais. Bhunaigh an fiontraí óg gnólacht sainchomhairliúcháin darb ainm Trading EuroPacific go luath in 2008 le cuidiú le gnólachtaí Portaingéalacha agus Áiseacha bheith ag obair le chéile.

Cuidíonn sé le gnólachtaí na dáileoirí, na soláthraithe agus na gníomhairí atá de dhíth orthu san Áise a fháil chun rochtain ar mhargaí nua agus chun a gcostas a laghdú. "De bharr na n-éagsúlachtaí cultúir atá ann idir an AE agus an Áise, tá sé deacair do ghnólachtaí bealach isteach a fháil ar a margaí a chéile," arsa an fear 29 mbliana d'aois. "Chinn mé ar gnólacht a bhunú chun an dá mhór-roinn a cheangal." Bíonn a ghnólacht, Trading Europe Pacific (TEP consulting), ag obair le gnólachtaí Portaingéalacha atá ag iarraidh díol le margaí Áiseacha agus a mhalairt de dhóigh, nó atá ag iarraidh déantóirí a fháil agus cáilíocht táirgthe a rialú. Tá sé ag obair le líonra i seacht dtír Áiseacha – an Indinéis, an tSín, an Vítneam, an Mhalaeisia, an Téalainn, Singeapór agus na Filipínigh: "Tá clúdach ar 50 % de phobal an domhain againn."

Thug sé an nideog dá ghnólacht faoi deara in 2006 agus é i mbun socrúcháin oibre in Ambasáid na Portaingéile in Iacárta san Indinéis mar pháirt de chlár oiliúna *Network Contacto*, a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa.

## Taithí riachtanach

Sa chlár, a chuir Institiúid Trádála Eachtraí na Portaingéile (ICEP) ar fáil, bhí trí mhí oiliúna tosaigh i Roinn na Trádála sa Phortaingéil, agus ina dhiaidh sin sé mhí san Indinéis. Le linn dó a bheith ann, d'ullmhaigh Bruno tuarascáil ar mhargadh na hIndinéise agus chuidigh sé le gnólachtaí Portaingéalacha gabháil isteach sa mhargadh.

Ba riachtanach an taithí sin do Bhruno san obair a dhéanann sé anois. "Bhí an socrúchán iontach maith faoi choinne teagmhálaithe," ar seisean. "Casadh cinnteoirí agus daoine tábhachtacha orm. D'fhoghlaim mé níos mó faoin réigiún agus faoi na háiméir i margadh na hIndinéise do ghnólachtaí Eorpacha.

"Fiú amháin sula ndeachaigh mé go dtí an Indinéis, bhí mé ag smaoineamh faoi ghnólacht a bhunú san Áise," deir Bruno

*“Tá a lán deiseanna ann san Áise, ach tá sé iontach deacair do ghnólachtaí gabháil isteach i margaí Áiseacha. Tá duine uathu a thabharfaidh tacaíocht agus comhairle dóibh.”*

leis. “Chuir an ceantar sin draíocht orm agus mé i mo pháiste. Níorbh fhearr liom aon ní ná bheith ag léamh faoin gcultúr, faoin bhfiabheatha, faoi gach aon rud,” míníonn sé. D’fhoghlaim sé níos mó faoi acmhainneacht ghnó na hÁise nuair a bhí sé ag staidéar eacnamaíocht agus margaíocht san ollscoil. “Tá beagnach 50 % de phobal an domhain san Áise. Monarcha an domhain atá inti agus soláthraíonn sí cuid mhór den bhunábhar,” ar seisean.

I ndiaidh dó teacht ar ais ón Indinéis, bhí sé ag obair i rannóg na margaíochta ag gnólacht teileachumarsáide. Ach bhí sé ag iarraidh riamh a ghnólacht féin a reáchtáil agus, in éineacht le comhpháirtí ar chuir sé aithne air san Indinéis, thosaigh sé ag pleanáil conas úsáid a bhaint as a n-eolas ar mhargaí na hÁise agus as a dteagmhálaithe áitiúla chun gnólacht a bhunú.

Bunaíodh Trading EuroPacific in Eanáir 2008. “Thosaíomar ag déanamh pleananna tuairim is bliain roimhe sin.”

## Fáil ar dheiseanna

Cé go bhfuil sé luath go fóill, deir Bruno gur cuireadh fáilte roimhe go dtí seo agus go bhfuil an gnó ag dul go maith. Is í an aon fhadhb mhór atá aige go dtí seo ná a aois. “Nuair a smaoiníonn daoine ar shainchomhairleoir do ghnólachtaí móra, níl siad ag súil leis go dtiocfaidh duine óg a thabhairt comhairle dóibh,” ar seisean. “Tógann sé tamall lena chur ina luí orthu. Nuair a thaispeánaim an t-eolas agus na teagmhálaithe atá agam, téann sé i bhfeidhm orthu, ach tá sé deacair ar dtús.” Anois tá roinnt ghnólachtaí móra i measc a chliant agus tá líonra comhpháirtithe aige i dtíortha Áiseacha. “Táimid ag iarraidh caidreamh fadtéarmach a fhorbairt le [gnólachtaí Portaingéalacha] agus a gcuid mhargaí a mhaoirsiú san Áise.”

Tugann Bruno sampla de chliant dá chuid – déantóir teicstíle Portaingéalach. “Ní féidir don ghnólacht na hoiriúintí uile atá de dhíth air a tháirgeadh. Tá muidne á chur i dteagmháil le gnólachtaí san Áise a bhfuil fios gnó sainiúil agus cumas táirgthe acu,” ar seisean. “Mar sin beidh sé in ann réimse a tháirgí a éagsúlú.” Tá déantóir Portaingéalach meaisíní le haghaidh miotal a oibriú ar an mórchoir ar cheann de na gnólachtaí eile a n-oibríonn sé leis. Tá sé ag cuidiú leis gnólachtaí a fháil chun a chuid táirgí a dhíol leo. “Tá a lán deiseanna ann san Áise, ach tá sé iontach deacair do ghnólachtaí gabháil isteach i margaí Áiseacha,” deir sé. “Tá duine uathu a thabharfaidh tacaíocht agus comhairle dóibh.”

## Ag pleanáil roimhe

Sa todhchaí, tá sé de aidhm aige a chuid oibríochtaí a leathnú go tíortha Eorpacha eile. “Ba mhaith liom oifig a bhunú i mBarcelona. Bheadh an Spáinn ar an gcéad chéim.” Tá sé ag déanamh iarracht gabháil isteach san India freisin agus bhí gnólachtaí as an Bhrasaíl agus as an Mheicsiceo ag cur faisnéise faoi ghnó a dhéanamh san Áise. Ach ba mhaith bun seasmhach a dhéanamh don ghnólacht sula leathnóidh sé. “Ba mhaith linn fanacht go dtí go mbeimid níos treise sa Phortaingéil sula rachaimid go tíortha eile. Céim ar chéim a dhéantar é.”

Ba mhian leis chomh maith níos mó aimsire saoire a bheith aige. “Tá mé ag obair go crua ag an am seo. Imíonn na deirí seachtaine orm,” cuireann sé leis. “Ba mhaith liom níos mó ama le spórt a dhéanamh, le caitheamh in éineacht le mo chailín agus sa dúlra.”

# Fiontar na sláinte



Am lóin agus tá *Zdravá Jídelna Spirála* – 'Bís na Sláinte' – in České Budějovice i bPoblacht na Seice plódaithe. Tá gach uile shórt duine sa chaife beag – oibrithe agus mic léinn a bhuaileann isteach faoi choinne greime tapa, pinsinéirí agus tuismitheoirí lena gclann atá suite istigh go cionn tamaill níos faide: ag roinnt táblaí, ag comhrá agus ag imirt. Bíonn siad ag teacht faoi choinne roghanna úrdhéanta an lae – plátaí glasraí curaithe agus ríse; babhlaí anraith ramhair; faláfail; agus réimse cístí baile.

Míníonn Radmila Petroušková, a chuir an caife ar bun in éineacht le cara go luath in 2008, an fhealsúnacht acu. "Tá bianna veigeatóiracha agus sláintiúla mar speisialtacht againn," ar sise. "Bainimid úsáid as bianna orgánacha agus bithbhianna a oiread agus is féidir agus seachnaímid leasaithigh, barraíocht salainn agus barraíocht spíosraí. Tá rogha mias saor ó ghlútan freisin do dhaoine a bhfuil ailléirge orthu." Bíonn iasc ag an gcaife ar uaireanta, ach ní bhíonn an fheoil ann riamh. "Agus bainimid úsáid as táirgí cóir-thrádála más féidir. Tá sé tábhachtach dúinn a bheith chomh heiticiúil agus is féidir," cuireann sé leis. Is cosúil go bhfuil aghaidh na ndaoine ar an modh oibre seo agus tá cliantacht rialta gnóthaithe acu cheana. "Cuireadh fáilte romhainn go dtí seo," arsa an cailín 26 bliana d'aois. "Tá atmaisféar iontach cairdiúil ann."

Do Radmila, is rud nua iad reáchtáil gnólachta agus tionscal na lónadóireachta araon. Bhí sí ina mainicín ó bhí sí 16 bliana d'aois agus thaistealaíodh sí ar fud an domhain le bheith i seónna faisin agus i bhfótasheisiúin. "Taithí ar fheabhas a bhí ann," ar sise. "Thugainn cuairt an domhain agus íoctaí mé as." Ach ag 23 bliana d'aois mhothaigh sí go raibh am ardán taispeána thart agus ba mhaith léi saol níos socra. Fuair sí post mar fháilteoir óstáin ina baile dúchais, ach i ndiaidh trí bliana ní raibh sí sásta. "Bhí gach lá mar an gcéanna. Bhí dúshlán nua uaim," ar sise.

Thosaigh sí ag smaoineamh ar caife a bhunú a mbeadh mar speisialtacht aige bianna sláinte, in éineacht le cara a raibh taithí aige ag obair mar chócaire. "Is maith linn araon stíl bheatha shláintiúil agus shíleamar go raibh tualaing mhór sa smaoineamh," ar sise. "Shíleamar go mbeadh éileamh air sa bhaile seo. Níl áit ar bith eile mar seo ann."

*"Tá mé an-sásta gur chinn mé ar an rud seo. Is mise mo cheannasaí féin anois agus tá mé ag baint an-sult as."*

## Comhairle úsáideach

Chuidigh clár tacaíochta d'fhiontraithe óga, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa, leo a smaoineamh a chur i ngníomh. Thug saineolaithe comhairle dóibh faoin gcaife a chur ar bun agus faoi phlean gnó indéanta a fhorbairt le cur faoi bhráid an bhainc. "Ní raibh aon taithí ag duine ar bith againn maidir le gnólacht a bhunú," ar sise. "Mar sin chuidigh na sainchomhairleoirí go mór linn leis an airgeadas agus leis an riarachán. Chuir siad chuig na daoine cearta muid."

Fuair siad iasacht ón mbanc agus, i ndiaidh pleanála ar feadh bliana, d'oscail siad doras an chaife go luath in 2008. "Ar dtús níor thuig mé an méid oibre a bheadh le déanamh agus tú ag reáchtáil gnólachta. Tá difear mór idir bheith i d'fhostaí agus bheith féinfhostaithe." Téann Radmila i mbun riarachán an ghnólachta, an obair pháipéir agus na gcuntas agus tá a comhpháirtí i gceannas an bhia. "Ach bím ag foghlaim níos mó faoin gcócaireacht gach lá," ar sise.

Go dtí seo tá rath ar an bhfiontar agus tá na fiontraithe óga ag baint sult as an eispéireas. Agus tá siad ag pleanáil fhás an ghnólachta sa todhchaí. "Ba mhaith linn an t-áitreabh a mhéadú sa mhodh is go dtoillfeadh níos mó daoine ann," deir sí. "Ba mhaith linn níos mó daoine a fhostú. Táimid ag lorg cócaire eile." Tá plean acu seirbhísí eile a thairiscint chomh maith, mar shampla béilí do bhunscoileanna na háite, agus fuinneog 'mhearbhia sláintiúil' a dhéanamh ag an gcaife. "Faoi dheireadh ba mhaith linn leathnú go cathracha eile freisin," ar sise. "Ach tá sin i bhfad ar shiúl ag an am seo. Déanfaimid céim ar chéim é."

"Tá mé an-sásta gur chinn mé ar an rud seo," arsa Radmila faoi dheireadh. "Is mise mo cheannasaí féin anois agus tá mé ag baint an-sult as."

# Ag díriú na hóige agus an fhuinnimh



I ndiaidh roinnt blianta sa lucht oibre, ina ionadaí trádála agus ina dhiaidh sin ina ghníomhaire margaíochta, bhí smaoineamh soiléir ag Yann Lelièvre ar an rud a bhí sé ag iarraidh a dhéanamh. “Chonaic mé cairde agus comhoibrithe de mo chuid ag dul i gcéim sa saol, mar gheall ar smaointe maithe agus ar obair chrua,” ar seisean, “agus bhí mise ag iarraidh rud a dhéanamh freisin, rud a dhéanamh díom féin."

Is fear mór spóirt amuigh é Yann, téann sé don obair ar lanna rollála agus bíonn sé ag dreapadh aillte ag an deireadh seachtaine. Is cosúil go bhfuil fuinneamh domhúchta ann, “ach gan phlean gnó daingean i lámh agam,” ar seisean, “bhí m’aisling – siopa earraí spóirt amuigh a bhunú – ag imeacht idir mo mhéara.”

Ba chuma le Yann nach raibh sé ach 27 mbliana d’aois, ach dar le daoine eile, mar shampla le hinstitiúidí iasachta áitiúla Clermont-Ferrand, bhí a óige agus a easpa taithí ag cur air. “Ba ar éigean a thug banc aird orm,” míníonn sé. “Bhí staidéar margaidh déanta agam féin cheana, ach ní raibh mé róchinnte conas mo smaointe a chur i láthair, conas dul i bhfeidhm."

Cuidíonn *Espace Info Jeunes* Clermont-Ferrand, a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, le daoine óga oiliúint, obair, gníomhaíochtaí nó tithíocht a fháil, nó scéim a bhunú. “Tuigim riachtanas na rialacha,” arsa Yann, “ach caithfidh tú dul faoi na súistí chun gnólacht a chur ar bun, tá sé ar mire. Chuidigh *Espace Info Jeunes* liom an córas a thuiscint agus plean gnó gairmiúil a chruthú. Ba mhór an cuidiú é, bhí mé ábalta é a chur ina luí ar na bainc agus soláthraithe tábhachtacha a tharraingt isteach freisin. Gan é, ní bheinn san áit ina bhfuil mé inniu."

## Spórt glas

Tá rogha éadaí, bróg agus trealaimh ard-cháilíochta le haghaidh dreapadóireachta, sléibhteoireachta, lannrolláła agus clárscátála, agus réimse spórt amuigh ‘glas’ eile ar díol i siopa *Espace* Yann (níl rud ar bith a bhaineann le spórt mótair). Tá sé bródúil as dintiúir chomhshaolachais a ghnólachta, ceist atá ina chroí istigh ann. “Ní fhreastalaímid ar thruaillitheoirí,” maíonn sé. “Ní dhíolaimid ach na táirgí is marthanaí, sórtálaimid bruscar de réir rialacha diana, agus tá an córas soilsithe is tíosaí ar fhuinneamh sa siopa féin."

*"D’athraigh an taithí seo mé. Bhronn sé orm a lán féinmhuiníne. Anois tá a fhios agam conas a oibríonn na rudaí, agus tá a fhios agam go dtig liom cur le mo rath ach mé ag leagan m’intinn air.”*

Lean an siopa ag fás ó bunaíodh é in 2002. “Táimid díreach i ndiaidh aistrithe go spás níos mó. Inniu, fostaím oibrí páirtaimseartha amháin agus beirt oibrithe lánaimseartha, agus is rud é seo a chuireann áthas orm go háirithe. Tá foireann ar fheabhas againn anseo. Bímid ag foghlaim faoi earraí nua agus faoi theicneolaíocht nua i gcónaí agus tugaimid an chomhairle is fearr dár gcliaint,” ar seisean go díograiseach.

## Ag cur lena rath

Tá Yann chomh fuinniúil sin nárbh fhéidir srian a chur leis go fiú sa chomhshaol gnó is naimhdí. “Is maith liom an luas, bheith ar mo chois, daoine agus rudaí a chur ag gluaiseacht. Nach sin atá corraitheach!” Ach i rith nóiméid chiúin, nuair atá doras an tsiopa dúnta, bíonn sé ag machnamh. “Sílim gur dhuine mé nár chreid ann féin,” admhaíonn sé. “D’athraigh an taithí seo mé. Bhronn sé orm a lán féinmhuiníne. Anois tá a fhios agam conas a oibríonn na rudaí, agus tá a fhios agam go dtig liom cur le mo rath ach mé ag leagan m’intinn air.

"Ní féidir liom a rá anois cá háit a mbeidh mé i gceann dhá bhliain, nó a cúig, nó a deich, ach tá a fhios agam ar rud amháin – níl mé ag stad anseo. Beidh mé ag dul ar aghaidh, ag féachaint ar dheiseanna níos mó agus níos fearr, agus tabharfaidh mé comhoibrithe agus comhpháirtithe nua liom."

# Comhionannas ban agus fear

# Tá na mná ag obair agus na seandaoine ag déanamh spraoi



I sráidbhaile beag Augorou, in aice le Famagusta sa Chipir, tá teach céad bliana agus caoi air. Athchóiríodh le déanaí é, agus comhlaí spéiriúla gorma ar a fhuinneoga, urlár cloiche agus síleáil thraidisiúnta de adhmad fite ann. Ar bhalla san fhorhalla spéiriúil tá an teachtaireacht 'Fáilte go dtí an Club 2007' in obair-lása. Timpeall ar thábla, tá scata beag seandaoine – a n-aghaidh síonchaite ag blianta fada oibre faoin ngrian mheánmhuirí – gáireann siad agus déanann siad magadh lena chéile le linn dóibh a bheith ag cur coirníní móra cruinne ar sreanga.

Seo é lárionad chlár *Sa Bhaile Leat Féin Riamh* Augorou, a seoladh in Eanáir 2007 agus a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa. Tá sé mar chuspóir aige cuidiú le mná an chomhphobail bheith ag obair trí mheán tacaíocht agus siamsa a chur ar fáil dá seantuismitheoirí sa chruth is nach bhfuil orthu fanacht sa bhaile chun aire a thabhairt dóibh siúd.

## Strus agus uaireanta fada

Tá Koulla Aggelou ar bhean de na 15 ban a bhaineann sochar go díreach as. Tá beirt chlainne aici agus bíonn sí ag obair gach maidin mar ghlantóir sa sráidbhaile, agus bíonn Fotini, a máthair 71 bliana, ag freastal ar an 'gclub'. "Sular thosaigh an scéim, bhí an saol iontach deacair," míníonn sí. "Ní raibh am agam dom féin, agus uaireanta ní raibh go fiú do mo theaghlach. Bhíodh strus agus brostú orm i gcónaí." Ghlanadh sí árasáin in Ayia Napa, ionad turasóireachta in aice láimhe, uaireanta d'fhágadh sí an teach ar an mbus ar 6 a.m., ag obair sealanna 12 uaire, nó ag teacht abhaile ar 11 a chlog san oíche. "Bhí sé chomh tuirsiúil sin go smaoinínn uaireanta faoin bpost a fhágáil," admhaíonn sí. Ach bhí a hioncam de dhíth ar an teaghlach. Bhí a fear céile Angellos ag obair ina thógálaí sula bhfuair sé post i mbialann áitiúil. "Mura raibh mé ag obair, bheadh na rudaí iontach deacair," arsa Koulla.

Téann an clár i bhfeidhm ar mhic agus ar iníonacha eile na 15 theaghlach ar ndóigh. Téann na tuismitheoirí – tá an duine is sine acu 88 mbliana d'aois – chuig an ionad gach maidin. "Ní hé aire a thabhairt do na seandaoine atá mar phríomhaidhm an chláir, ach cur ar chumas ban a bheith ag obair" dearbhaíonn Andri Christoforou, duine coinnithe an chlub. "Tugann sé an

*"Sular thosaigh an scéim, bhí an saol iontach deacair. Bhíodh strus agus brostú orm i gcónaí."*

t-am dóibh chun aire a thabhairt dóibh féin, agus dá dteaghlach." Tá comhairle le fáil freisin ar dheiseanna fostaíochta.

Ach cé nach iad na tuismitheoirí príomhsprioc an chláir, is léir go mbaineann siad an-sult as. Líontar gach maidin le gníomhaíochtaí mar chniotáil, péinteáil agus déanamh seodra. Uaireanta déanann siad caife nó cístí nó subh nó macarón. "Tá sé ina bhaile acu," arsa Andri. Trí huaire in aghaidh na seachtaine, tá saineolaithe ann – fisiteiripeoirí agus dochtúirí – faoi choinne seisiúin chóireála, agus eagraítear turais chuig taispeántais agus chuig iarsmalanna. Mar gheall gur sráidbhaile beag é Augorou, tá formhór na seandaoine, mar atá Fotini, in ann siúl chuig an ionad leo féin. Ach dá dtabharfadh foireann an chúraim faoi deara go bhfuil duine as láthair, rachadh ball ar cuairt le faisnéis a chur air, agus le síob a thabhairt dó más gá. Go luath sa tráthnóna, i ndiaidh lóin bhaile, cuireann an scata beag pinsinéirí chun bóthair abhaile go maorga.

## Cuideachta mhaith

"Clár iontach maith is ea é, agus baineann na seandaoine sult as," arsa Koulla. "Seo an chéad uair a bhí a leithéid de rud sa sráidbhaile. Bhíodh mo mháthair buartha mar bhí a fhios aici go raibh mé faoi strus. Anois bíonn sí ag baint suilt as na gníomhaíochtaí, agus táimid uilig níos sásta."

"Tá cuideachta mhaith ann agus is taitneamhach an caitheamh aimsire é," arsa Fotini ag claonadh a cinn, a tháinig slán as cóireáil in aghaidh ailse chíche. "Tá na cailíní a choinníonn an club iontach cineálta. Buailim le daoine ar chomhaois liom agus bímid ag aithris scéalta den seansaol. Mura dtiocfainn anseo, bheadh orm fanacht sa bhaile. Agus tá mé sásta go bhfuil sé níos éasca do m'iníon a bheith ag obair."

Tá dáimh chomh dlúth sin idir Koulla agus Fotini go gcuirfeadh fírinne an scéil ionadh ort: nach bhfuil iontu ach leasmháthair agus leasiníon. Fuair fíormháthair Koulla bás sula raibh sí bliain d'aois, fágadh ochtar páistí óga ag a hathair Costas. Nuair a bhí sí ceithre bliana d'aois, phós Fotini a hathair agus ghlac chuici an chlann a thógáil. "Thóg mo leasmháthair mé mar a hiníon féin," arsa Koulla go buíoch. "Feicim gach lá í, agus ní féidir linn bheith gan a chéile."

## Am a bheith aici

Bíonn Koulla ag obair ó 7.30 a.m. go dtí 1 p.m., cúig lá in aghaidh na seachtaine. Ciallaíonn seo go dtig léi tionlacan a cúpla 11 bhliain d'aois Simeos agus Fotini chuig an scoil sa sráidbhaile, agus teacht ina n-araicis ag geata na scoile ar 2.30 p.m. Is minic a thagann siad ar cuairt i dtigh a dtuismitheoirí ar an mbealach abhaile. Tá am aici a lón a ullmhú, cuidiú leo lena gcuid oibre baile, agus maoirseacht a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí taobh amuigh den scoil: damhsa agus ceachtanna Béarla. "Sular thosaigh an clár, théinn tigh mo mháthar le cuidiú léi gach uair a bhí am saor agam, agus bhí an t-am i gcónaí ina cheist mhór," ar sise. "Uaireanta bhíodh orm fanacht léise ar maidin agus bheith ag obair sa tráthnóna, ach anois tá am agam ar son na bpáistí."

Gach seachtain, glanann Koulla cúig theach in Augorou. Tá Christina Kaoulla, atá sna ceithre fichid agus naonúr clainne agus mórán chlann clainne aici, ar dhuine de na comharsana a bhfuil sí ag cuidiú leo le dhá bhliain, agus a chuireann fáilte roimpi. Do Koulla, ní ach fáth amháin oibre atá san ioncam breise. "Táimid mór le chéile, agus déanaimid spraoi," míníonn sí le linn di slacht a chur ar photaí geiréiniam ar lochtán Christina. "Ní amháin an t-airgead atá i gceist."

# Am súgartha san oifig



Tá Stephan Wittich ag obair in Ollscoil Vín le 12 bhliain. Agus é ina ollamh cúnta dlí idirnáisiúnta, tá sceideal trom aige, idir dhualgas teagaisc rialta agus thionscadail thaighde.

Ceithre bliana ó shin, nuair a rugadh céad iníon Marie dó agus dá bhean Isabel, atá ag obair san ollscoil freisin, d'éirigh a shaol níos gnóthaí arís. Thóg Isabel bliain saoire ó lá na breithe agus ansin thóg Stephan an 12 mhí ina dhiaidh sin. "Stad mé ag teagasc," ar seisean. "Ba é aire a thabhairt do Marie an tosaíocht a bhí agam. Ach ní am saoire a bhí i gceist; bhí a lán oibre le déanamh agam go fóill. "

Nuair a thosaigh sé a thráchtas iardhochtúireachta, faoi nósanna imeachta i gcúirteanna idirnáisiúnta, bhí air uaireanta fada taighde agus freagrachtaí nua na tuismitheoireachta a chur le chéile. "Mar fhear léinn, tá sé de bhuntáiste agam go bhfuil m'obair solúbtha. Ach ar an lámh eile, tá sé an-tábhachtach áit chiúin a bheith agat áit is féidir leat d'intinn a dhíriú gan chrá croí," deir sé leis.

## Ag teacht ar réiteach

Bhain Stephan úsáid as naíolann a reáchtálann an ollscoil ar son a mac léinn agus a foirne. "Murach an naíolann ní bheinn in ann buille oibre a dhéanamh ar chor ar bith," ar seisean.

Tá de chuspóir ag scéim *Oifig na bpáistí*, a thosaigh in 2002 le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, cúram linbh solúbtha ar phraghas réasúnta a sholáthar. "Níorbh fhéidearthacht é gnáthnaíolann. Is dócha nach mbeadh sí in acmhainn dúinn," arsa Stephan. Tá cúramóirí gairmiúla agus saoráidí ar fáil do thachráin agus do pháistí go dtí 12 bhliain d'aois gach lá den tseachtain. Tá seomra staidéir ciúin do thuismitheoirí freisin agus ríomhairí agus deasca léite ann sa chruth is gur féidir leo obair leo agus bheith in aice láimhe ar son a bpáistí ag an am céanna. I measc na mbuntáistí ar ghnáthnaíolann, dar le Stephan, is féidir cur in áirithe gan chairde agus ar feadh tréimhsí chomh gairid le cúpla uair an chloig.

Is minic a bhíonn tuismitheoireacht ina cúis le hathrú, moilliú nó éirí as staidéir nó poist sa saol acadúil, mar sin chinn an ollscoil gur chóir cuidiú lena foireann agus lena mic léinn réiteach a dhéanamh idir an staidéar agus saol an teaghlaigh agus an ollscoil

*"Mar gheall ar an naíolann amháin bhí mé in ann dul ar aghaidh le mo thaighde. Chiallaíonn sé gur éirigh liom obair ar mo thráchtas agus aire a thabhairt do m'iníon."*

a dhéanamh níos fáiltí roimh pháistí. Measann na comhordaitheoirí go bhfuil dualgas chúram linbh ag tuairim is 11% de mhic léinn in ollscoileanna i Vín .i. tuairim is 11,500 duine, agus ag suas le 50% den fhoireann.

Ba léir na buntáistí do Stephan. "Ba mhór an cuidiú í, mar gheall ar an naíolann amháin bhí mé in ann dul ar aghaidh le mo thaighde. Chiallaíonn sé gur éirigh liom obair ar mo thráchtas agus aire a thabhairt do m'iníon. Chuidigh sé le Marie aithne a chur ar pháistí eile agus ar dhaoine fásta eile ó bhí sí óg chomh maith," cuireann sé leis. "Ní raibh aon fhadhb aici cló leis nuair a thosaigh sí sa naíscoil."

## Seirbhís buime sciuirde

Tuismitheoir eile is ea Daniela Finzi, sa tríú bliain dá PhD i staidéar litríocht agus chultúr na Gearmáine, a bhaineann úsáid as an naíolann dá cúpla dhá bliana d'aois. "Tá mé ag baint úsáid as an naíolann ó bhí na cailíní ceithre mhí d'aois," ar sise. "Tá sé oiriúnach dom agus is fearr liom bheith ag obair anseo mar thig liom rudaí a chur i gcrích i ndáiríre anseo. Tá crá croí ann i gcónaí sa bhaile."

Tá acmhainní eile ag an oifig chomh maith, tairgeann sí seirbhís 'buime sciuirde' i rith ócáidí ollscoile, ag comhordú fhoireann fheighlithe páistí, agus ag tabhairt comhairle agus faisnéise do thuismitheoirí. Tionscnamh eile a bhfuil lámh ag Stephan ann is ea 'ollscoil na bpáistí', ina dtugann foireann teagaisc eolas a n-ábhair do na páistí i rith cúrsaí samhraidh dhá sheachtaine. "Cruacheist atá ann dóibh foghlaim faoin ollscoil agus tabhairt orthu smaoineamh faoi na rudaí a ba mhaith leo staidéar a dhéanamh fúthu níos faide ar aghaidh," míníonn sé.

# Ag tógáil ghnó uathúil turasóireachta



Tosaíonn lá Riikka-Leena Lappalainen go moch le tumadh sa loch taobh amuigh dá teach – go fiú i meán geimridh nuair atá teocht an aeir síos go -4 °C agus tiús oighir 10cm air. "Déanaim gach lá é seo," ar sise. "Nach ar fheabhas mar dhóigh dúiseachta é!"

Agus í ina cónaí go domhain faoin tuath i réigiún Pohjois Savo san Fhionlainn, tá dáimh ag Riikka-Leena leis an dúlra a théann thar a deasghnáth laethúil folctha. Coinníonn sí óstán beag agus gnólacht beag turasóireachta ar bhruach na locha in éineacht lena fear céile Reijo a tógadh anseo ar fheirm a mhuintire. "Tá an loch iontach ciúin, iontach suaimhneach," ar sise. "Nuair a bhíomar níos óige, bhí brionglóid againn ár ngnólacht turasóireachta a bhunú anseo."

Tháinig an tuar faoin tairngreacht, agus anois tá na haíonna ag tógáil áit na mbeithíoch agus na mbarr mar phríomhioncam as fearann na muintire. Tagann turasóirí chun aoibhneas a bhaint as an timpeallacht fhiáin agus chun réimse gníomhaíochta a dhéanamh sa dúlra, mar shampla tiomáint mhótar sneachta, sciáil trastíre, tiomáint charr madraí, seilg, iascaireacht, snámh agus seoltóireacht.

Chuir an lánúin roinnt iostán saoire ar bun den chéad uair go luath sna 1990í. Ní raibh soláthairtí eile do thurasóirí sa cheantar timpeall orthu, agus mar sin bhí tóir orthu agus d'fhás an gnó go seasta. In 2001, thóg siad sabhna deataithe – sórt sabhna traidisiúnta atá réasúnta annamh – agus tharraing sin níos mó daoine isteach. "Ina dhiaidh sin, tháinig scataí i mbusanna. Thug sé orainn smaoineamh ar leathnú. Bhí níos mó daoine ag iarraidh na hiostáin agus an sabhna a chur in áirithe ná b'fhéidir linn glacadh." D'éirigh neartú foirniúlachta agus gníomhaíochtaí do ghnólachtaí ina bpáirt thábhachtach den ghnó.

In 2004, chinn Riikka-Leena a post lánaimseartha 20 bliana mar chuntasóir i riarachán poiblí a fhágáil agus í féin a thabhairt do ghnólacht an teaghlaigh. Thosaigh siad ag obair ar phríomhfhoirgneamh an óstáin, atá ina lár den ghnólacht anois, agus thosaigh siad ag ligean iostán eile ar cíos. Tá seacht seomra aíochta agus seomra mór le haghaidh ithe agus ócáidí, agus roinnt iostán. Sa samhradh tá lóistín faoi choinne 40 duine agus tuairim is 30 sa gheimhreadh.

*"Tá mé iontach sásta gur fhág mé mo phost seasta le m'intinn a dhíriú ar mo ghnólacht féin. Tá sé ar fheabhas bheith i mo cheannasaí féin."*

## Ag dul sa seans

Ba mhór an chéim í fostaíocht shábháilte a thréigeadh, mar sin chinn Riikka-Leena oiliúint a dhéanamh chun an t-athrú a éascú. Ghlac sí páirt i scéim idirnáisiúnta, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa, do bhanfhiontraithe atá ag obair i ngach earnáil gnó.

In éineacht le rannpháirtithe ón bhFrainc, ón mBeilg, ón Danmhairg, ón Iodáil, ón Spáinn agus ón bhFionlainn, thug sí cuairt ar ghnólachtaí beaga turasóireachta i dtíortha eile agus fuair sí smaointe nua don ghnólacht. "D'fhoghlaim mé a lán rudaí beaga. Ba mhór an inspioráid é turas go dtí gnólacht faoin tuath san Iodáil," ar sise. "Chonaic mé an paisean agus an mórtas sna gnólachtaí ansin. Is rud iad atá ar iarraidh go minic san Fhionlainn."

"D'fhoghlaim mé luach na déileála pearsanta," deir Riikka-Leena leis, is fachtóir fíorthábhachtach i rath an ghnólachta dar léi. As na turais go tíortha eile bhain sí inspioráid le haghaidh a fiontair féin agus spreagadh an lánúin é a dhéanamh níos pearsanta fós. Chas teagmhálaithe nua uirthi agus chuir sé deiseanna nua os comhair an ghnólachta.

"Chuamar ar turas go Laplainn, d'itheamar béile agus thugamar faoi deara go raibh na plátaí an-neamhghnách. Rinne mé teagmháil leis an dearthóir áitiúil a rinne iad agus d'iarramar air leagan speisialta gréithe a dhearadh dúinn anseo." Rinne saineolaí na háite uigí uilig an óstáin agus feisteas na foirne, agus claonadh chun dearthaí traidisiúnta Fionlannacha ann. Ina theannta sin, díolann siad saothair láimhe a dhéanann ceardaithe agus ealaíontóirí na háite, agus míníneachtaí na háite. "Ba mhaith linn eispéaras uathúil a thabhairt dár n-aíonna, agus is as na rudaí beaga uilig curtha le chéile a dhéantar sin."

## Súil ar an am le teacht

Cé nach raibh an bealach réitithe i gcónaí, tá Riikka-Leena cinnte go bhfuil an cinneadh ceart déanta aici. "Bhí deacrachtaí againn ar ndóigh – bhí orainn iasacht mhór a fháil. Thug sé orainn smaoineamh faoin bhfreagracht agus faoi iarmhairt na teipe. Ach tá mé iontach sásta gur fhág mé mo phost seasta le m'intinn a dhíriú ar mo ghnólacht féin," ar sise. "Braithim mé féin go han-mhaith gurb é seo mo shaol agus tá sé ar fheabhas bheith i mo cheannasaí féin."

Tá gach duine de thriúr clainne fásta na lánúine – Sanna-Riikka, 29, Esa-Mikko, 27, agus Juho-Pekka, 23 – istigh sa ghnólacht anois. "Tá mé an-bhródúil gur páirt den ghnólacht iad uilig anois. D'fhás sé go mór sna blianta deireanacha," arsa Riikka-Leena. Agus tá súil aici go bhfanfaidh siad istigh. "Sa todhchaí, ba mhaith linn ár lámha a bhaint de agus ligean don ghlúin óg a smaointe nua a chur leis. Tá na cliaint ag éirí níos óige, mar sin tá orainn fanacht i dtiúin leo."

# Bean sa suíochán tiománaí



Do Beata Szozda, iriseoir, ba dhuaisiúil gnólacht nua a bhunú i bPoznań sa Pholainn. Cé gur mhór an spreagadh a fuair sí óna muintir agus óna cuid cairde, ní raibh suim ag infheisteoirí féideartha i seirbhís ar líne a mhaoiniú a mhol duine nach raibh aon taithí aici sa ghnó – go háirithe foilseachán ar líne do mhná faoi ghluaisteáin.

"Bhí suim agam riamh i ngluaisteáin," arsa Beata. "Ón bhunscoil amach, ba ghasúir an chuid is mó de mo chairde agus bhídís ag caint faoi ghluaisteáin i gcónaí, agus chuaigh mise leo. Is cuimhin liom uair amháin i rith laethanta saoire an teaghlaigh thosaigh m'athair ag labhairt liom faoi chineálacha éagsúla gluaisteán. Nuair a d'fhill mé abhaile, bhí mé in ann na hainmneacha uilig de dhéantóirí agus de chineálacha gluaisteán a insint do mo chairde."

Tháinig suim aici san iriseoireacht i ndiaidh di an dara háit a bhaint i gcomórtas áilleachta Miss Polski 2003. Chuir tuairisceoir glaoch uirthi bliain i ndiaidh an chomórtais le fáil amach an bhfuair sí an duais agus an tacaíocht a gheall an t-eagraí uirthi. Nuair a dúirt Beata nach bhfuair scaoileadh sraith scéalta náisiúnta faoi fhadhbanna an chomórtais. Beagán ina dhiaidh sin thairg asraonta éagsúla na meán post di.

Faoi 2007, bhí Beata ag déanamh Baitsiléir Ealaíon i gcaidreamh idirnáisiúnta i bPoznań. Bhí sí ina hóstach ar chlár seachtainiúil 15-nóiméad ag déanamh léirmheasanna ar ghluaisteáin ar son stáisiún teilifíse áitiúil agus bhí sí ag cur chlár siopadóireachta i láthair ar son cinn eile. Bhí sí díreach i ndiaidh athrú go teilifís ó thrí bliana ag *Gazeta Poznań*, mar a raibh sé freagrach as cuid na gluaisteánaíochta den nuachtán agus as colún seachtainiúil comhairle do mhná faoi ghluaisteáin.

## Ag déanamh gnó de dhúil

Le linn di an clár teilifíse a dhéanamh faoi ghluaisteáin, tháinig an smaoineamh ar Beata faoi fhoilseachán gluaisteánaíochta do mhná a bhunú. D'iniúch Beata arbh fhéidir léi gnólacht indéanta a dhéanamh dá smaoineamh. Fuair sí suirbhé de chuid chomhlacht taighde a léirigh gurb iad mná a cheannaíonn beagnach a leath de na gluaisteáin a díoladh sa Pholainn, go

*"Is é mo phost mo phaisean. Ní bhíonn mórán codlata agam mar tá a oiread oibre le déanamh."*

pearsanta nó trí mheán comhairle a bheith acu ar chinneadh a bhfear.

"Bhí mé i m'iriseoir gluaisteánaíochta le roinnt blianta ach ní bhfuair mé aon fhaisnéis faoi ghluaisteáin a riar go sonrach do riachtanais na mban," ar sise. "Níor mhaith liom díriú ar thionscal uathghluaisneach amháin. Ba í tairseach faoi mhná agus do mhná a bhí ar intinn agam. Bhí mé ag iarraidh foilseachán a fhorbairt a thugann mórán comhairle praiticiúla do mhná faoi úsáideacha laethúla an ghluaisteáin."

Spreag a teaghlach agus a comhoibrithe ag an stáisiún teilifíse í a brionglóid a leanúint, ach tháinig sí ar bhacainne a dtagann fiontraithe óga uirthi go minic – infheisteoirí a fháil atá sásta a gcuid airgid a chur san fhiontar. Ansin luaigh comhoibrí ón stáisiún teilifíse léi go raibh comórtas ag páirc eolaíochta agus teicneolaíochta Phoznań agus ag Fondúireacht Ollscoile Adam Mickiewicz do na fiontraithe óga a raibh an smaoineamh is fearr acu faoi choinne gnó nua. Bhí an comórtas ag dul a chríochnú an lá arna mhárach.

"Chuir mé isteach an t-iarratas cúig nóiméad sular dhruid an comórtas," arsa Beata. "An 16ú Márta a bhí ann, lá mo bhreithlá."

Bhí Beata ar dhuine de na hiarratasóirí a roghnaigh an fhondúireacht le páirt a ghlacadh i gclár oiliúint ghnó an chomórtais, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Ón Márta go dtí an Meitheamh 2007, fuair Beata oiliúint ar conas plean gnó a ullmhú, faisnéis faoi chuntasóireacht agus riachtanais dlí agus cánach na Polainne, agus comhairle ar mhaoin infheistíochta a lorg.

Ag deireadh an chláir, chuir Beata a plean gnó i gcrích agus mheasúnaigh coimisiún saineolaithe é. Mheas siad go raibh a plean gnó indéanta go leor chun maoin tosaithe a fháil ón AE. Bhain sí úsáid as an airgead chun Autopolki.pl a bhunú, an chéad thairseach fhaisnéise uathghluaisní do mhná sa Pholainn, i Lúnasa 2008. Tá sí ag obair go lánaimseartha anois ag riaradh an ghnólachta agus ag leathnú na tairsí. Tá uaireanta fada aici, ach tá saol a brionglóide ag Beata.

"Is é mo phost mo phaisean," ar sise. "Ní bhíonn mórán codlata agam mar táa oiread oibre le déanamh. Ní théim a luí ach ar 3 a.m. de ghnáth."

## Ábhar leathnaithe

Tacaíonn fógraíocht an suíomh. Mar aon le léirmheasanna ar ghluaisteáin agus leideanna tiomána, tugann Autopolki.pl an deis do na mná a léann é gluaisteáin a thástáil ar an mbóthar trí mheán comhaontú idir Beata agus déileálaithe gluaisteán áitiúla. Ansin cuireann na mná a léirmheas isteach go hAutopolki.pl. Scríobhann Beata féin cuid mhaith de na léirmheasanna, agus téann sí ar turas go minic taobh amuigh den Pholainn le gluaisteáin a thástáil agus le faisnéis a fháil ag taispeántais uathghluaisneacha.

Leathnaigh an suíomh chomh maith go dtí go dtairgeann sé cúrsaí lae oiliúint tiomána do mhná ag aerpháirc as feidhm ag imeall Poznań. Stiúrann comhlacht oiliúna do thiománaithe na cúrsaí, agus tairgeann sé lascaine tri Autopolki.pl dóibh siúd atá ag iarraidh a scileanna a chur ar leibhéal níos airde. Ghlac tuairim is 20 bean páirt i seisiún oiliúna le déanaí, agus d'fhoghlaim siad an gluaisteán a smachtú ar bhóithre fliucha agus sioctha.

Ní stadann aisling Bheata ansin. Is ceap láinseála í an tairseach dar léi do ghnólacht níos mó a ghinfeadh go leor ioncaim le cur ar a cumas iriseoirí agus daoine eile a fhostú. Tá sí ag iarraidh léarscáil a dhéanamh de shiopaí deisiúcháin sa Pholainn ar féidir muinín a bheith ag mná go ndéanfaidh siad jab maith agus ar phraghas cothrom. Tá sí ag iarraidh siopa ar líne a chruthú a dhíolfaidh oiriúintí do ghluaisteáin. Fuair Beata tairiscintí ó infheisteoirí féideartha chun an suíomh a leathnú taobh amuigh den Pholainn chomh maith.

"Nuair a bhí mé ag obair do dhaoine eile níorbh fhéidir liom mo thualaing iomlán a bhaint amach mar ba mhaith liom," ar sise. "Tá cion mór agam ar an neamhspleáchas seo mar fhiontraí. Tá an tsaoirse seo gnólacht a chruthú agus a riaradh luachmhar dom."

Deir Beata: "Szerokiej drogi!" le cuairteoir atá ag imeacht. "Gur leathan do bhóthar" aistriúchán na habairte, modh traidisiúnta sa Pholainn le "Slán abhaile" a rá.

# Cothromaíocht níos fearr idir obair is saol



Is ceist mhór í ceist an uisce i réigiún na Freaslainne san Ísiltír, áit a bhfuil cuid mhaith den talamh gafa ón bhfarraige agus faoi bhun leibhéal na mara. Ciallaíonn seo gur gnóthach an post atá ag Gerard Jansen, dlíodóir do bhord uisce an réigiúin.

"Tá coimhlint leasa ann i gcónaí," arsa an duine 53 bliana d'aois. "Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith le feirmeoirí leibhéil uisce níos airde, ach níor mhaith leis an bpobal i gcoitinne é sin. Caithfimid cothromaíocht a fháil.

"Ar uaireanta ní bhíonn na comhlachtaí ag iarraidh an t-airgead a chaitheamh [le déanamh de réir rialacháin dlithiúil] agus críochnaíonn an cás sa chúirt," deir sé leis. Nuair a éiríonn coimhlintí mar seo, is é Gerard an duine a dhéileálann leis. Tá sé ag obair don bhord ó 1993 agus gníomhaíonn sé mar chomhairleor dlí don rannóg feidhmiúcháin agus ceadúnaíochta.

Tá roinnt ról ag a rannóg – seiceáil go gcomhlíonann uisce dromchla an caighdeán dlíthiúil, déanamh cinnte go gcoinnítear caoi ar an gcumhdaigh mara agus go bhfuil leibhéil mara ceart, go ndéanann comhlachtaí agus uinéirí talaimh de réir rialachán agus, faoi dheireadh, gníomhú nuair nach amhlaidh. Is ionann é sin agus a rá go ndéileálann sé le "gach céim den phróiseas dlí".

Cé gur maith le Gerard a obair, roinnt blianta ó shin thosaigh sé ag iarraidh níos mó solúbthachta ina sceideal. Le beirt mhac óg aige, Rik agus Nico, agus aistear uair an chloig sa ghluaisteán gach lá óna bhaile i nDrachten go dtí Leeuwarden, ba mhór an bhris air na huaireanta dochta. Bhí deacrachtaí aige a intinn a dhíriú ar a obair san oifig chomh maith. "D'aistríomar roinnt blianta ó shin go hoifig plean oscailte nua. Tá sé iontach callánach."

## Ag obair sa bhaile

In 2006 thosaigh sé páirt a ghlacadh in *e-papa* – scéim a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa, le cuidiú le fostaithe fireanna obair sa bhaile. Cuireann an scéim uaireanta níos solúbtha san áireamh agus laghdaíonn sí an chomaitéireacht. Anois tá sé bunaithe sa bhaile cuid den tseachtain, mar sin thig leis na gasúir a thionlacan chuig an scoil, an lón a ithe in éineacht leo, cuidiú lena n-obair bhaile agus go fiú beagán obair tí a dhéanamh.

*"Chuidigh an teile-oibriú liom cothromaíocht níos fearr a fháil idir an obair agus saol an teaghlaigh. Roimhe seo, ní fheicinn na gasúir ach san oíche."*

"Chuidigh teile-oibriú liom cothromaíocht níos fearr a fháil idir an obair agus saol an teaghlaigh," ar seisean, agus cuireann sé leis go mbaineann sé an brú dá bhean atá ag obair mar altra gheiriatrach san ospidéal in aice láimhe. "Roimhe seo, ní fheicinn na gasúir ach san oíche. Anois thig liom rudaí éagsúla a dhéanamh leo."

D'fheabhsaigh an socrú níos solúbtha a chuid oibre agus a tháirgiúlacht chomh maith. "Má tá tú ag obair sa bhaile níl ort stad agus fágáil ar 5pm – thig leat críoch a chur ar ar thosaigh tú de réir do shiúil féin. Thig leat filleadh air níos moille."

## Conas a oibríonn an scéim

Leis an scéim seo tá sé níos éasca d'eagraíochtaí socruithe solúbtha oibre a chur i bhfeidhm. Méadaítear eolas ar an sochar a bhaineann leis an teile-oibriú d'fhostóirí agus measúnaítear go rialta cur san oiriúint na n-oibrithe don teile-oibriú, agus léirítear ceisteanna féideartha go luath. Ghlac Gerard páirt sa scéim ar feadh dhá bhliain, agus le linn an ama seo d'fhreagair sé ar cheistiúcháin faoi conas a bhí ag éirí leis.

Trí mheán na scéime, thuig an bord uisce na sochair a bhaineann leis an teile-oibriú agus anois cuireann sé chun cinn go gníomhach é i measc a chuid fostaithe. "Agus tú i d'fhostóir nua-aimseartha, caithfidh tú deiseanna oibre níos solúbtha a chur ar fáil," míníonn Gjil de Jong, bainisteoir líne Gerard. Tá sí féin ag teile-oibriú, agus measann sí go bhfuil socrú mar sin ag tuairim is ceathrú de na fostaithe ina rannóg. "Cuireann sé feabhas ar an gcothromaíocht idir an obair agus saol an teaghlaigh go dearfa," ar sise.

Creideann Gjil go bhfuil sé tábhachtach comhaontú soiléir a bheith agat faoina n-iarrtar ar gach páirtí – maidir le bheith ar fáil nó tuairisc a dhéanamh ar an obair déanta – agus faoi nósanna imeachta simplí. "Déanaimid cinnte go mbíonn cruinniú rialta againn an lá i ndiaidh an teile-oibrithe chomh maith chun tabhairt isteach ar ar tharla," deir sí leis.

Molann Gerard, mar dhuine, an socrú níos solúbtha. "Is mór an cuidiú é," ar seisean. "An bhliain seo chugainn, méadóidh mé líon na laethanta a oibreoidh mé sa bhaile."

# Tá an todhchaí ag brath uirthi féin



Ba bhean ghnó rathúil í Katarína Vargová agus a gnólacht beag á riaradh aici in earnáil na teicstíle i mBratasláiv sa tSlóvaic, ach bhris sí a gairmréim lena mac nuabheirthe a thógáil. Ach an rud a thosaigh mar sos beag, d'éirigh sé ina mhoill níos fada. I ndiaidh trí bliana sa bhaile, bhí sí réidh le filleadh ar an obair, ach mar a lán ban a dhéanann sos den obair le páistí a thógáil, bhí sé crua léi.

"Bhí mé ó chaidreamh leis an domhan mór," ar sise. "Bhí orm mé féin a chur sa chúrsaíocht arís. Agus bhí dúshlán nua de dhíth orm." Ach ní raibh a fhios agam cad é le déanamh. "Bhí a fhios agam, cibé rud a dhéanfainn anois, agus páiste faoi mo chúram, go mbeadh roinnt freagrachtaí le cur i gcothromaíocht agam."

## Ag éirí cleachta arís

Chuidigh cúrsa speisialta oiliúna do mhná ag filleadh ar an obair i ndiaidh saoire fhada máithreachais, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa, le Katarína snas a chur ar a scileanna agus dóigheanna nua a fháil chun a buanna agus a huaillmhian a chur in iúl.

Ceann de na bacainní is mó i ndiaidh a bheith ar shiúl ón obair ar feadh tréimhse fada is ea an fhéinmhuinín a fháil arís, is dúshlán é atá os comhair mórán ban agus iad ag filleadh i ndiaidh shaoire mháithreachais. Mar sin bhí modúil sa chúrsa oiliúna a dhírigh go sonrach ar fhéinmhuinín agus treallús a thógáil.

Chuir a cúrsa i dteagmháil í le daoine ón lucht gnó chomh maith. "Bhí a fhios agam go raibh mé ag iarraidh rud a dhéanamh a bhaineann leis na healaíona," ar sise. "Chuidigh an clár oiliúna liom daoine a fháil a raibh spéis chosúil acu."

## Ag amharc ar chúl, ag gluaiseacht ar aghaidh

Trí mheán an chláir oiliúna, chuir Katarína aithne ar úinéir *Ateliér Keramiky Rena*, ceardlann bheag a thairgeann ceachtanna criadóireachta i mbruachbhailte na Bratasláive. Chuaigh Katarína i mbun reáchtáil na ceardlainne agus an t-úinéir ag caitheamh aimsire thar lear. Teagascann Katarina ealaíon mhúnlú na créafóige do mhic léinn agus cruthaíonn sí féin dealbha, a dhíolann sí in áiléar áitiúil.

*"Bhí a fhios agam, cibé rud a dhéanfainn anois, agus páiste faoi mo chúram, go mbeadh roinnt freagrachtaí le cur i gcothromaíocht agam."*

Leis na gníomhaíochtaí a bhfuil sí ina mbun anois, dar léi, tá sí ar ais san áit mar ar iarr sí a bheith sa chéad dul síos. "D'fhreastail mé ar scoil na mínealaíona," arsa Katarína, "agus bhí mé ag iarraidh go mór filleadh air sin. Bhí a fhios agam go gcaithfí eilimint láidir ealaíonta a bheith i mo chuid oibre amach anseo. Agus dá bharr sin tá mé chomh sásta sin go bhfuair mé amach faoin gceardlann criadóireachta.

"Anseo ag an *atelier*, tugaimid deis do dhaoine iad féin a chur in iúl," ar sise; "a lámha a shalú, a scíth a ligean agus iad féin a bhrath saor. Is féidir oibriú leis an gcréafóg a bheith ina eispéireas iontach domhain agus teiripeach do dhaoine áirithe, agus déanta na fírinne, faighim féin a lán fuinnimh ó na mic léinn."

## Buíochas

Deir Katarína go bhfuil an chothromaíocht cheart faighte aici sa saol. Tosaíonn sí go moch, cuireann sí a mac chuig an naíscoil, agus cuireann sí tús lena lá sa cheardlann. "Cuid de na laethanta bím ag tabhairt ceachtanna, ach cuid eile díobh bím ag obair ar mo stuif féin. Ansin bím ar ais sa tráthnóna le dul in araicis mo mhic."

Dar léi, thug an cúrsa oiliúna di an fhéinmhuinín a bhí de dhíth uirthi chun athbhrí a chur ar a ghairmréim, agus chun tosú i dtreo nua, agus thug sé lámh chuidithe di a bhfuil sí iontach buíoch aisti. "Chuidigh an clár CSE liom athbhrí a chur ar mo scileanna i mbainisteoireacht agus i margaíocht, agus mé féin a fhorbairt mar ealaíontóir. Ba é sás mo spreagtha é."

# Daoine faoi mhíbhuntáiste

# Ní bac é an míchumas san obair



Bhíodh Andrzej Lubowiecki ag obair sna longcheártaí i nGdynia, cuid de cheantar uirbeach Gdansk, ar chósta Baltach na Polainne. I mbuaic a réime, bhí fostaíocht do thuairim is 20,000 duine sna longcheártaí stairiúla. Anois níl ach 3,000 oibrí ann.

Mar sin féin, bhí post seasta ar phá maith ag Andrzej ar feadh 12 bhliain, ar dtús mar shaor adhmaid, agus ansin mar phéintéir. Go dtí go raibh air obráid athchur cromáin a bheith aige in ospidéal áitiúil in 2001 de bharr mhéadú péine. Ach chuaigh an mháinliacht amú, gearradh néaróg de dhearmad, a deir sé, agus in ionad a bheith ar a sheanléim arís ní raibh sé ábalta siúl murach maidí croise. Ní raibh sé in ann filleadh ar an obair, agus i ndiaidh 180 lá thug a fhostóir an bóthar dó.

Ní raibh ach scileanna láimhe aige agus ní raibh mórán post ann, mar sin chuir Andrzej a thoil le bheith beo ar shochar míthreorach. Ní raibh d'acmhainn aige costas na hathoiliúna. "Shíl mé nach bhfaighinn post choíche mar gheall ar mo mhíchumas," míníonn sé. Bhí sé as obair trí bliana, ach lá amháin thug sé póstaer faoi deara ar an mbus a bhí ag fógairt deiseanna oibre do dhaoine faoi 'bhreac-mhíchumas'. "Chuaigh mé díreach chuig an mhalartán fostaíochta agus chláraigh mé mar dhífhostaithe. Dhá lá ina dhiaidh sin d'inis siad dom faoin scéim oiliúna." I Meitheamh 2006, chláraigh sé ar chúrsa ceithre lae a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa, a bhí déanta de réir riachtanais daoine faoi mhíchumas, agus thairg sé comhairle faoi lorg oibre, CV a chur le chéile agus cur isteach ar obair. Chuir an t-údarás áitiúil, ceann de na comhpháirtithe, mionbhus ar fáil le síob a thabhairt dó ón mbaile gach lá.

## Is fiú an diongbháilteacht

"I ndiaidh an chúrsa thóg sé lá amháin orm le post a fháil," arsa Andrzej go bródúil. "Ag an agallamh, thaispeáin mé dóibh go raibh mé á iarraidh i ndáiríre." D'fhostaigh comhlacht áitiúil slándálaíochta é agus d'oil sé é ríomhaire a úsáid. Tá sé ag obair sa lároifig, le foireann seisir, tá sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh timpeall cheantar Gdansk, sonraí a bhailiú, agus rabhadh a thabhairt do na póilíní faoi sháruithe díonachta más gá. Bíonn sé ar dualgas 24 huaire in éineacht, ina dhiaidh sin 48 n-uaire saoire, agus deirí seachtaine agus laethanta saoire curtha san áireamh, agus gach tríú deireadh seachtaine saor.

*"Thug an cúrsa féinmhuinín dom sa chruth is go bhfuil a fhios agam cad é a chaithfidh mé a dhéanamh chun post a fháil, d'ainneoin mo mhíchumais."*

"Ar dtús, tháinig codladh orm i lár na hoíche, ach anois tá mé cleachtach ar," ar seisean, cé go bhfuil fadhb aige go fóill dul a chodladh nuair a chríochnaíonn a sheal. Tá an sochar míthreorach aige go fóill mar tá pá íseal aige.

Is múinteoir bunscoile í Ania, bean Andrzej, agus fágann sí an teach ar 6 a.m. "Ar dtús, bhí sé ar fheabhas bheith as obair," deir sé. "Dhéanadh Ania liosta tascanna dom. Théinn ag siopadóireacht agus ansin shuínn síos agus d'ólainn beoir." Ach de réir mar a chuaigh an t-am thart, thosaigh sé an brú a mhothú, idir airgeadais agus shíceolaíoch. Ar an dea-uair, bhí a n-árasán ceannaithe acu de réir scéim tithíochta, le hiasacht ón longcheárta, díreach roimh an obráid. Roimhe sin, bhí an teaghlach ina chónaí i seomra amháin i dtigh thuismitheoirí Ania. "Ach ba é an rud ba mheasa é maidir le bheith dífhostaithe ná go raibh ar na gasúir fanacht sa bhaile an samhradh nuair a theadh gach duine eile ar saoire, ní raibh airgead againn," míníonn sé. Anois tá ioncam rialta aige agus thig leo laethanta saoire sna sléibhte a phleanáil.

I ngnáthlá Andrzej, nuair nach bhfuil sé ag obair, dúisíonn sé a mbeirt mhac, Karol, 16, agus Przemek, 14, agus ullmhaíonn sé an bricfeasta dóibh agus cuireann sé slán leo chuig an scoil. Bhain sé sult riamh as an chócaireacht, agus mhalartaíodh sé oidis le cairde Ania. "Is é anraith beacán fiáin le núdail mo speisialtacht," arsa Andrzej, a bhaineann a bheacáin féin faoin tuath, agus baineann sé sult as iascaireacht. Chóirigh sé a dteach chomh maith agus rinne sé cófraí feistithe. "Bhí mé solúbtha riamh – tá mé in ann gach rud a dhéanamh sa teach. 'Is ainmhí an duine a fhoghlaimeoidh cibé rud!'"

## An gnáthshaol arís

Deir Andrzej go mbraitheann sé é féin "100 % níos fearr" agus post aige. "Is léir nach dtugann sé ort tú féin a bhrath go maith, bheith as obair," ar seisean. "Téann daoine áirithe ar meisce, ach ní a leithéid de dhuine mé. Thug an cúrsa féinmhuinín dom sa chruth is go bhfuil a fhios agam cad é a chaithfidh mé a dhéanamh chun post a fháil, d'ainneoin mo mhíchumais."

"Ar dtús bhí mé sásta 'fear tí' a bheith agam," deir Ania leis. "Ach thug mé faoi deara go raibh strus ar Andrzej. Nuair a bhí air dul amach agus bualadh le daoine ní raibh sé ar a sháimhín ar chor ar bith. Anois tá gach rud mar is gnáth, agus roinnimid na poistíneachtaí tí."

"Ba scéim rathúil í," dearbhaíonn Anna Dabrowska, comhordaitheoir cúrsa as lárionad oiliúna Fundacja Gospodarcza. "Bímid ag riaradh tionscnamh eile cosúil léi do dhaoine faoi mhíchumas an t-am ar fad, agus tairgimid gairmoiliúint nó comhairle faoi chomhlacht a bhunú. Is mór an tóir atá air sin anois mar is féidir deontas a fháil ón AE."

Ba mhaith le hAndrzej a ghnólacht féin a bhunú, ag athphéinteáil coimeádán loingseoireachta. Tá sé ag dul sa tóir ar chúiteamh sa chúirt ar an obráid a d'fhág éalang air, agus tá sé searbh faoi go fóill. Ach in Iúil 2008, bhí obráid athchurtha ar a chromán eile rathúil, agus anois bíonn sé ar a bhoinn le bata amháin. Tá a fhios aige go bhfuil riocht níos fearr air ná a lán daoine eile. "Níl obair ag daoine faoi mhíchumas sa Pholainn go ginearálta," ar seisean. "Níl siad ró-shoghluaiste, agus níl na comhlachtaí ag iarraidh iad a fhostú. Ach tá an chathair ag déanamh iarrachta feabhas a chur ar na saoráidí anseo."

# Oideas ar an rath



Am lóin atá ann i rith na seachtaine, agus daoine ag gach aon tábla ag bialann *Ízlelő* ('Goblach') i gcathair Szekszárd san Ungáir. Le taobh balla amháin den seomra spéiriúil geal, tá fráma dreapadóireachta adhmaid agus carn bréagán mar chruthú na fáilte a chuirtear ar pháistí san ionad. Ach seachas máithreacha agus a gclann óg, tá lánúineacha, seandaoine agus oibrithe oifige áitiúla i measc na gcustaiméirí.

Sa chistín gnóthach, cuidíonn Éva Gyulai, 33 bliana d'aois, leis na miasa. "Is maith liom go mór bheith ag obair san áit seo gach lá, tá a oiread rudaí éagsúla le déanamh, agus bhain mé sult riamh as an chócaireacht," ar sise. "Tá an fhoireann iomlán mór le chéile. Fíorobair fhoirne atá ann." Maidir le hÉva, ciallaíonn seo a comhoibrithe a thuiscint trí mheán léamh beola – tá sí beagnach bodhar go hiomlán ó rugadh í, nuair a rinne earráid míochaine agus ródháileog ocsaigine buandamáiste dá héisteacht. Tá míchumas ar sheachtar d'fhoireann na bialainne, agus tháinig siad a oibriú ag Ízlelő de bharr scéim oiliúna áitiúil a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Bunaíodh Fondúireacht an Éin Ghoirm i 1997 agus mar aidhm aici chur chun tosaigh sochaí a thairgeann deiseanna agus roghanna do gach duine; sheol sí an scéim *LIFT Likeliness – Integration – Full employment – Training* i Meitheamh 2006, agus chuidigh sí le 36 dhaoine óga dífhostaithe le leibhéal íseal oideachais agus faoi mhíchumas scileanna nua a fháil le cur ar a gcumas post a fháil.

## Drochobair, pá íseal

Rugadh Éva i Szekszárd agus d'fhreastail sí scoil speisialta chónaithe do bhodhair i mBúdaipeist go dtí go raibh sí 16 bliana d'aois. D'fhoghlaim sí léamh beola ansin, sular fhill sí ar a baile dúchais lena teastas scoile a chríochnú. Ach ní raibh sé éasca post cuibhiúil a fháil. Thosaigh sí ag déanamh tascobair neamhoilte, ag fuáil clúidíní i monarcha. "Íocadh muid de réir na míreanna a chríochníomar agus bhí an ráta iontach íseal," is cuimhin léi. "Mar sin bhí mé ag obair de shíor – bhí pian i mo cheann agus i mo mhuineál an t-am ar fad. Bhí sé iontach leadránach."

Roimh i bhfad, casadh Zoltán ar Éva agus phós sí é, tá seisean ag obair do chomhlacht áitiúil printeála, agus d'aistrigh an lánúin óg go tigh a thuismitheoirí. Nuair a rugadh a mbeirt mhac, Àkos, deich mbliana d'aois, agus Balázs, seacht mbliana d'aois, bhí sí

*"Tá daoine faoi mhíchumas ar fud na hUngáire a ba mhaith leo bheith ag obair ina leithéid seo de áit. Ba chóir an smaoineamh a chóipeáil."*

sásta saoirse máithreachais a fháil chun aire a thabairt dóibh. Tá asma agus fadhbanna radhairc ar Balázs agus chuaigh sé faoin scian dhá uair dá bharr sin cheana féin, agus coinníodh siar bliain sa scoil é. Ach nuair a bhí na gasúir réidh le tosú ar an scoil, bhí fonn mór ar Éva saghas eile poist a fháil.

## Tús nua

Chuala sí ó mháthair eile faoin scéim LIFT, agus chláraigh sí mar duine de 16 daoine ar an gcúrsa lónadóireachta (d'fhoghlaim 20 duine eile scileanna tógála). Mhair an oiliúint bliain, agus i rith an ama sin fuair sí tuarastal ó bhuiséad na scéime. I Meán Fómhair 2007, bhain sí cáilíocht amach mar chócaire agus fuair sí post ag an mbialann teaghlaigh – a choinníonn an Fhondúireacht chomh maith – in éineacht le seisear dá comhoibrithe a dhéanann an chócaireacht, a níonn na soithí agus a dhéanann freastal ar na táblaí. "Bhí an t-ádh orm. Tá dúil m'anama agam sa chócaireacht," míníonn Éva, a d'fhoghlaim óna máthair chéile, cócaire saineolach. "Bíonn ocras ar ár gclann i gcónaí, mar sin is é mo chaitheamh aimsire m'obair." Is iad na milseoga a speisialtacht: Is maith léi pancóga a dhéanamh, mar aon le strudel agus císte cáise.

Ullmhaítear suas le 140 béile i gcistin Ízlelő gach lá, 40% díobh do chustaiméirí beir leat. Roghnaíonn an príomhchócaire agus an diaitéiteach le chéile biachláir shláintiúla a thaitneoidh le daoine óga. Soláthraíonn an bhialann lónta d'ionad chúram lae teaghlaigh na Fondúireachta féin, agus tá plean aici leathnú chun soláthar do bhunscoil áitiúil. Is maith le hÀkos ithe ansin nuair a thugann a thuismitheoirí ansin é. "Tá sé iontach blasta," ar seisean go díograiseach agus é ag caitheamh bholgam deireadh an dara riar anraith. "Tá sé níos fearr ná ceaintín na scoile."

Agus tá custaiméirí eile ar aon intinn go dtairgeann an bhialann cáilíocht mhaith agus praghsanna réasúnta. "Bíonn aoibh an gháire i gcónaí ar na daoine atá ag obair anseo, agus tá aithne ainm acu ar gach duine," deir Judit Botos, a itheann ag Ízlelő go rialta.

"Tá de aidhm againn cuidiú le teaghlaigh a bhfuil páistí óga iontu, agus le daoine faoi mhíchumas, agus cuireann an bhialann an dá chuspóir le chéile," míníonn Andrea Mészáros, Stiúrthóir Bainistíochta Fhondúireacht an Éin Ghoirm. "Bhí súil againn go mbeadh sí neamhthuilleamaíoch i gceann trí bliana, ach faoi dheireadh na chéad bhliana bhíomar ag déanamh brabaigh cheana féin."

## Blas na saoirse

Agus dara hioncam buanseasmhach acu, bhí Éva agus Zoltán in ann a mbrionglóid a fhíorú: a dteach féin a cheannach. "Ní raibh go leor spáis ann i dtigh thuismitheoirí Zoltán agus bhí athrú uainn," míníonn Éva. "Ní raibh gairdín agus ní raibh áit súgartha do na páistí. Nuair a thagaimis abhaile ní raibh rud ar bith le déanamh ach bheith inár suí ag amharc ar an teilifís." D'aistrigh siad chuig a dteach ar imeall Szekszárd i Nollaig 2008, ag tabhairt aghaidhe le fonn ar dhúshlán a athchóirithe. Tá fíniúnacha agus crainn torthaí sa ghairdín réasúnta mór. Tá Zoltán ag tnúth le foghlaim faoin bhfíonóireacht, agus tá Éva gafa leis na húlla – tá sí ag iarraidh pióga a dhéanamh dá húlla féin – agus le bláthanna a chur. "Tá mé an-tugtha don gharraíodóireacht," ar sise. "Taobh amuigh den chathair tá aer glan againn agus braithimid muid féin saor." Tá sé ag staidéar chomh maith le ceadúnas tiománaí a bhaint amach.

Dar le hÉva tá an t-ádh uirthi go bhfuair sí an bhialann Ízlelő. "Tá daoine faoi mhíchumas ar fud na hUngáire a ba mhaith leo bheith ag obair ina leithéid seo de áit," deir sí. "Ba chóir an smaoineamh a chóipeáil. Níor mhiste linn – bheadh áthas orainn!"

# Ag tabhairt lámh chuidithe do na daill



"Níl mé cinnte ar mhaith liom amharc na súl a bheith agam. Is páirt díom é bheith dall."

Dalladh Sarmite Gromska trí mheán earráid mhíochaine thubaisteach agus í ina leanbh, ní cuimhin léi amharc na súl ar chor ar bith. Inniu is ar éigean a thig léi an t-eispéireas a shamhlú. "Rugadh roimh am mé, ag tuairim is seacht mí, agus cuireadh i ngoradán mé. Bhain sin amharc na súl díom. Timpiste a bhí ann, sin é. "Ní thuigeann na daoine mé i gcónaí nuair a deirim nár mhaith liom amharc na súl. Dá mbeadh amharc agam, chaillfinn páirt do m'fhéiniúlacht. Cuireann an daille in iúl cé mise," deir sí leis

Dar le Sarmite tugann a daille di dearcadh níos 'fírinní' den saol. "Ní hí an chosúlacht tús agus deireadh gach rud," míníonn sí. "Sílim go 'bhfeicim' níos soiléire ná na daoine radharcacha. Tugann formhór na ndaoine aird ar a bhfeiceann siad lena súile, ach is anam daoine a fheicimse. Feicim 'gothaí a nguth', tuin a gcainte, mothaím mar a theagmhaíonn siad liom."

Tá Sarmite ina cónaí i Ríge lena tuismitheoirí agus lena beirt deartháracha. Tá sí ina sampla inspioráideach de a fhad agus is féidir dul le diongbháilteacht agus le tacaíocht. Chaith sí a céad bhlianta ag scoil chónaithe speisialta do na daill, agus d'fhoghlaim sí léamh agus scríobh i mBraille ansin. Ag leanúint lena cuid staidéar san ollscoil, thabhaigh sí clú di féin mar mhac léinn agus bronnadh deontas uirthi. Tá bua an cheoil aici chomh maith agus sheinneadh sí an sacsafón i mbanna óige. Cé go seinneann Sarmite ó am go chéile go fóill, deir sí go bhfuil sí ag fágáil an cheoil go ceann tamaill bhig chun a hintinn a dhíriú ar an ollscoil.

## Ábhair staidéir

Tá trealamh speisialta de dhíth ar Sarmite le staidéar a dhéanamh, agus tá sí iontach inniúil ag scríobh le 'scláta' nó le clóscríobhán speisialta Braille, agus le ríomhaire a bhfuil bogearraí aitheanta gutha ann.

Lena hábhair chúrsa a aistriú go Braille, braitheann sí ar Leabharlann Laitviach na nDall. Ach míníonn Gunta Bite, ceannasaí Rannóg Braille na leabharlainne, "Tá costas do-íoctha ag trascríobh Braille. "Murach maoiniú ón Aontas Eorpach, a chuidigh linn ár rannóg Braille a bhunú, ní bheimis in ann an obair seo a dhéanamh go

*"Chuir an leabharlann Braille cruth eile ar mo shaol agus, tá a fhios agam, ar shaol dall eile."*

hinmheánach." Bhí de chuspóir ag an scéim seirbhísí agus ábhair éagsúla a sholáthar do dhaoine dalla agus lagamhairc, agus faoi dheireadh cuidiú leo comhtháthú sa tsochaí agus sa mhargadh saothair agus saol níos neamhspleáiche a bheith acu.

Chuir an tAE, trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa, ar chumas na leabharlainne trealamh agus oiliúint a fháil sa chruth is go mbeadh sí in ann leabhair agus cáipéisí eile a phriontáil do na daill. Tá fáil ag léitheoirí Braille ar fud na Laitvia ar réimse leathan nua ábhair léite anois, saor in aisce. Agus thig leo téacsanna sainiúla a iarraidh nuair is gá dóibh.

Inniu fostaíonn an rannóg daoine dalla agus lagamhairc chomh maith le téacsanna a ullmhú. "Ag obair don leabharlann samhradh amháin, chinn mé go raibh mé ag iarraidh bheith i m'eagarthóir Braille," míníonn Sarmite, gairm a bhfuil sí ag obair ionsuirthi anois san ollscoil.

## Ag foghlaim a bheith neamhspleách

An chuid is mó dá saol bhí Sarmite i dtuilleamaí go hiomlán ar a tuismitheoirí. Is amhlaidh gur cás-staidéar ann féin é scéal Madame Gromska, máthair Sarmite, maidir le misneach, le diongbháilteacht agus le dúthracht saoil dá hiníon.

Ach tá a fhios aici go mbeidh sí léi féin lá amháin agus go mbeidh uirthi treabhadh di féin. "Bhí, bhí imní orm nuair a thosaigh mé san ollscoil," ar sise. "Ba mhór an chéim í, ar leibhéal acadúil agus ar leibhéal pearsanta. Tá mé i dtuilleamaí daoine eile, go háirithe mo theaghlaigh, go mór go fóill, ach caithfidh mé foghlaim a bheith láidir agus maireachtáil.

"Chuir an leabharlann Braille cruth eile ar mo shaol agus, tá a fhios agam, ar shaol dall eile. Ghnóthaigh mé mórán go dearfa ón scéim CSE. Agus mé ábalta na hábhair uilig atá de dhíth orm a phriontáil le haghaidh mo staidéir, thig liom fás liom, dul ar aghaidh agus bheith i mo bhall táirgiúil den tsochaí."

# Ag baint suilt as saol na tuaithe



Tógadh Andrej Lovrencec ar fheirm bheag i réigiún tuaithe Prekmurje in oirthear na Slóivéine agus mar sin tá fréamhacha doimhne aige sa tuath. “Is maith liom go mór an réigiún seo, as an áit seo mé. Ní thiocfadh liom samhlú bheith i mo chónaí sa chathair,” deir an duine 22 bhliain d’aois. “D’aistreoinn taobh istigh den cheantar, b’fhéidir, ach ní chreidim go n-aistreoinn go háit eile ar fad.”

Sa bhaile lena mháthair agus lena athair, cuireann sé bairr éagsúla: cruithneacht, fíonchaora, torthaí, agus prátaí, agus tógann sé gabhair, ba agus tairbh. Cé gur beag í, soláthraíonn an fheirm bia don teaghlach agus do na hainmhithe agus tá farasbarr le díol.

Bhí deacrachtaí foghlama ag Andrej sa scoil agus ba mhinic a bhíodh air am saoire a thógáil de bharr fhadhbanna meabhairshláinte. Ó bhí sé óg bhíodh sealanna thinneas cinn trom, urlacain agus lagamhairc air agus nuair a bhí sé 12 bhliain d’aois tháinig an dúlagar air.

“Bhí an scoil deacair. Bhí fadhbanna agam san fhoghlaim, agus le mo chomrádaí scoile chomh maith. Ní ach rudaí beaga a bhí i gceist, ach chuir sé isteach orm.” In 2002, nuair a bhí Andrej i rang a seacht tháinig tinneas trom air agus níor fhill sé go cionn bliana. Ag 15 bliana d’aois cláraíodh ina dhuine faoi mhíchumas é agus cé gur chuir sé a bhunoideas i gcrích faoi dheireadh in 2004, ina dhiaidh sin fuair sé rogha teoranta oibre. Fágtha sa teach an lá ar fad, bhraith sé é féin dubh dóite agus aonarach. “Bhí mé sa bhaile ag fanacht go dtarlódh rud éigin. Ní raibh rud le déanamh nó áit le dul chuici agus ní raibh airgead ar bith agam.”

In 2008, thosaigh sé feabhas a chur ar a shaol trí mheán cúrsa oiliúna a dhéanamh. Clár meantóireachta trí mhí a bhí i gceist, agus é riartha ag eagraíocht áitiúil, Mósáic, a fhostaíonn agus a thacaíonn le grúpaí leochaileacha go sóisialta, go háirithe daoine faoi mhíchumas. Tá ceithre réimse gníomhaíochta ann – talmhaíocht, táirgeadh bia orgánach, éiceathurasóireacht agus athchóiriú foirgneamh

## Post lánaimseartha

Is rud náisiúnta é an clár oiliúna ar an láthair oibre a thosaigh in 2004 agus chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa é. Dírítear ar dhaoine a mbeadh deacrachtaí

*"Chuir mé aithne ar dhaoine nua agus foghlaimím rud nua gach lá. Agus anois tá neamhspleáchas airgeadais agam."*

acu obair a fháil é, mar shampla daoine faoi mhíchumas, daoine óga nach bhfuil mórán cáilíochtaí acu agus daoine dífhostaithe go fadtéarmach.

I ndiaidh an chláir, tairgeadh post lánaimseartha do Andrej. Tá sé ag obair i bhfoireann bheag ag déanamh tascanna éagsúla a bhaineann le talmhaíocht agus le táirgeadh bia. Post ar fheabhas do Andrej atá ann, agus é ag cur le chéile comhshaol tacaíochta cairdiúil agus réimse oibre a bhfuil sé eolasach agus díograiseach fúithi. "Is maith liom an obair mar is maith liom an fheirmeoireacht," ar seisean.

"Tá an obair iontach suimiúil, cé acu an amuigh ar an bhfearann nó istigh í." Agus gnólacht talmhaíochta a bheith ann, bíonn na fostaithe ag obair nuair is gá, ag brath ar na séasúir agus ar na bairr. "Uaireanta bímid ag obair seacht lá sa tseachtain," deir sé leis. Agus é tógtha ar fheirm, tá a leithéid de réim mar a bheadh as broinn le hAndrej. "Ní miste liom na huaireanta fada. Agus tá sé ar fheabhas mar is iad mo chomhoibrithe mo chairde."

## Scileanna pearsanta

Is léir go bhfuil sé ag baint an-suilt as saol na hoibre, d'fhás a chuid féinmhuiníne agus tá sé i bhfad níos neamhspleáiche. "Chuir mé aithne ar dhaoine nua agus foghlaimím rud nua gach lá," ar seisean. "Agus anois tá neamhspleáchas airgeadais agam." Mar gheall ar an ioncam rialta bhí sé in ann carr a cheannach dó féin, rud a chuidíonn leis gluaiseacht agus cuireann sé lena shaol sóisialta feabhsaithe.

Tugann a thuismitheoirí faoi deara go bhfuil difríocht mhór ann. "Tá sé i bhfad níos sásta agus i bhfad níos beoga anois. Caitheann sé am lena chuid cairde – ní dhéanadh sé sin mórán roimhe seo," arsa a mháthair.

Is comhairleoir ó sheirbhís fostaíochta an réigiúin a chuidíonn leis na socrúcháin oibre a eagrú í Mateja Kaljevič, agus thug sise athrú faoi deara chomh maith. "Tá Andrej athraithe 100% i ndiaidh dó an clár a dhéanamh. Ar dtús, thagadh sé lena mháthair agus labhraíodh sise thar a cheann. Bhí eagla air roimh gach rud agus ní raibh féinmhuinín aige. Anois tá sé ar dhuine de na comhpháirtithe is féinmhuiníní a bhí againn riamh."

Ag measúnú an fheabhais a tháinig ar a shaol de bharr bheith ag obair, deir Andrej: "Tá mé sásta i ndáiríre anois. Seo an chéad uair a fuair mé a raibh mé á iarraidh. Níl aon phlean mór agam don todhchaí. Ach dá bhfanfadh gach rud mar atá bheadh sé maith go leor. Tá nath cainte againne: téigh go mall agus tiocfaidh tú i bhfad."

# Ag foghlaim an phian a fhulaingt



Ní raibh Otilia Marques ach 22 bhliain d'aois nuair a d'fhág sí a baile in Ansião sa Phortaingéil le dul lena deirfiúr agus le fear a deirféar i Lucsamburg. Mar a lán Eorpach, d'asitrigh sí go tír nua le súil go bhfaigheadh sí obair agus saol nua.

"Bhí sé deacair ar dtús," a chuimhníonn sí. "Bhí post agam i monarcha, ach níor teagascadh an Fhraincis riamh dom. Bhí orm í a fhoghlaim san obair." Agus í duine de seachtar clainne, bhíodh cleachta uirthi i gcónaí daoine a bheith timpeall uirthi nuair a bhí cuidiú de dhíth uirthi.

Ansin, i 1975, phós sí Manuel Augusto sa Phortaingéil. An bhliain ina dhiaidh sin chuaigh seisean chuici i Lucsamburg, agus anois tá sé ag obair ansin do sholáthraí ábhar tógála. Ag an am céanna, thosaigh Otilia post nua mar ghlantóir don chomhlacht poist agus teileachumarsáide P&T. Nuair a rugadh a n-iníon Alexandra trí bliana ina dhiaidh sin, ba chosúil go raibh na rudaí ag dul go maith.

## Bródúil as a hobair

Ach ba ar éigean 30 bliain bainte amach ag Otilia nuair a thug sí faoi deara pian réamatach ina droim, a d'éirigh níos treise nuair a sciorr diosca uirthi. "Le breis is 20 bliain, tá pian orm a dhéanann an obair deacair, agus téann sé in olcas leis an aois. Ach déanaim mo dhícheall ar scor ar bith," ar sise go cúthail. Agus í ina glantóir i gceantar gléasta agus folctha an chomhlachta, is léir go bhfuil sí bródúil as na scátháin dhealraitheacha agus as na tíleanna gan smál. San obair caithfidh sí cithfholcadáin a sciúradh, taisceadáin a dhustáil, buicéid lán uisce a iompar agus málaí bruscair a fholmhú….. obair chrua fhisiciúil atá i gceist. "Uaireanta bogann tú go mícheart agus bíonn sé níos nimhní fós ansin," míníonn sí. "Ach níl duine ar bith eile a dhéanfas é, mar sin caithfidh mé dul agam." Agus nuair a fhilleann na teicneoirí i ndiaidh cáblaí teileachumarsáide a leagan i dtrinsí láibeacha, go háirithe sa gheimhreadh, tá go leor le glanadh aici.

Mar sin i Meán Fómhair 2007, thairg an comhlacht am saoire do Otilia le cúrsa oiliúna a fhreastal dhá lá sa tseachtain ar feadh cúig sheachtain chun cuidiú léi leis an bpian. Chómhaoinigh an tAontas Eorpach an cúrsa trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Tharla sé go raibh a hiníon Alexandra ag obair don *Service de Santé au Travail*

*"D'fhoghlaim mé smacht a chur ar mo luailí sa chruth is go bhfuil níos lú tinneas droma orm san obair gach lá, agus go fiú sa bhaile."*

*Multisectoriel* (STM – roinn an rialtais atá freagrach as an tsláinte in earnálacha éagsúla an tsaothair) faoin am sin, a d'eagraigh an cúrsa, agus spreag sí a máthair an deis a ghlacadh.

Fuair Otilia amach mar a oibríonn an droim, priacail an dochair, agus conas é a chosaint. Thaispeáin na hoiliúnaithe cleachtaí chun matáin a cos a neartú, teicnící suaimhnis le straidhn a sheachaint, agus go fiú an aiste bia cheart le feabhas a chur ar a sláinte agus ar a neart go ginearálta. Fuair sí amach an modh is cirte le hualaí a thógáil, agus bogadh go slán le pian a sheachaint. "Mar gheall ar an gcúrsa, tá a fhios agam go gcaithfidh mé dul síos ar mo dhá ghlúin – ní thig liom cromadh anuas, mar shampla – agus bím cúramach gan málaí an bhruscair a líonadh barraíocht. D'fhoghlaim mé smacht a chur ar mo luailí sa chruth is go bhfuil níos lú tinneas droma orm san obair gach lá, agus go fiú sa bhaile. Chuidigh an oiliúint liom mar gheall gur mhínigh sí an an méid le coinne a bheith agam leis." Bhí síceolaithe ann chomh maith le caint faoi fhadhbanna na gcomhpháirtithe.

## Tús moch

Tá ceanncheathrú an chomhlachta atá Otilia ag obair ann ar imeall chathair Lucsamburg, foirgneamh corrach é de bhrící dearga ar shuíomh fairsing agus faichí agus crainn timpeall air. Mar sin thig léi tiomáint chuig an obair gach lá ag páirceáil ar áitreabh an chomhlachta. "Cé nach fada mo theach, is mór an cuidiú dom teacht sa charr, mar tosaím go han-mhoch chomh maith – ar 6 a chlog ar maidin."

Is é an rud atá i gceist i saol laethúil Otilia ná an phian a chur faoi smacht agus í a laghdú go leibhéal soláimhsithe. Dhiúltaigh sí an mháinliacht nuair a fuair sí amach nach raibh ach deis ratha 20%. Ina ionad sin, bíonn seisiúin rialta suathaireachta aici, agus uair amháin sa bhliain déanann sí dianteiripe i Mondorf-les-Bains, baile íocuisce áitiúil. Seachnaíonn sí pianmhúcháin más gá. "Cóireáiltear mé chun cosc go bhforbraí an t-airtríteas a thuilleadh, mar má tharlaíonn sin níl rud ar bith le déanamh," míníonn sí.

In éineacht le Manuel, tá sí ina cónaí i dteach spéiriúil agus caoi air, ballaí bána, troscán adhmaid snasta agus urlár leacán. Tá leaca na bhfuinneog maisithe le geiréiniaim dhearga, agus anseo is ansiúd dúisíonn ball potaireachta maisithe nó cuimhneachán eile dathanna a dtír dhúchais, an Phortaingéil. Anois tá biseach go leor ar Otilia dul ag spaisteoireacht lena labradór cairdiúil sé bliana, Bell.

## Ag leanúint ar aghaidh

Tá dúil aici go mbeidh sí in ann oibriú go dtí go mbainfidh sí aois scoir amach. "Feicfimid an méid a thiocfaidh sé ar aghaidh," ar sise go fealsúnach. "Tógfaidh sé misneach. Tá pian orm go fóill, agus uaireanta tá an dúlagar orm. Braitheann sé ar an aimsir – bíonn sé níos measa nuair a chuireann sé fearthainn. Ach caithfear dul ar aghaidh. Ní thig leat síorghearán a dhéanamh. Caithfidh tú é a fhulaingt."

Deir Nadine Sadler, as seirbhís sláinte agus caidrimh shóisialta P&T, go ndéanann tuairim is 20 ball foirne oiliúint thinneas droma gach bliain. "Éiríonn leis i ndáiríre," ar sise. "Tá dúil agam go mbeidh Otilia in ann a saol oibre a fhadú dá bharr."

"Ba an-úsáideach an cúrsa é," deir Fatima Tomaz, atá i gceannas ar na 14 glantóirí san fhoirgneamh. "Rinne mé féin é agus d'fhoghlaim mé mórán."

Tá deimhniú frámaithe ar taispeáint go feiceálach i seomra teaghlaigh Otilia, tréaslaíonn sé an dul chun cinn a rinne sí ar an gcúrsa oiliúna, agus spreagann sé í an múineadh a bhain sí as a chur i ngníomh. Is léir go raibh an t-eispéireas sin iontach tábhachtach di.

# Scéal Georgia



"Sílim go gcuideoidh mé le daoine eile agus mé ag caint faoi mo shaol," arsa Georgia Chrisikopoulou go simplí. "Bhínn iontach diúltach. Ní admhaínn go raibh mé tinn agus níor mhaith liom cuidiú a iarraidh. Tá aithne agam go fóill ar dhaoine nach gcreideann na dochtúirí."

De bharr galair mheabhraigh, chaith Georgia, 36, na blianta san ospidéal go tréimhsiúil ina tír dhúchais ar Chorfú sa Ghréig. Ach ó 2006, chuidigh scéim fhadradharcach athshlánaithe léi aistriú as cúram cónaithe go dtí a hárasán féin, agus obair a thosú. Stiúrann Comharchumann Ionchais Nua í a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa.

Tá an comharchumann bunaithe i lár bhaile Chorfú, i bhfoirgneamh ina reáchtálann sé caife chomh maith, a lochtán faoi scáth na gcrann oráiste. Tá mic léinn a léann agus a ólann caife ag na táblaí. B'fhéidir nach gcaithfeadh custaiméirí fánacha an dara súil ar ainm íorónta na bunaíochta: *Lunatico*. Agus b'fhéidir nach bhfuil a fhios acu gurbh iad na foirgnimh ghalánta ina thimpeall – a ngeata iarainn leata – seanospidéal meabhairghalair daingean Chorfú, an ceann is sine sa Ghréig, anois ina ranna ollscoile.

## Tús an tinnis

Tá Georgia ina páirt d'fhoireann garraíodóirí a thugann aire do na ceapacha bláthanna agus do na faichí ina dtimpeall, forbhríste agus caipín liath orthu uilig. Scéal anró agus misnigh a scéal féin. An duine is sine de cheathrar clainne, is cuimhin le Georgia go gcaitheadh a tuismitheoirí go crua léi. "Bhí mé ró-óg le tuiscint an raibh mé ag déanamh rud dalba," ar sise. "Níor taispeánadh grá ar bith dom go dtí go raibh mé i bhfad níos sine." Ag 12 bhliain d'aois, thosaigh sí ag cailleadh a cuid gruaige, agus fáthmheasadh fadhbanna síciatracha uirthi. Faoin am a bhí sí 17 mbliana d'aois, bhí sí ag iompar clainne, agus rinne sí iarracht í féin a mharú. In ainneoin a tuismitheoirí a bheith ina héadán, d'fhág sí an scoil, phós sí, agus chuaigh sí a chónaí i dtigh thuismitheoirí a fir. Ach ní raibh saol an phósta sona. Thosaigh an lánúin ag ól go trom agus ag caitheamh drugaí, agus d'éirigh seisean foréigneach.

Faoi am a bhí sí 24 bliana d'aois, bhí galar trom ar Georgia. "Thosaigh mé ag cloisteáil guthanna, agus shíl mé go raibh mallacht orm. Shamhlaínn go raibh an teilifíseán ag caint liom, agus go raibh cumas teileapaiteach agam. Ní raibh mé in ann cur suas

*"Is maith liom gach rud faoin obair. Chuir sí cruth eile ar fad ar mo shaol. Bhain mé sult riamh as an gharraíodóireacht – is maith liom bheith dlúth leis an dúlra."*

le mo mhac, agus liginn amach airsean agus ar mo mhuintir é – Bhínn ag troid le cách. Bhí mé ag iarraidh mé féin a mharú."

Faoi dheireadh d'fhill sí ar a máthair agus ar a hathair, agus as sin amach, tháinig feabhas ar an gcaidreamh. "Ag an deireadh, ba iad mo thuismitheoirí a shábháil mé," admhaíonn sí. Thosaigh sí, go doicheallach ar dtús, ar chógas a fháil, ach deir sí go gcloisfeadh sí guth a fir go fóill ina ceann á bagairt. D'fhág sí Corfú agus chuaigh sí ag taisteal, chríochnaigh sí i Stuttgart áit a d'oibrigh sí i mbeáranna agus i gclubanna. "Ba mhó tromluí ná obair oíche é," deir sí go searbh. Tháinig neamhord itheacháin agus fiacha uirthi. D'fhill sí abhaile ídithe. Ach cé go raibh a riocht ag dul in olcas, dhiúltaigh sí creidiúint go raibh sí tinn.

## Ag glacadh le cuidiú

In 2002, glacadh in ospidéal síciatrach í, ach tháinig a fear céile a bhreith amach í. "Bhí sé réasúnta deas ar dtús," ar sise, "ach roimh i bhfad bhí sé sa tseanchaoi arís." In 2005, thuig Georgia faoi dheireadh nach féidir di bisiú aisti féin. Tharla dhá rud a raibh ról fíorthábhachtach acu: maraíodh a deartháir óg Prokopis i dtimpiste, agus Oíche Nollag, fuair a hathair bás ó thaom croí. Chinn Georgia saol níos sláintiúla a fháil.

D'fhill sí ar an ospidéal, agus bliain ina dhiaidh sin d'aistrigh sí chuig clár an athshlánaithe. Bhí sí ina cónaí sé mhí i dtigh ósta in Thinalion. Agus i nDeireadh Fómhair 2006 bhí biseach go leor uirthi le haistriú go hárasán cosanta in éineacht le hothar eile, Corinna Mouzakiti. Thosaigh sí ag obair i bhfoireann garraíodóireachta agus comhshaoil an chomharchumainn chomh maith.

"Is maith liom gach rud faoin obair, go háirithe cur plandaí. Chuir sí cruth eile ar fad ar mo shaol," ar sise. "Bhain mé sult riamh as an gharraíodóireacht – is maith liom bheith dlúth leis an dúlra. Sa tráthnóna nuair a bhím ag amharc ar an teilifís mothaím uaim é. B'fhearr liom bheith ag obair." Ach caithfidh sí bheith cúramach. "Cuireann aimsir the isteach ar mo cheann," admhaíonn sí. Caithfidh sí sos a thógáil. Tuigeann ceannairí na foirne é seo agus ní thugann siad na tascanna is crua di. "Tá Georgia iontach bródúil, agus déanann sí a dícheall," deir a hoibrí sóisialta Helena Moshat. Déanann foireann saineolaithe monatóireacht ar a dul chun cinn, agus thig léi glaoch ar chuidiú lá agus oíche óna dochtúir féin.

## Modh oibre an chomharchumainn

Tá 70 fostaí ag Ionchais Nua, ina n-áireamh 45 othar a bhíonn ag obair in éineacht le fostaithe eile. I dteannta an chaife agus na foirne comhshaoil, riarann siad seirbhís glantóireachta, carrchlós agus bialann agus beár darb ainm *Dusk*, i mbaile Corfú. Bunaithe in 2005, d'fhás an comharchumann ó dheichniúr go dtí 183 baill vótála, 98 díobh ina n-othar. Tá beirt seanchónaitheoirí ar a laghad ar an mbord bainistíochta i gcónaí.

Tá conradh ag an bhfoireann comhshaoil leis an údarás áitiúil. Tá Dmitris Vlachos, maoirseoir na foirne, bródúil go dtairgeann sé seirbhís ghairmiúil agus iomaíoch. "Tá ár gcustaiméirí lánsásta leis an obair," ar seisean. "Teagascaimid dár bhfoireann jab maith a dhéanamh." Faigheann na hoibrithe uilig oiliúint – ar uirlisí cumhachta a láimhseáil, mar shampla – agus bíonn éadach cosantach iomlán orthu. Tosaíonn Georgia gach maidin ar 8 am, uaireanta téann sí sa mhionbhus in éineacht lena comhoibrithe go háiteanna níos faide. Gnóthaíonn sí €500 sa mhí in aghaidh ceithre nó cúig mhaidin sa tseachtain, agus faigheann sí tacaíocht trí mheán na seirbhísí sláinte, agus níl cíos ar an árasán a roinneann sí.

"Ní insímid do na cliaint go bhfuil othair i measc ár n-oibrithe," deir Thanasis Papavlasopoulos, saineolaí sa gheilleagar sóisialta a chuidigh le bunú an chomharchumainn. "Níor mhaith linn aithis a thabhairt ar dhuine ar bith acu, agus tá sé deacair a rá cé hiad na daoine a bhfuil fadhb orthu. Tá deichniúr acu féinriartha go hiomlán cheana. Feictear an difear a rinne an scéim CSE ar feadh ceithre bliana," deir sé leis. "I 1997, bhí 350 cónaitheoir san ospidéal ó gach cearn den oileán. Anois níl ach 15 leaba, le haghaidh éigeandálaí amach is amach. Dul chun cinn fíor atá ann. Is é an t-ath-chomhtháthú an rud is tábhachtaí, agus tá sé de phríomhaidhm againn deis oibre a thabhairt do dhaoine agus cur ar a gcumas a bheith neamhspleách."

## Troid leanúnach

Thosaigh Georgia féin ar roinnt dá seanchaitheamh aimsire. Is maith léi cócaireacht agus bróidnéireacht, agus phéinteáladh sí agus scríobhadh sí ceol. "Bhí dúil m'anama agam riamh i gceol. Bhínn ag iarraidh bheith i mo dhamhsóir," ar sise go mianchumhach.

Tugann sí cuairt go rialta ar a máthair, ar a deartháir agus ar a deirfiúr, agus tá sí mór le beirt chlainne a deirféar.

Tá troid laethúil aici go fóill lena saol a choinneáil ar an mbealach ceart: tá sí ag brath ar mhíochaine trí huaire sa lá. Roinnt míonna ó shin chuaigh sí in olcas go tobann arís. "Bhí dubhfheirg orm. Bhí mé ag screadach," míníonn sí. "Chuaigh mé chuig an dochtúir agus d'iarr mé cuidiú air, agus chaitheamar mí ag troid sa chruth is nach rachainn ar chúl… agus a leithéid de throid atá ann dáiríre!"

Cad é a choinníonn ag dul í? "Mo charachtar, agus mac a bheith agam," freagraíonn sí. "Agus tá teaghlach maith agam. Ní raibh mé ag iarraidh goilleadh orthu." Tá a mac Antonis ina chónaí anois lena athair san Aithin. Bíonn siad ag caint le chéile ar an nguthán dhá uair sa tseachtain, ach dar le Georgia bheadh a gcaidreamh níos fearr dá mbeadh sé níos gaire di. Tá sí leagtha amach air go dtaga biseach go leor uirthi chun a baile féin a bheith aici, sa chruth is go dtiocfaidh a mac léise arís.

# Oibrithe breacaosta

# Ag ardú giar go dtí slí bheatha nua




"B'fhéidir liom an chuid eile de mo bheatha a chaitheamh ar leasa dífhostaíochta nó réamhscoir, ach níor mhaith liom é sin," arsa Jane Grøne go ládasach. "Bhí mé leagtha amach ar post a fháil, agus rinne mé liom féin é, ní mar gheall gur dúirt seirbhísí dífhostaíochta go raibh orm é a dhéanamh. As mo stuaim féin a rinne mé é. Ach bhí an oiliúint ríthábhachtach, mar ní féidir leat an jab seo a dhéanamh murar éirigh leat sa scrúdú agus murar bhain tú amach an ceadúnas tiománaí."

Cé acu ar an stiúir ina bus buí aon stór, nó ag déanamh comhrá lena comhoibrithe ag City Trafik, ceann den dá chomhlacht bus is mó in Aalborg ar chósta sceirdiúil na hIútlainne sa Danmhairg, is cosúil go bhfuil Jane ar a sáimhín go hiomlán. Ach go luath in 2007, agus níos mó ná leathchéad bliain aici, bhí sí as obair agus ní raibh cáilíocht fhoirmiúil ar bith aici lena cuidiú. Nuair a chonaic sí fógra faoi choinne thiománai bus faoi oiliúint sa nuachtán áitiúil, bhí fonn mór uirthi cur isteach air – bhaineadh sí sult as an tiomáint agus bhí cuma shuimiúil air. Ach bhí sí idir dhá chomhairle. An raibh sí in ann feithicil mhór a láimhseáil? Agus an raibh sí in ann an fhreagracht a láimhseáil maidir le sábháilteacht na bpaisinéirí? "Ar dtús shíl mé go mbeadh sé deacair mar gheall ar m'aois," admhaíonn sí.

Seachtain ina dhiaidh sin, chonaic Jane an fógra céanna. "Bhí cuma na cinniúna air," ar sise. "Shíl mé liom féin: Má tá daoine eile in ann a dhéanamh, cad chuige nach mbeinnse in ann? B'fhiú dom iarracht a dhéanamh agus féachaint conas a éireoidh liom. Thig liom mo chúl a thabhairt air níos moille más gá."

Mar sin chuaigh sí ar aghaidh agus, i Samhain 2007, fuair sí áit ar an gclár *Inniúlacht don Phost* a riarann AMU Nordjylland (Arbejds MarkedsUddannelser – SaotharMargadhOideachas), ionad gairmoiliúna áitiúil. Is scéim oideachais í a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa. Bhí idir theoiric agus chleachtadh sa chúrsa do thiománaithe bus, agus roinnt modúl éagsúil ar shláinte agus sábháilteacht, garchabhair, airgead a láimhseáil, eirgeanamaí-ocht, agus conas cúnamh a thabhairt do phaisinéirí faoi mhíchumas.

Molann Jane an oiliúint a fuair sí go haer. "Rinne na múinteoirí spraíúil agus spéisiúil é. Bhi siad iontach gairmiúil. Fiú má bhí roinnt de na rudaí a bhí orainn á bhfoghlaim réasúnta leadránach, go pearsanta ní raibh mé dubh dóite ag am ar bith."

*"Bhaineann tú a lán féinmhuiníne nuair a dhéanann tú an dioplóma agus post maith a fháil in éineacht le comhoibrithe maithe. Braitheann tú níos fearr fút féin."*

## Geall poist

San idirlinn thosaigh sí ag lorg folúntais, agus thairg City Trafik post di ó Fheabhra 2008. Ach bhí fadhb aici, cé go mbeadh an oiliúint curtha i gcrích aici faoin dáta sin, dar léise ní raibh go leor taithí praiticiúil aici. "Bhí imní orm mar gheall an comhlacht post dom, agus bhí na tiománaithe nua eile réidh le tosnú." Bhí eagla uirthi go gcaillfeadh sí a deis, ach chomhlíon an comhlacht a ghealltanas. "Mar a deirtear sa Danmhairg, b'fhéidir gur mar gheall mo shúile ghorma é," deir Jane agus í ag gáire go hiomlatach. Chaith sí dhá mhí ag déanamh cheachtanna tiomána breise, agus faoi Aibreán bhí sí réidh a post a fháil.

"Tá mé lánsásta go bhfuair mé an ceadúnas tiomána bus," deir sí leis. "Bhaineann tú a lán féinmhuiníne amach nuair a dhéanann tú an dioplóma agus post maith a fháil in éineacht le comhoibrithe maith. Braitheann tú níos fearr fút féin."

"I rith na hoiliúna tá an teachtaireacht go bhfuil an rath le fáil do dhaoine," arsa Henrik Johannesson, an duine atá i gceannas iompair agus lóistí-ochta ag AMU. "Bíonn a lán daoine i lúb an chaogad againn, mar gheall gur chaill siad a bpost agus ba mhaith leo gairm nua a thosú, go minic."

## Ag Glacadh na Freagrachta

Is as Hjørring, i dtuaisceart na Danmhairge, Jane. Nuair a bhí sí 15 bliana d'aois d'aistrigh sí go hAalborg, agus bhunaigh a tuismitheoirí caife ann. Ach beagán ina dhiaidh sin fuair a máthair bás. Agus í ar an duine is sine de sheisear clainne, roimh i bhfad bhí sí an-ghnóthach ag tabhairt aire dá triúr deartháracha agus dá beirt deirfiúracha, agus ag cuidiú lena hathair sa ghnólacht. Ní raibh mórán ama aici le haghaidh an staidéir do na scrúduithe, mar sin d'fhág sí an scoil gan cháilíochtaí.

Phós sí roimh an 30 bliain agus rugadh triúr clainne di. Bhí gnólacht beag threallamh oifige ag Jane agus ag a fear céile, agus bhí sise ina fáilteoir agus ina rúnaí ann. Ach nuair a fuair a fear bás i 1997 bhí uirthi an gnólacht a dhíol agus obair eile a lorg. "Ba bheag nach raibh mé 50 bliain d'aois, agus bhí orm cinneadh cad é a ba mhaith liom a dhéanamh. Bhí mé ag lorg agus ag lorg," deir sí. Fuair sí post mar oibrí cúram sláinte, agus chríochnaigh sí bliain gairmoiliúna leis an gcáilíocht bhreise a bhaint amach a bhí de dhíth uirthi faoi choinne ardú céime, ach ansin bhain tubaiste sráide di a ghortaigh a droim, mar sin níorbh fhéidir léi obair throm agus tógáil a dhéanamh san obair sin. Chaith Jane tuairim is bliain, ar dtús ar saoire bhreoiteachta, ansin ar leasa dífhostaíochta, sular chinn sí nach raibh sí ag iarraidh a leithéid sin de bheatha.

Tá clann Jane fásta anois agus neamhspleách. Tá an mac is sine aici ina chónaí i gCóbanhávan, ach tá a hiníon agus a mac is óige ina gcónaí in aice láimhe, agus bíonn sí ag tnúth go háirithe le haire a thabhairt dá garmhac dhá bhliain, Mathias.

Tá sí ag obair 37 n-uaire sa tseachtain, i rith sé lá de ghnáth, agus sealanna a tosaíonn chomh luath agus 4 a.m. agus a chríochnaíonn chomh mall agus 1.30 a.m. aici. Gach maidin, téann sí chuig an iosta agus deirtear léi an bealach a dhéanfaidh sí an lá sin. Tá 170 tiománaí ag obair as iosta City Trafik, is mná iad 22 acu.

## Bainistíocht coimhlinte

Mar gheall ar a post, tá aithne mhaith aici ar an gcathair anois. Tá seanlár Aalborg déanta de shráideanna cúnga lena tithe slachtmhara ar dathanna pastail, níl sé éasca feithicil mhór a stiúradh in áit mar sin. Ach tá Jane bródúil as réidhe agus as cúram a tiomána sa chruth is go mbíonn geábh slán agus compordach acu. Caithfidh tú stad ag na soilse ar scor ar bith, deir sí. Cén chiall é brostú? Baineann sí sult as an chaidreamh sóisialta lena paisinéirí rialta, agus taispeánann siadsan a mbuíochas ar a seal: "Tugann siad bronntanais dom: seacláidí agus buidéil fíona…!"

Ar an lámh eile, is ábhar síorimní é an foréigean in aghaidh oibrithe iompair, agus gabhadh beirt de bharr ionsaithe scine in aghaidh thiománaithe bus bliain ó shin. Ba í ábhar de chuid an chúrsa í bainistíocht coimhlinte, agus deir Jane gurbh í an fhadhb is measa a bhí aici go dtí seo ná grúpa mírialta ag stad bus. Chuimhnigh sí an oiliúint a bhí aici agus dhún sí an doras agus ar aghaidh léi. Anois tá rabhchán sna busanna atá ceangailte leis na póilíní áitiúla.

"Tá mé iontach sásta le m'obair," deir Jane faoi dheireadh. "Tá mé sásta le mo chomhoibrithe agus le mo cheannasaí. Caitear go maith le gach duine, agus cuidímid a chéile. Tá sé mar a bheadh teaghlach mór, agus ní fhágtar duine ar bith ar lár. Fanfaidh mé anseo go dtí an bás!" deir Jane go magúil. Is cosúil go bhfuil gairmréim fhada shásúil i ndán di: ach tiománaí ag athnuachan a ndeimhniú míochaine gach cúig bliana, tá aois scoir solúbtha. Tá an tiománaí bus is sine ag City Trafik 72 bhliain d'aois.

"Bainim sult mór as teacht ag obair, go fiú ar 4 a.m.," ar sise. "Níl brón orm riamh bheith ag obair."

# Athoiliúint faoi choinne lucht oibre nua-aimseartha



Tá trí rud tábhachtach do Milan Nedbal, as réigiún Kromeriz i bPoblacht na Seice: "An teaghlach, an tsláinte agus an obair," deir an duine 53 bliana d'aois. Ach i nDeireadh Fómhair nuair a dhruid an mhonarcha ina raibh sé ag obair, ní fheadair sé ar chaill sé ceann de na crainn thaca seo go deo.

Bhí Milan ag obair go seasmhach i rith an ré aosaigh aige. I ndiaidh dó staidéar a dhéanamh in ollscoil an innealra teicstíle i Liberec, bhí sé ag obair i dtionscal na dteicstílí go cionn 27 mbliana, agus chuaigh sé ó urlár na monarchan go bainisteoir ginearálta monarchan áitiúla. "D'oibrigh mé romham ón gcéim is ísle go dtí an chéim is airde," ar seisean. "Agus mé i mo bhainisteoir monarchan, bhí mé i gceannas ar gach céim den táirgeadh. D'eagraínn an t-ábhar faoi choinne an táirgthe, an t-ullmhúchán uilig, agus stiúrainn na fostaithe chomh maith."

Thosaigh an tionscal teicstílí Seiceach ag dul i laghad sna 1990í. Mar sin nuair a breithníodh a mhonarcha ina féimheach faoi dheireadh, ní raibh mórán deiseanna fágtha san earnáil sin. "Is olc an mothúchán do phost a chailleadh," ar seisean. "Agus bhí sé níos measa mar gheall ar an strus ó phost nua a lorg."

Thosaigh sé ag lorg oibre ar an toirt, ach ní raibh an t-ádh air ar dtús. "Chuir mé mo CV chuig breis is 140 comhlacht," deir sé leis. "Ach fuair mé an freagra céanna i gcónaí – *Go raibh maith agat as tuairisc ár eagraíochta a chur, ach is trua linn a rá leat nach bhfuil deis oiriúnach duit againn ag an am seo…*"

Ní amháin go raibh sé deacair post ar bith a fháil a bhain lena chuid taithí, ach fuair sé gur bhacainní é an post sinsearach a bhí aige roimhe sin. "Is rud diúltach a bhí ann. Nuair a chloisfeadh na comhlachtaí go raibh mé i mo bhainisteoir monarchan ní fhéachaidís orm faoi choinne post níos ísle," deir sé. "Bhí eagla orthu gur mhaith liom bheith ag tabhairt orduithe do na fostaithe." Ach chuir sé na hiarratais leis. "Bhí orm leanúint ar aghaidh. Bhí sé an-tábhachtach," a deir sé. "Is duine soirbh mé. Ach cuireann sé isteach ar d'fhéinmhuinín mar sin féin. N'fheadar an mbeinn ag obair arís go deo."

## Suas chun dáta leis na teicneolaíochtaí nua

Thuig Milan gur chóir a scileanna a thabhairt suas chun dáta le post a fháil san fhórsa oibre nua-aimseartha. Thosaigh sé cúrsa ath-

*"Bhí an oiliúint iontach praiticiúil agus cuireadh an-fheabhas ar mo scileanna ríomhaireachta… Braithim mé féin i bhfad níos diongbháilte anois."*

oiliúna a thairg an oifig saothair áitiúil in Eanáir 2007. Leabharlann neamhbhrabúis *Knihovna Kromerizska* a d'ullmhaigh agus a d'eagraigh an scéim, agus an tAontas Eorpach a chómhaoinigh í trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa. Oiliúint i litearthacht ríomhairí agus TF a bhí ann den chuid is mó, foghlaim faoi chrua-earraí agus bogearraí a úsáid, cuardach idirlín, cruthú agus ullmhúchán ríomhcháipéisí éagsúla; mar aon le scileanna cumarsáide agus oideachas comhshaoil.

"Roimh an chúrsa, bhí eolas gann agam faoi ríomhaire a úsáid," deir sé. "Níor thosaigh á n-úsáid ach ag deireadh na hoibre a bhí agam roimhe. Ach bhí an oiliúint iontach praiticiúil agus cuireadh an-fheabhas ar mo scileanna ríomhaireachta."

Ghéaraigh sé ábaltachtaí eile atá ríthábhachtach chun post a fháil, mar shampla litreacha iarratais agus CVanna a scríobh, gléasadh faoi choinne agallamh agus cumarsáid a dhéanamh le daoine. "Thar gach uile ní, thug sé féinmhuinín dom. Thug mé faoi deara éagsúlacht i mo scileanna idirphearsanta," deir Milan leis.

B'fhiú na hiarrachtaí, agus cuireadh deireadh lena chuardach sa samhradh 2007 nuair a fuair sé post ag comhlacht áitiúil déantúsaíochta. Ba ríthábhachtach iad a scileanna nuafheabhsaithe. "Ba réamhriachtanas don phost é leibhéal ard litearthachta ar ríomhairí. Agus níl eagla ar an gcomhlacht roimh fostaithe aosta." Is í an speisialtacht atá ag an gcomhlacht, Chropyňská Strojírna, ná na géaga róbait a tháthaíonn i ndéantúsaíocht gluaisteán, mar aon le táirgí eile mar shampla múnlaí do ghléasanna brúite plaistigh a dhéanann tuaiteoirí gluaisteán agus a leithéid.

## Scileanna cumarsáide

Tá sé ag obair i rannóg an chomhoibrithe. "Tá orm táirgeadh na gcodanna éagsúla de shlabhra an tsoláthair a fháil ó fhochonraitheoirí," ar seisean. "Níl sé ar ár gcumas gach aon rud a dhéanamh dúinn féin." Mar aon leis an taithí shaibhir sa déantúsaíocht atá aige, tá scileanna ríomhaireachta an-tábhachtach ina phost nua. San obair caithfidh sé fiosrúcháin a dhéanamh agus soláthraithe a roghnú, orduithe agus doiciméadúchán a ullmhú faoi shonraíochtaí teicniúla agus lóistíocht a shocrú faoi choinne sheachadadh na bpáirteanna éagsúla. Leis seo a dhéanamh baineann sé úsáid as bogearraí bhainistíocht tionscaidail agus innealtóireachta. "Déantar an chumarsáid agus an comhordú uilig trí mheán an ríomhaire. Bheinn san fhaopach mura raibh scileanna ríomhaireachta agam.

"Tá sé go hiomlán éagsúil ón ról a bhí agam roimhe seo. Bhí mé ag obair go hinmheánach roimhe seo. Anois tá orm dul i dteagmháil le comhlachtaí eachtracha eile agus slabhra an tsoláthair uilig a eagrú," deir sé leis.

Chuaigh an fhostaíocht i bhfeidhm go mór ar cháilíocht a bheatha. "Braithim mé féin i bhfad níos diongbháilte anois. Ní bhím ag smaoineamh an oiread sin faoin todhchaí, tá mé sásta lena bhfuil ar bun agam ag an am seo," ar seisean. Is maith leis an gharraíodóireacht agus am a chaitheamh lena theaghlach. "Níl a lán ama saoir agam áfach," admhaíonn sé "Bím ag obair mórán." Agus nach maith an rud é do dhuine a bhfuil an obair chomh luachmhar sin dó agus atá sé do Milan.

# Fíor luach an eispéiris



"Airítear nach bhfuil tú de dhíth ar fhostóirí níos mó agus tú ag dul in aois. Is amhlaidh go bhfuil an cumas againn, ach táimid róshean agus róchostasach."

Má tá blas na seirbhe i nguth Roswitha Kerbel, 55 bliana d'aois, ní nach ionadh. Is iomaí cáilíocht atá aici, agus chaith sí cuid mhór dá saol i ngairm ardchéimiúil san fhoilsitheoireacht. Mar sin, nuair a fuair sí í féin dofhostaithe go tobann agus fonn mór bheith ag obair uirthi, bhí sé iontach go deo bearránach léi. I dtosach a 50í, chaith sí ceithre bliana ag lorg poist i Vín san Ostair gan tairiscint oiriúnach. "Diúltaíodh mórán dom," deir sí. "Chuir sé an-bheaguchtach orm. Braitheann tú thú féin aosta agus neamfhiúntach."

Faoi dheireadh, mhol a malartán fostaíochta go dté sí i dteagmháil le *Tionscnamh 50*, scéim a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa agus a ceaptar chun oibrithe breacaosta a chur i dteagmháil le fostóirí a aithníonn a bhfiúntas. In Eanáir 2008 d'iarr siad uirthi a CV a chur chuig *Licht ins Dunkel* (Solas sa Dorchadas), cumann carthanachta bunaithe i Vín a bhfuil aghaidh na ndaoine air agus a bhíonn ag obair leis an teilifís Ostarach agus le daoine cáiliúla le hairgead a bhailiú ar son teaghlach gátarach. Ghair an eagraíocht chuig agallamh í, agus taobh istigh de uair an chloig tairgeadh post do Roswitha.

## Tugtha do leabhair

Rugadh Roswitha i nGraz san Ostair, ach ag sé bliana d'aois d'aistrigh sí go Stuttgart sa Ghearmáin, agus bhí sí ag staidéar ansin. Bhain sí céim amach mar leabharlannaí agus ansin fuair sí scileanna breise san eacnamaíocht agus i dteicneolaíocht faisnéise agus d'aistrigh sí go dtí an fhoilsitheoireacht.

"Dhírigh mé riamh ar mo ghairm. Tá dúil m'anam agam sna leabhair," míníonn sí, agus í ag díriú a méar ar na sraitheanna leabhar feadh ballaí a seomra suí ó urlár go síleáil. "Bhíodh poist ardchéimiúla agam sa mhargaíocht ag roinnt mhórthithe foilsitheoireachta. Bhínn ag obair ó 60 go 70 uair an chloig sa tseachtain, agus bhínn ag taisteal mórán, agus bhí mé freagrach as aontaí agus seolta leabhar a shocrú. Obair chrua a bhí ann."

Nuair a chríochnaigh a céad phósadh tríd an cholscaradh, d'aistrigh sí go dtí an Ostair arís i 1993, agus chuir sí aithne ar a dara fear

*"Is maith liom go mór bheith ag obair, agus tá mé sásta go dtig liom ioncam a ghnóthú dom féin mar is maith liom a bheith neamhspleách ó thaobh airgid de."*

céile Michael Estl. D'airigh Roswitha go raibh an t-am ann di a saol a athrú. "Bhris ar mo chéad phósadh mar bhínn róghnóthach san obair," deir sí. "Bhínn ar shiúl ó bhaile rófhada agus bhí sé róthuirsiúil. Ní raibh mé ag iarraidh go dtarlódh an rud céanna arís."

## Teach faoin tuath

Phós Roswitha agus Michael sa bhliain 2000. Cheannaigh siad teach i sráidbhaile Königstetten, ar imeall Choill Vín álainn taobh amuigh de phríomhchathair na hOstaire. Agus iad ag ithe bricfeasta ar an lochtán, tá radharc acu thar a ngairdín go tírdhreach droimneach agus go goirt ghlébhuí ráibe. Tá Michael ag obair sa bhaile mar ríomhchláraitheoir, i gcuideachta dhá mhadra ollmhóra, Benny agus Teddy, agus dhá chat Mimi agus Pepper.

Ag an am sin, bhí solúbthacht de dhíth ar Roswitha chun aire a thabhairt dá hathair aosta chomh maith – gach dara nó triú seachtain d'fhill sí ar Stuttgart áit a raibh a tuismitheoirí ina gcónaí go fóill – agus dá máthair chéile i Vín. D'éirigh sí as a post san fhoilsitheoireacht agus thosaigh sí ag lorg treo nua gairme. Ba chosúil gurbh é an gairdín an fhuascailt: "Ba mhaith liom riamh an gharraíodóireacht, ach ní raibh aon eolas agam faoi phlandaí," ar sise. Rinne sí cúrsa oiliúna bliana i ngarraíodóireacht tírdhreacha, agus fostaíodh í i bpáirc dúlra Choill Vín ina dhiadh sin. Bhí sí freagrach as ócáidí agus turais do ghrúpaí cuairteoirí a phleanáil, agus as na cuntais agus as an riarachán chomh maith, ní níor mhair an post. "Ba bhreá liom post seasmhach a fháil, ach bhí mé róshean."


Deir Roswitha gur thug sé faoi deara fadhb an idirdhealaithe bunaithe ar an aois tuairim is 10 mbliana ó shin. Cuireann sí síos é do chostas níos airde an árachais shóisialta a íocann fostóirí d'oibrithe níos sine. "Is mór an brú atá ann, mar níl a oiread sin post sa mhargadh, mar sin tairgeann comhlachtaí obair d'oibrithe níos saoire," deir sí.

## Neamhspleáchas airgeadais

Ach thug *Tionscnamh 50* tús eile as úire do Roswitha. Tá sí ag obair go lánaimseartha do *Licht ins Dunkel* ó Fheabhra 2008. Is í an scéim a íocann tuarastal na gcomhpháirtithe go cionn na chéad trí mhí, mar sin tá dreasacht bhreise ann d'fhostóirí. Admhaíonn sí nach é riarachán oifige post a brionglóidí, agus nach bhfuil sé róspéisiúil. "Ach ag m'aois-se níl mé ag iarraidh an fhreagracht sin uilig," míníonn sí. "Ba mhaith liom an saol a ghlacadh go bog. Is deacair é an cás, agus tá mé buíoch as an deis post a bheith agam arís. Ní gnáthbhean tí mé. Is maith liom go mór bheith ag obair, agus bainim sult as bheith i gcuideachta mo chomhoibrithe. Agus tá mé sásta go dtig liom ioncam a ghnóthú dom féin mar is maith liom a bheith neamhspleách ó thaobh airgid de.

"Is iontach maith an scéim í *Tionscnamh 50* mar chuidíonn sí le daoine breacaosta post oiriúnach a fháil, agus níl sin éasca. Anois tá am agam do mo ghairdín, do m'fhear agus do mo mhadraí. Níl mé ag iarraidh an strus a bhí orm roimhe seo. Chuidigh an scéim liom é sin a bhaint amach."

# Dóchas nua na dlúthpháirtíochta sóisialta



Tá fealsúnacht beatha Tsvetan Ivanov iontach soiléir: "Táimid uilig níos láidre má chuidímid lena chéile," deir sé. "Bheith i bhfách leat féin, ní aontaím leis an mbeartas sin."

Bhí Tsvetan ag obair 25 bliana i monarcha leasacháin cheimicigh áitiúil i Vratsa in iarthuaisceart na Bulgáire. Dhéanadh sé maoirseacht ar nósanna imeachta na sábháilteachta ansin, agus cáilíodh le scor luath in 2000 é. Roimh i bhfad chinn sé go raibh sé ag iarraidh rud gníomhach a dhéanamh le cuidiú a thabhairt do daoine eile a chomhphobail. Baile pictiúrtha is ea Vratsa agus tá sé cáiliúil as a aillte agus as a uamha mórthaibhseacha atá oiriúnach don dreapadóireacht. Ach aistríonn a lán teaghlach óg ó bhaile chun obair a fháil, agus uaireanta fágann siad tuismitheoirí aosta nó gaolta faoi mhíchumas réasúnta aonarach.

In 2008 chuala sé faoin scéim *Trí mheán Seirbhísí Sóisialta, ar son Beatha Chuibhiúil*, a riarann ENR áitiúil *Most* (droichead), agus a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa. Oileann sí agus fostaíonn sí daoine scortha agus dífhostaithe le bheith ina gcúntóirí sóisialta, ag tabhairt tacaíochta go laethúil do 40 duine atá ina gcónaí ina dteach féin ach nach bhfuil in ann teacht i dtír leo féin agus a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu.

I ndiaidh tréimhse bige oiliúna, ina ndéileáiltear le garchabhair, le scileanna comhairleoireachta agus le héigeandálaí, tairgeadh conradh do Tsvetan agus tugadh freagracht bheirt chliaint dó: Nicola Kotsev, 87 mbliana d'aois, agus Emil Ginev, iarailtire ar teascadh a chos i ndiaidh thaisme gluaisteáin. Téann sé ar cuairt orthu gach lá, ag cuidiú leo a dteach a coinneáil glan agus an tsiopadóireacht a dhéanamh. Uaireanta beidh sé riachtanach le cuidiú a thabhairt i rith cuairteanna an dochtúra, nó le haghaidh an ghnáthriarachán mar na billí a íoc. Ag am lóin glacann sé a mbéilí ó cheaintín na seirbhísí sóisialta, a ullmhaíonn 200-300 béile sa lá do dhaoine ar leas sóisialta. Uaireanta tugann sé Nicola amach sa chathaoir rothaí, nó fanann sé sa teach chun comhluadar a dhéanamh leis.

## Paisean na foghlama

D'fhorbair dáimh láidir idir é féin agus a bheirt chúraimí. "Tá Nicola lán de theaspach agus iontach beo. Braitheann sé é féin i bhfad

*“Trí mheán na scéime tugaim dóchas do dhaoine. Feicim go bhfuil siad sásta fanacht ar an saol agus gan ghéilleadh.”*

níos fearr nuair a labhraím leis,” arsa Tsvetan. “Tá cógas de dhíth air ó fhuair sé stróc. Ach tá a chiall agus a chéadfaí aige go fóill agus diúltaíonn sé géilleadh. Is é an chuid is spéisiúil den obair ná léargas síceolaíoch a fháil ar an dóigh a fhaigheann daoine an ceann is fearr ar an anró. Is é an rud is maith liom ná go bhfoghlaimím rudaí, agus dá mhéad a fhoghlaimím is amhlaidh is mó a thig liom cuidiú a thabhairt do dhaoine. Tuigeann tú mar a airíonn siad faoi a lán ceisteanna, mar shampla an dul in aois, nó fiú amháin an bás.” Roimhe sin, bhí sé ina chúntóir sóisialta dá dheoin féin i scéim eile a mhaoinigh na Náisiúin Aontaithe ar fud na Bulgáire, bhí 210 duine faoin scéim sin i réigiún Vratsa.

Ba smaointeoir neamhspleách riamh é Tsvetan, agus spéis aige i réimse leathan ábhar. Bhain sé a chéim amach sa cheimic agus i ndiaidh na hollscoile chaith sé 15 bliana i ngnó na foirgníochta agus ag cuidiú le hathchóiriú na n-íocón agus na múrmhaisithe i mainistir chailiúil Cherepish, in aice le Vratsa. Ag am amháin bhí sé “andúlaithe” i bhfuascailt Chiúb Rubik – tá roinnt de na leagain is deacra de ar an tseilf go fóill aige. Nuair a fuair sé an t-idirlíon, tháinig dúil aige ann sin chomh maith. “Bhí orm iallach a chur orm an teach a fhágáil,” admhaíonn sé. In 2007 d’fhoilsigh sé a chéad leabhar, a chuireann in iúl a theoiric fhealsúnach féin: *Teitrealachtaic an Dúlra*.

Léiríonn sé an suim atá aige i ngach tréith den dúlra. Le linn dó bheith ag obair ag an ríomhaire, tá ceann nó dó de na sé chat a tharrtháil sé ón mbóthar a chuireann a cheann ina chamas ar a ucht nó a choinníonn greim ar a ghualainn. “Má chaitheann tú go maith leis na hainmhithe, bíonn muinín acu asat, tá na daoine mar an gcéanna,” míníonn sé. Tá fuinneoga an tseomra suí mhodhúil, atá ina sheomra leapa chomh maith, lán de phlandaí. Tá an t-árasán beag líonta dá leabharlann phearsanta, 6,000 leabhar, b’fhéidir, faoi ábhair iomadúla. “Léigh mé iad uilig,” arsa Tsvetan go bródúil. Tá sé ina bhall de chumann fealsúnachta áitiúil, agus tá tuairim is 150 alt foilsithe aige.

## Comhdháimh

Is tairbhí eile de chuid an tionscnaimh *Beatha Cuibhiúil* í Velika Mamkova, seacht mbliana dhéag is trí fichid. Tá sí gafa sa teach ar mhaidí croise i ndiaidh na máinliachta agus coise briste. Tá clann dóibh féin ag a beirt mhac agus tá siad ina gcónaí ó bhaile – tá duine acu ag obair san Iodáil. “Tá an cuidiú an-tábhachtach. Tá rudaí nach féidir liom a dhéanamh dom féin agus ní bheinn in ann teacht i dtír gan é,” ar sise. “Má éiríonn fadhb, tá a fhios agam go dtig liom fónáil, lá nó oíche.” Tá sí i dtuilleamaí na teagmhála daonna chomh maith – duine le labhairt leis gach lá – agus anois tá caidreamh dlúth aici lena cúramóir, Maryika Mitova.

Tá comhdháimh ann. “Tá sí mar a bheadh máthair dom,” admhaíonn Maryika, atá fostaithe ag an scéim *Beatha Cuibhiúil* chomh maith. Bíonn na cúntóirí sóisialta ag obair sé huaire sa lá agus faigheann siad tuarastal ó bhuiséad na scéime. Agus é féin ina phinsinéir, ní íocann Tsvetan cáin agus tá sé i dteideal chúram sláinte saor in aisce, rud a spárálann airgead don scéim chomh maith. Is é ról na 10 gcúntóirí sóisialta ná tacaíocht a thabhairt do na 10 n-oibrithe cúraim lánaimseartha a fhostaíonn an t-údarás áitiúil.

Maireann a chonradh bliain amháin – fad na scéime. Tá dúil aige gur féidir é a athnuachan, agus deir sé go n-oibreodh sé leis agus fáilte. “Trí mheán na scéime tugaim dóchas do dhaoine. Feicim go bhfuil siad sásta fanacht ar an saol agus gan ghéilleadh. Tugann sé ioncam breise dom sa chruth is gur féidir liom beatha chuibhiúil a bheith agam, agus cuidiú le daoine eile beatha chuibhiúil a bheith acu ar mo sheal. Ó bhí mé ag caint le Nicola d’éirigh sé níos dochasaí agus d’fhéach sé le siúl arís. Thóg sé cian de. Mar sin, bhí sí úsáideach domsa, agus bhí mise úsáideach dósan chomh maith.”

# Scileanna nua agus braistint phobail



Rugadh Aldona Mikalauskiene i sráidbhaile beag in aice le Vilnias sna 1930í agus chonaic sí lena dhá súil roinnt de mhórchlaochluithe is mó na hEorpa, ó ainghníomhartha an Dara Cogaidh Domhanda go deacrachtaí agus coimhlint faoi riail Shóivéadach, go neamhspleáchas faoi dheireadh dá tír bheag, an Liotuáin. I rith an iomláin choinnigh sí carachtar diongbháilte agus braistint dualgais dá comhshaoránaigh.

"Inniu tá a lán saghsanna nua saoirse againn," ar sise. "Saoirse gnólachtaí a reáchtáil agus feabhas a chur orainn féin, saoirse lochtaithe agus labhartha go saor faoin rialtas, ach tá an oibleagáid againn chomh maith ár gcuid saoirse agus ár gcuid buanna a úsáid le cuidiú lena chéile. Aon phobal amháin atá ionainn, aon sochaí amháin."

## Ó thús uiríseal…

Is iníon feirmeora as Ukmergė faoin tuath í Aldona, chuaigh sí ar an scoil, phós sí agus fágadh ina baintreach í, agus ansin thosaigh sí ar a staidéir arís, agus thabhaigh sí clú di féin mar mhac léinn lánfhásta san ollscoil. Bhain sí céim amach mar chuntasóir agus anois tá sí i gceannas a comhlacht cuntasóireachta féin i bpríomhchathair na Liotuáine, ag oiliúint agus ag fostú daoine óga, agus ag cuidiú le réimse cliaint i rith dhrochaimsir airgeadais. "Chaith mé an chuid is mó de mo ghairmréim ag obair le daoine gairme a bhfuil gealladh fúthu," ar sise. "Cuirim printíseachtaí ar fáil agus d'oil mé líon mór cuntasóirí gairmiúla."

Tá a cuid cliant iomadúil agus ilchineálach, ó bhialanna Síneacha agus meicneoirí cairr go dtí eagraíochtaí ban agus páistí, go dtí comhlachtaí móra agus déantúsóirí. "Is maith liom m'obair agus tá sé sásúil liom go háirithe mo ghrúpa a fheiceáil ag cuidiú le daoine eile dul chun cinn – cibé acu gnólachtaí beaga, soláthraithe seirbhísí nó corporáidí ag gnóthú airgid dár ngeilleagar iad," ar sise. "Agus cén fáth a stadfainn anois? Tá mé ar an saol le tamall maith, ach tá beatha ghníomhach agam agus dar liom tá rud éigin le soláthar agam go fóill."

## Ar aiste mhaith go fóill

"Is iad na huimhreacha éirim obair na cuntasóireachta riamh," míníonn Aldona, "agus is ionann é sin agus a rá saineolas agus na huirlisí cearta."

*"Is iad na huimhreacha éirim obair na cuntasóireachta riamh, agus is ionann é sin agus a rá saineolas agus na huirlisí cearta."*

Ba é clár uathúil oiliúna TF do dhaoine breacaosta, eagraithe ag grúpa seanóirí *LPS Bociai* agus cómhaoinithe ag an AE trí mheán Chiste Sóisialta na Eorpa, a chuidigh le hAldona úsáid níos iomláine a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise nua-aimseartha ar son a gnólachta, ag cur feabhais ar a cuid scileanna agus á cur in oiriúint don trealamh ríomhaireachta, do na cláir agus do na seirbhísí líonraithe is déanaí.

"Caithim cuid mhaith den lá as baile," ar sise, "ag bualadh le cliaint, ag tógáil agus ag seachadadh cáipéisí agus toirbhirtí agus ag díol ár seirbhísí le custaiméirí ionchais." Ansin ar ais chuig an oifig léi mar a ndéanann sí sainscagadh agus anailís ar na torthaí agus ar na huimhreacha.

"Nuair a thosaigh mise, bhainimis úsáid as na gléasanna suimiúcháin seanaimseartha sin, an dtuigeann tú, leis an luamhán mór a thagadh anuas agus 'cliog-cling' as. Bhí siad iontach áisiúil dar linn. A thiarcais, a leithéid d'athrú a tháinig ar na rudaí! Tá a oiread sin uirlisí agus teicneolaíochtaí ann a bheadh sárúsáideach sa chuntasóireacht.

"Sna cúrsaí ríomhaireachta d'fhorbair mé scileanna nua agus dá bharr sin thig liom m'obair a dhéanamh níos éifeachtaí," ar sise. "Ba mhór an cuidiú iad na ceachtanna."

# Ar ais ag obair



Rugadh George Mifsud i 1949, agus tá roinnt athruithe feicthe aige lena linn. Agus é ina fhear óg i Málta, d'fhoghlaim sé táthú, obair adhmaid agus scileanna eile a thug tús maith dó i saol na hoibre. Ina dhiaidh sin, rinne sé printíseach i seitheadóireacht, ceird a chleacht sé go gníomhach ar feadh 20 bliain.

Ba shealgaire agus ceoltóir riamh é George agus mar gheall ar a spéiseanna éagsúla bíonn sé ag taisteal i gcónaí ar fud a oileáin dhúchais. Ní théann sé níos faide amach ná sin go minic, ní raibh sé ach san Iodáil agus san Eilbhéis i gcéin taobh amuigh de Málta. "Is tír bheag é seo, ach tá a lán rudaí le déanamh. Ní maith linn mar Mháltaigh dul i bhfad ó bhaile. Tá mórán staire anseo. Is maith linn aire a thabhairt dár n-oileáin agus iad a choinneáil go hálainn," míníonn sé.

Agus is é sin go díreach a dhéanann George ina phost nua mar oibrí tírdhreacha. "Tá a lán post éagsúil déanta agam," deir sé leis. "Roimhe seo bhí mé i mbun scroidchuntair don lucht turais. Rinne mé sin go ceann 11 bhliain. Ansin dhúnamar é, níl a fhios agam, bhí sé cineál spíonta. Bhí orm rud le déanamh a fháil. Bhí mé dífhostaithe."

## Cúrsaí athnuachana

Chonaic George tuarascáil ar an teilifís faoi mhaoiniú nua ón Aontas Eorpach do dhaoine as obair, mar sin chuir sé cúpla glaoch agus chláraigh sé do *Scéim Oiliúna agus Teagmhála leis an bhFostaíocht* (TEES). Chabhraíonn TEES, a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa é, le daoine os cionn 40 bliain d'aois atá ag iarraidh filleadh ar an obair.

"Rinne mé táthú agus obair leictreachais le linn m'óige," deir sé, "rud ar bhain mé sult riamh as, ach bhí meirg ar mo chumas. Trí mheán an TEES seo bhí cúrsaí athnuachana saor in aisce agam. Rinne mé pluiméireacht, obair adhmaid, táthú agus leictreachas. Ba mhór an spraoi é agus casadh a lán daoine maithe orm. Rinneamar sé mhí go hiomlán de oiliúint."

I ndiaidh dó snas a chur ar a sheanscileanna, cuireadh George i dteagmháil le cuibhreannas tírdhreacha a dhéanann jabanna ar fud Mhálta, agus anois tá sé ar ais faoi fhostaíocht lánaimseartha. Tá sé ag obair le foireann fear a shiúlann rompu ar fud thírdhreach

*"Bím ag obair amuigh faoin aer agus sásaíonn an obair go mór mé. Téimid ó cheann ceann na tíre."*

Mhálta ag coinneáil caoi ar bhonneagar iompair mar thearmainn lárnacha na mótarbhealaí, ag cur isteach chórais shoilsithe agus sruthchórais, agus ag cur slachta ar na rudaí go ginearálta.

"Bím ag obair amuigh faoin aer agus sásaíonn an obair go mór mé. Téimid ó cheann ceann na tíre," ar seisean de mhaíomh, ach cuimhnigh nach bhfuil ach 316 chiliméadar cearnach de dhromchla sa Bhallstát Eorpach seo go léir.

An oíche, seinneann George an giotár i mbanna rac tuaithe áitiúil, dúil eile a gcoinníonn sé air ó linn a óige. Tá aithne shúl ag daoine air ar an mbóthar agus i bhforhalla óstán galánta, mar is duine iomráiteach na háite é George, agus le beagán cuidithe óna chairde thaispeáin sé mar is féidir do dhuine anonn sna blianta rud a dhéanamh go fóill.

"Thug an clár seo an deis dom rud nua a dhéanamh," deir sé. "Tá mé mar a bheinn ag tosú as an úire, tá mé ar ais sa chluiche."

# Fiontraíocht

# Cuireann meantóireacht an t-idiruasán ar an mbealach ceart



"Shíl mé go raibh smaoineamh chomh maith sin agam, gnólacht a bhunú a thairgeann turais idiruasáin, go mbeadh daoine ag baint as na boinn é le cuairt a thabhairt orainn, ach níorbh fhíor sin. Ar an dea-uair, thug an clár meantóireachta an tacaíocht dom a bhí de dhíth orm, mar d'fhoghlaim mé faoin margaíocht, agus gan í sin ní bheadh an gnólacht ann."

Tá Peeter Tarmet ina chónaí i Saku, faoin tuath méith taobh amuigh de príomhchathair na hEastóine, Taillinn, agus anois is aigesean an t-aon féilteachas idiruasáin fóillíochta sa tír. In 2007, chinn sé nach raibh dúil aige a shaol a chaitheamh ag déanamh troscáin, mar a rinne sé ó d'fhág sé an ollscoil ocht mbliana roimhe sin. "Bhí mé ag iarraidh rud nua a dhéanamh. Roimhe sin, bhínn ag obair liom féin, i seomra deannachúil. Ní fheicinn solas an lae go minic agus bhí aer úr de dhíth orm," míníonn sé. "Má tá tú leat féin, is leatsa an fhreagracht as gach rud, agus má tá tú tinn níl aon ghnó ann níos mó."

Tháinig Peeter ar a smaoineamh mór agus é ag amharc ar an Discovery Channel ar an teilifís. "Thaispeáin sé idiruasán beag atá in ann taisteal ar talamh agus ar uisce. "Shíl mé: 'Níl a leithéid de rud againn san Eastóin.' Bhí mé ag iarraidh rud nua a dhéanamh."

Cleas misniúil a bhí ann. Tá beirt chlainne óige ag Peeter agus ag a bhean Birgit, Ken, 12, agus Kendra, 10. Bhí orthu iasacht a fháil chun an t-idiruasán a cheannach, agus €16,000 an praghas ar gach ceann. "Go dtí sin ní raibh ann ach caint, ní raibh rud ar bith san fhiontar againn. Ach nuair a chuamar le clárú faoi choinne na hiasachta, cor cinniúna a bhí ann. Bhí orainn cinneadh agus ní raibh dul siar air." In éineacht lena chomhpháirtí gnó Kalmer Kallasmaa, d'infheistigh Peeter i dtrí idiruasán beaga, agus faoi cheann míonna sheol siad a dturais, dírithe ar thurasóirí agus ar dhaoine na háite araon.

## Ceisteanna agus freagraí

Ach ní raibh an bealach réitithe ar fad. "Ní raibh a fhios ag daoine fúinn," míníonn Peeter. "Nuair is rud nua atá i gceist, tógann sé am." Fuair sé nach raibh a oiread cliant agus a bhí sé ag dúil leis. "Shíleamar: cá háit a bhfuileamar ag dul amú? Cén fáth nach n-éiríonn leis? Bhí a lán ceisteanna againn."

*“Fuair mé duine nua ionam, b’fhéidir, duine is maith leis bheith ag caint. Dá oiread a dhéanaim láithreoireacht, is ea is fearr í.”*

Chun na freagraí a fháil, chuaigh Peeter i muinín *Chlár Meantóireachta* ag Fiontar na hEastóine, clár a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Ar dtús, bhí sé ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoin gceannasaíocht, faoi bhainistíocht airgeadais, agus faoin margaíocht. Ach i rith cruinnithe le meantóirí ionchasacha, cuireadh in iúl air gurbh í an mhargaíocht an rud ba thábhachtaí. “Cén chiall é bheith i do cheannasaí ar fheabhas nó an t-airgead a riaradh go maith mura dtig leat rud ar bith a dhíol?” deir sé.

Is saineolaí margaíochta i mbaile Pärnu í Kadi Elmeste, an meantóir a roghnaigh sé, agus thaispeáin sí dó láithreoireachtaí a dhéanamh agus na hionaid chearta le haghaidh na fógraíochta. “Tairgeann cách fógraíocht duit, ach níl sí saor, agus mura n-éiríonn léi tá tú ag cailleadh airgid,” míníonn sé. Roimh i bhfad, rinne sé beart leis an ngníomhaireacht taistil is mó san Eastóin, Estravel.

“Ba mhaith an rud é dom an t-oideachas seo a fháil, mar le linn dom troscán a dhéanamh ní raibh scileanna díolta nó margaíochta ar bith de dhíth orm. Bhí níos mó ceannaitheoirí agam ná a bhí de dhíth orm.” Dar le Peeter tá an ghairm is dual dó faighte aige: cuairt a thabhairt ar a chuid chliant agus láithreoireachtaí a dhéanamh dóibh, ag cur a ghnólacht nua chun cinn. “Níl mé ag obair liom féin níos mó,” ar seisean go sásta. “Is rud nua dom é, agus is maith liom go mór an obair seo. Buailim le daoine agus déanaim cumarsáid leo. Fuair mé duine nua ionam, b’fhéidir, duine is maith leis bheith ag caint. Dá oiread a dhéanaim láithreoireacht, is ea is fearr í.”

## Pleananna leathnaithe

Tá plean ag na comhpháirtithe suíomh gréasáin a sheoladh le cuairteoirí idirnáisiúnta a tharraingt, ag tairscint a seirbhísí i sé theanga faoi dheireadh: Eastóinis, Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Rúisis agus Fionlainnis. Faoi láthair, is as an choigríoch tuairim is 25-35 % den ghnó.

“Tá pleananna móra againn don todhchaí,” fógraíonn sé. Beidh bus speisialta a bhfuil sabhna agus seirbhís lónadóireachta ann mar an chéad chéim eile againn. Tá saoráidí le haghaidh an bhoghdóireachta agus seomra seimineáir ag an suíomh cheana féin. Tá de chuspóir againn pacáiste iomlán a sholáthar sa chruth is go bhfuil áit the mar a dtig le cuairteoirí a suaimhneas a ghlacadh, seal a dhéanamh sa sabhna, nó deoch agus béile a fháil, nó go fiú geábh abhaile ag deireadh an lae.

“Táimid ag iarraidh feabhas a chur ar cháilíocht ár seirbhísí agus ár gcliaint a chur ar a sáimhín só, mar má tá siad ar a sáimhín só tiocfaidh siad ar ais,” míníonn Peeter. Tá dúil aige suíomh seasmhach a thógáil faoi dheireadh a thairgeann saoráidí comhdhála agus lónadóireachta agus réimse ghníomhaíochta fóillíochta agus siamsaíochta. “Murach an saineolas a fuair mé trí mheán an chláir mheantóireachta,” a deir sé, “ní shílim go mbeinn san áit ina bhfuil má inniu.”

# Ag giniúint fuinnimh ghlais



Tá radharc ar thírdhreach droimneach na bhféarach go bun na spéire ón séipéal beag ón 17ú haois déag i Lagness, in aice le Chichester ar chósta ó dheas Shasana. Anois tá ceithre sheomra leapa dhúbailte chompordacha ann agus seomra folctha en suite leo. D'athchóirigh Sandra Barnes-Keywood agus a fear céile Charles an seanfhothrach séipéil go grách mar chroí an ghnólacht leapa agus bricfeasta a bhunaigh siad ocht mbliana ó shin.

Is beag a shíl siad ag an am sin go mbeadh Sandra ina duaische-annródaí sa 'turasóireacht ghlas' agus bunúdar aithnithe maidir le cleachtaí gnó comhshaoil a chur chun cinn, agus sin trí mheán cuidithe ó chlár oiliúna a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa.

Rugadh Sandra in iarthar Londain. Ach bhí dúil aici riamh i saol na tuaithe, agus ní raibh fúithi ná thairsti ach a haistriú go Chichester. Aithnítear an pháirt seo de Sussex Thiar ina limistéar sáráilleachta nádúrtha. Tá fánadóirí agus nádúraí an-tugtha don inbhear sceir-diúil ag cuan Pagham in aice láimhe – dídean d'éin fhiáine – agus do chnoic na South Downs.

Agus Ard-Dioplóma Náisiúnta (HND) aici i lónadóireacht agus bainistíocht óstáin, cheannaigh Sandra teach tábhairne ó rath agus rinne sí bialann de. Ach i ndiaidh breithe a n-iníon Jasmine 16 bliana ó shin, fuair siad go raibh sé deacair na huaireanta fada agus cúram an linbh a chur le chéile, agus dhíol siad an bhialann. "Nuair a bhí Jasmine tuairim is ocht mbliana d'aois, thuig mé go raibh fonn mhór orm filleadh ar ghnó an fháilteachais," deir Sandra, agus ba fuascailt sholúbtha é leaba agus bricfeasta dar léi.

## Scéal le hinsint

Mar bhialannaí cáilithe, bhí amhras uirthi gurbh fhiú oiliúint bhreise a dhéanamh. Ach ansin bhí briseadh amach ghalar crúibe is béil i measc beithíoch sa Ríocht Aontaithe a d'fhág mórán gnólachtaí beaga faoin tuath ag sracadh leis an saol. Le tacaíocht ón CSE, sheol Tourism South East a scéim Fáilte Tuaithe agus in 2004 chláraigh Sandra inti. "Ba mhór an t-iontas orm," admhaíonn sí. "Thuig mé nach bhfuil stad riamh ar an bhfoghlaim." Cé go raibh sí ag reáchtáil an leaba is bricfeasta de réir critéir chomhshaoil, thaispeáin an scéim di nach raibh sí á chur in iúl ar a cuairteoirí, agus go gcuirfeadh sé cruth eile ar an scéal a hidéil ghlasa a chur

*"D'athraigh an oiliúint sin mo ghairmréim. Níor fhéach mé riamh siar. Anois tá na huirlisí agam chun an rud atá mé á iarraidh a dhéanamh agus tá muinín agam asam féin."*

chun solais. "Bhí scéal le hinsint agam, ach ní raibh duine ar bith á chloisteáil," ar sise.

Thug an cúrsa an spreagadh do Sandra a bhí uaithi. Nuair a rugadh Jasmine, bhí sí measartha tinn, bhí ardbhrú fola uirthi agus bhí breith chaesarach aici gan ainéistéiseach. Ina dhiaidh sin chaith sí trí mhí san ospidéal ag teacht chuici féin as strus iarthrámach, agus chuir sí suas a lán meáchain. Mar sin ba dhúshlán é filleadh ar ghnólacht a reáchtáil. "Cailleann tú féinmhuinín mar mháthair," míníonn sí. "Ach d'athraigh an oiliúint sin mo ghairmréim. Níor fhéach mé riamh siar. Anois tá na huirlisí agam chun an rud atá mé á iarraidh a dhéanamh agus tá muinín agam asam féin. Ní bhraithim mé féin mar an bhean tí bheag sin a d'éirigh as an obair. Chuidigh sí liom mo shaol a chur ar a bhealach ceart.

"Tá baint iomlán againn leis an gcomhshaol," deir Sandra leis. "Creideann muidne gur fealsúnacht í an turasóireacht ghlas, ní táirge amháin í." Tá a torthaí féin ag fás aici, a chuireann sí i seomra na n-aíonna nó a dhéanann sí subh as don bhricfeasta. Ceannaíonn sí táirgí orgánacha ó shiopaí feirme na háite, agus déanann sí ábhair glantóireachta nádúrtha di féin. Spreagann sí na n-aíonna gan leictreachas agus uisce a chur amú, mar sin laghdaíonn sí níochán na dtuáillí de 43%. Athchúrsáiltear an fuíolluisce 'liath' go léir don ghairdín. Téitear an t-uisce le grianphainéil, agus tarraingítear solas lae chuig seomra folctha gan fhuinneoga le 'feadáin sholais'.

Féachann Sandra le rud a thabhairt ar ais don chomhphobal áitiúil chomh maith, trí mheán meantóireacht a dhéanamh ar thearcghnólachtálaithe 16 bliana d'aois agus oiliúint a thabhairt do mhic léinn ollscoile na háite. Bailíodh airgead faoi choinne racaí rothar ag Cuan Pagham agus chun caoi a chur ar chróite folaigh ar son fairtheoirí éan trí mheán a Scéim Aisíoca na Turasóireachta Glaise. Anois cuireann Charles le chéile a ghnólacht gaibhneachta, ag déanamh troscáin agus feistithe as iarann saoirsithe, agus iniúchóireacht chomhshaoil, ag iniúchadh óstán ar fud na tíre.

## Fianaise neamhspleách

Aithnítear obair Sandra go fairsing. Bhain Old Chapel Forge amach grád óir ó Scéim Ghnó na Turasóireachta Glaise, príomhchlár deimhniúcháin don turasóireacht inbhuanaithe sa Ríocht Aontaithe. "Thug sin creidiúnacht dom, mar measúnaíodh go neamhspleách mé. D'éirigh mé crann seasta gnó don Ríocht Aontaithe, ag cuidiú le daoine eile creidiúnú a fháil. Ach thug mé faoi deara go raibh an chomhairle a bhí ar fáil as dáta, mar sin scríobh mé féin cláir oiliúna." Anois, trí mheán a Comhlacht na hOiliúna Glaise (http://www.thegreentrainingcompany.co.uk/) tugann sí cuidiú do ranna réigiúnacha agus d'eagraíochtaí turasóireachta ar fud na Breataine. I measc scata duaiseanna, bhain Sandra agus Charles Duais Green Apple don ailtireacht in 2006, le haghaidh a n-athchóiriú séipéil neamhdhíobhálach don chomhshaol, Duais Ghnólacht na Bliana Arun in 2007, agus Duais Ghnólacht Inbhuanaithe Sussex in 2007-8.

Molann Sandra go mór an oiliúint, agus rinne sí cúrsaí eile. Is ceann de na sochair é an líonrú. "Thig leat éirí aonarach i ngnó leapa agus bricfeasta," deir sí. "Sin an rud is maith liom faoi dhul thart timpeall na tíre agus bheith ag caint le daoine. Faigheann sibh leideanna óna chéile." Anuraidh bhí ráta sealbhaithe 89% ag Old Chapel Forge, i gcomparáid le 54% mar mheán sa réigiún go ginearálta.

"Tá aistear fada déanta agam. Ar dtús nuair a rinne mé turasóireacht ghlas anseo, shíl formhór na ndaoine go raibh mé iontach corr. Bhí eagla orthu nach bhfaighidís ach múslaí don bhricfeasta nó rud éigin!" ar sise ag gáire, deir sí leis go bhfuil dúil ag cuairteoirí go fiú ar chaighdeán níos airde ar gach uile bhealach in iostas glas de réir thaighde margaidh.

Is léir gur mór ag na haíonna fealsúnacht Sandra. Tháinig John agus Eunice Yates, as Gloucester in iarthar Shasana, ar Old Chapel Forge ar an idirlíon. "Shíleamar: 'seo an rud is dual dúinne'," arsa Eunice. "Bhí riar ár riachtanais den uile rud againn."

"Bhí an-rath ag an scéim Fáilte Tuaithe," deir Sue Gill, as Tourism South East. Bhí dúil ag na heagraithe teacht ar 485 ghnólacht bheaga, agus ag an deireadh bhí 622 cinn acu. Lean breis is 350 comhpháirtí ar aghaidh le hoiliúint bhreise a dhéanamh. "Bhí sé ag teastáil uathu," deir sí mar chonclúid.

# Gnó na mbeach



Sular ghlac sé páirt i gcúrsa oiliúna d'uinéirí gnó ag teacht i gcrann, ba meicneoir dífhostaithe é Normunds Zeps, ach bhí spéis aige i mbeacha agus toil aige do mhil. "Eitlíonn beacha agus bailíonn siad neachtar faoi thrí chiliméadar timpeall," míníonn sé. "Tá fearann go leor agus chomhshaol glan de dhíth orthu, agus tá aire de dhíth orthu."

Tá Normunds ina chónaí in árasán beag i gKalupe faoin tuath sa Laitvia in éineacht lena bhean chéile agus beirt mhac, ach tá an fheirm 76km i gcéin in áit darb ainm Grugules. "Tá mo mháthair ina cónaí sa cheantar sin anois," deir sé. "Sin an áit ar tugadh píosa talún do mo theaghlach nuair a príobháidíodh na sean-chomhfheirmeacha." I ndiaidh bhriseadh an Aontais Shóivéadaigh i 1990-91, chinn an Laitvia feirm bheag an teaghlaigh a thabhairt ar ais. Roinneadh comhfheirmeacha, a bhí faoi úinéireacht an stáit roimhe sin, i bhfearainn agus tugadh creidmheasanna do shaoránaigh le húsáid chun an talamh a cheannach.

Fuair Normunds céim ó choláiste talmhaíochta Viski agus tháinig sé amach ina mheicneoir innealra. "Ach ag sracadh leis an saol a bhímid anseo," deir sé, "agus tá sé iontach deacair post cuibhiúil a fháil, fiú amháin má tá cáilíochtaí agat. An chuid is mo den am, d'fhanainn sa bhaile ag tabhairt aire do na gasúir agus théadh mo bhean ag obair. Ach bhí mé paiseanta faoin mbeachaireacht chomh maith. Ba chaitheamh aimsire liom í, déanta na fírinne, ach ansin shíl mé gurbh fhéidir gnólacht a dhéanamh di."

## Níos mó ná caitheamh aimsire

Léirigh Normunds fíorthionscnaíocht, agus chinn sé páirt a ghlacadh i scéim a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa. "Theastaigh uaim mo chás a athrú," ar seisean. "Bhí a fhios agam go raibh a thuilleadh le foghlaim agam faoin ngnó. Bhí an clár seo ag tairiscint cúrsa oiliúna saor in aisce ar conas fiontar beag a reáchtáil, mar sin chinn mé bheith aige."

Tacaíonn CSE le teaghlaigh a bhfuil páistí acu agus iad ag iarraidh gnólacht a bhunú. I gceantar Daugavpils na Laitvia, áit a bhfuil Normunds ina chónaí agus atá ag sracadh chun caoga bliain na rialaithe Shóivéadaigh a chur taobh thiar dó, seoladh scéim chun fios gnó agus eolas faoi tús a chur leis an bhféinfhostaíocht a fhorbairt. I measc ábhar an chúrsa bhí plean gnó daingean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

*“Inniu táimid ag sracadh go fóill, tá an saol crua go fóill, ach táimid ag tabhairt ár n-aghaidh air i ndáiríre. Dar liomsa, caithfidh tú leanúint ar aghaidh leat.”*

"Is amhlaidh go raibh gach rud ann ar gá fios a bheith agat faoi chun gnólacht a chur ar bun,” arsa Normunds, “agus bhí an rud uilig saor in aisce, fiú amháin na hábhair staidéir. I ndiaidh dom críoch a chur leis an gcúrsa, chláraigh mé mar úinéir gnólachta bhig agus d’fhill mé ar an obair."

"Tosaím an lá i dtrátha 6 a.m.,” ar seisean, “ólaim cupa caife agus ithim greim bia agus ansin siúd anonn chuig mo chuid beach mé, uair an chloig sa ghluaisteán.” Gluaiseann Normunds trasna na tíre, thar ceann de na tírdhreacha is áille de chuid dheisceart na Laitvia. “Tá an ceantar seo stairiúil go leor,” ar seisean. “Tá a lán seanchais ag baint leis an dúiche seo."

Tugann Normunds aire do 28 ‘dteaghlach’ de bheacha, agus é i mbun gnáthaimh mar is é an rud atá i dtreis ná sraith fhairsing fearainn a shaothrú timpeall na gcoirceog . “Bainim an féar le linn do na beacha bheith ina gcodladh, ag tugaim aire don fhearann go ginearálta. Tagaim anseo trí lá sa tseachtain. An dá lá eile fanaim sa bhaile le mo ghasúir."

## Chomh saothrach le beach

Seachas iad siúd a tháirgeann an mhil, tá Normunds féin chomh saothrach le beach ar fheirm Zeps. Tosaíonn sé go moch agus fanann sé go déanach. Tá sé ag saothrú chun roinnt foirgneamh stairiúil a athchóiriú ar an bhfeirm, ag gearradh adhmaid chun díon nua a chur ar scioból cloiche. Tá sé ag fás glasraí chomh maith don teaghlach agus do chairde, taobh istigh de thithe téacháin sealadacha a thóg sé féin. Buaileann a bhean agus a mhic isteach le lámh chuidithe a thabhairt nuair is féidir, ach bíonn sé ag obair leis féin den chuid is mó.

"Ní bhainimid úsáid as ceimiceán ar bith anseo,” maíonn sé. “Baineann na beacha sochar as cineálacha éagsúla bláthanna sa cheantar seo, ag gluaiseacht ó cheann go ceann i rith an lae agus i rith na séasúr. Táimid ag soláthar táirge iontach nádúrtha agus iontach sláintiúil."

Dar le Normunds tá sé anois chun fiaigh mar bheachaire, agus é ag táirgeadh tona meala ardghráid gach bliain, agus tá sé ag obair go crua chun a ghnólacht a leathnú. “Tá bealach fada romham sula mbeidh ainm an fhir ghnó rathúil orm,” admhaíonn sé. “Is deacair go fóill é riaradh ar mo theaghlach, ach thug an tAE tús maith dom.

"Níl aon amhras – nuair a chrom mé ar an ngnó, thuig mé a úsáidí is a bhí an cúrsa oiliúna. Déanta na fírinne, ní raibh mo shaol ag dul go háit ar bith, agus chuidigh an táithí seo liom smaoineamh go praiticiúil. Inniu táimid ag sracadh go fóill, tá an saol crua go fóill, ach táimid ag tabhairt ár n-aghaidh air i ndáiríre. Agus dar liomsa, caithfidh tú leanúint ar aghaidh leat. Ar chuir an oiliúint a fuair mé athrú ar mo shaol? Chuir, chuir sí athrú ar shaol gach duine againn."

# Slán sábháilte ar an bhfeirm



"Is áit iontach í an fheirm do pháistí. Tá na hinnill agus na hainmhithe agat, ach tá baol féideartha sna rudaí seo chomh maith." Mar sin a deir Gaetane Anselme, a riarann feirm bheag in éineacht lena teaghlach i sráidbhaile Nevraumont faoin tuath na Beilge.

Is le muintir a fir chéile í an fheirm, ach nuair a phós Gaetane é i 1986 d'fhoghlaim sí ealaín na ceirde go tapa. Ag obair le chéile, táirgeann teaghlach Anselme bainne úr agus uibheacha úra agus tógann siad muca. Eagraíonn siad cuairteanna oideachais do pháistí chomh maith, ag tairiscint dóibh an deis foghlaim faoi shaol na feirme agus baint a bheith acu ag tabhairt aire do na hainmhithe.

"Tá mórán ainmhithe againn," arsa Gaetane. "Tá gach sórt éan feirme againn – cearca, lachain agus géanna, agus tá na ba, na muca… Bíonn spraoi mór ag na páistí agus d'fhoghlaim siad mórán. Taispeánaimid do pháistí mar a oibríonn feirm. Teagascaimid dóibh marcaíocht comh maith agus foghlaimíonn siad beagán faoi stair na dúiche, faoi chleachtaí feirmeoireachta agus faoi oidhreacht na tuaithe. Is amhlaidh gur eispéireas iomlán é agus shílimid go dtugann sé níos gaire dá ndúchas iad."

Tá fáilte roimh pháistí de gach aois ar 'fheirm oideachasúil' mhuintir Anselme. "Tagann siad as an cheantar áitiúil agus as cathracha i bhfad uainn mar an Bhruiséil agus Antuairp, agus as tíortha eile," arsa Gaetane. "Bímid ag obair le páistí scoile agus le grúpaí eile, le daoine aonair, le páistí faoi mhíchumas, agus go fiú le múinteoirí bunscoile faoi oiliúint."

## Tá na hainmhithe guagach

Is léir gur tosaíocht é déanamh cinnte go bhfuil gach duine sábháilte, deir sí, ach má tú ag obair Domhnach is dálach sa timpeallacht chéanna, tá sé éasca na priacail fhéideartha a ligean i ndearmad. "Thig lenár n-aíonna fanacht lá amháin nó roinnt laethanta. Tá saghsanna lóistín éagsúla againn dár n-aíonna. Thig le teaghlaigh teacht go fiú. Tá a lán rudaí le smaoineamh faoi nuair atá daoine anseo nach bhfuil cleachtach ar chomhshaol na feirme. Tá a lán uirlisí agus innealra thart timpeall ar an áit, agus cé go bhfuil na hainmhithe ceansaithe, thig leo a bheith guagach.

Bhí Gaetane ag iarraidh bheith cinnte go raibh sí ag déanamh gach rud is féidir chun sábháilteacht na bpáistí ag fanacht ar an bhfeirm

*"Inniu creidim go bhfuileamar uilig níos sábháilte: mé féin agus mo theaghlach, agus na páistí agus na cuairteoirí eile a stopann linn."*

a ráthú. "Tá muidne chomh cleachtach sin ar an bhfeirm," ar sise, "Tá mé cinnte go bhfuil a lán rudaí nár chuir mé sa áireamh nó nár thug mé faoi deara – contúirtí féideartha." Mar sin, in Iúil 2007, chinn sí cuidiú a iarraidh. Chuir clár *Preventagri*, ar chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa é, chuir sé foireann cigirí, saor in aisce, le súil a chaitheamh ar an bhfeirm, agus leis an dóigh is fearr chun timpistí a sheachaint a mholadh.

## Ag aithint contúirtí

Trí mheán *Preventagri,* soláthraíonn Ciste Sóisialta na hEorpa comhairle agus oiliúint dírithe ar laghdú na bpriacal don tsábháilteacht agus don tsláinte san obair. Ar éileamh, tagann foireann cigirí le saoráidí feirme a scrúdú, ag seiceáil na sábháilteachta agus ag tarraingt airde ar chontúirtí féideartha. Ansin thig leo cur in iúl ar fheirmeoirí faoi na beartaithe atá le déanamh acu chun timpistí a sheachaint. Tugann an scéim comhdhálacha agus cúrsaí oiliúna a bhaineann leis an tsábháilteacht chomh maith.

"Tháinig foireann na cigireachta agus d'fhan siad an lá ar fad," míníonn Gaetane. "Scrúdaigh siad gach uile rud, rudaí nach raibh ar intinn agam, mar shampla áit taiscthe na n-uirlisí, ghléasanna na feirme, na mbuicéad agus go fiú na n-áilleagán, nó na hainmhithe cearta a roghnú do na taispeántais."

Deir sí gurb é ceann de na gníomhaíochtaí is fearr leis na páistí ná bleán ba a fhoghlaim. "Tá aithne mhaith ag ár gcuid bó orainne agus tá siad ar a suaimhneas nuair atáimid ann, ach thig le roinnt acu éirí imníoch le strainséirí agus go háirithe le páistí beaga. Tharraing na cigirí ár n-aird ar a leithéid seo de rud."

"Déarfainn gur chuidigh an tionscnamh seo linn an tseirbhís is fearr agus an t-eispéireas is sábháilte a sholáthar dár n-aíonna óga," arsa Gaetane. "Sea, bhí sé iontach úsáideach liom. Mar gheall ar an gclár, d'athraigh an dóigh a bhfeicimid comhshaol na feirme, agus inniu creidim go bhfuileamar uilig níos sábháilte: mé féin agus mo theaghlach, agus na páistí agus na cuairteoirí eile a stopann linn."

# Tá bunsraith dhaingean de dhíth ar ghnólacht tógála




"Shaothraigh mé go crua chun mo ghnólacht féin a chruthú as neamhní. Ach uair amháin is beag nár chaill mé gach uile rud, agus ansin thuig mé go raibh athruithe móra le déanamh agam," arsa José Salmerón Guindos.

Tá an fear 47 mbliana d'aois i gceannas gnólachta mheánmhéide, Grupo Salmerón**,** atá ag fás go tapa agus a bhfuil obair mhiotail agus táirgí agus seirbhísí tógála mar speisialtacht aige. Tá cuma an fhir ghnó rathúil ó bhonn go baithis ar José, agus é ag ithe a bhricfeasta láimh leis an linn snámha ag a teach mór faoin tuath.

Mar sin féin, ní raibh an bealach chun an ratha réitithe i gcónaí dó. Tógadh i réigiún an fhiántais álainn in aice le Sierra Nevada é. Bhí saol a óige crua, agus mac feirmeoirí beaga é. "Nuair a bhí mé i mo pháiste, ba as an talamh nó as na hainmhithe uirthi gach aon rud a bhí ar an bpláta againn nó a bhí sa teach," ar seisean, "Ní raibh go fiú an leictreachas againn go dtí go raibh mé 15 bliana d'aois."

Cé gurbh fhearr lena thuismitheoirí go leanfadh sé leis an bhfeirmeoireacht, bhí barúil eile ag José. "Chonaic mé nach ndearna mo thuismitheoirí éabhlóid. Bhí mé ag iarraidh triail a bhaint as slí eile beatha agus ghnóthú airgid." D'fhág sé an scoil ag 14 bliana d'aois gan aon cháilíocht fhoirmiúil aige. Ach cionn is go raibh sé dícheallach agus solúbtha, chrom sé ar a lán cineálacha oibre – ar an talamh, san arm, leis na hainmhithe agus sa tógáil. Faoi dheireadh, fuair sé amach go raibh luí aige le hobair mhiotail agus d'fhoghlaim se táthú.

I 1983, le hairgead a fuair sé ar iasacht ó chairde agus ó ghaolta, chuir sé a mhonarcha féin ar bun ag déanamh leantóirí gluaisteán agus oiriúintí tógála. Ar dtús bhí sé ag obair in áitreabh beag bídeach 20 $m^2$ agus, in éineacht lena bhean Conceptión, riaradh sé gach cuid den ghnólacht. Ach, sna blianta tosaigh bhí an dul chun cinn de réir mar a thiteadh sé. "Ní mar ghnólacht a bhíomar á reáchtáil i ndáiríre. Déanta na fírinne, ní raibh a fhios againn fiú amháin cad é an rud gnólacht," deir José. "Bhí sé rud beag fánach go minic." Thug siad a mbeatha don ghnólacht agus thug siad ról teagmhálach orthu féin i ngach feidhmiú. "Shílinn go rabh mé in ann gach aon rud a dhéanamh dom féin," ar seisean.

*"D'fhoghlaim mé gurb é an rud is tábhachtaí i ngnólacht ná na daoine. Tá mé an-bhródúil as an fhoireann a chuireamar le chéile."*

## Cor na cinniúna

Ansin bhuail an ghéarchéim. Chaill siad an cliant ba mhó acu agus bhí an gnólacht ar fhiacail na féimheachta. I ndiaidh dó a oiread sin de féin a infheistiú sa ghnólacht, thit José i ndúlagar domhain. "Ar feadh bliana go leith nó mar sin, bhí gníomhaíocht an ghnólachta ionann is neamhní," deir sé.

Chuaigh sé chuig síceolaí agus thosaigh na rudaí a dul i bhfeabhas – sa bheatha agus san obair. Mhol an teiripeoir go n-athródh José modh reáchtála an chomhlachta agus go mbainfeadh sé an brú trí mheán oiliúint gnó. Mar sin rinne sé cúrsa d'fhiontraithe, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa agus a riar Scoil Ghnó EOI. Thugann an cúrsa comhairle agus oiliúint d'fhiontraithe faoi fheabhas a chur ar a gcomhlacht agus faoi leathnú a margaí, trí mheán cleachtaí nuálaíocha agus líonrú níos fearr a thabhairt isteach.

Ba dhíograiseach an foghlaimeoir é. "Bhí an cúrsa in ainm a bheith 500 uair an chloig ar dtús. Ach ní foláir nó go ndearna mé 1000," ar seisean ag gáire. "Théinn sa tóir ar na múinteoirí síos na dorchlaí i ndiaidh na ranganna ag cur ceisteanna orthu."

D'athraigh mar a cheapadh sé an gnó de barr na hoiliúna. "D'fhoghlaim mé nach leor bheith go maith ag jab amháin chun comhlacht a riaradh. B'fhéidir gur tusa an t-oibrí is fearr, ach ní hionann é sin agus a rá gur tusa an bainisteoir is fearr. Tá oiliúint de dhíth ort chun bheith i gceannas ar chomhlacht," ar seisean. Chuir José ar fhoghlaim sé sa chúrsa i bhfeidhm ar a ghnólacht agus chuir sé cruth eile ar a fheidhmiú, thug sé isteach sainfhostaithe agus próisis nua. "Bhí mé ábalta an méid a raibh mé á fhoghlaim a chur i bhfeidhm," ar seisean. "Chonaic mé na torthaí láithreach bonn."

## Athrú

D'éagsúlaigh an gnólacht agus anois tá sé ag fás go tapa. Le seacht nó ocht mbliana anuas, mhéadaigh an fhoireann faoi dhó, anois tá breis is 70 oibrí lánaimseartha ann. Ó 2005 tá ceithre rannóg sa ghrúpa – ag deileáil le déantús leantóirí agus míreanna beaga maisiúla miotail; eastát réadach agus bainistiú réadmhaoine; tionscadail mhóra innealtóireachta cosúil le creatlacha d'ionaid siopadóireachta nó do mhonarchana; agus dáileoir rudaí alúmanaim cosúil le doirse garáiste, frámaí nó lámhráillí.

Tá teacht isteach an chomhlachta anois tuairim is €10 milliún in aghaidh na bliana agus tá pleananna ann chun an mhonarcha a dhúblú faoi cheann trí bliana. Ach, tá sé ag dearbhú nach é an t-airgead an spreagadh is mó. "Is é an príomhchuspóir agam ná na rudaí a dhéanamh go maith agus tá súil agam go dtig le comhlachtaí eile foghlaim ó mo thaithí-se agus mo mhodhanna oibre a chur i bhfeidhm."

I ndiaidh a eispéiris dhearfaigh, tá José soiscéalach faoin oiliúint agus tá sé i gcroí an chomhlachta. Tosaíocht eile atá aige is ea tacú leis an gcomhphobal agus leis an réigiún áit atá sé ina chónaí ó rugadh é. "B'fhearr linn muintir na háite a fhostú. Má tá an bhunoiliúint acu thig leo níos mó a fhoghlaim san obair agus lámh a bheith acu sa ghnólacht."

"D'fhoghlaim mé gurb é an rud is tábhachtaí i ngnólacht ná na daoine. Tá mé an-bhródúil as an fhoireann a chuireamar le chéile. I cuideachta a chéile táimid réidh don todhchaí … cibé rud a thabharfaidh sí orainn," ar seisean. "Fuair mé rud nach raibh mar bhrionglóid agam. Níorbh fhéidir brionglóid a bheith agam air, mar ní raibh a fhios agam go raibh a leithéid ann."

# Ag tógáil todhchaí faoin tuath



Tá an toradh ina chrann seasta do cheantair thuaithe Chontae Dâmbovita in oirthear na Rómáine leis na cianta. Tá tréithe geografacha an réigiúin – an úir, an aeráid agus an fliuchras – ar fheabhas don saghas seo feirmeoireachta. Níl an geilleagar chomh fabhrach sin, áfach.

Tá a lán daoine óga an cheantair ag tréigean shaol na tuaithe agus ag aistriú go bailte móra agus go cathracha. Ach tá Florin Istrate ag dul in aghaidh an chlaonta seo. Tá seisean bródúil as an réigiún ina raibh sé ina chónaí an saol ar fad agus tá sé ag obair go crua chun na rudaí a fheabhsú dó féin agus do dhaoine eile.

Is mac fheirmeoirí beaga toraidh é, agus d'fhoghlaim sé an talamh a shaothrú ó bhí sé óg. "Is é an toradh an rud is tábhachtaí sa cheantar seo leis na cianta. Ba dhual dom leanúint ar aghaidh leis an obair seo," arsa an fear 39 mbliana d'aois. "Tá seo ar cheann de bheagán ceantar ina bhfuil saothrú an toraidh ag forbairt go fóill. Táimid ag tabhairt isteach teicníochtaí nua agus ba mhaith liom bheith i mo pháirt den fhorbairt seo."

Nuair a chuaigh sé i mbun fheirm a mhuintire faoi dheireadh, cheannaigh sé níos mó talún agus chuir sé níos mó úlloird – abhlacha den chuid is mó agus roinnt piorróg. "Faoi láthair táirgimid tuairim is 70 tona úll in aghaidh na bliana," ar seisean, agus deir sé go bhfuil sé ag iarraidh leathnú níos mó sa todhchaí.

Ach ní leor an fheirmeoireacht amháin chun beatha a shaothrú dó féin, dá bhean agus dá mhac 10 mbliana d'aois. Bhain sé úsáid as a eolas agus as a thaithí san earnáil chun measúnóir árachas talmhaíochta a dhéanamh de féin. "Nuair a dhíolann bróicéirí árachais polasaithe le feirmeoirí, seiceálaim go bhfuil gach rud i gceart," ar seisean. "Tá saineolas ar an bhfeirmeoireacht agus ar chonarthaí áitiúla de dhíth ort."

## Ag cur túis leis

Tá príomhról ag Florin in aontas na bhfeirmeoirí réigiúnach agus náisiúnta chomh maith, agus tá sé ina Leasuachtarán ar chónaidhm talmhaíochta náisiúnta na Rómáine, AGROSTAR. Tá lámh aige ina lán gníomhaíochtaí atá ag iarraidh na réigiúin a fhorbairt agus cuidiú le feirmeoirí beaga slite beatha inmharthana a chruthú

*"Tá seo ar cheann de bheagán ceantar ina bhfuil saothrú an toraidh ag forbairt go fóill. Táimid ag tabhairt isteach teicníochtaí nua agus ba mhaith liom bheith i mo pháirt den fhorbairt seo."*

dóibh féin. "Ba mhaith liom cur ina luí ar dhaoine gan imeacht. Insím dóibh conas a ghnólachtaí a fhorbairt," ar seisean.

"Tá mé ag obair chun feirmeoirí a dhíolann an toradh céanna a chruinniú ina gcomharchumainn," deir sé leis. "Ag an am seo, tá táirgeadh mór againn, ach níl sé ar ár gcumas an toradh a stóráil nó a phacáil. Ba mhaith liom feabhas a chur air seo."

Le déanaí, bíonn Florin ag tabhairt cuairteanna ar cheantair eile na hEorpa. "Táimid ag riaradh scéime le comhpháirtithe as réigiún na Gailíse sa Spáinn," deir sé. "Chonaiceamar an dóigh a riarann siad a ngnólachtaí ansin agus táimid ag eagrú oiliúna chun an t-eolas seo a scaipeadh." I measc na n-ábhar a bhféachann siad orthu, tá stóráil, pacáil agus dul i gcaibidil leis na hollmhargaí. "Chonaic mé gur fearr na dálaí nádúrtha againne ná a bhfuil sa Spáinn b'fhéidir, ach ní thig linn úsáid a bhaint astu. Tá fadhbanna againn leis an mbonneagar – mar shampla líonraí na mbóithre," míníonn sé.

## Oiliúint

I dtosach 2009, rinneadh comhordaitheoir réigiúnach de i scéim chun an ceantar tuaithe seo a fhorbairt a thuilleadh. Soláthraíonn an tionscnamh oiliúint agus faisnéis don chomhphobal, agus cómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa é. Tá de chuspóir aige cuidiú le daoine a n-ioncam feirmeoireachta a mhéadú agus éagsúlú in earnálacha eile.

"Cuidíonn an scéim le feirmeoirí forbairt a dhéanamh ó chur dóibh féin amháin go dtí a gcuid táirgí a dhíol agus gnólachtaí a thógáil," arsa Florin. Freastalóidh suas le 750 feirmeoir as ceithre cheantar sa Rómáin ar chúrsaí éagsúla, go ceann trí bliana. Díríonn na modúil ar chúig ábhar:

- Forbairt ghnólachtaí ceirde;
- Iompar agus dáileadh tháirgí na talmhaíochta;
- Óstáin agus forbairt ghnólachtaí na turasóireachta tuaithe;
- Forbairt ghnólachtaí seilge agus iascaireachta;
- Forbairt seirbhísí faoi choinne leasa shóisialta.

Tá an-dóchas ar Florin go fiú an obair chrua. "Tá dúil agam go mbeidh cruth eile ar fad ar an scéal anseo i gceann cúig bliana," deir sé faoi dheireadh. "Is é mo mhisean é cuidiú a thabhairt dá mhéid daoine agus is féidir, an ceantar agus a bhonneagar a fhorbairt."

**Scileanna nua**

# An dara háiméar, slí bheatha nua



Chaith Marie Therese Vella formhór a saoil fhásta ag tógáil a beirt leanaí in Iklin, sráidbhaile nua-aimseartha go leor i lár Mhálta. Tar éis dóibh fás suas agus dul ar scoil, bhí níos mó ama aici do nithe a raibh spéis aici iontu le fada an lá, mar shampla, an phéinteáil agus an ghrianghrafadóireacht, ach theastaigh uaithi a bheith táirgiúil agus roinnt airgid a thuilleamh freisin. Tar éis blianta a chaitheamh sa bhaile, ní raibh a fhios aici conas tús a chur lena saol nua.

"Nuair a bhí mé óg, d'oibrigh mé mar chúntóir in oifig nótaire," a mhíníonn sí, "ach bhí orm éirí as mar theastaigh uaim tosaíocht a thabhairt do mo theaghlach ag an am. Is eispéireas iontach tábhachtach é leanaí a thógáil. Tá beirt leanaí iontacha agam. Beidh m'iníon ag críochnú leis an ardscoil go luath agus tá mo mhac ag déanamh staidéir ar dhearadh ag an Institiúid Ealaíne agus Dearaidh i Mosta cheana féin. Chuir sé aoibhneas croí orm a bheith i mo thuismitheoir, ach de réir mar a chuaigh na leanaí in aois agus mar a d'éirigh siad níos neamhspleáiche, bhraith mé go raibh rud éigin ar iarraidh. Bhí fonn orm dul amach ag obair arís."

## Ar bord arís

Chuir an *Training and Employment Exposure Scheme* [an Scéim um Oiliúint agus um Nochtadh d'Fhostaíocht] (TEES), a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, clár oiliúna trí chéim ar fáil do dhaoine dífhostaithe i Málta os cionn 40 bliain d'aois. Chuimsigh an scéim obair ar scileanna lárnacha, inniúlachtaí agus tástáil, scileanna saoil, sainseisiúin dianoiliúna agus nochtadh d'obair chun cabhrú leo dul isteach sa mhargadh saothair arís.

"Is ar an teilifís a chuala mé faoi TEES, is dócha," arsa Marie Therese. "Reáchtáladh feachtas ollmhór; bhí sé ar chláir fógraí agus ar an raidió, bhí sé ar fud an oileáin."

San áireamh sna cúrsaí TEES, bhí seisiúin a bhí dírithe ar léargas nua a thabhairt do rannpháirtithe ar a riachtanais agus ar a spreagthaí pearsanta féin, ar cén fáth ar theastaigh uathu dul ag obair agus ar céard ba mhaith leo a dhéanamh. "Bhí *ath-chomhtháthú* ina choincheap tábhachtach dúinn le linn na hoiliúna," arsa Marie Therese. "Bhí ceachtanna ríomhaire againn agus d'fhoghlaimíomar scileanna bainistíochta agus ábhair bhainteacha eile, ach ba é an obair leis na síceolaithe a chuir ag smaoineamh mé i ndáiríre.

*“Thuig mé gur theastaigh uaim bheith i mo bhall den domhan arís, oibriú le daoine agus gníomhú ar mhaithe le daoine eile.”*

Thuig mé gur theastaigh uaim bheith i mo bhall den domhan arís, oibriú le daoine agus gníomhú ar mhaithe le daoine eile.”

## An t-ualach a roinnt

Chabhraigh TEES le Marie Therese fostóir a aimsiú. “I ndiaidh dhá mhí a chaitheamh ar an gcúrsa, thosaigh mé ag obair le Fondúireacht Temi Zammit,” a mhíníonn sí. “D’íoc siad leath mo thuarastail, agus d’íoc an scéim oiliúna as an leath eile de. I ndiaidh sé mhí eile, d’fhostaigh FTZ mar fhostaí iomlán mé.”

Trí bliana níos déanaí, tá Marie Therese fós ag obair do FTZ, mar fheidhmeannach sinsearach anois, ag pleanáil agus ag cur i bhfeidhm tionscadal idirnáisiúnta dírithe ar chabhrú le daoine agus ar fhorbairt réigiúnach a spreagadh. Le deireanas, rinne sí tionscadal a raibh i gceist leis daoine óga ó Mhálta agus ó áiteanna ar fud an AE a bhailiú le chéile do ‘Pharlaimint Eorpach na hÓige’ a reáchtáladh sa Veinéis.

“Bainim an-taitneamh as mo chuid oibre,” ar sise. “Agus ceapaim go mbíonn buntáistí glana i gceist do chuideachtaí agus d’eagraíochtaí ar mhian leo daoine níos sine a fhostú: daoine ‘os cionn 40 bliain d’aois’ cosúil liomsa. Tá taithí againn, tá ar ár gcumas breithiúnais a dhéanamh agus tá go leor fuinnimh againn."

## Athruithe agus tairbhí

Caitheann Marie Therese am ag tabhairt aire dá teaghlach fós, ach mar gheall ar fhreagrachtaí nua na máthar ag obair seo, bhí ar a cuid leanaí glacadh le roinnt athruithe. “Níl an méid céanna ama agam do mo leanaí anois, ach tá siad fásta suas agus nílim ag teastáil uathu mar a bhíodh, agus tá a fhios acu go bhfuilim ag oibriú ar a son freisin.

“Buailim le han-chuid daoine le linn mo chuid oibre. Oibrím le comhpháirtithe idirnáisiúnta, déileálaim le tionscadail éagsúla gach seachtain, agus bíonn deis agam taisteal, fiú amháin. Níor cheap mé riamh go mbeadh obair den chineál seo á déanamh agam, ná ní bheadh gan chlár oiliúna TEES agus Ciste Sóisialta na hEorpa.”

# Tá sé níos éasca fadhbanna a réiteach má tá an tacaíocht agat



"Is post idéalach domsa é seo, mar is breá liomsa oibriú liom féin. Tá a fhios agam céard atá le déanamh agam, agus níl aon duine ag tabhairt orduithe domsa. Déanaim iarracht i gcónaí an obair is fearr is féidir a dhéanamh agus creidim go bhfuil meas ag mo chomhghleacaithe orm dá bharr."

Tá Andreas Apatzidis lán d'fhiuchadh foinn agus d'fhuinneamh neirbhíseach. Agus é ag ligean a scíth faoi ghrian na Cipire, labhraíonn sé faoina dhualgais mar thiománaí veain don chuideachta bháicéireachta agus mhiondíoltóireachta bia Zorbas. "Nuair a iarrann daoine orm cabhrú leo nó obair bhreise a dhéanamh, déanaim i gcónaí é. Tá caidreamh maith agam leis an mbainistíocht freisin. Uaireanta táim i m'aonair ar feadh an lae, ach déanaim mo chuid oibre agus ansin téim abhaile, agus is breá liom é sin. Ní fhéadfainn a bheith sáinnithe san áit chéanna gach lá, ar feadh an lae."

Is mór an dul chun cinn atá déanta ag Andreas. Bhog sé go Lanarka na Cipire i 1995 óna áit dhúchais, Teasaloinicé na Gréige. Rinne sé staidéar ar leabharchoimeád ansin sular chríochnaigh sé trí bliana de sheirbhís mhíleata. Nuair a d'fhág sé an t-arm, bhí sé deacair air socrú síos i bpost cuí, fiú amháin lena dhioplóma. Mar sin, nuair a léigh sé i nuachtán go raibh an Chipir ag earcú saorálaithe dá fórsaí cosanta féin, chláraigh sé do théarma cúig bliana.

Sa Chipir, bhuail Andreas lena bhean chéile Helen – pósadh iad i 1999. Bhí beirt iníonacha aici cheana féin, Maria agus Georgina, agus go gairid bhí beirt leanaí eile ag an lánúin, Giannis, 9 agus Andrea, 4. Nuair a tháinig a chonradh leis an arm chun críche, ghlac sé post le cuideachta fuinnimh. Ba é an saothraí aonair i dteaghlach seisir é, áfach agus nuair a chaill sé a phost, bhí sé sin thar a bheith crua orthu.

## Freagrachtaí teaghlaigh

Chaill Andreas muinín as féin. "Bhí mo dhearcadh thar a bheith diúltach," ar seisean. "Níor theastaigh uaim freastal ar agallaimh, fiú amháin. Ach ansin chuala mé faoi chlár do dhaoine le fadhbanna a fuair tacaíocht ón Aontas Eorpach. Chuaigh mé chuig na seirbhísí leasa shóisialaigh agus dúirt mé leo go raibh cabhair de dhíth orm. Bhí orm airgead a thuilleamh do mo theaghlach." I mí Iúil 2006, thosaigh Andreas leis an scéim um *Ghairmoiliúint agus*

*"A bhuíochas leis an gclár…d'éirigh mé i bhfad níos calma. Níor bhraith mé níos mó go raibh gach uile dhuine i mo choinne nó ag déanamh cúlchainte orm. Bhraith mé gur ghlac an tsochaí liom."*

*um Chabhrú le Faighteoirí Cúnaimh Phoiblí Fostaíocht a Fháil*, a cómhaoiníodh trí Chiste Sóisialta na hEorpa. "Ba é an rud is fearr a tharla dom riamh," ar seisean. "Tháinig athrú iomlán ar mo shaol."

Chuimsigh an clár cúrsa oiliúna dhá chuid: coicís um scileanna gairmiúla agus réitigh fadhbanna a fhoghlaim, agus ansin coicís d'oiliúint i dteicneolaíocht faisnéise sa Niocóis. "Bhain an cúrsa le haithne níos fearr a chur ort féin, agus le cásanna éagsúla san ionad oibre a bhainistiú. Ag an tráth sin, bhí strus mór ar an teaghlach iomlán agus bhíomar an-neirbhíseach. A bhuíochas leis an gclár, áfach, d'éirigh mé i bhfad níos calma. D'fhoghlaim mé conas feidhmiú níos fearr – ní raibh fearg orm níos mó. Níor bhraith mé níos mó go raibh gach uile dhuine i mo choinne nó ag déanamh cúlchainte orm. Bhraith mé gur ghlac an tsochaí liom."

Bhí sé beagán cosúil le dul ar ais ar scoil, agus tá na leabhair a ndearna sé staidéar orthu aige fós. Ag deireadh an chúrsa, lean an clár ar aghaidh ag tabhairt ioncaim dó agus chabhraigh oibrithe sóisialta leis iarratais a dhéanamh ar fholúntais phoist. Obair i líne táirgthe monarchan a bhí sa chéad phost ar fhéach sé air agus bhí a fhios ag Andreas nach n-oirfeadh sé dó. "Nuair a dúirt mé leo nár thaitin sé liom, ní dúirt siad go raibh orm glacadh leis," ar seisean go buíoch. Ar deireadh, i mí na Bealtaine 2007, thosaigh sé ag obair le Zorbas agus nach sásta atá sé ó shin. Is breá leis an neamhspleáchas a thugann an post dó agus an mhuinín a bhíonn ag a fhostóirí as.

I rith na chéad bliana, leanadh ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta airgeadais agus morálta araon dó. Ar feadh sé mhí, thug baill foirne an chláir agus rannóg pearsanra na cuideachta cuairteanna rialta air chun a fháil amach conas a bhí ag éirí leis agus an raibh aon fhadhb aige. Chomhlánaigh sé féin agus a fhostóirí ceistneoir faoina dhul chun cinn.

## Amuigh faoin spéir

Anois, tá taithí mhaith ag Andreas ar an obair. Éiríonn sé ag 4 a.m. gach lá chun tiomáint chuig áitreabh na cuideachta, turas nach bhfuil ach deich nóiméad i bhfad. Ansin, an chéad rud a bhíonn le déanamh aige ná na tralaithe ullmhaithe de bhia a chur isteach ina veain chun iad a sheachadadh do shiopaí idir Lanarka agus an Niocóis. Bíonn sé ar ais sa mhonarcha faoi 8 a.m. chun a fheithicil a dhíghalrú agus chun níos mó bia a chur sa veain le haghaidh an dara babhta de sheachadtaí. Tugann sé cuairt ar na siopaí céanna chun na tralaithe folmha a bhailiú, agus ansin filleann sé ar bhunáit na cuideachta arís. Mar gheall ar thrácht na Niocóise, is annamh a fhilleann sé faoi mheán lae, deireadh a lae oibre oifigiúil, ach ní chuireann sé sin isteach air. Uaireanta, fanann sé ag an obair má bhíonn tuilleadh le déanamh, agus deir sé go mbíonn an pá breis-ama úsáideach don teaghlach. Féadann sé oibriú ar an Domhnach agus am saor a thógáil i rith na seachtaine freisin, rud a chuireann ar a chumas trácht trom na laethanta seachtaine a sheachaint. Mar gheall ar a phost, bíonn sé amuigh faoin spéir agus is breá leis labhairt leis na cúntóirí siopaí.

Tá meas ag fostóirí Andreas ar a chuid oibre agus ar an gclár a sheol chucu é. "Is scéim an-mhaith é, mar tá ranníocaíocht ón rialtas," arsa Bainisteoir Acmhainní Daonna Zorbas, Zacharias Joannou. "Caithfear bunchúis a thabhairt d'fhostóirí chun iad a spreagadh chun cabhrú le daoine."

Sa bhaile, in árasán beag an teaghlaigh ar an gcéad urlár, beireann Andreas barróg ar a bhean chéile agus ar a leanaí. Déanann sé cinnte go bhfuil obair bhaile Giannis críochnaithe – mar tá fonn ar Giannis dul chun sacar a imirt lena chairde. "Bhí sé an-deacair nuair a bhí Andreas dífhostaithe," arsa Helen. "Chabhraigh an cúrsa leis aithne níos fearr a chur air féin, agus tá athrú tagtha air. Níl dearcadh diúltach aige faoi féin níos mó. Tá an fhearg ina cuid den saol, ach anois tuigeann sé conas déileáil léi.

"Tá a fhios againn nach bhfuilimid inár n-aonair," ar sise freisin. "Tá duine ann chun cabhrú linn, fiú amháin má tá fadhb teaghlaigh againn – is féidir linn labhairt le duine faoi. Anois tá ag éirí go maith linn. Míorúilt a bhí sa chlár."

# Baineann oibrí maith an t-aitheantas amach



Is breá le Zsolt Korcz obair a dhéanamh. "Is andúileach oibre mé," ar seisean. Is cuma an bhfuil sé ag maisiú a árasáin le dathanna beoga, ag tabhairt aire dá mhic óga nó ag déanamh jabanna timpeall an tí, tá fonn air a bheith gníomhach. Tá Zsolt ag obair go crua ó d'fhág sé an scoil ag 14 bliana d'aois. Is ball de theaghlach mór i Zalaegerszeg na hUngáire é – bhí 12 leanbh sa chlann – agus bhí an t-ioncam a thuill sé agus a thriúr dheartháireacha riachtanach dá thuismitheoirí. "Ní raibh ar chumas m'athar go leor airgid a thuilleamh," a mhíníonn sé.

Thosaigh Zsolt mar phrintíseach siúinéara agus ansin bhíodh poist ócáideacha aige i bhfeirmeoireacht éanlaithe agus déiríochta. Tar éis dó a sheirbhís mhíleata a chríochnú i 1994, thosaigh sé ag obair sa cheird tógála, ag bríceadóireacht agus ag péinteáil. "Bhí a lán post éagsúil agam," ar seisean. "Rinne mé cibé post a bhí ar fáil."

In 2003, bhog sé féin agus a pháirtí Aniko isteach le chéile, agus an bhliain dar gcionn, rugadh a gcéad mhac, David. D'éirigh sé buartha faoina ioncam ansin. "Ní raibh aon cháilíocht agam, agus mar sin cé go raibh saoirseacht á déanamh agam, ní raibh pá mar ba chuí á fháil agam, ná ní raibh aon slándáil agam," a mhíníonn sé. Deir sé go bhfuair sé leathphá oibrí oilte toisc gurbh oibrí neamhoilte é.

## Ar ais ar scoil

Bhí Zsolt ag tabhairt cuairteanna rialta ar an bpostionad áitiúil cheana féin, ag cuardach conarthaí nua. Is ansin a chuala sé faoin gCéad Fhondúireacht Scoile Táirgiúla Ungárach-Danmhargach, a bunaíodh i Zalaegerszeg 15 bliain roimhe sin. Ar dtús, níor dóigh leis go mbeadh sé in ann breis-staidéar a dhéanamh, mar bhí eagla air nach mbeadh sé in ann cuimhneamh ar conas nithe a fhoghlaim, ach spreag Aniko é chun an deis a thógáil. I mí an Mheithimh 2006, chuir sé tús le cúrsa aon bhliain, lánaimseartha deartha chun cabhrú le daoine óga dífhostaithe agus le daoine faoi mhíbhuntáiste sóisialta cáilíocht ghairmiúil agus scileanna sóisialta agus oideachais a bhaint amach. Fuair seisear rannpháirtithe is tríocha oiliúint i saoirseacht, i gcócaireacht nó mar ghlasadóirí, trí thionscadal a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Toisc go raibh spriocanna i bhfeidhm i ndáil le mná agus Romaigh, bhí cúlraí Romacha ag

*"Toisc gur féidir liom a léiriú anois gur saor cáilithe mé, tá an chuid oibre agam. Bím bródúil as mo chuid oibre…agus déanann an deimhniú difear mór."*

30% de na mic léinn. D'éirigh le cúigear rannpháirtí is tríocha an cúrsa a chríochnú, agus fuair 31 díobh poist ag an deireadh.

Ba chúis ionaidh mhór do Zsolt é gur bhain sé taitneamh as gach cuid den chúrsa. "Thaitin sé go mór liom, bhí mé ann gach lá agus bhí mo chuid oibre go han-mhaith. Go minic, bhí mé níos fearr agus níos tapa ná mo chomhghleacaithe toisc go raibh an taithí agam. Ba bhuntáiste mór é scileanna sóisialta a fhoghlaim freisin. Thug na múinteoirí aird phearsanta orm, agus nuair a bhí ceisteanna agam thug siad freagraí orthu. Níor dhiúltaigh siad dom riamh." D'éirigh thar barr leis ina chúig scrúdú deiridh, a bhain le sláinte agus sábháilteacht chomh maith le cumas teicniúil.

## An tsamhail Dhanmhargach

Bunaíodh an scoil cheannródaíoch i 1993 le tacaíocht ó Aireacht Oideachais na Danmhairge. "Ní fhaighimid aon mhaoiniú ón stát – bímid ag brath ar chomhpháirtithe áitiúla agus ar thacaíocht Eorpach," a mhíníonn Bainisteoir an Tionscadail, Máté Molnár. Ó tosaíodh é, chabhraigh sé le 1,500 duine óg cáilíochtaí a fháil i gceirdeanna a bhfuil éileamh orthu. "Tá níos mó agus níos mó daoine óga gan oideachas ceart, agus cabhraímid leo scileanna a fhoghlaim a bheidh ag teastáil uathu sa tsochaí i gcoitinne."

Ar feadh an chúrsa bhí Zsolt fostaithe ag an scoil agus fuair sé an pá íosta. "Bheadh sé dodhéanta gan é," ar seisean. "Ar dtús, cheap mé go mbeadh orm níos mó oibre a dhéanamh chun íoc as – ach ní bheadh sé ar m'acmhainn riamh." Chabhraigh na rannpháirtithe le hatógáil agus le hathchóiriú na bhfoirgneamh timpeall ar an iar-bhunscoil ina bhfuil an fhondúireacht chun go bhféadfaí iad a úsáid mar sheomraí ranga nua.

**Obair shéasúrach**

"Is saor iontach é Zsolt," arsa Máté. "Tá a fheidhmíocht den chéad scoth. An fhadhb leis an tionscal tógála ná go stoptar an obair i rith an gheimhridh agus gur breá le fostóirí baill foirne a dhífhostú. Is íospartach den chur chuige sin é, agus ba bhreá linn stop a chur leis. Is fadhb mhór í do theaghlaigh gan acmhainní airgeadais." Cuireann an scoil comhairle ar fáil faoi phoist a chuardach agus faoi shochair a fháil do theaghlaigh na mac léinn.

Tá páirtí Zsolt ar shaoire mháithreachais óna post glantacháin agus lónadóireachta i mbialann mhór fós, ag tabhairt aire dá dara mac: Adam atá aon bhliain d'aois. "Is deacair teacht ar naíolanna uaireanta, mar níl go leor spásanna ann," a mhíníonn Aniko, a thagann ó theaghlach de Romaigh cheolmhara agus a bhfuil gaolta aici a sheinneann ceol i gceolfhoireann ghiofógach. Toisc gur oibrí oilte anois é, áfach, bhí sé de cheart ag Zsolt agus a theaghlach bogadh isteach in árasáin údaráis phoiblí níos mó nuair a rugadh Adam. Bhí sé in ann réamhíocaíocht dá thuarastal a fháil chun cabhrú leis íoc as an árasán.

Deir sé go bhfuil sé an-sásta. "Bhí toradh iontach air. Bhí an cháilíocht ag teastáil uaim, mar gan é ní raibh mé in ann a léiriú go raibh ar mo chumas an post a dhéanamh. Toisc gur féidir liom a léiriú anois gur saor cáilithe mé, tá an-chuid oibre agam. Bím bródúil as mo chuid oibre – is aoibhinn liom é – agus déanann an deimhniú difear mór. Níl sé leadránach riamh mar bímid i gcónaí ag dul go háiteanna éagsúla agus ag déanamh rudaí éagsúla. Bhí mé ag obair i gcónaí – níor fhan mé sa bhaile riamh. Is breá liom mo ghairm bheatha, agus theastaigh uaim i gcónaí cáilíocht a fháil, poist níos fearr a fháil agus tuarastal níos airde a ghnóthú. Teastaíonn uaim a bheith in ann aire a thabhairt do mo theaghlach. Sin an rud is tábhachtaí."

"Bhí an-áthas orainn go raibh an deis seo ag Zsolt," a dhearbhaíonn Aniko. "Nuair a fuaireamar an litir ón bhfondúireacht ba chineál míorúilte é – is léir cinnte go dtarlaíonn míorúiltí!"

# Ag infheistiú i gcodladh sámh na hoíche



"Tá meon fiosrach agam. Is breá liom a bheith ag obair. Anois foghlaimím rud nua gach lá – ag foghlaim conas fadhbanna a réiteach. Bainim an-sásamh as," arsa Daniel Dellisse, le mionghháire ar a aghaidh. "Bhí an t-ádh orm – ach ní mór duit a bheith réidh obair a dhéanamh."

Ó 1987 i leith, tá Daniel fostaithe ag cuideachta a dhéanann agus a onnmhairíonn táirgí PVC don tionscal tógála, atá bunaithe i Roeselare i dtuaisceart na Beilge. Bíonn déantúsaíocht ar siúl 24 uair an chloig in aghaidh an lae, agus ar feadh 21 bliain bhí sé ina bhall den mheitheal oibre, ar dtús mar phacálaí agus ansin mar theicneoir sa phróiseas easbhrú: plaisteacha a mhúnlú d'fhrámaí fuinneoige agus dorais. Thart ar dhá bhliain ó shin, áfach, thosaigh an patrún mínádúrtha d'obair ar feadh na hoíche ag cur isteach air, agus bhí deacrachtaí méadaitheacha ag Daniel maidir le dul a chodladh.

Chabhraigh clár athoiliúna a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa le síocháin a athbhunú i dteaghlach Dellisse.

"Ba fhadhb mhór dom é, agus dúirt an dochtúir liom gur chóir dom dul ag obair i rith an lae," a chuimhníonn Daniel. "Thairg sé piollairí suain dom, ach níor theastaigh uaim cógais a thógáil." Ní raibh Daniel ar an aon íospartach amháin ach oiread – chuir an suaitheadh isteach ar a shaol teaghlaigh freisin. Ar an Satharn bhí air an codladh a cailleadh air oíche na hAoine a aisghabháil, agus mar sin ní raibh sé in ann taitneamh a bhaint as an deireadh seachtaine lena bhean chéile Dina nó páirt a ghlacadh sa siúl nó san fhánaíocht a thaitin chomh mór sin leis an lánúin.

## Ganntanas post

Tá Daniel ag obair go crua ar feadh a shaoil. Fuair a athair bás nuair a bhí sé naoi mbliana d'aois, agus fágadh a mháthair le ceathrar mac. D'fhág sé an scoil ag 14 bliana d'aois chun oiliúint siúinéara a fháil. "Bhí orainn bia a cheannach," a mhíníonn sé go stóchúil. Fuair sé sraith post ina dhiaidh, lena n-áirítear ar líne táirgthe príomh-dhéantúsóra gluaisteán, agus deir sé nár bhain sé aon taitneamh as an bpost sin. I ndiaidh a phósta i 1979, chlis an gnólacht tógála a raibh sé ag obair leis, agus bhí Daniel dífhostaithe.

*"Is breá liom a bheith ag obair. Anois foghlaimím rud nua gach lá – ag foghlaim conas fadhbanna a réiteach. Bainim an-sásamh as."*

"Bhí sé deacair obair a fháil," a chuimhníonn sé. Mar sin, nuair a bhí folúntas ar mheitheal oíche Deceuninck bhí sé lánsásta an post a thógáil. "Ba í an t-aon tairiscint shuimiúil a fuair mé agus bhí mé in ann tosú láithreach…agus bhí an t-airgead an-úsáideach." Faoin tráth sin, bhí iníon nua, Sarah, ag an lánúin, agus toisc go raibh Dina ag obair san iarnóin agus Daniel ina chodladh ar maidin, ní raibh sé deacair a n-uainchláir a eagrú chun go mbeadh duine ann chun aire a thabhairt di.

Ach chonaic sé an t-athrú agus é ag dul in aois. Ar chomhairle a dhochtúra, labhair sé lena fhostóirí faoi shealanna oibre a athrú. Ach chun é sin a dhéanamh bhí air a léiriú go mbeadh sé in ann post nua a dhéanamh a raibh oiliúint nua ag teastáil dó, toisc nach raibh ach deiseanna teoranta ar fáil i gcodanna eile den chuideachta. "Níor bhain mé úsáid as na meaisíní ar feadh na gcianta, agus anois tá sé uile uathoibríoch. Dúirt an chuideachta 'tá áit againn duit ach caithfidh tú do scileanna a thabhairt cothrom le dáta ar dtús'." Chuir Deceuninck ar a gclár athoiliúna *Foghlaim Ardfheabhais* é a reáchtáil an tseirbhís poist Phléimeannach an *Vlaamse Dienst voor Arbeidsbemiddeling en Beroepsopleiding* [Fostaíocht agus Gairmoiliúint Phléimeannach] (VDAB). "Ba dhúshlán é, ach ba mhór an pléisiúr dom foghlaim faoi na meaisíní arís," arsa Daniel.

Chuir an cúrsa ar a chumas post a fháil in ionad taighde agus oiliúna na cuideachta, ag tástáil frámaí PVC, ag múineadh do chonraitheoirí neamhspleácha conas na doirse agus na fuinneoga a mhúnlú agus a fheistiú, agus ag déanamh taighde ar theicnící agus ar ábhair nua. "Tá nuálaíochtaí ag teacht chun cinn i gcónaí. Caithfidh an chuideachta a bheith nuálaíoch chun bheith in ann leathnú, agus bhí spéis agam sa ghné sin den obair i gcónaí. Is breá liom mo chuid oibre a dhéanamh, agus ghlac mé páirt in oiliúint i gcónaí chun feabhas a chur orm féin. Ní deas an rud é dul chuig an obair go neamhthoilteanach," a mhíníonn sé. Mar bhall d'fhoireann innealtóirí, cléireach agus oibreoirí, chabhraigh sé lena chuid eolais a roinnt le cuairteoirí ó bhrainsí Eorpacha eile.

## Ag baint suilt as an saol

Chuir sé tús lena réim nua d'obair lae i mí Eanáir 2008. "Thóg sé cúig mhí orm oíche mhaith codlata a fháil," ar seisean. "Ar dtús, bhínn i mo dhúiseacht i ndiaidh trí nó ceithre huaire a chloig. Deireadh mo bhanchéile liom fanacht sa leaba ach ní fhéadainn é sin a dhéanamh. D'éirínn agus d'fhéachainn ar an teilifís, agus ansin faoin iarnóin bhínn tuirseach traochta." Ach faoi mhí an Mheithimh bhí sé huaire de chodladh sámh aige gach oíche. "Tá athrú iomlán tagtha ar mo shaol," a mhaíonn sé. "Ag deireadh na dála, is don chodladh an oíche."

Tá gnáthsheachtain oibre 40 uair an chloig ag Daniel, agus críochnaíonn sé níos luaithe ar an Aoine. "Tá níos mó ama agam le caitheamh le mo bhean chéile, agus táim saor gach deireadh seachtaine. Bainim sult i bhfad níos mó as an saol." Fuair sé féin agus Dina ballraíocht i gclub siúil agus is minic a shiúlann siad idir 20 agus 30km in aghaidh an lae ar an Satharn agus ar an Domhnach, ar bhealaí i bhFlóndras agus san Ísiltír. Sé mhí tar éis dó obair lae a thosú, bhí 900km siúlta aige féin agus ag a bhean chéile, agus an uaillmhian atá aige anois ná siúlóid 100km a chríochnú gan stad. Bhain sé leas as a seanscileanna siúinéireachta chun seomraí codlata a thí a athchóiriú. Agus cé go gceapfá go mbeadh go leor ansin chun duine amháin a choinneáil gnóthach, tá spéis mhór ag Daniel i dtógáil ríthe rua freisin – múineann sé dá éin conas aithris a dhéanamh ar fhoinn shimplí agus glacann siad páirt i gcomórtais ina bhféadann éin is buaiteoirí suas le 800 amhrán a chríochnú laistigh d'uair an chloig.

Agus cé go bhfuil sé i dteideal lá saoire breise in aghaidh na míosa, deir Daniel nach dtógann sé ach go hannamh é. "Tá comhghleacaithe maithe agam, agus téann an tseachtain tharam chomh tapa sin nach ritheann sé chugam saoire a thógáil."

# Dul chun cinn sa tslí bheatha



"Is breá liom mo chuid oibre," arsa Biliana Filipova ó Dupnitsa na Bulgáire. "Bím ag taisteal i gcónaí agus tá gach lá éagsúil."

Is bainisteoir réigiúnach de shraith mhór stáisiún peitril í, agus ag 33 bliain d'aois, caitheann sí a lán dá cuid ama ar an mbóthar, ag taisteal idir na 19 stáisiún peitril. Tá sí freagrach tríd is tríd as reáchtáil laethúil na stáisiún, agus mar chuid dá dualgais caithfidh sí pearsanra a bhainistiú, a chinntiú go gcothabháiltear trealamh agus go n-ordaítear stoc, déileáil le saincheisteanna dlíthiúla, agus freagairt d'éigeandálaí cosúil le tuilte.

Fuair sí ardú céime chuig a post reatha i mí an Mhárta 2008 – roimhe sin, bhí stáisiún amháin á bhainistiú aici. "Tá i bhfad níos mó freagrachta orm," ar sise. "Ach bhí a fhios agam céard a bheadh i gceist leis an bpost mar ba ghnáth dom feidhmiú in ionad an bhainisteora réigiúnaigh nuair a bhíodh sé as láthair."

Déanann sí cur síos ar na cáilíochtaí a bhíonn de dhíth uirthi ina ról: "Táim in ann fanacht calma agus freagairt thapa a thabhairt – tá sin tábhachtach. Agus is minic a bhíonn orm déileáil le han-chuid nithe ag an am céanna. Caithfidh mé nithe a chur in ord tosaíochta agus bheith dea-eagraithe. Is post freagrach é. Caithfidh mé cinntí a dhéanamh liom féin. D'fhéadfadh méid mór airgid a bheith i gceist." Ní mór machnamh a dhéanamh ar ghnéithe sábháilteachta riachtanacha freisin, a deir sí freisin: "Mar shampla, maidir leis na trucailí a sheachadann an breosla, tá sé ríthábhachtach na gnásanna cearta a leanúint. Tá baol féideartha mór i gceist."

## Athrú treo

Ar dtús rinne Biliana staidéar ar innealtóireacht thionsclaíoch, le speisialtóireacht i dteicneolaíochtaí do tháirgeadh éadaí. Tar éis di a cúrsa Máistreachta cúig bliana a chríochnú, rugadh a hiníon Joanna di. "Níor oibrigh mé ar feadh trí bliana ina dhiaidh sin," ar sise. "Ach d'éirigh mé bréan de m'am uile a chaitheamh sa bhaile. Is duine dinimiciúil mé agus is breá liom a bheith gníomhach. Éirím gorálach go tapa."

Thosaigh sí ag obair san earnáil teicstílí, i ról a bhain lena cuid staidéar. "D'oibrigh mé mar theicneolaí i monarchana." Mar sin féin, tar éis bliain go leith a chaitheamh ag obair do dhá chuideachta

*"Ba chabhair mhór dom í an oiliúint, don phost agus ó thaobh scileanna don saol i gcoitinne de. Táim sásta leis an méid atá bainte amach agam ag an gcuideachta seo."*

éagsúla, thuig sí gur theastaigh uaithi rud éigin éagsúil a dhéanamh. "Uaireanta caithfidh tú athrú iomlán a dhéanamh chun sásamh a bhaint amach. Bhí dúshlán nua ag teastáil uaim chun fuinneamh a thabhairt dom."

Chuala sí go raibh poist ar fáil le Petrol, líonra a bhíodh reáchtáilte ag an stát tráth agus atá ar cheann de na sraitheanna is mó de stáisiúin bhreoslaí sa Bhulgáir fós. Tairgeadh agallamh do phost bainistíochta di, ach roghnaigh sí iarratas a dhéanamh ar phost mar airgeadóir ar dtús. "Níor theastaigh uaim post bainistíochta a fháil ón tús. Theastaigh uaim tosú ag leibhéal níos ísle, mar ní raibh aon rud ar eolas agam faoin ngnó seo."

D'éirigh lena straitéis. Thosaigh sí leis an gcuideachta in 2002, agus trí obair chrua a dhéanamh fuair sí arduithe céime go tapa. "Ba chabhair mhór dom é gur thosaigh mé i gcáil airgeadóra. Anois tá an post ar eolas agam ón taobh istigh. Tuigim na nithe nach dtugann bainisteoirí faoi deara uaireanta."

## Oiliúint do ról nua

Ghlac sí páirt i sraith seisiún dianoiliúna a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Bhain na cúrsaí le tógáil foirne, rólghlacadh, díospóireachtaí agus cleachtaí réitigh fadhbanna. Chabhraigh siad léi na scileanna a bhíonn ag teastáil ina ról nua a fhorbairt – scileanna a bhaineann le déileáil le daoine, cinntí a dhéanamh, nithe a chur in ord tosaíochta nó déileáil le cásanna deacra.

"Ba chabhair mhór dom í an oiliúint, don phost agus ó thaobh scileanna don saol i gcoitinne de. Chuir sé ag smaoineamh mé faoi conas a fhaigheann tú réitigh ar aon fhadhb ar leith," ar sise. "Táim sásta leis an méid atá bainte amach agam ag an gcuideachta seo. Fuair mé arduithe céime bunaithe ar an obair a rinne mé. Thug a lán daoine aitheantas don obair a bhí á déanamh agam, agus is mór agam é sin."

Agus í ag smaoineamh ar an todhchaí, deir Biliana: "Nílim cinnte céard atá ag teastáil uaim go díreach, ach tá a fhios agam go dteastaíonn uaim leanúint orm ag feabhsú agus ag forbairt. Ar dtús, caithfidh mé a chruthú go bhfuil ar mo chumas an ról seo a chomhlíonadh."

Sa bhaile, tá saol rí-ghnóthach aici freisin. Is tionscadal leanúnach – agus fadtéarmach – é teach an teaghlaigh a athchóiriú lena fear céile. "Chuireamar tús leis an athchóiriú cúig bliana ó shin," ar sise. Ar phíosa talún in aice le tuismitheoirí a céile thóg an lánúin a mbaile féin ón mbonn aníos – cé go bhfuil a lán oibre le déanamh fós. "Tá an dara hurlár tógtha againn ach tá níos mó oibre le déanamh againn sula mbeimid in ann maireachtáil ann," ar sise, ag lua go raibh cónaí orthu triúr i seomra amháin roinnt blianta ó shin nuair a bhí obair á déanamh.

Caitheann sí an chuid eile dá ham ag tabhairt aire do Joanna, atá 10 mbliana d'aois anois, agus ag tabhairt cuairteanna ar a mórtheaghlach. "Tá beirt dheirfiúracha níos óige agus deartháir céile agam. Tá cónaí orainn uile timpeall na háite seo agus tá dlúthchaidreamh eadrainn. Buaileann na teaghlaigh uile lenár dtuismitheoirí ag an deireadh seachtaine. Na tosaíochtaí atá agamsa ná mo theaghlach agus mo phost. Oibrím go crua chun ár slándáil a chinntiú," ar sise mar fhocal scoir.

# Ag athghníomhachtú eolais



Tá Peter Meller agus a bhean chéile Olga ag socrú síos ina mbaile nua i Magdeburg, sa tSacsáin in oirthear na Gearmáine, áit ar chuir Peter tús lena phost mar ríomhchláraitheoir bogearraí do ghnólacht beag innealtóireachta le deireanas.

Cé go ndearna sé staidéar ar innealtóireacht mheicniúil agus cé gur oibrigh sé sa cháil sin sa Rómáin, an áit inar tógadh é, ní raibh aon obair san earnáil sin déanta aige le 15 bliain anuas in 2008, nuair a chuir sé tús le socrúchán taithí oibre leis an gcuideachta a bhfuil post lánaimseartha aige léi anois.

Bhog a theaghlach uile ar ais chuig an nGearmáin, áit a raibh fréamhacha acu, i 1990 – a thuismitheoirí, a dheartháir agus a dheirfiúr, le cois a chéad bhean chéile agus a mhac óg. "Bhogamar ar chúiseanna airgeadais. Bhí sé an-deacair airgead a thuilleamh sa Rómáin ag an am. Theastaigh uainn an tír a fhágáil roimhe sin, ach bhí sé dodhéanta." Tháinig athrú ar an scéal nuair a chlis an réim chumannach. "Ag an am, bhí ár dteaghlach agus ár gcairde uile ag fágáil na tíre," arsa an fear 48 bliain d'aois.

## Íospartach an chúlaithe gheilleagraigh

Shroich sé Bergisch Gladbach atá gar do Köln sa Ghearmáin ag aois 29, agus ar dtús, fuair sé post le cuideachta bheag mar innealtóir meicniúil. Tháinig meath ar earnáil innealtóireachta na Gearmáine thart ar an tráth sin, áfach, agus faoi 1993, bhí sé dífhostaithe.

Toisc nach raibh sé dóchúil go bhfaigheadh sé post eile mar innealtóir, shocraigh sé go gcuirfeadh athoiliúint feabhas ar a ionchais fostaíochta. Ghlac sé páirt i gcúrsa ríomhaireachta. "Roimhe sin, ní raibh mórán taithí agam ar ríomhairí i ndáiríre," arsa Peter.

Ina dhiaidh sin, thosaigh sé ag obair mar shaor-oibrí, ag forbairt oiliúna ríomhaire-bhunaithe. "Bhí sé go hiomlán éagsúil ón obair a bhí déanta agam go dtí sin," ar seisean. "D'oibrigh mé le cuideachta bheag a d'fhorbair cúrsaí chun cur ar chumas cuideachtaí móra a bhfostaithe a mhúineadh conas bogearraí coitianta a úsáid."

Rinne sé é sin ar feadh roinnt blianta, agus ar deireadh, bhunaigh sé cuideachta a rinne an cineál céanna oibre le ceathrar comhpháirtithe eile. I ndiaidh tamaill, áfach, tháinig laghdú ar líon na

*"Roimhe seo, bhí an chuid eolais agus scileanna agam, ach ní raibh a fhios agam conas é sin a chur in iúl do dhaoine. Gan bhréag gan áibhéil, d'athraigh an cúrsa mo shaol"*

n-orduithe, agus thosaigh sé ag obair ar conradh arís. Lean sé den chineál seo oibre ó 2001 go dtí 2007, ach bhí a mhíshásamh le cineál mírialta na hoibre ag dul i méid go leanúnach. "Bhínn ag obair ar thionscadal ar feadh trí mhí agus ansin ní bhíodh dada agam ar feadh roinnt míonna," arsa Peter. "Ní raibh todhchaí ar bith dom ann."

Thart ar an tráth sin, thosaigh innealtóireacht sa Ghearmáin ag teacht chuici féin arís, agus cheap Peter go bhféadfadh sé post a fháil a bhainfeadh lena iar-shlí bheatha. Nuair a rinne sé iarratais ar phoist a bhain le hinnealtóireacht mheicniúil, áfach, bhí fadhb ann toisc nach raibh taithí aige le deireanas.

## Ag cur lena chuid eolais

Chabhraigh clár oiliúna a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa leis a chuid eolais agus scileanna innealtóireachta a athnuachan agus a leathnú. Bhí a chúrsa ar cheann de 18 gcúrsa AQUA *(Akademikerinnen und Akademiker Qualifizieren sich für den Arbeitsmarkt)* [Faigheann Acadóirí Cáilíochtaí don Mhargadh Saothair] a eagraíodh ar fud na tíre, le gach cúrsa dírithe ar earnáil ghairmiúil ar leith. Trí oibriú i gcomhar le hollscoileanna, tugann na cúrsaí deiseanna do dhaoine atá cáilithe cheana féin cur lena gcuid eolais agus feabhas a chur ar a gcuid ionchas fostaíochta.

D'éirigh le cúrsa Peter cúrsa céime iomlán 10 seimeastar san innealtóireacht mheicniúil a bhrú isteach i 10 mí. "Ba chúis ionaidh dom an méid a raibh glandearmad déanta agam air, ach ba fhaoiseamh dom é nach raibh ar chumas céimithe níos déanaí cuimhneamh air ach oiread," ar seisean. D'fhoghlaim sé tuilleadh faoi fhorbairtí a tharla le deireanas, go háirithe maidir le ríomhairí a úsáid san innealtóireacht, rud nár tugadh mórán airde air le linn a staidéar bunaidh.

In éineacht leis an bhfoghlaim acadúil, chlúdaigh an cúrsa scileanna praiticiúla a bhíonn tábhachtach chun poist a fháil, cosúil le conas tú féin a chur i láthair, comharthaíocht choirp agus cumarsáid, iarratais a dhéanamh ar phoist agus ullmhú d'agallaimh. Thug Peter faoi deara gur tháinig feabhas mór ar a scileanna pearsanta. "Bhí mé in ann dul chuig agallamh agus na ceisteanna a fhreagairt. Tá i bhfad níos mó féinmhuiníne agam anois."

## Tasc casta

Bhí Peter in ann a scileanna nua-fheabhsaithe a úsáid nuair a rinne sé socrúchán trí mhí leis an ngnólacht a n-oibríonn sé leis anois. Déileálann an chuideachta go sonrach le próisis deimhnithe cáilíochta don earnáil déantúsaíochta gluaisteán. "Thuig mé go raibh an méid a d'fhoghlaim mé ríthábhachtach. Ag céim luath, iarradh orm ríomhchlárú casta a dhéanamh. Thug siad tasc neamhphráinneach dom nár cheap siad go mbeinn in ann é a dhéanamh. Nuair a chonaic siad gur éirigh liom é a dhéanamh, chuaigh sin ina luí orthu."

Ag deireadh a thréimhse socrúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2008, tairgeadh post buan dó. Anois oibríonn sé mar ríomhchláraitheoir bogearraí do mheaisínre innealtóireachta, post a chomhcheanglaíonn a scileanna innealtóireachta agus ríomhaireachta.

"Roimhe seo, bhí an-chuid eolais agus scileanna agam, ach ní raibh a fhios agam conas é sin a chur in iúl do dhaoine," arsa Peter. "Gan bhréag gan áibhéil, d'athraigh an cúrsa mo shaol. Braithim i bhfad níos sláine anois agus táim ag tnúth go mór leis an todhchaí."

# Oideachas agus oiliúint

# Luach an traidisiúin



Is baile stairiúil é Sibiu na Trasalváine. D'fhág na Rómhánaigh, na Turcaigh, na Hunaigh agus na Sacsanaigh rian ar an gceantar thar na haoiseanna, agus mealltar cuardaitheoirí cultúir ó gach cearn den domhan dá bharr. Mar sin féin, duine amháin a bhfuil spéis ghairmiúil aici sa réigiún is ea an t-antraipeolaí Monica Stroe.

"Táim ag déanamh staidéar ar oidhreacht Shacsanach na Trasalváine Theas," arsa an bhean, 24 bliain d'aois. "Chuir mé tús le mo PhD sé mhí ó shin."

Tá a cuid oibre dírithe ar an gcaoi a mbaineann na tionscail chultúrtha agus turasóireachta leas as stair agus traidisiúin shaibhre, éagsúla an cheantair. "Roghnaigh mé na ceantair Shacsanacha ar chúiseanna pearsanta," ar sise. "Rugadh agus tógadh mé i mbaile a bhunaigh na Sacsanaigh a bhfuil a lán gnéithe meánaoiseacha aige fós. Ach cheap mé i gcónaí gur bhain Sibiu leas níos fearr as a chuid oidhreachta."

Tá lár cathrach meánaoiseach a athchóiríodh go cúramach ar cheann de na díolta spéise traidisiúnta i Sibiu. Ba Phríomhchathair Chultúir na hEorpa í an chathair in 2007 agus óstálann sé an-chuid ócáidí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu. Do Mhonica, ba am idéalach é seo le cás-staidéar a fhorbairt. "Theastaigh uaim a fháil amach conas a d'fhorbair Sibiu a 'bhranda' agus an tionchar a bhí aige sin ar an gceantar máguaird."

Clúdaíonn a taighde ceantar níos leithne i réigiún na Trasalváine Theas. "Tá spéis mhór agam sna ceantair tuaithe – an chaoi a chuireann siad iad féin chun cinn mar cheanna scríbe chultúrtha," ar sise. "Gné thábhachtach eile ná go bhfuil paradacsa eitneach anseo," ar sise freisin. "Tá an méara ina Ghearmánach, ach níl ach thart ar 1.6% den phobal de thionscnamh Gearmánach – is feiniméan é atá le feiceáil ar fud an réigiúin."

## In am do thaighde acadúil

Leanann staidéar PhD Mhonica a céim Mháistreachta i staidéar náisiúnachais agus caidrimh eitneacha in Ollscoil Lár na hEorpa i mBúdaipeist. I ndiaidh di a cáilíocht a bhaint amach, bhí a fhios aici gur theastaigh uaithi leanúint uirthi ag déanamh staidéar ar ábhair bhainteacha. "Bhain mo Mháistreacht le dinimic grúpaí eitneacha, féiniúlachtaí réigiúnacha agus coinbhleachtaí," ar sise.

*"Bhí an deontas thar a bheith tábhachtach domsa. Thug sé deis dom obair a dhéanamh i mo rogha réimse. Ní raibh ar mo chumas tús a chur le PhD gan é."*

"Mhúscail sé m'fheasacht ar na difríochtaí idir grúpaí eitneacha. Tá spéis agam sa tslí ar a dtógtar féiniúlachtaí."

Mar sin féin, nuair a d'fhill sí ar Bhúcairist, áit a ndearna sí staidéar ar dtús, ní raibh mórán deiseanna ann taighde acadúil a dhéanamh, ná ní raibh pá maith ar fáil dóibh. Bhí sí ag smaoineamh ar a treo a athrú: "Bhí mé ag déanamh machnaimh ar obair thaighde mhargaidh a dhéanamh. Bheadh comhghéilleadh i gceist leis, ach bhí an chuma air nach mbeadh sé indéanta leanúint orm ag staidéar ó thaobh an airgid de."

Thug scoláireacht a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa cabhair di. "Bhí an deontas thar a bheith tábhachtach domsa. Thug sé deis dom obair a dhéanamh i mo rogha réimse. Ní raibh ar mo chumas tús a chur le PhD gan é."

Faigheann sí stipinn mhíosúil chun íoc as a costais mhaireachtála ar feadh na trí bliana dá cuid staidéar. Agus cuireann sé ar a cumas ocht mí a chaitheamh in ollscoileanna eachtrannacha ar fud an AE agus rochtain a fháil ar na leabharlanna agus ar na hábhair atá riachtanach dá cuid oibre. "Tá an tsoghluaisteacht sin riachtanach do mo thaighde," ar sise. "Tá deis agam taisteal. Is féidir liom cartlanna tábhachtacha a rochtain agus dearcadh níos leithne a fháil."

Mar chuid den chlár, scríobhfaidh sí ailt d'irisí acadúla agus oibreoidh sí le hollúna. "Táim ag fáil taithí mhaith agus táim ag fáil an tacaíocht a bhfuil gá léi chun díriú ar thaighde allamuigh fadtéarmach freisin." Maidir leis an todhchaí, deir sí: "Tá súil agam go mbeidh deiseanna agam amach anseo mar gheall ar mo PhD. Teastaíonn uaim feabhas a chur ar mo scileanna taighde agus mo chúlra teoiriciúil a chomhdhlúthú. Go hidéalach, ba bhreá liom oibriú i bhforbairt pobail. Ach nílim ach ag céim luath, táim dírithe ar mo thaighde i láthair na huaire," ar sise mar fhocal scoir.

# Ag tacú leis an chruthaitheacht



"Bhí spéis agam i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha i gcónaí," arsa Harri Haanpää ó Heilsincí san Fhionlainn. Toisc go raibh sé an-tógtha le líníocht agus grianghrafadóireacht, shocraigh sé ag aois luath go n-oibreodh sé sna tionscail chruthaitheacha. "Nuair a bhí mé óg, theastaigh uaim a bheith i mo mhaisitheoir. Ar dtús, tharraingínn greannáin ach ansin músclaíodh mo chuid spéise i gcineálacha eile líníochta.

"Agus mé naoi mbliana d'aois, shocraigh mé nach raibh post ar bith ag teastáil uaim seachas bheith i mo mhaisitheoir tráchtála," ar seisean.

Bhí fonn ar Harri freastal ar chúrsa i maisitheoireacht tráchtála a bhí ar fáil i gcoláiste áitiúil. Faoin tráth a raibh deireadh curtha lena chuid staidéar scoile, áfach, ní raibh an rang ar fáil níos mó. "Ina dhiaidh sin, d'athraigh mé treo beagán," ar seisean. Chuaigh sé chuig coláiste loingseoireachta agus é 15 bliana d'aois agus ansin d'oibrigh sé mar chócaire ar longa tráchtála.

Trí bliana níos déanaí, shocraigh sé nár oir an saol mara dó, agus bhí fonn air rud éigin cruthaitheach a dhéanamh arís. I 1995, rinne sé cúrsa i staidéar scannán ag coláiste i Voionmaa. "Ba andúileach grianghrafadóireachta mé," arsa Harri. "Thóg mé grianghraf de gach ní faoin spéir."

## Taithí phraiticiúil

Ina dhiaidh sin, bhog sé ar ais chuig ceantar Heilsincí agus thosaigh sé ag obair do chainéal ceoil Fionlannach. "Bhí mé ag obair gan stad. Rinne mé gach rud – soilsiú, obair cheamara, rialaitheoirí," ar seisean. D'oibrigh sé ar fhíseáin cheoil freisin agus thosaigh sé á stiúradh. "Thaitin sé go mór liom mar theastaigh uaim i gcónaí níos mó a fhoghlaim."

Mar thoradh ar an taithí sin, fuair Harri post i Los Angeles ag obair ar Hollywood Express, clár teilifíse faoi cheol, scannáin, cultúr pobail agus daoine mór le rá, agus chaith sé bliain go leith sna Stáit Aontaithe sular fhill sé ar an Eoraip. Rinne sé Máistreacht Eorpach i Riaradh Gnó Ilmheán agus Closamhairc (EMMABA) a raibh i gceist leis staidéar a dhéanamh san Aithin sa Ghréig, agus ansin sa Laplainn san Fhionlainn. "Sa chlár sin d'fhoghlaim mé conas nithe a léiriú agus bhuail mé le líon mór daoine ó gach cearn den Eoraip."

*"Tuigim anois nach féidir go leor eolais a bheith agat riamh. Athraíonn an earnáil seo go tapa agus caithfidh mé a bheith in ann dul in iomaíocht le céimithe nua."*

In 2000, tar éis dó an cúrsa a chríochnú, bhunaigh sé a chuideachta léiriúcháin féin, DreamMill. "Ba sprioc dom i gcónaí mo chuideachta féin a bhunú. Bhí mé cinnte dearfach go ndéanfainn é – ní raibh orm ach an tráth ag a ndéanfainn é a roghnú," ar seisean. Déanann sé cláir teilifíse, físeáin cheoil, scannáin tráchtála agus feidhmchláir teilifíse soghluaiste a stiúradh, a léiriú agus a scannánú anois.

Dar le Harri, baineann buntáistí móra lena ghnó féin a rith. "Is breá liom nithe a chruthú," ar seisean. "Má oibríonn tú do dhuine eile, is minic nach mbíonn aon saoirse agat. Toisc go bhfuil mo chuideachta féin agam, tá níos mó deiseanna agam nithe a thaitníonn liom a dhéanamh. Teastaíonn uaim obair ardchaighdeáin a dhéanamh i gcónaí. Is maith liom féachaint ar theilifís ardchaighdeáin. Is deas an rud é íocaíocht a fháil, ach ní hé rud is tábhachtaí é."

## Forbairt leanúnach

Molann Harri go mór oideachas agus oiliúint a dhéanamh. "Tuigim anois nach féidir go leor eolais a bheith agat riamh. Athraíonn an earnáil seo go tapa agus caithfidh mé a bheith in ann dul in iomaíocht le céimithe nua. Níl mórán measa ar thaithí sa tionscal seo," ar seisean.

Ó 2005 go 2006, rinne sé cúrsa oiliúna praiticiúil d'fhiontraithe meán cumarsáide. Bhí an cúrsa MEDA cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, agus chabhraigh sé leis a chuid scileanna a fhorbairt agus a ghnó a leathnú. "Theastaigh uaim dearcadh níos teoiriciúla a fháil," arsa Harri. "Bhain sé le gnó a rith agus nithe a léiriú." Trí mheán na hoiliúna rinne sé teagmhálacha nua, rud a chuir deiseanna níos fearr ar fáil dá chuideachta. "Bhain mé tairbhe mhór as an gcúrsa. D'fhoghlaim mé gan am a chur amú ag déanamh rudaí a bhí bainte amach ag daoine eile cheana féin, agus díriú ar nithe a choinneáil simplí," ar seisean.

Bhí an cúrsa thar a bheith ábhartha do Harri. "Bhí sé iontach mar bhí mé in ann an méid a d'fhoghlaim mé a chur i bhfeidhm láithreach agus smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh sé cabhrú le mo ghnó." Anois teastaíonn uaidh leanúint ar aghaidh ag foghlaim, le céim mháistreachta mar an chéad chéim eile. "Amach anseo, ba bhreá liom a bheith i mo mhúinteoir agus mo chuid eolais a leathadh," ar seisean.

Mar sin féin, tá a sprioc tríd is tríd soiléir fós. "Tá mo spreagthacht simplí: obair níos fearr agus níos fearr arís a dhéanamh i gcónaí."

# Á thabhairt i gcrann



Mí Mheán Fómhair atá ann, agus táimid faoin tuath gar do Boelhe, sráidbhaile beag 40km ó Oporto i dtuaisceart na Portaingéile. Tá an ghrian ag taitneamh fad agus a shiúlann Maria Balbina taobh le línte ordúla de chrainn bheaga, ag seiceáil riocht na dtamhan anseo, ag bearradh craoibhe nó dhó ansin.

Oibríonn Maria sna foraoisí nuair nach bhfuil sí i mbun a poist lánaimseartha mar cheannaire riaracháin do ghrúpa 18 scoil sa cheantar. "Bhí mé an-ghníomhach i gcónaí," ar sise. "Nuair a bhí mé óg bhí mé páirteach i gceol, drámaíocht, damhsa, san eaglais agus i spóirt."

I láthair na huaire tá sceideal lán de ghníomhaíochtaí ag an mbean 59 bliain d'aois lasmuigh dá post: tá sí páirteach i bpolaitíocht áitiúil agus i gcomhairleoireacht leanaí, is cathaoirleach ar an ngníomhaireacht forbartha áitiúla í, tá sí i gceannas ar bhord an cheardchumainn réigiúnaigh do chléirigh scoile, agus tá sí ina ball de choiste chumann na n-úinéirí foraoise áitiúla – agus ní mór di am a chur i leataobh dá beirt leanaí fásta agus dá fear céile freisin.

Mar sin féin, is aoibhinn léi na foraoisí agus oibriú ar an talamh fós. Bhí feirm ag a tuismitheoirí agus rinne siad foraoisí a bhainistiú – agus tá fonn uirthi leanúint ar aghaidh leis an traidisiún sin. Agus í ag tagairt don choillearnach mhéith mórthimpeall uirthi deir sí, "Mhúin mo thuismitheoirí dom i gcónaí tuiscint a fháil don nádúr agus meas a thabhairt air. D'fhás mé suas sa timpeallacht seo, agus mar sin tá nasc dlúth idir m'fhéiniúlacht agus an tuath." I ndiaidh na scoile rinne sí staidéar ar innealtóireacht cheimiceach san ollscoil in Oporto. D'fhill sí sular chríochnaigh sí an cúrsa áfach. "Níor theastaigh uaim é a dhéanamh," ar sise. "Bhraith mé uaim an áit seo, agus mar sin d'fhill mé uirthi."

## Talamh ó oidhreacht

I 1973, fuair Maria post mar chléireach riaracháin ag scoil sa cheantar agus thosaigh sí ag obair go lánaimseartha. "Bhí spéis agam in oibriú le daoine óga, ach ní raibh fonn orm bheith i mo mhúinteoir. An buntáiste eile a bhain leis ná go raibh sé gar do mo shráidbhaile, mo thuismitheoirí agus mo chairde."

Mar sin féin, nuair a fuair sí talamh a tuismitheoirí ó oidhreacht i 1984 – thart ar 18 heicteár de thalamh feirme agus an méid céanna

*"Is tionscadal fadtéarmach é an fhoraoiseacht. Tá sé an tábhachtach an traidisiún a choinneáil. Tá súil agam go mbeidh mé in ann an spéis chéanna a mhúscailt i mo leanaí féin."*

d'fhoraois – fuair sí amach go raibh sé deacair gníomhaíochtaí a bhain leis an talamh a chomhcheangal lena gníomhaíochtaí eile. Níor leagadh lámh ar an talamh ar feadh naoi mbliana. "Bhí sé 'ar fuireachas'. Ní raibh a fhios agam conas é a bhainistiú," ar sise. "Ní raibh am agam le caitheamh air agus ní raibh mé in ann teacht ar aon duine eile leis an obair a dhéanamh. Ní raibh a fhios agam cad ba chóir dom a dhéanamh. D'éirigh an talamh fiáin."

Mar sin féin, níor theastaigh uaithi é a fhágáil tréigthe. "Bhí náire orm faoi staid na talún. Theastaigh uaim rud éigin a dhéanamh, agus mar sin thosaigh mé ag déanamh teagmhála le húinéirí eile foraoisí chun comhairle a fháil." Faoi 1993, bhí cumann foirmiúil bunaithe ag na húinéirí foraoisí sa réigiún, agus bhí Maria ar dhuine de na baill bhunaidh. "Bhí go leor tairbhí i gceist le grúpa a bhunú," ar sise. "Agus fuaireamar amach go raibh cistí Aontais Eorpaigh ar fáil chun foraoisí a fhorbairt agus a bhainistiú."

## Úinéirí a thabhairt le chéile

Cabhraíonn an cumann le húinéirí cáilíocht agus luach adhmaid a mheasúnú, iarratais ar mhaoiniú a ullmhú agus comhthionscadail a chur i bhfeidhm, agus cuireann sé oiliúint i mbainistíocht foraoisí ar fáil freisin. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé le húinéirí a dtailte a chomhdhlúthú chun ceapa níos mó a chruthú, mar is minic a bhíonn roinnt réimsí beaga talún acu. "Shocraíomar malartuithe idir baill, chun go mbeidís in ann a gcuid talún a bhainistiú le chéile," ar sise. "Tá ceapa níos mó talún níos brabúsaí, agus tá sé níos éasca iad a bhainistiú agus iad a chosaint ó dhóiteáin."

Rinne Maria roinnt cúrsaí oiliúna a chómhaoinigh an tAE idir 1996 agus 2008, a bhain le hábhair cosúil le conas crainn a bhearradh agus a chur, conas dóiteáin foraoise a chosc agus a rialú, agus conas táirgí foraoiseachta a mhargú. Thug na cúrsaí an t-eolas di a raibh gá leis chun cur ar a cumas smacht a fháil ar a talamh agus í a bhainistiú i gceart arís. Trí oibriú le chéile, fuair baill an chumainn rochtain ar mhaoiniú AE chun tionscadail a thionscnamh sa cheantar.

Rinne Maria féin a talamh a athchur le cineálacha brabúsacha crann agus ghlan sí amach na plandaí marbha. "Is tionscadal fadtéarmach é an fhoraoiseacht," ar sise. "Tá sé an-tábhachtach an traidisiún a choinneáil. Fuair mé mo ghaolmhaireacht leis an talamh ó mo thuismitheoirí agus tá súil agam go mbeidh mé in ann an spéis chéanna a mhúscailt i mo leanaí féin."

# Slí bheatha na nuálaíochta



De réir a chuimhne, bhí spéis ag Simone Rossi i nithe meicniúla i gcónaí. “Agus mé i mo leanbh, bhí spéis agam i ngluaisteáin, in eitleáin agus i rudaí teicniúla,” arsa an fear 30 bliain d’aois ó Montecastello di Vibio, baile meánaoiseach suite ar chnoc i réigiún Umbria na hIodáile.

“Theastaigh uaim níos mó a fhoghlaim faoi conas a ghníomhaíonn meaisíní,” ar seisean. I ndiaidh dó críochnú leis an ardscoil, roghnaigh Simone staidéar a dhéanamh ar innealtóireacht mheicniúil in Ollscoil áitiúil Perugia, agus méadaíodh ar a chuid spéise arís. “Nuair a rinne mé staidéar, ní dhearna mé é chun go n-éireodh liom sa scrúduithe. Bhí fonn orm a fháil amach conas a ghníomhaigh rudaí i ndáiríre,” ar seisean. “Thuig mé go bhfuil an mhatamaitic, an fhisic agus an cheimic ag bunús gach aon rud, agus theastaigh uaim níos mó a fhoghlaim fúthu.”

Nuair a bhain sé a chéim amach in 2005, bhí a fhios aige gur theastaigh uaidh post a fháil i réimse bainteach. Mar sin féin, bhí deacrachtaí aige maidir le teacht ar phost oiriúnach. Bhí sé dífhostaithe ar feadh píosa; ansin rinne sé roinnt oibre do chuideachta árachais agus thóg sé roinnt post riaracháin i ngnóthais eile. “Bhí a fhios agam nár theastaigh uaim na poist sin a dhéanamh go fadtéarmach. Ach is deacair teacht ar phoist innealtóireachta, go háirithe sa réigiún seo,” ar seisean. “Tá éileamh ar innealtóirí, ach níltear ag iarraidh go ndéanfaidh siad innealtóireacht."

## Dreasacht d’fhostóirí

Fuair sé cabhair ó scéim deontas taighde a chómhaoinigh a réigiún áitiúil agus Ciste Sóisialta an Aontais Eorpaigh. Tairgeann an clár deontais do thaighdeoirí dífhostaithe chun cur ar a gcumas oibriú ar thionscadail i ngnóthais nó in ionaid taighde, ag fáil taithí agus ag cur feabhais ar a n-ionchais fostaíochta. Baineann na cuideachtaí nó eagraíochtaí bainteacha eile tairbhe as taighde nach bhfuil inchosanta go tráchtála, b'fhéidir, agus tugtar dreasachtaí dóibh na taighdeoirí a fhostú ag deireadh na tréimhse deontais.

I gcás Simone, bhí an scéim ríthábhachtach chun post buan a fháil, mar chuir sé ar a chumas socrúchán 18 mí a dhéanamh leis an gcuideachta lena n-oibríonn sé go lánaimseartha anois – an déantúsóir teicneolaíochta agus nuálaíochta Angelantoni (http://www.angelantoni.it/), atá suite sa réigiún.

*"Bhí an scéim thar a bheith tábhachtach dom mar chabhraigh sé liom leanúint orm ag taighde, an táirge a phaitinniú, taithí a fháil ar an saol oibre agus méadú ar na féidearthachtaí fostaíochta a bhí agam."*

"Bhí an scéim thar a bheith tábhachtach dom mar chabhraigh sé liom leanúint orm ag déanamh taighde, an táirge a phaitinniú, taithí a fháil ar an saol oibre agus méadú ar na féidearthachtaí fostaíochta a bhí agam," ar seisean. "Is trí thimpiste a fuair mé amach faoin deontas. Chonaic mé fógra ag cuardach taighdeoirí ach ar dtús cheap mé nach mbeadh sé oiriúnach dom. Chreid mé go raibh na deontais dírithe ar dhaoine a bhí ag obair le hollscoileanna nó in ionaid taighde cheana féin. Pé scéal é, cheap mé nach bhféadfadh donas ar bith teacht as, agus rinne mé iarratas."

## Fuinneamh gréine

Roghnaíodh Simone as grúpa mór iarrthóirí agus bronnadh an deontas air. Thug sé deis dó socrúchán taighde a fháil leis an gcuideachta, ag déanamh taighde ar an bhféidearthacht cineál nua córais 'fhótavoltaigh chomhchruinnithe' ar scála beag a chur ar fáil a d'úsáidfeadh cumhacht na gréine chun fuinneamh a ghiniúint.

"Nuair a thosaigh mé leis an taighde ní raibh mórán ar eolas agam faoi ábhair fhótavoltacha," ar seisean, "ach is réimse an-spreagúil é, go háirithe i láthair na huaire toisc an spéis mhéadaitheach i bhfuinnimh in-athnuaite."

Cuireadh tús le forbairt na gcóras fótavoltach sna Stáit Aontaithe sna 1980í. "Anseo san Iodáil, ní raibh mórán eolais ag aon duine orthu," arsa Simone. "Thosaíomar ag an urthosach." Agus é ag oibriú le hinstitiúidí taighde agus le hollscoileanna Iodálacha eile, d'éirigh leis próiseas a fhorbairt a bhí níos saoire agus níos éifeachtaí ná próisis fhótavoltacha gréine traidisiúnta.

Déanann an córas fuinneamh ón ngrian a chomhchruinniú le lionsa agus ansin deighleann sé na gathanna ina raonta minicíochta éagsúla. "An buntáiste is mó a bhaineann leis ná go mbíonn a theocht i bhfad níos ísle ná teocht réiteach comhchosúil. Ní éiríonn na cealla ró-the agus mar sin bíonn sé i bhfad níos éifeachtaí," a mhíníonn sé. Rinne an chuideachta an t-aireagán a phaitinniú agus i bhfómhar 2008, tairgeadh post buan do Shimone chun cur ar a chumas leanúint ar aghaidh lena chuid oibre.

"Nuair a thosaigh mé ar dtús bhí sé beagán cosúil le cluiche. Bhí mé ag foghlaim faoi réimse nua agus ag imscrúdú nithe éagsúla," ar seisean. "Níor thuig mé céard a bhí bainte amach agam go dtí gur paitinníodh an próiseas. Bhí mé an-bhródúil as."

Tugann sé an rabhadh nach bhfuil siad ach "ag céim an-luath" fós, agus gach seans nach mbeidh an táirge críochnaithe ar an margadh go ceann roinnt blianta. "Teastaíonn uaim a bheith ann go dtí go gcríochnófar é anois, áfach. Is iontach an rud é obair cheannródaíoch a dhéanamh ar rud éigin den chineál seo."

# Dírigh in airde



I gcathair chúigeach Siauliai i dtuaisceart na Liotuáine, braitear go bhfuiltear i bhfad ó chroílár na hEorpa, agus fiú amháin ó phríomhchathair na tíre féin, Vilnias, ach tá sé de rún ag Nedas Jurgaitis, múinteoir teanga sa choláiste áitiúil, fanacht cothrom le dáta leis an gcuid eile den domhan.

"Tá athruithe dearfacha ag tarlú inár réigiún," ar seisean. "Táimid i bhfad ó chroílár rudaí anseo, ach tá córas scoile den scoth, coláiste iontach agus an-chuid mac léinn maith againn. Tá cuma dhearfach ar na blianta amach romhainn."

Is é an teangeolaíocht chomparáideach an rud is fearr le Nedas. Tar éis dó céim Mháistreachta a bhaint amach san ábhar sin, thosaigh sé ag múineadh i gColáiste Siauliai, ach toisc nach raibh mórán taithí taighde aige ní raibh sé ró-dhóchúil go mbeadh tionchar aige ar an domhan acadúil.

Athraíodh é sin nuair a d'fhreastail sé ar shraith speisialta cúrsaí, seimineár agus ceardlann oiliúna, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Ba í aidhm tionscadal *MOKOM* (Inniúlacht i dtaighde eolaíoch a fhorbairt) oiliúint a chur ar fáil, feabhas a chur ar cháilíochtaí agus eolaithe agus taighdeoirí eile a athcháilíochtú chun go mbeadh ar a gcumas freastal ar riachtanais an mhargaidh reatha. Chuala Nedas faoin gclár ó dhuine de na riarthóirí ag an gcoláiste agus moladh dó agus do roinnt dá chomhghleacaithe páirt a ghlacadh ann.

## Leas a bhaint as láidreachtaí na hEorpa

I rith na sraithe MOKOM, a bhí ar siúl ó mhí Mheán Fómhair 2005 go dtí mí Feabhra 2008, bhuail Nedas agus a chomhghleacaithe le roinnt de na taighdeoirí, eolaithe agus léachtóirí ollscoile is fearr agus is cáilithe san Eoraip.

Chlúdaigh an cúrsa ábhair cosúil le 'uirlisí TF nua do thaighde', 'tógáil foirne' agus 'torthaí taighde a chur in iúl'. Cuimsíodh obair phraiticiúil cosúil le modheolaíochtaí nua taighde a fhorbairt agus láithreoireachtaí eolaíocha úrscothacha a ullmhú.

Deir Nedas go bhfuair sé léargas tábhachtach ar a chuid oibre agus ar réimse na teangeolaíochta comparáidí. Thug an t-eispéireas muinín agus inspreagadh nua dó. "Fuair mé taithí luachmhar trí

*"Bhí tionchar dearfach ag an gclár seo ar mo mhodh teagaisc, agus níos bunúsaí fós, ar an gcaoi a smaoiním faoi oideachas agus taighde."*

pháirt a ghlacadh sa chlár seo," ar seisean. "Bhí tionchar dearfach aige ar mo mhodh teagaisc, agus níos bunúsaí fós, ar an gcaoi a smaoiním faoi oideachas agus taighde." Agus féinmhuinín nua aige, deir Nedas go bhfuil sé níos ullmhaithe ná mar a bhí sé riamh le dul in iomaíocht sa domhan acadúil ardleibhéil.

## Féinmhuinín nua

Níl Nedas ach 28 bliain d'aois, ach is Ceann Rannóg Caidreamh Idirnáisiúnta Choláiste Siauliai é cheana féin. Rinne sé cinneadh le deireanas dul chun cinn a dhéanamh agus tá obair PhD á pleanáil aige, chun cabhrú leis post ollaimh a bhaint amach sa todhchaí. Agus le hiníon nua acu, tá Nedas agus a bhean chéile ag tnúth go mór leis na blianta amach rompu.

"Ní dhéarfainn nach raibh aon fhéinmhuinín agam cheana féin," ar seisean. "Bhí mé cinnte fúm féin agus faoi mo thodhchaí, a bheag nó a mhór, ach ní raibh an t-eolas agus an taithí agam a bhí ag teastáil chun an chéad chéim eile a thógáil agus chun an todhchaí sin a bhaint amach. Bhí rud éigin ar iarraidh. Anois tá mo bhealach chun cinn soiléir, agus feicim deiseanna nua dom féin agus do mo theaghlach."

# Ag taispeáint an bhealaigh ar aghaidh do dhaoine eile




Tá pearsantacht chuideachtúil mhealltach ag Mogens Lausen, ach ní raibh sin fíor i gcónaí. Is ceoltóir agus aisteoir tréitheach anois é, ach bhí air déileáil lena scáithínteacht luath ar scoil agus ina shaol pearsanta.

“Tógadh i mbaile beag i dtuaisceart na hIútlainne mé,” a mhíníonn sé. “Ba leanbh ciúin mé agus ní raibh sé éasca dom mé féin a chur in iúl, ach bhí dúil agam sa cheol i gcónaí."

Ar dtús, theastaigh ó Mhogens staidéar a dhéanamh ar an gceol ag Ollscoil Aarhus, ach ag an am bhí rannóga ceoil á gciorrú ar fud na tíre. “Ní raibh aon amhras ann ach go mbeadh streachailt i gceist le bheith i mo cheoltóir gairmiúil,” ar seisean. “Bhí dúshláin eile i gceist leis an amharclannaíocht agus cheap mé go mb'fhéidir go n-oirfeadh sé dom, agus mar sin chláraigh mé mar mhac léinn drámaíochta.” Cinnte, ba chinneadh cróga é sin do dhuine ar a raibh géar-scáithínteacht. Pé scéal é, bheadh ról suntasach ag cathair Aarhus sna blianta amach roimhe.

“Is lárionad cultúrtha spreagúil beoga é seo,” arsa Mogens. Is é Aarhus an dara cathair is mó sa Danmhairg agus calafort príomhúil na tíre, agus le blianta beaga anuas cuireadh sraith mórthionscadal athchóirithe poiblí i gcrích ann a d'athraigh an ionchathair a bhíodh ag titim as a chéile go lárionad do chultúr agus do thráchtáil áitiúil. Le breis agus 300,000 duine ina gcónaí ann, tá 'Príomhchathair na hIútlainne' mar theideal neamhoifigiúil ar Aarhus.

## Ag cur le taithí luachmhar

“Rinne mé roinnt aisteoireachta gairmiúil anseo sa chathair nuair a chríochnaigh mé leis an gcoláiste,” arsa Mogens, “agus bhí mé i mo stiúrthóir ar roinnt píosaí, fiú amháin. Trí mheán mo chuid oibre, d'fhoghlaim mé cuid mhaith faoin bhféinmhuinín, ach níl saol na hamharclainne éasca agus bhí roinnt tréimhsí deacra agam féin agus ag mo bhean chéile."

Thuig Mogens gurbh é an bealach chun cinn ná a ghnó féin a thosú. Chonaic sé go raibh ar a chumas cabhrú le daoine féinmhuinín a fhorbairt agus snas a chur ar a 'dtaibhithe saoil'. D'fhorbair sé a theicnící oiliúna féin le linn a bhlianta san amharclann, ag úsáid a chuid eolais mar aisteoir agus mar

> *"Chabhraigh an t-eispéireas liom tuiscint shoiléir a fháil ar céard atá ag teastáil uaim agus conas a theastaíonn uaim é a bhaint amach. Agus múinim an rud céanna do dhaoine eile."*

thaibheoir chun cabhrú le haisteoirí eile iad féin a chur in iúl, teacht ar inspreagadh agus déileáil le saincheisteanna pearsanta deacra. Thuig sé go bhféadfaí na teicnící céanna a úsáid chun cabhrú leis an bpobal i gcoitinne, ach bhí cabhair de dhíth air chun slí bheatha inmharthana a chruthú as a chuid idéanna.

"Bhí roinnt idéanna soiléire agam faoin sprioc a bhí agam," arsa Mogens, "ach bhí mé ag iarraidh cuideachta a thosú gan aon taithí. Idir an dá linn, bhí mo bhean chéile ag lorg tacaíochta do ghrúpa amharclannaíochta a bhfuil sí i gceannas air, agus chiallaigh sin nach raibh ár staid airgeadais cobhsaí. Bhí a fhios agam go raibh cabhair ag teastáil uaim chun mo ghnó a thosú, agus go raibh orm gníomhú láithreach."

## Níos mó ná rialacha agus rialacháin

Chuir cúrsa oiliúna speisialta d'fhiontraithe nua, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, cabhair ar fáil do Mhogens agus dá theaghlach. Chabhraigh an cúrsa le Mogens a chuideachta a bhunú. "Fuair mé faisnéis rí-luachmhar faoi conas gnó a thosú. Tá a lán rialacha agus riaracháin is gá cloí leo, a lán coinníollacha nach mór iad a chomhlíonadh," ar seisean.

Chuimsigh an cúrsa oiliúna, a d'eagraigh Lárionad Fiontraíochta Ollscoil Aarhus, comhairle choincréiteach faoi dhéileáil le rialacha agus rialacháin tráchtála, ach cheangail sé ar na rannpháirtithe scrúdú a dhéanamh ar a scileanna pearsanta, ar a n-inspreagthaí agus ar a n-ionchais freisin. "Ba chabhair mhór dom é go raibh 'rialacha an bhóthair' ar eolas agam," arsa Mogens. "Ní bheadh sé ar mo chumas mo ghnó a thosú gan é, ach d'fhoghlaim mé faoi mo láidreachtaí agus laigí, mo phearsantacht agus mo chumas mar fhiontraí neamhspleách freisin."

## I dtreo an ratha

Inniu, tá a ghnó féin ag Mogens in Aarhus. Cuireann *Re-Act!* seirbhísí oiliúna agus comhairliúcháin ar fáil do dhaoine ar bhreá leo dul chun cinn a dhéanamh ina slite beatha, scileanna a fhorbairt, déileáil le fadhbanna gnó agus fadhbanna pearsanta a shárú.

Mar gheall ar obair Mhogens, taistealaíonn sé chuig cuideachtaí agus eagraíochtaí i lár na cathrach agus sa cheantar máguaird, agus cuireann sé seisiúin oiliúna ar fáil ina oifig bhaile freisin. "Ní fhéadfainn a rá go bhfuil cineál amháin cliaint agam," arsa Mogens. "Is daoine iad ar bhreá leo a slite beatha a athrú, cuideachtaí atá ag smaoineamh ar athstruchtúrú straitéiseach a dhéanamh, nó eagraíochtaí atá ag déanamh caibidlíochta crua le húdaráis rialtais nó le comhlachtaí eile." Deir sé gur daoine iad uile a bhfuil pearsantachtaí agus tréithe éagsúla acu agus ar gá dóibh iad féin a chur in iúl agus daoine eile a thuiscint agus idirghníomhú leo.

"Má tá a fhios agat cé tú féin agus cén fáth go dteastaíonn na rudaí uait atá ag teastáil uait, féadann sé sin dul i bhfeidhm ar do ghnóthachtáil," arsa Mogens. "D'fhoghlaim mé é sin le linn an chúrsa de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa. Chabhraigh an t-eispéireas liom tuiscint shoiléir a fháil ar céard atá ag teastáil uaim agus conas a theastaíonn uaim é a bhaint amach. Agus múinim an rud céanna do dhaoine eile; faoin tráth seo, chabhraigh mé leis na céadta daoine dul chun cinn a dhéanamh ina saolta agus ina slite beatha. Déarfainn gur fíor-rath é sin."

# Cuimsiú sóisialta

# Ag aimsiú an bhealaigh chirt



Is mac léinn in Ollscoil Liúibleána í Jana Urbanija, agus tá dearcadh dearfach aici faoin todhchaí. Tá an bean 26 bliain d'aois ag déanamh staidéir ar gheoiteicneolaíochtaí agus tá sé beartaithe aici post a fháil sa tionscal mianadóireachta.

"Teastaíonn uaim bheith i m'innealtóir," ar sise. "Tá post uaim a chuirfidh ar mo chumas oibriú ar thionscadail ar scála mór i dtíortha éagsúla timpeall an domhain."

Ní raibh a saol chomh rianúil i gcónaí, áfach, agus roinnt blianta roimhe seo, ní raibh cuma chomh dearfach sin ar a todhchaí. Agus í ina déagóir sa réigiún gar do Loch Bled, bhí an saol callóideach go leor. "Nuair a bhí mé ag fás suas bhí a lán fadhbanna agam," ar sise. "Ba phótaire é m'athair agus fuair mo thuismitheoirí colscaradh. Ní raibh mé ach sé bliana d'aois an chéad uair a rith mé ó bhaile, agus bhí dúlagar orm ó bhí mé 12 bhliain d'aois."

Thaitin an spórt go mór léi, ach bhí uirthi éirí as a lán gníomhaíochtaí mar thoradh ar fhadhbanna lena cuid glún – rud a mhéadaigh a coimhthíos. "Níor réitigh mé le haon duine agus bhí mo shaol imithe in olcas." Agus í ag iarraidh teacht ar áit ina mbraithfeadh sí cuí compordach, thosaigh sí ag úsáid drugaí. "Ar dtús ba rud sóisialta é, ag cóisirí agus ag clubanna, ach d'éirigh sé níos tromchúisí." Thosaigh sí ag tógáil eacstaise gach uile lá, agus níorbh fhada go raibh drugaí níos crua á n-úsáid aici. "Bhí mé ag tógáil suas le cúig phiollaire in aghaidh an lae. Ansin, thosaigh mé ag tógáil hearóine chun mé a ísliú agus mé ar na ribí."

Thosaigh sí ag goid chun íoc as an andúil, a bhí ag dul i méid go tapa, agus chaill sí a cairde dá bharr. "Ní raibh aon rud i gcoiteann againn. Ba chuma liom faoi gach rud. Ar scoil, chaith mé go leor ama liom féin agus thosaigh mé ag lorg cairde a raibh spéis acu i ndrugaí freisin. Faoi dheireadh, bhí mé ag caitheamh níos mó ama i mbeáir ná mar a bhí ar scoil," ar sise. Ní nach ionadh, is dócha, gur theip uirthi sa bhliain deiridh scoile agus d'éirigh sí aisti. "Agus faoin tráth seo, bhí mé i dtrioblóid rialta leis na póilíní freisin."

## Dul i mbun athraithe

Chabhraigh clár oiliúna neamhfhoirmiúla a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa léi a saol a athrú. Tá an clár *Project Learning for Young Adults* [Foghlaim Tionscadail do

*"Ar an gcúrsa, déileáladh liom mar dhuine aonair. Ba thimpeallacht mhaith é. Thug gach duine tacaíocht dá chéile, ní rabhamar in iomaíocht agus bhíomar in ann a bheith nádúrtha."*

Dhaoine Fásta Óga] (PLYA) dírithe ar chabhrú le daoine óga nach gcríochnaíonn gnáth-oideachas fostaíocht a fháil. Mar chuid den chlár, cuirtear tionscadail in ealaíona agus i gceardaíocht, foghlaim phraiticiúil, forbairt phearsanta agus comhairleoireacht ar fáil.

I gcás Jana, chabhraigh sé léi a saol a iompú. "Ba é an rud a bhí díreach ag teastáil uaim. Thuig mé go bhféadfadh saol éagsúil a bheith agam." Thug sí faoi deara láithreach go raibh difríocht dhearfach idir an clár agus a heispéiris oideachais roimhe seo "Ar scoil, níl ionat ach uimhir. Ach ar an gcúrsa, déileáladh liom mar dhuine aonair. Bhí na fadhbanna céanna ag gach duine ann, brúdh iad uile as an ngnáthchóras," ar sise. "Mar sin, ba thimpeallacht mhaith é. Thug gach duine tacaíocht dá chéile, ní rabhamar in iomaíocht agus bhíomar in ann a bheith nádúrtha."

D'fhreastail sí ar an gcúrsa ar feadh bliana. Bhí sí fós ag tógáil drugaí, áfach, ach thuig sí ansin gur theastaigh uaithi fáil réidh lena handúil. "Bhí mé ag dul as mo mheabhair," ar sise. "Bhí eagla orm go gcríochnóinn in institiúid mheabhairshláinte nó go bhfaighinn bás."

Shocraigh sí dul chuig pobal dúnta chun fáil réidh lena hainbhéas drugaí agus chun a saol a athshlánú. "Bhí sé an-deacair," ar sise. Bhí an pobal, a bhí eagraithe ag eagraíocht Chaitliceach bunaithe san Iodáil, an-docht – ní raibh aon teilifís ann, ní dhearnadh ach mionteagmháil leis an domhan mór lasmuigh, ní raibh mórán sóchas ábhartha ann agus chuimsigh sé clár d'obair chrua fhisiceach. "Bhí sé níos measa ná an t-arm," arsa Jana.

Mar sin féin, dar le Jana, bhí na hathruithe pearsanta níos deacra ná an obair fhisiceach. "Caithfidh tú glacadh leat féin díreach mar atá tú, agus obair a dhéanamh ansin chun feabhas a chur ort féin. Tugtar freagracht duit agus is duine thú ag an deireadh. Tá deis agat do lochtanna a fheiceáil," a mhíníonn sí. "Ba chineál ifrinn é, ach anois tá cuimhní maithe agam toisc go bhfuil an pobal chomh híon. Tá sé macánta agus déanann tú cairde iontacha. Tá sealanna áille ann toisc go bhfuil an bheatha ann chomh híon sin."

Tar éis beagnach trí bliana, bhraith Jana go raibh sí réidh aghaidh a thabhairt ar an domhan arís. D'fhill sí abhaile in 2004. "Ghlac m'iar-chairde liom, agus ba chabhair mhór é sin. Thosaigh mé ag staidéar arís ar an bpointe. Is é an rud is measa [d'andúileach drugaí] ná a bheith uaigneach agus i d'aonair." Rinne sí a scrúduithe scoile arís, agus ansin rinne sí cúrsa breise chun áit a fháil ar a cúrsa ollscoile reatha.

## Tabhair rud éigin ar ais

Tá dearcadh fealsúnach ag Jana faoin am atá thart, agus tuigeann sí go raibh an t-ádh uirthi. "Táim an-bhuíoch as an gcabhair uile a fuair mé agus as na daoine a d'fhreastail ar mo riachtanais," ar sise. "Fuair mé an-chuid cabhrach agus ba bhreá liom an chabhair chéanna a thabhairt do dhaoine eile."

Déanann sí sealanna oíche ag lárionad do dhaoine óga le fadhbanna drugaí agus alcóil, ag úsáid a cuid taithí chun cabhrú le daoine eile a bhfuil deacrachtaí acu. Déanann sí maoirseacht ar na déagóirí a bhíonn ag fanacht ann agus tugann sí comhairle dóibh nuair is féidir léi.

"Ba bhreá liom pobal a bhunú cosúil leis an gceann ar fhreastail mé air ach dírithe ar chabhrú le daoine a bhfuil dúlagar orthu," ar sise. "Ach is sprioc fhadtéarmach í sin. I láthair na huaire, táim ag baint taitneamh as a bhfuil á dhéanamh agam agus ag tnúth go mór leis an todhchaí."

# Scileanna nua TF le haghaidh todhchaí níos fearr




"Mar aon le han-chuid daoine sa lá atá inniu ann, úsáidim ríomhairí le haghaidh an ghnó agus le haghaidh caitheamh aimsire. Má tá a fhios agat conas an leas is fearr a bhaint as na teicneolaíochtaí seo, beidh do shaol níos fearr agus beidh todhchaí níos dearfaí i ndán duit." Sin a deir Christos Giannakopoulos, fear óg a bhfuil dearcadh dearfach aige a bhuíochas le Ciste Sóisialta na hEorpa, go páirteach ar a laghad.

Cailleadh tuismitheoirí Christos nuair a bhí sé óg, agus bogadh é féin agus a dheartháir níos sine ón Aithin chuig dílleachtlann ar imeall Chalkida. Tá cónaí air san institiúid fós, atá suite ar thailte sean-chlabhstra. Ar an imeallbhord carraigeach tá séipéal bídeach le grúpa d'fhoirgnimh bheaga mórthimpeall air, lena n-áirítear seomraí ranga agus clós súgartha, agus foirgneamh níos mó ina bhfuil dórtúir, cistin mhór agus seomraí coiteanna do thart ar dheichniúr dílleachtaí.

## Anfhorlann a shárú

"Bhí an suíomh go hálainn," arsa Christos, le súil ar shíocháin ghorm Mhurascaill Evia, "ach bhí sé deacair fás suas gan mháthair ná athair fós." Mar sin féin, d'éirigh leis an mbeirt bhuachaillí déileáil leis an mbac sin. Nuair a bhí sé in am dó, chuaigh Christos chun a sheirbhís náisiúnta a dhéanamh.

I láthair na huaire, tá seirbhís mhíleata éigeantach uilíoch d'fhir sa Ghréig, agus mar sin déanann gach fear os cionn 18 mbliana d'aois seirbhís 12 mhí. Nuair a bhí Christos san arm, mhol an t-oifigeach i gceannas air dó clárú le clár oiliúna saor in aisce ar theicneolaíocht faisnéise. Ghlac Christos an deis ar an bpointe. Bhí an cúrsa dírithe ar ghrúpa leathan, lena n-áirítear daoine faoi mhíbhuntáiste agus baill na bhfórsaí cosanta, agus fuair sé tacaíocht ón Aontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa.

An aidhm leis an gclár oiliúna ná bunscileanna TF a theagasc, feabhas a chur ar 'litearthacht dhigiteach' na mac léinn agus feabhas a chur ar a n-ionchais sa mhargadh fostaíochta.

Ba é Údarás Feidhmiúcháin Ghníomhaíochtaí Chiste Sóisialta na hEorpa na Gréige, atá ina chuid den Ard-Rúnaíocht um Bainistíocht Cistí Eorpacha – an Aireacht Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta, laistigh de chreat an Chláir Oibríochtúil *Sochaí Faisnéise 2000-2006* – Aireacht Geilleagair agus Airgeadais a reáchtáil an tionscadal.

*"Cuireann teicneolaíochtaí faisnéise uirlisí tábhachtacha ar fáil do gach earnáil sa lá atá inniu ann, agus cinnte ba eispéireas úsáideach dom páirt a ghlacadh sa chúrsa oiliúna."*

Tá an tAonad Eagrúcháin Bainistíochta (AEB) ina institiúid neamhbhrabúis laistigh den earnáil phoiblí níos leithne a thugann cúnamh d'údaráis phoiblí i ndáil le bainistíocht éifeachtúil clár maoinithe ag an AE. Tuairiscíonn an AEB d'Aire Geilleagair agus Airgeadais na Gréige.

Deir Christos gur chabhraigh na ceachtanna TF leis feabhas a chur ar a scileanna ríomhaireachta, nach raibh ró-mhaith roimhe sin, agus go bhfuair sé tuiscint níos fearr ar ghnéithe bunúsacha na próiseála focal agus na bhfeidhmchlár scarbhileoige agus ar conas an t-idirlíon a úsáid.

## Feidhm phraiticiúil

Oibríonn Christos le ríomhaire gach lá, sa bhaile agus ag an obair. "Is féidir teacht ar an-chuid eolais ar an idirlíon," ar seisean. "Úsáidim é chun cumarsáid a dhéanamh le mo chairde, agus chun faisnéis a fháil ar iliomad ábhar. Agus is féidir liom foghlaim faoi tháirgí agus faoi sheirbhísí nua, ach úsáidim ríomhaire ag an obair freisin."

Tá post lánaimseartha aige ag siopa troscáin agus fearais tí gar dá bhaile. Caitheann sé cuid dá chuid ama ag cabhrú le custaiméirí sa seomra taispeántais, ach chomh maith leis sin, seiceálann agus nuashonraíonn sé bunachair shonraí stoic agus fardail ar ríomhaire na hoifige, agus seachadann sé earraí nuair a theastaíonn uaidh béalán den aer cumhra a fháil.

"Bhí tionchar ollmhór ag an gcúrsa ríomhaire saor in aisce ar mo shaol," a mhaíonn sé. "Gan é, ní bheadh mo phost agam inniu." Deir Christos gur éirigh thar barr le mic léinn eile a bhí ar an gcúrsa leis freisin mar thoradh ar na scileanna a d'fhoghlaim siad.

## Súil ar an am le teacht

Dar le Christos, is cloch chora thábhachtach é a phost reatha, ina bhfuil go leor foghlamtha aige faoi bhainistíocht agus faoi conas gnó rathúil a rith. Tá súil aige gnó dá chuid féin a thosú lá éigin, i gcomhpháirtíocht lena dheartháir, b'fhéidir. "Is breá linn bualadh le chéile agus ár dtuairimí a phlé," ar seisean. "Táimid ag smaoineamh ar chaife nó beár idirlín b'fhéidir a oscailt. Cuirfimid ar bun é lá éigin, nuair a bheidh an deis cheart againn.

"Tagaim ó thír ársa ina bhfuilimid bródúil as ár stair," ar seisean freisin. "Ach ní gá dúinn maireachtáil san am atá thart; féadaimid aghaidh a thabhairt ar an am le teacht freisin. Cuireann teicneolaíochtaí faisnéise uirlisí tábhachtacha ar fáil do gach earnáil sa lá atá inniu ann, agus cinnte ba eispéireas úsáideach dom páirt a ghlacadh sa chúrsa oiliúna."

# Ó na sráideanna go dtí an t-ardán taispeána



"Is breá liom Bologna, ach scrios sé mé," arsa Fiorella, ag féachaint ar Piazza Maggiore cáiliúil na cathrach Iodálaí. "Ach tá cineál dlúth-pháirtíochta ar na sráideanna nach bhfuil teacht air aon áit eile."

Ó rith sí ó bhaile agus í ina déagóir, bhí beatha chrua, eachtrach ag Fiorella. Chaith sí roinnt blianta sa phríosún, agus ina dhiaidh sin bhí dúlagar uirthi ar feadh tréimhse fhada. Bhí sí gan dídean ar feadh dhá bhliain, ag dul a codladh i bpáirceanna agus i seomraí feithimh stáisiún. Anois, ag aois 50, tá a beatha socair ar deireadh. Tá árasán dá cuid féin aici a roinneann sí lena madra mongrail Alsáiseach calma, Alba, agus tá caidreamh cobhsaí aici. Lena chois sin, bainistíonn sí siopa éadaí seanré atá maisithe go galánta – *Il Vestito* – i lár na cathrach, áit a siúlann cónaitheoirí agus turasóirí trí stuaraí cáiliúla Bologna. Tá an siopa faoi úinéireacht Piazza Grande, eagraíocht áitiúil a bunaíodh i 1993 chun tacú le daoine gan dídean. Le tacaíocht ón Aontas Eorpach, trí Chiste Sóisialta na hEorpa, d'eagraigh Piazza Grande an oiliúint ghúnadóireachta a chabhraigh le Fiorella post a fháil agus a thug féinmheas ar ais di.

"Ghlac Piazza Grande liom agus thug siad spás agus am dom le cur ar mo chumas teacht chugam féin, agus ghlac mé gach deis a thairg siad dom," ar sise. "Bhí go leor fadhbanna agam, ach choinnigh mé mo dhínit agus mo luachanna i gcónaí. Ag deireadh na dála, is oibrí mé."

## Saoirse a bhaint amach

Rugadh Fiorella do theaghlach saibhir, ach d'ob sí dá cúlra ó aois óg. "D'fhorbair mo mháthair siad i ndiaidh dom a bheith beirthe. Fuair sí bás agus mé 13 bliana d'aois. Ba scéal deacair é. Bhí ar mo chumas leas a bhaint as mo chúlra saibhir ach bhí saoirse ag teastáil uaim i gcónaí. Bhí mo bheatha féin de dhíth orm. Bhí mo thuismitheoirí iontach, agus níor theastaigh uathu ach bheith deas dom. Ach ag an am, ní raibh aon spéis agam ann.

"Tá sé tábhachtach go mbeidh meas ar do theaghlach agat," a chreideann sí anois. "Rinne siad botúin liom, ach tharla sin toisc go raibh fadhbanna acu. Agus bhí siad ró-shaibhir."

Rith Fiorella ó bhaile chun pósadh ag 16 bliana d'aois. "Chros m'athair mo phósadh, agus mar sin chuamar chuig an Róimh chun cead a fháil ón bPápa féin," a chuimhníonn sí. Ach scar an

*"Ghlac Piazza Grande liom agus thug siad spás agus am dom le cur ar mo chumas teacht chugam féin, agus ghlac mé gach deis a thairg siad dom."*

lánúin laistigh de bhliain. Go gairid ina dhiaidh sin, thit sí i ngrá arís, an uair seo le hIndiach Mheiriceá. Ach seachtain i ndiaidh do Fiorella a fháil amach go raibh sí ag iompar clainne, maraíodh i dtionóisc eitilte é. Bhí sí thart ar 18 bliana d'aois nuair a rugadh a mac, Michele, di, a diagnóisíodh le galar croí comhbheirthe agus a fuair bás san ospidéal sé mhí níos déanaí.

"Tar éis bhás mo mhic, chuaigh mo bheatha chun donais," a admhaíonn Fiorella. Ar feadh roinnt blianta, thaistil sí timpeall an domhain – an Astráil, an Bhrasaíl, an Téalainn – ag maireachtáil ar imeall na coireachta i gcónaí. Nuair a gabhadh í ar deireadh, fuair sí téarma fada príosúin.

Mar sin féin, nuair a scaoileadh í athaontaíodh lena hathair í agus thosaigh sí ag obair ina ghnó bialainne mar chócaire. Ansin, maidin amháin i 1992 nuair a tháinig Fiorella chun a chaife maidine a thabhairt dó, fuair sí amach go raibh sé básaithe. Bhí taom croí ollmhór air. Mar thoradh ar an tragóid, tháinig dúlagar trom uirthi. Cé gur lean sí uirthi ag obair ar dtús, "Ní raibh mé ag maireachtáil san fhíor-dhomhan," ar sise. Scar sí í féin ó bhaill eile an teaghlaigh agus thosaigh sí ag tógáil drugaí. "Hearóin, cócaon, meatadón … bhain mé triall as gach rud." De réir mar a chuaigh a fiacha in airde, thosaigh sí ag goid chun í féin a chothú agus chun íoc as a hainbhéas drugaí, agus ar deireadh, fágadh gan dídean í.

## Cabhair áit a bhfuil gá léi

Sa bhliain 2002 a rinne Fiorella teagmháil le Piazza Grande den chéad uair. Ar dtús, bunaíodh an eagraíocht sin chun nuachtán a fhoilsiú chun airgead a thiomsú do dhaoine gan dídean, ach anois cuimsíonn an eagraíocht oibrithe sóisialta agus 'dlíodóirí sráide' *(avvocati di strada)* a théann amach sa chathair chun cúnamh praiticiúil (bia, éadaí, pluideanna) agus comhairle a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, fostaíonn sé 20 duine ina chomharchumann glantacháin agus maisiúcháin (*Fare Mondi*), ina gceardlann rothar, agus sa stóras éadaí, a bhailíonn deontais agus a scaipeann iad ar dhaoine atá ina ngátar. Reáchtálann sé grúpa amharclainne, agus eagraíonn sé gníomhaíochtaí oiliúna anois, a chuireann deiseanna fostaíochta breise ar fáil do na daoine is boichte, is eisiata i mBologna, is inimircigh agus Romaigh an-chuid díobh. "An aidhm atá leis ná go bhforbróidh gach aon duine agus go ndéanfaidh siad cibé rud atá ar a gcumas," arsa eagraithe.

"Fuair oibrithe Piazza Grande sa pháirc mé," a chuimhníonn Fiorella. "Ní duine sráide mé i ndáiríre, agus mar sin shocraigh mé fáil réidh le drugaí. Rinne mé é i m'aonair, ar mo chonlán féin. D'fhoghlaim mé conas troid ar mo shon féin nuair a bhí mé i mbroinn mo mháthar, agus tá pearsantacht láidir agam – sa phríosúin tugadh 'oighear agus tine' orm mar gheall ar mo shúile leáiteacha. Tá an-iomarca nithe feicthe agam, agus mar sin sula n-ionsaítear mé, ionsaím mé féin. Táim crua, ach táim paiseanta freisin."

## Luach bunúsach na hoibre

Thug Piazza Grande an dóchas di a bhí ag teastáil uaithi. Tar éis roinnt míonna a chaitheamh san ospidéal le dochar tromchúiseach ailse agus ae a d'fhéadfadh a bheith marfach, bhí sí in ann cóiríocht dá cuid féin a fháil. "Cé go raibh fadhbanna agam fós, thosaigh Piazza Grande ag tabhairt oibre dom," ar sise. In 2004, rinne sí an cúrsa i ngúnadóireacht bhunúsach. "Nuair a bhí mé óg, ba ghúnadóirí iad na feighlithe leanaí a thug aire dom. Ba ghnáth dom féachaint orthu ag obair. Theastaigh uaim i gcónaí é a dhéanamh mé féin." Rinne sí cúrsa oiliúna eile in 2006 a mhúin di conas éadaí seanré a aithint agus conas iad a athrú go héadaí faiseanta. Ar deireadh, i mí na Samhna 2007, osclaíodh *Il Vestito*. Tá Fiorella agus a cúntóir Micaela Ugolini freagrach as bainistíocht airgeadais an ghnó, as roghnú na n-éadaí a dhíolfar ó na deontais éadaí, agus as rith an tsiopa, le cabhair ó fhoireann bheag gúnadóirí oilte a dhéanann éadaí a athrú.

"Táim sásta leis an méid atá á dhéanamh agam anois – cé go bhféadfainn beagán níos mó a dhéanamh. Ach rinne Piazza Grande infheistíocht ionam, agus caithfidh mé buíochas a ghabháil leo," arsa Fiorella. Roinnt ama ó shin, athaontaíodh lena deartháireacha agus deirfiúracha, a nianna agus a neachtanna í i ndiaidh tréimhse fada de choimhthiú.

Ar na sráideanna, bhí cónaí uirthi le grúpa daoine gan dídean a raibh meas acu ar a chéile agus nár chuir isteach ar ghnóthaí a chéile riamh. "Ach ní fhillfinn air – ní fhillfinn cinnte!" a dhearbhaíonn sí. "Bhí orm fáil réidh le m'instinn féinscriosta, ach ní raibh orm fáil réidh leis na daoine a raibh aithne agam orthu. Ní mór a bheith dearfach. Má tá tú dearfach, féadann tú cabhrú le daoine eile freisin, agus déanaim iarracht cabhrú le daoine eile, ar mo bhealach féin."

# Lámh chuidithe, áiméar fuascailte



Ní drochdhuine é Ailean Mag Fhionnlaigh, ach bhí deacrachtaí aige agus é ag fás suas ar shráideanna crua Ghlaschú. Bhí cairde gan mhaitheas aige agus faoin am go raibh sé 18 mbliana d'aois bhí roinnt botún déanta aige agus bhí sé tar éis páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí amhrasacha. Ar deireadh, bhí a bheatha iomlán dírithe ar an ól, agus bhí sé ina chúis le trioblóid sna tithe tábhairne agus trodaireacht sna sráideanna. Tar éis tamaill, bhí sé gafa ag timthriall de dhífhostaíocht agus d'úsáid drugaí agus, ar deireadh, gearradh pianbhreith air.

Scaoileadh amach as an bpríosún é, agus roinnt blianta níos déanaí bhí sé pósta go sásta, rud a thug struchtúr agus muintearas do Ailean. Ní raibh deireadh lena anrath fós, áfach. Bhí frustrachas air nuair a chaill sé post eile. Bhí an chuma air nach bhféadfadh sé éalú óna chor chun donais riamh. Chaill sé dóchas agus tháinig dúlagar air.

Inniu, deir sé, "Uaireanta bíonn an dara háiméar sa saol ag teastáil ó dhaoine, agus bhí an t-ádh orm go bhfuair mé an dara háiméar sin."

## Gaois trí mheán taithí

Thug an tionscadal *Oiliúint Bheatha*, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, an dara háiméar do Ailean. An aidhm a bhí leis ná cabhrú le hiar-phríosúnaigh poist a fháil. Múineadh d'oiliúnaithe, a bhí ina n-iar-chiontóirí, conas comhairle agus comhairleoireacht a sholáthar d'iar-chiontóirí eile a bhí ag filleadh ar cheantar Ghlaschú tar éis tréimhse a chaitheamh sa phríosún.

Chabhraigh an tionscadal le hAilean déileáil lena fhadhbanna féin agus feabhas a chur ar a bheatha. Tar éis dó an oiliúint a chríochnú, d'fhostaigh an *Wise Group* [Grúpa Gaoise] é agus anois oibríonn sé go lánaimseartha ina oifig in Wishaw, Albain ag cabhrú le hiar-chiontóirí eile.

Mar sin, tá Ailean ar ais sa phríosún – ach an uair seo, tá sé ag cabhrú le daoine eile: daoine cosúil leis féin a bhfuil an pointe is ísle ina saol sroichte acu agus a rinne drochroghanna. Buaileann sé le príosúnaigh a scaoilfear go luath agus cabhraíonn sé leo filleadh ar an mbeatha lasmuigh, obair agus tithíocht a fháil,

*"Uaireanta bíonn an dara háiméar sa saol ag teastáil ó dhaoine, agus bhí an t-ádh orm go bhfuair mé an dara háiméar sin."*

teagmháil a dhéanamh le seirbhísí, agus a ndóchas a chothabháil agus fanacht ar thaobh ceart an dlí.

Glactar leis go bhfuil an múnla tacaíochta piaraí, ina gcabhraíonn iar-phríosúnaigh le hiar-phríosúnaigh eile, ina bhealach éifeachtúil le muinín a bhunú, le sláinte mheabhrach agus mhothúchánach úsáideoirí seirbhíse a threisiú, agus le féindíobháil agus athchiontú a laghdú.

## Sásamh poist

"Feicimid roinnt cásanna uafásacha," a mhíníonn Ailean. "Buailimid le daoine óga is andúiligh drugaí iad, le riocht dona orthu, éadóchasach, réidh chun lámh a chur ina mbás féin, fiú amháin. Is tragóideach an rud é, d'fhéadfadh sé do chroí a bhriseadh, ach braithimid an-bhródúil, an-sásta nuair is féidir linn cabhrú le duine de na daoine seo a shaol a iompú, cabhrú leo áit mhaireachtála agus post a fháil.

Is sásamh agus féinmhuinín atá freagrach as rath nua-fhaighte Ailean. Rinne an tionscadal *Oiliúint Bheatha* difríocht ollmhór dó féin agus dá theaghlach, agus inniu is féidir leis a rá go macánta gur fear áthasach é. "Mura raibh an clár ann, bheadh smacht iomlán caillte agam ar mo bheatha féin. Chuir sé ar mo chumas a bheith mar an fear ar chóir dom a bheith i bhfad ó shin."

# Cumarsáid do bhodhair



Bhí Mário Greško bodhar agus balbh nuair a rugadh é, agus ní raibh ann ach naíonán nuair a d'fhág a mháthair i ndílleachtlann faoin tuath sa tSlóvaic é. Níor thosaigh a aistear fada chuig saoirse agus lánsástacht go dtí gur bogadh chuig scoil do leanaí bodhra é ag sé bliana d'aois.

"Deirim le daoine gur rugadh dhá uair mé," ar seisean. "Rugadh mé don dara huair nuair a bhí mé sé bliana d'aois. Roimhe sin, ní raibh aon smaointe soiléire agam. Is beag nach bhfuil aon chuimhní agam roimhe sin, níl agam ach imprisin neamhshoiléire. Tá a fhios agam go mbínn ag súgradh le leanaí eile. D'fheicinn a mbéil ag gluaiseacht agus thuiginn go raibh sin tábhachtach ach bhíodh mearbhall orm agus ní thuiginn céard a bhíodh ag tarlú. Is beag go bhfuil gach rud a bhain leis na tréimhsí sin imithe ó mo chuimhne anois."

## Drochthús a shárú

Nuair a bogadh chuig scoil speisialta é bhí Mário in ann foghlaim agus idéanna soiléire, sonracha a fháil. "D'fhoghlaim mé teanga chomharthaíochta," ar seisean, "agus tosaíonn mo chuimhní timpeall an trátha sin." D'fhoghlaim Mário conas beola a léamh agus conas léamh agus scríobh freisin. "Thuig mé cé mé féin agus céard a bhí ionam," ar seisean, "conas a bhí mé difriúil, agus go bhféadfainn a bheith ag tnúth le rud éigin níos fearr."

Nuair a bhí sé in am dó, bhog sé chuig an mBratasláiv, áit ar thosaigh sé ag obair mar phrintíseach táilliúra. "Bhí foghlaim gairme ina cuid den churaclam ag scoil na mbodhar," a mhíníonn Mário. "D'fhoghlaim mé conas éadaí a dhéanamh, agus mar sin ba chéim loighciúil í obair a lorg san earnáil táilliúireachta. Ba thús é, ach níor theastaigh uaim é sin a dhéanamh don chuid eile do mo shaol. Ba é m'fhís post a fháil i dtionscal na ngluaisteán. Ag deireadh an lae, is aoibhinn liom gluaisteáin."

## Dóchas nua

D'inis cara do Mhário go raibh cúrsa oiliúna speisialta i dteicneolaíocht faisnéise ar fáil do bhodhair, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Chuimsigh an cúrsa, a bhí laistigh de chreat an chláir EQUAL, faisnéis ar uirlisí nua bogearraí agus seirbhísí ar líne do na bodhair.

*"Nuair a thuig mé conas ríomhaire agus an t-idirlíon a úsáid, bhí a lán deiseanna éagsúla ar fáil dom."*

"Bíonn fadhbanna sonracha i ndáil le teanga ag daoine bodhra agus balbha," arsa comhordaitheoir tionscadail EQUAL Milan Ručkay. "Ní bhaineann sé le haistriúchán simplí. Tá coincheap na teanga scríofa go hiomlán éagsúil ón teanga chomharthaíochta. Is gníomhartha siombalacha iad léamh agus scríobh: comhfhreagraíonn litreacha i bhfocal d'fhuaimeanna, comhfhreagraíonn focail do rudaí, gníomhartha agus coincheapa. Feicimid litreacha agus focail agus cloisimid inár n-aigní iad. Ach ní chloiseann duine bodhar balbh aon fhocal." Deir Ručkay go bhfuil teanga chomharthaíochta níos cosúla le cur síos fisiceach a dhéanamh ar rud éigin le do lámha. "Is teanga dá cuid féin í, le comhréir agus gramadach ar leith."

Le linn a chúrsa oiliúna, d'fhoghlaim Mário faoi sheirbhísí ar líne atá ar fáil chun cabhrú le daoine gan éisteacht, mar shampla, chun tuiscint níos fearr a fháil ar fhaisnéis scríofa. Ar deireadh, shocraigh Mário infheistiú i ríomhaire glúine. "Ba é an rud is fearr a rinne mé riamh," ar seisean. "Nuair a thuig mé conas ríomhaire agus an t-idirlíon a úsáid, bhí a lán deiseanna éagsúla ar fáil dom."

## Saol níos spreagúla

Le scileanna agus féinmhuinín nua, thosaigh Mário ag déanamh iarratas ar phoist ar líne, agus fuair sé ceann. Anois, oibríonn sé le cuideachta Brose mar oibreoir ar líne chóimeála gluaisteán. Is déantúsóir fadbhunaithe comhpháirteanna don tionscal gluaisteán é Brose. Táirgeann a shaoráid sa Bhratasláiv cóimeálacha doirse gluaisteán don mhonarcha Volkswagen nach bhfuil ach roinnt ciliméadar uaidh.

Ní hé Mário an t-aon duine bodhar balbh ar líne chóimeála Brose, a mhíníonn an Bainisteoir Acmhainní Daonna Ediltrúda Makarová. "Tá beartas oscailte againn i ndáil le daoine faoi mhíchumas. Tá daoine bodhra anseo agus tá daoine nach bhfuil bodhar ach atá líofa i dteanga chomharthaíochta agus atá in ann cabhrú le haistriúchán nuair is gá. I ndáiríre, is cumarsáidí iontach é Mário, le focail nó gan iad. Éiríonn linn uile tuiscint a fháil ar a chéile. Is oibrí iontach, díograiseach é, atá cosúil le gach oibrí eile sa mhonarcha."

Ní féidir a shéanadh gur éirigh le Mário anfhorlann a shárú, ach ní chaitheann sé mórán ama ag smaoineamh ar an am atá thart. Ag 30 bliain d'aois, le post maith agus tuarastal iomaíoch, tá sé ag cruthú saoil agus todhchaí níos fearr dó féin. Deir sé gur bhreá leis bogadh isteach in árasán níos deise agus tá sé ag coinneáil súl amach do pháirtí féideartha le pósadh. "Níl spéis agam ach in iarratais ó mhná incháilithe!"

"Tháinig athrú mór ar mo shaol," ar seisean. "Ba rogha iontach é foghlaim conas oibriú le ríomhaire. Tá áthas orm go raibh an deis sin agam."

# Coinnigh do mhisneach



Paisinéirí a thuirlingíonn ag stáisiún traenach bhaile Hässleholm i ndeisceart na Sualainne, siúlann siad thar shiopa grósaera sciobalta le rogha álainn cáiseanna ar taispeáint san fhuinneog. Ar chomhartha grianach tá na focail '*Anne-Lie's Ost & Delikatess*'. Laistigh, tá mionghháire mór ar Anne-Lie Thuvesson agus í ag beannú do chustaiméirí agus ag freastal orthu le hearraí óna raon de cháiseanna speisialtóra, taenna agus caifí breátha agus roghanna brioscaí agus seacláide.

Is éasca a fheiceáil go gcuireann an siopa aoibhneas croí ar Anne-Lie. "Dhear mé an siopa uile mé féin, le roinnt cabhrach ó mo dheirfiúr agus mo chairde," ar sise. Tugann an t-urlár títheach dubh agus bán, na seilfeanna adhmaid snasta agus na rónna de channaí stáin ildaite le fios go bhfuil spéis ag úinéir an tsiopa sna mionsonraí aeistéitiúla.

Tá suíomh an tsiopa an-áisiúil mar tá sé in aice leis an árasán a roinneann Anne-Lie lena beirt iníonacha, Hanna atá 17 mbliana d'aois agus Amanda atá 16 bliana d'aois, agus le cat glas darb ainm Fritz. "Bhí an t-ádh orm go bhfuair mé é – cheapfá go raibh sé deartha dom! Is é seo m'aisling. Braithim an-sásta le mo shaol anois," ar sise.

D'oscail an bhean cholscartha 52 bliain d'aois an *delicatessen* i mí Iúil 2008. Ba chinneadh cróga é tar éis bheith ar shaoire bhreoiteachta ón obair ar feadh cúig bliana toisc go raibh tnáitheadh agus dúlagar uirthi. Agus dar le hAnne-Lie, an rud a chuir ar a cumas é sin a dhéanamh ná tionscadal sláinte agus athshlánaithe deartha do mhná dífhostaithe a d'oibrigh i seirbhísí cúraim roimhe seo, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa.

## Seirbhís tríocha bliain

D'fhág Anne-Lie an scoil ag 16 bliana d'aois agus chaith sí beagnach 30 bliain mar oibrí cúraim shíciatraigh. Thug sí aire d'alcólaigh agus d'othair scitsifréineacha sular ghlac sí post sa rannóg nua d'ospidéal Hässleholm le haghaidh daoine a raibh néaltrú orthu. I 1991 phós sí, agus sna blianta ina dhiaidh sin rugadh Hanna agus Amanda. Ach ní raibh an saol pósta mar a bhí sí ag tnúth leis. Bhí a fear céile éagobhsaí agus ionsaitheach, arsa Anne-Lie. Bhog sí chuig post nua sa bhaile Bjärnum in aice láithreach, agus i ndiaidh colscartha ghoinigh, dheacair i 1994 chaith sí na hocht mbliana ina dhiaidh sin ag obair agus ag tabhairt aire dá hiníonacha.

*"Braithim chomh sásta anois. Ba bhreá liom é dá mbeadh na deiseanna a bhí agamsa ag gach aon duine."*

Ansin, in 2002, chuaigh an strus i bhfeidhm uirthi. Chuir an tsealobair agus coinbhleachtaí lena bainisteoir leis an mbrú a bhí uirthi. "Ní raibh mé in ann déileáil leis," arsa Anne-Lie. Thagadh babhtaí meadhráin uirthi, thosaíodh sí ag caoineadh go tobann, agus d'éiríodh sí ionsaitheach – ag béiceadh ar a hiníonacha. Thóg sí saoire ón obair ar feadh míosa, ach laistigh de choicís ó fhilleadh ar an obair bhí sí ar shaoire bhreoiteachta arís. "Chaith mé dhá lá sa leaba gan aon rud a dhéanamh. Tugann dochtúirí sa tSualainn dúlagar air, ach bhí sé deacair orm glacadh leis an diagnóis sin – bhí mé ag obair i gcúram síciatrach ar feadh beagnach 30 bliain. Ní raibh mé ag fáil aon tacaíochta ag an obair, ach bhí níos mó i gceist ná sin. Ba ghéarchéim i mo shaol é. Bhí mé an-tinn. Ní raibh mé in ann nuachtán a léamh, mar shampla, agus bhí orm m'aigne a dhíriú ar fhanacht i mo sheasamh fad agus a bhí na gréithe á ní agam. Bhí mé ag caoineadh agus ag caoineadh, agus bhraith mé an-fheargach. Ar feadh na chéad bliana den tsaoire bhreoiteachta ní dhearna mé faic: chuir mé na cailíní chuig an scoil agus ansin chuaigh mé a chodladh."

Ar an dea-uair, fuair Anne-Lie a lán tacaíochta óna teaghlach. Thug sí cuairt ar chomhairleoir gach coicís, agus ordaíodh frithdhúlagráin di. "Níor theastaigh uaim cógais a ghlacadh," a admhaíonn sí, "ach mhínigh mo dhochtúir nach raibh m'inchinn ag táirgeadh ceimiceáin a bhí de dhíth uirthi. Tógaim dáileoga beaga díobh fós; bhí strus i gceist leis an siopa a oscailt."

## Tairiscint dhodhiúltaithe

Ansin, i ndiaidh trí bliana, tháinig litir chuici ag tairiscint áite ar an gclár *Sláinte Inbhuanaithe*. "Níor bhraith mé go mbeadh ar mo chumas é a dhéanamh," a admhaíonn Anne-Lie. "Ach bhraith mé nach bhféadfainn diúltú dó, agus mar sin ghlac mé leis an tairiscint." Bhí an scéim dírithe go sonrach ar iar-oibrithe cúraim mná ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach, leis an aidhm sainscileanna agus eolas a thabhairt dóibh le cur ar a gcumas ról nua a fháil sa mhargadh saothair. Ghlac seacht bpobal áitiúla páirt sa phróiseas um roghnú iarrthóirí óna n-iar-fhostaithe sa tseirbhís shóisialta agus sláinte.

"Ní raibh plean réamhdhearbhaithe againn," arsa an Comhordaitheoir Per Larsson. "D'oibríomar le gach duine ar bhonn an duine aonair, ag fáil amach céard go díreach a theastaigh uathu a dhéanamh. Táim cinnte gurb í sin an chúis gur éirigh chomh maith sin leis. De réir mar a d'fhorbair sé, chonaiceamar go raibh an tionscadal chomh maith sin nár chóir fir a eisiamh, cé gur mná iad tromlach na ndaoine sna poist seo." Ó 2005 go 2007 chabhraigh sé le 200 duine a raibh raon leathan riochtaí orthu, fisiceach agus síceolaíoch araon. "An sprioc tosaigh uaillmhianach a bhí againn ná cabhrú le 70% díobh dul ar ais ag obair nó ag staidéar," arsa Per Larsson. "An figiúr deiridh a bhí againn ná 69% – bhí sé iontach. Fiú amháin dá mba rud é nár éirigh ach le duine amháin, b'fhiú é an tionscadal! Cuireann sé in iúl gur ag daoine istigh atá an cumas ach an deis a bheith acu é a fhorbairt."

Ó shin tá tionscadal nua athshlánaithe seolta ag Per. Agus tá duine de na rannpháirtithe, Berith Eriksson, ag obair i *delicatessen* Anne-Lie anois. Chaith sí 23 bliain i réimse an chúraim sláinte sular chuir sí tús leis an athoiliúint. "Is siopa an-deas é," ar sise. "Is cairde maithe muid, agus mar sin, tá súil agam go mbeidh deis agam fanacht anseo."

"Is scéal iontach é," arsa Per. "D'éirigh thar barr le hAnne-Lie agus chuir sí tús le gnó agus anois tá sí ag cabhrú le duine eile sna himthosca céanna."

## Leigheastar gach uile rud le ham

Tá Anne-Lie buíoch go bhfuair sí an t-am lena saol a chur ar ais le chéile. "Ní thuigeann gach duine," a mhíníonn sí. "Tá claonadh ann daoine a bhrostú. Ach a bhuíochas leis an tacaíocht ón AE, bhí na ceannairí tionscadail in ann an tionscadal a chur i gcrích go breá réidh. Sin an chúis go bhfuilim anseo agus go mbraithim go maith." Chabhraigh a creideamh láidir reiligiúnach léi le linn na tréimhsí is measa. Ba ghnáth di giotár a sheinm sa scoil Domhnaigh áitiúil. "Dúirt mé le Dia, táim ag cur gach rud i do lámha anois. Agus bhí gach rud togha ar deireadh."

Ag tosú le céimeanna an-bheag – rud amháin ag an am – chuir sí a plean gnó le chéile. "Fiú amháin sula raibh mé tinn bhí mé ag smaoineamh ar cháiseanna," arsa Anne-Lie le mionghháire uirthi. "Bhí an t-idé agam le fada an lá." Trí leath den airgead caipitil a thiomsú ó eagraíocht a thacaíonn le fiontraithe beaga, bhí sin in ann iasacht óna banc áitiúil a fháil. Ar feadh breis agus bliana d'oibrigh sí i siopa cáise eile i mbaile Kristianstad, ag foghlaim

gach rud faoin ngnó ón úinéir Tom Persson. Chabhraigh sé léi líonra soláthraithe a bhunú agus teagmhálacha a dhéanamh.

Tá an siopa ag déanamh brabúis cheana féin. “Sna seachtainí roimh an Nollaig bhí cúigear ag obair anseo,” arsa Anne-Lie go bródúil. Stopann paisinéirí traenach chun píosa cáise a cheannach don turas nó chun é a thabhairt abhaile. “Faighim custaiméirí nua gach uile lá. Is é seo an t-aon *delicatessen* sa bhaile, agus bheadh ort aistear fada a thógáil le teacht ar tháirgí cosúla áit éigin eile. Theastaigh uaim áit dheas a chruthú ina mbraithfeadh custaiméirí go raibh fáilte rompu, agus d’éirigh liom.

“Braithim chomh sásta anois, agus is breá liom bheith mar cheannaire orm féin,” arsa Anne-Lie. “Tá a lán cairde agam a raibh a gcásanna cosúil le mo chás féin. Ba bhreá liom é dá mbeadh na deiseanna a bhí agamsa ag gach aon duine. Chuidigh an scéim chomh mór sin liom gur mhaith liom eolas a bheith ag cách sa tSualainn faoi.”

# Ag troid in aghaidh an idirdhealaithe

# Tugann scéim chomhtháthaithe caoi do dhaoine san Eastóin



"Mar gheall ar an gclár oiliúna, cuireadh daoine ag smaoineamh dóibh féin, in ionad a bheith ag féachaint le cabhair a fháil ó dhaoine eile," arsa Messurme Pissareva. "Níor inis sé dúinn cad ba chóir dúinn a dhéanamh; cheangail sé orainn imscrúdú a dhéanamh ar an treo ar mhian linn dul. Ní raibh an fhoghlaim deacair dom mar theastaigh uaim go mbeadh an t-eolas uile agam. Anois teastaíonn uaim níos mó a fhoghlaim!"

Agus í beag agus bríomhar, le culaith threabhsair táilliúrtha go snoite uirthi, is í Messurme stiúrthóir bainistíochta na cuideachta eastáit réadaigh Ida-Virumaa Kinnisvara i Jõhvi, i dtuaisceart na hEastóine. Mar sin féin, bhí saol an-éagsúil aici roimh an mbliain 2004, an bhliain inar ghlac sí páirt i gclár oiliúna um chomhtháthú muintire neamh-Eastónaí, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. Bhí sí dífhostaithe, aonraithe agus bhí frustrachas uirthi.

D'fhás Messurme suas sa Dagastáin san Aontas Sóivéadach i sráidbhaile sléibhtiúil taobh le Muir Chaisp, áit a raibh fíonghort ag a teaghlach. Labhair sí an teanga áitiúil *Lesgin*, a bhfuil aibítir Choireallach aici agus a chuimsíonn gnéithe de Rúisis agus de Thuircis araon.

Fiche bliain ó shin bhog sí chuig an Eastóin. Tháinig a deartháir níos sine chuig an tír mar shaighdiúir leis an arm Sóivéadach nuair a bhí na Stáit Bhaltacha ina gcuid den APSS fós. I ndiaidh a sheirbhíse míleata, shocraigh sé fanacht sa réigiún agus lonnú ann, rud a chuir ar chumas Messurme – a bhí 17 mbliana d'aois ag an am – dul ann agus dul ar scoil i Jõhvi. "Dúirt sé gur chineál eile sibhialtachta ba ea é," a chuimhníonn sí. "Ar dtús, bhí sé ar intinn agam filleadh ar an Dagastáin i ndiaidh dom m'oideachas a chríochnú, ach ansin bhuail mé le m'fhear céile."

Mar sin, fuair sí post i monarcha áitiúil ceimiceán i Jõhvi, áit a n-oibríonn a fear céile atá ina innealtóir do dhéantúsóir meaisínre anois. Chláraigh sí le cúrsa tráthnóna i dTaillinn ag déanamh staidéar ar mheicníocht agus ar fhoirgníocht. Níor chuir sé isteach ná amach uirthi gur rogha neamhghnách é sin do bhean óg ag an am. Ach bhí an post crua agus bhí sealanna oibre fada, tuirsiúla i gceist leis, agus nuair a rugadh an dara agus an tríú mac di, chuaigh sí ar saoire mháithreachais agus ansin d'fhan sí sa bhaile chun aire a thabhairt dóibh.

*"Go síceolaíoch, mhúin an tionscadal dom gur féidir liom aon rud ba mhaith liom a dhéanamh. Is féidir rud ar bith ba mhaith liom ach m'intinn a leagan air."*

Tar éis sé bliana a chaitheamh sa bhaile lena clann, bhraith sí eisiata agus go raibh easpa cáilíochtaí aici. "Bhí sé deacair ó thaobh airgid de toisc nach raibh ach ioncam amháin againn, ach ní raibh a fhios agam cad ba chóir dom a dhéanamh chun filleadh ar an margadh saothair i ndiaidh an oiread sin ama a chaitheamh gan phost."

## Fadhb teanga

Chomh maith lena heaspa muiníne, an fhadhb is mó a bhí aici ná fadhb theangeolaíoch. Rinne Messurme staidéar i Rúisis. Tá thart ar aon cheathrú de phobal na hEastóine de thionscnamh Rúiseach, agus tá an-chuid daoine a labhraíonn Rúisis i Jõhvi atá gar don teorainn. Ar scoil sa Dagastáin fuair sí gráid mhaithe sa teanga, ach i measc cainteoirí dúchais ba léir di nach raibh sí líofa agus ní raibh aon Eastóinis ar eolas aici ar chor ar bith. "Mura bhfuil an teanga áitiúil ar eolas agat tá sé i bhfad níos deacra cumarsáid a dhéanamh – dá mhéad teangacha atá ar eolas agat is ea is mó deiseanna atá agat," ar sise.

Rinne an oifig fostaíochta áitiúil í a tharchur chuig an tionscadal cómhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa a bhí á reáchtáil ag Ionad Oiliúna Ontika. Ní hamháin gur thug sé deis di an teanga a fhoghlaim, ach bhí sí in ann foghlaim faoi stair agus cultúr na hEastóine agus scileanna sóisialta a shealbhú cosúil le conas CV a scríobh, conas iarratas a dhéanamh ar phost agus teicnící agallaimh. Trí mheán díospóireachtaí, láithreoireachtaí físeáin agus turas, le saineolaithe idir dhlíodóirí agus shíceolaithe, d'éirigh le Messurme a féinmhuinín a fháil ar ais de réir a chéile.

I ndiaidh thart ar thrí mhí, fuair sí post i siopa leabhar, agus fuair sí ardú céime chuig bainisteoir an tsiopa níos déanaí. "An sprioc a bhí agam ná scileanna a fháil chun cur ar mo chumas dul níos faide," ar sise, agus mar sin ghlac sí páirt i níos mó cúrsaí chun a cumais a uasghrádú agus ansin bhog sí chuig tionscal an eastáit réadaigh. Nuair a bheidh Eastóinis foirfe aici, tá sé beartaithe aici iarratas a dhéanamh ar chéim dlí in Ollscoil Tartu nó Thaillinne. "Braithim go bhfuil níos mó eolais de dhíth orm," a mhaíonn sí go fonnmhar.

Tá Jõhvi an-éagsúil ón Dagastáin. Cé go mbraitheann Messurme an fíon maith ó fhíonghort a athar uaithi, tugann sí le fios gur fhoghlaim sí conas caife a ól san Eastóin. Anois tosaíonn a gnáthamh laethúil le cupán ciúin caife ina cistin i ndiaidh do na triúr buachaillí, Vladimir 15 bliana d'aois, Jeugeni 8 mbliana d'aois agus Renat, 7 mbliana d'aois, imeacht ar scoil. Cuireann sí tús lena cuid oibre ina hoifig in aice láithreach ag 10am, agus mar cheannaire na cuideachta caithfidh sí obair riaracháin a dhéanamh ag an ríomhaire, idirchaidreamh a dhéanamh le cliaint, agus na tithe agus na hárasáin atá le díol aici a thaispeáint dóibh. Ní bhaineann a freagrachtaí le maoin a dhíol amháin. I Kivioli, mar shampla, atá 30 ciliméadar ó Jõhvi, oibríonn a gníomhaireacht le gnólacht tógála ag athrú bloc árasán traidisiúnta carraige go 44 árasán agus seomraí do dhaoine a thagann chuig Kivioli chun oibriú sa mhonarcha éadaí rathúil ann.

## Níl aon scanradh uirthi faoin am le teacht

Nuair a d'éirigh Messurme as a post bhí eagla uirthi nach bhfaigheadh sí post eile riamh. Ach chuir an tionscadal deireadh leis an bhfaitíos sin. Mhúin sé di conas aghaidh a thabhairt ar an am le teacht gan bheith scanraithe roimhe. Nuair a shroich sí Jõhvi ar dtús, ní raibh aithne aici ar aon duine seachas a deartháir ach anois tá grúpa mór cairde aici.

An rud is tábhachtaí a bhain sí amach ná an fhéinmhuinín. "Go síceolaíoch, mhúin an tionscadal dom gur féidir liom aon rud ba mhaith liom a dhéanamh – ní duine lag mé. Is féidir rud ar bith ba mhaith liom ach m'intinn a leagan air. Ba ghá dom spreagadh a fháil chun éalú ó m'imthosca, agus ar an tionscadal dúradh linn: 'Is féidir leat é a dhéanamh!' Bhí a fhios agam go bhfaighinn post ina dhiaidh toisc gur thug sé braistint mhaith fúinn féin dúinn."

"Má theastaíonn uait aon rud a bhaint amach, caithfidh tú oibriú go crua," a dhearbhaíonn comhordaitheoir an tionscadail, Eha Korkus. "Is í Messurme duine de na heiseamláirí is fearr. Ba ghrúpa iontach daoine é. Dúradh linn dá bhfaigheadh 30 % poist bheadh sé ina thoradh maith, ach ar deireadh comhtháthaíodh 60 % díobh. Bhí na torthaí gan choinne agus bhí áthas an domhain orainn. Anois tá tionscadal eile á reáchtáil againn, mar tá ionaid oibre ag cuardach daoine."

Creideann Eha chomh maith nach na mic léinn amháin a bhain tairbhe as – bhain na múinteoirí a lán tairbhe as freisin. "Ní thaitníonn na Rúisigh le gach Eastónach," a mhíníonn sí. "Bhí orainn muid féin a athrú – ní féidir le gach aon duine é sin a dhéanamh."

# Ag fáil áite i measc an lucht oibre



Tá Serge Mbami de thionscnamh Camarúnach, ach bhog sé go hÉirinn in 2001. "Sa bhaile tá an saol crua agus is deacair post maith a fháil," ar seisean. "Bhí deiseanna saoil níos fearr á lorg agam."

Mar sin féin, ar dtús ní raibh sé in ann post a fháil. "Ba dheacair dom post a fháil," arsa an fear 38 bliain d'aois. "Bhí frustrachas orm. Bhí obair dheonach á déanamh agam, ag múineadh leanaí, ach ní bhfuair mé íocaíocht as." Chun é féin agus a mhac óg Ryan a chothú, bhí sé ag brath ar thacaíocht ón rialtas. "Theastaigh uaim tuilleadh a dhéanamh," ar seisean. "Shocraigh mé go raibh roinnt oiliúna ag teastáil uaim chun mo dheiseanna a mhéadú."

In 2003, thosaigh sé ag déanamh staidéir le haghaidh dioplóma i lóistíocht agus bainistíocht shlabhra an tsoláthair ag an Institiúid Éireannach de Cheannach agus Bainistíocht Ábhar. "Bhí roinnt taithí agam sa réimse seo roimhe sin agus bhí a fhios agam gur oir an cineál sin oibre dom," ar seisean. "Is nádúrtha dom iltascáil a dhéanamh, labhraím teangacha agus éiríonn go maith liom agus mé faoi bhrú."

Chlúdaigh an cúrsa trí bliana lóistíocht, ollstóráil, soláthar agus bainistíocht shlabhra an tsoláthair. Mar sin féin, nuair a bhí a chuid staidéar críochnaithe bhí sé fós deacair fostaíocht a fháil. "Fiú amháin agus an dioplóma i mó lámh agam ní raibh mé in ann post a fháil toisc nach raibh aon taithí oibre ábhartha agam. Tá sin an-tábhachtach in Éirinn."

## Socrúchán oibre

Ansin chuala sé faoi chúrsa oiliúna FÁS i riaradh lóistíocht shlabhra an tsoláthair. "Ba é díreach a bhí á lorg agam," arsa Serge. Is éard atá i gceist leis an gcúrsa, a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, ná 22 seachtain de staidéar bunaithe sa seomra ranga le socrúcháin oibre i ngnóthaí ina dhiaidh.

Bhain Serge cáilíocht ghairme aitheanta amach – an tArd-Teastas i Lóistíocht Shlabhra an tSoláthair, FETAC Leibhéal 6 – agus, ní ba thábhachtaí, chaith sé 16 seachtain ar shocrúchán oibre ag SerCom Solutions, fo-chuideachta DCC i Luimneach a dhéileálann go sonrach le soláthar comhtháite ar fud an domhain, lóistíocht, stóráil agus dáileadh earraí leictreonacha agus teile-achumarsáide agus buanearraí. Gníomhaíonn an gnó mar

*"Is féidir liom airgead a sheoladh abhaile agus cabhraíonn sé sin go mór leo. Braithim níos sláine agus is féidir liom mo scíth a ligean gan a bheith buartha faoin am le teacht."*

chomhpháirtí domhanda Foinsithe agus Bhainistíocht Shlabhra an tSoláthair do an-chuid de na gnólachtaí teicneolaíochta agus teileachumarsáide is tábhachtaí ar domhan, chomh maith le dáileoirí agus miondíoltóirí.

I ndiaidh na hoiliúna a chríochnú, tairgeadh post buan sa chuideachta dó. "Chuir mé tús le roinnt tionscadal le linn mo shocrúcháin, ag cur conartha nua i gcrích le cuideachta ó SAM ar mhian léi bogadh isteach in Éirinn agus san Eoraip. Thairg an chuideachta post dom chun cur ar mo chumas leanúint den obair."

Anois baineann a phost le gach gné den lóistíocht, ó cheadúnú go loingeas, táirgeadh, stóráil agus seachadadh deiridh. "Táim ag fáil taithí dhomhanda," a mhíníonn sé. "Déileálaim le custaiméirí ó thíortha san Eoraip, sa Mheán Oirthear agus san Afraic. Is aoibhinn liom oibriú sa chuideachta seo. Is iontach an rud é oibriú mar bhall d'fhoireann."

Dar le Serge, chuaigh an fhostaíocht bhuan i bhfeidhm go mór ar a shaol, ag cur feabhais mhóir ar cháilíocht a bheatha. Mar gheall ar an tslándáil mhéadaithe, ní gá dó a bheith buartha faoi chothú a mhic, agus féadann sé cabhrú lena theaghlach i gCamarún. "Is féidir liom airgead a sheoladh abhaile agus cabhraíonn sé sin go mór leo. Braithim níos sláine agus is féidir liom mo scíth a ligean gan a bheith buartha faoin am le teacht," ar seisean.

"Táim ag baint taitneamh as saol na hÉireann anois. Cuirtear fáilte chroíúil romhat sa tír seo," a mhaíonn sé. "Is pobal an-siamsúil é pobal na hÉireann. Ní shuíonn tú in aice le hÉireannach riamh gan chomhrá a bheith agat. Bíonn sé ag cur báistí go minic áfach," ar seisean, le gáire.

Nuair atá am saor aige, is breá leis bheith sláintiúil, ag dul chuig an ngiomnáisiam agus ag bogshodar. "Is aoibhinn liom féachaint ar shacar," ar seisean. "Bím ag tacú le hArsenal." Mar sin féin, deir Serge nach bhfuil sé sásta leis an méid atá bainte amach aige go dtí seo, agus go leanfaidh sé ar aghaidh ag déanamh staidéir ar ghnó. "Teastaíonn uaim tuilleadh a bhaint amach i gcónaí. Tá uaim go mbeidh mo mhac bródúil asam."

# Post in uachtar



"Is aoibhinn liom mo phost mar tugann sé cobhsaíocht dom agus tugann sé deis dom nithe nua a fhoghlaim," arsa Amparo Navaja Maldonado ó Shevilla na Spáinne.

Agus í ag labhairt i halla isteach an óstáin ghalánta ina n-oibríonn sí, tá cuma dhearfach, shásta ar an mbean 30 bliain d'aois. Mar sin féin, tamaillín ó shin bhí an scéal difriúil. D'fhág sí an scoil ag deireadh an oideachais éigeantaigh gan mhórán cáilíochtaí, agus ní raibh sí in ann teacht ar aon fhostaíocht seachas obair ócáideach, ag glanadh oifigí. "Bhí mo shaol marbhánta," ar sise. "Ní raibh aon rud cobhsaí agam – roinnt jabanna glantacháin ó am go chéile. D'fhaighinn conradh dhá mhí anseo nó cúpla laethanta oibre ansiúd ach bhínn dífhostaithe ar feadh tréimhsí fada."

D'fhás Ampara suas i dteaghlach mór de thionscnamh Romach. Thuill a dtuismitheoirí airgead trí thaisteal ó mhargadh go margadh ag díol torthaí – agus chonaic sí go raibh an saol sin deacair, gan mhórán cinnteachta. Nuair a rugadh a gcéad naíonán, Marco, di agus dá fear céile, Juan Manuel Gallego, thart ar chúig bliana ó shin, thuig sí go raibh níos mó slándála ag teastáil uaithi dá teaghlach féin. "Theastaigh uaim rud éigin difriúil a dhéanamh agus m'imthosca a athrú," ar sise, "bhí fonn orm slí bheatha a fháil agus bheith in ann tacú liom féin agus le mo leanaí."

Gan aon ioncam seasta ag teacht isteach, d'fhan an teaghlach óg i dteach a tuismitheoirí in éineacht lena ceathrar deartháireacha – rud a chiallaigh nach raibh mórán spáis ann. "Bhí sé deacair. Bhí cónaí orm le mo thuismitheoirí le leanbh óg agus le m'fhear céile," a dheir sí. "Ní raibh aon phríobháideacht againn agus chuir sé anró ar ár gcaidreamh."

## Tacaíocht oiriúnaithe

D'éirigh léi cabhair a fháil nuair a fuair sí amach faoin gcúrsa oiliúna ACCEDER trí mheán ionaid fostaíochta áitiúil. Tá sé d'aidhm ag an gcúrsa, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, idirdhealú in aghaidh an phobail Romaigh a chomhrac agus cabhrú le daoine an oiliúint agus an t-oideachas a fháil a bhíonn ag teastáil chun fostaíocht bhuan a fháil. Bunaíodh an cúrsa in 2000 agus sna chéad sé bliana chabhraigh sé le níos mó ná 30,000 duine conarthaí fostaíochta a fháil ar fud na Spáinne.

*"Tháinig athrú ollmhór ar mo shaol toisc go bhfuilim ar an bpárolla anois. Bhí ar mo chumas morgáiste a fháil."*

Cuireann an cúrsa ar chumas daoine na scileanna agus an taithí a bhfuil gá leo chun teacht ar dheiseanna fostaíochta a fháil trí mheán clár oiliúna solúbtha. Comhcheanglaíonn cúrsaí nithe praiticiúla agus teoiriciúla agus cuirtear in oiriúint do dhaoine aonair iad. Fuair Amparo oiliúint mar chailín tí agus fuair sí taithí oibre in óstán i Sevilla. "Thug an cúrsa cáilíocht bhreise dom a chabhraigh liom poist a fháil," ar sise.

Ach ní ba thábhachtaí, mhéadaigh an oiliúint a féinmheas agus a féinmhuinín. "Chonaic mé go raibh tuilleadh roghanna agam. Thug sé caoi bhreise dom."

## Post maoirseachta

Go gairid i ndiaidh di an cúrsa a chríochnú in 2004, fuair sí post mar chailín tí in óstán ar chonradh seasta. Ceithre bliana níos déanaí, d'athraigh sí chuig post ag ceann de na hóstáin is mó sa chathair; tá conradh buan aici ann agus fuair sí ardú céime chuig post maoirseachta.

Anois tá sí i gceannas ar fhoireann bheag de chailíní tí, ag sannadh uainchlár oibre agus ag cinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin. Deir Amparo gurb é ceann de na nithe is fearr léi faoina post na comhghleacaithe a n-oibríonn sí leo: "Is iontach an rud é oibriú mar bhall d'fhoireann ghairmiúil."

Ag leibhéal pearsanta, chuir cobhsaíocht a poist ag an óstán ar chumas na lánúine óige a dteach féin a cheannach. Rugadh ball is nuaí an teaghlaigh, Adrian, go luath in 2008, agus mar sin is féidir a rá gur tháinig feabhas ar an scéal díreach in am. "Tháinig athrú ollmhór ar mo shaol toisc go bhfuilim ar an bpárolla anois. Bhí ar mo chumas morgáiste a fháil," arsa Amparo. "Tá ár dteach féin agus ár ngluaisteán féin againn anois agus braithim slán ó thaobh airgid de."

# Ar a dhá chois féin



Nuair a thosaigh Abshir Abukar ag obair i gceann de na hionaid gharraíodóireachta is mó sa tSualainn, ní raibh mórán ar eolas aige faoi phlandaí ná uirlisí, agus bhí ailléirge air le pailin, fiú amháin. D'fhoghlaim sé go tapa, áfach, agus anois tá post ilchineálach aige a bhfuil bainistiú stoic, cabhrú le custaiméirí agus oibriú mar bhall foirne i gceist leis. Leoga, ba phost iontach é don fhear seo 25 bliain d'aois.

Bhí Abshir 17 mbliana d'aois nuair a bhog a theaghlach chuig Malmö na Sualainne ón Aetóip in 2002. Toisc gur duine cuideachtúil, bríomhar é theastaigh uaidh páirt iomlán a ghlacadh i saol a thíre nua. Mar sin féin, bhí deacrachtaí aige ar dtús. "Suaitheadh cultúir iomlán a bhí ann," ar seisean. "Bhí gach rud éagsúil óna raibh samhlaithe agam, agus bhraith mé go raibh mé i mo choimhthíoch. Chuir an-chuid rudaí mearbhall ormsa."

Ar dtús chuaigh sé chuig scoil teanga chun Sualainnis a fhoghlaim, agus theastaigh óna athair, múinteoir a bhog chuig an tSualainn cúig bliana roimh an gcuid eile den teaghlach, go leanfadh sé ar aghaidh lena chuid staidéar. "Ach ní raibh fonn orm é sin a dhéanamh. Bheadh orm an córas oideachais a thosú ón tús," arsa Abshir. "Bhí sin ina chúis teannais eadrainn." Chuir an choimhlint idir cúlra docht Moslamach a theaghlaigh agus an tsochaí níos liobrálaí a raibh Abshir ag iarraidh a bheith páirteach ann leis an teannas sin.

Theastaigh uaidh a bheith neamhspleách agus seasamh ar a dhá chois féin, "Ach ní raibh a fhios agam conas post a fháil ná aon rud mar sin," ar seisean. Fuair sé roinnt oibre ócáidí ag glanadh agus d'oibrigh sé mar chúntóir cúraim do leanaí faoi mhíchumas. "Rinne mé é sin ar bhonn páirtaimseartha ar feadh dhá bhliain go leith, ach ní raibh go leor airgid á thuilleamh agam," a chuimhníonn sé.

Toisc nach raibh aon obair chobhsaí aige, ní raibh sé d'acmhainn aige bogadh amach agus áit dá cuid féin a fháil. "Bhí mo thuismitheoirí ag tacú liom fós." Agus le 10 deartháir agus deirfiúr níos óige, ba mhór an slua sa bhaile. "Bhí cailín agam faoin am sin freisin, agus bhí níos mó spáis ag teastáil uaim," ar seisean. Ag tráth amháin, thosaigh sé ag dul a chodladh i stóras shiopa a mháthar.

## Scileanna luachmhara a fhoghlaim

Chabhraigh clár do dhaoine óga, *New City*, leis a shaol a athrú. Reáchtálann eagraíocht phobail áitiúil, *Drömmarnas Hus*, an

*“Suaitheadh cultúir iomlán a bhí ann. “Bhí gach rud éagsúil óna raibh samhlaithe agam, agus bhraith mé go raibh mé i mo choimhthíoch. Chuir an chuid rudaí mearbhall ormsa.”*

tionscadal a chómhaoiníonn an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, agus cuireann sé gníomhaíochtaí comhairle, oiliúna, cultúrtha agus féinfhorbartha ar fáil do dhaoine nach bhfuil go hiomlán comhtháite leis an tsochaí.

Tríd an gclár, fuair Abshir oiliúint ar scileanna oibre agus saoil agus d’fhoghlaim sé conas é féin a chur i láthair. Fuair sé socrúchán taithí oibre san ionad garraíodóireachta freisin, agus tairgeadh post buan ann dó ina dhiaidh. “Taitníonn mo phost go mór liom,” ar seisean. “Go háirithe cabhrú le custaiméirí agus oibriú mar bhall d’fhoireann.”

## Áit dá chuid féin

Bhí sé in ann a árasán féin a fháil agus d’fhoghlaim sé conas a bheith níos neamhspleáiche. “Tá an-chuid nithe éagsúil anois mar thoradh ar an gcúrsa,” ar seisean. “Tá m’áit féin agam. Fuair mé ceadúnas tiomána freisin agus tá gluaisteán agam.” Lasmuigh den obair tá saol sóisialta gníomhach aige. Is aoibhinn leis spóirt agus damhsa; imríonn sé sacar go rialta agus déanann sé damhsa *salsa* suas le trí huaire in aghaidh na seachtaine.

Tá Abshir breá sásta lena bheatha anois. “Agus réitím i bhfad níos fearr le mo thuismitheoirí. Tá m'athair sásta fiú amháin.” Toisc an tsládáil a fuair sé trí phost buan a fháil, is féidir le hAbshir pleanáil don am le teacht. Tá sé féin agus a chailín, Shanka, chun pósadh an bhliain seo chugainn. “Agus ansin teastaíonn uaim tús a chur le clann. Clann mhór,” a mhaíonn sé.

# Cumasaíonn an t-eolas



Agus í ina cailín óg, ba í aisling Khadija Majdoubi a bheith ina húinéir ar a siopa gruagaireachta féin. D'éirigh léi an aisling sin a bhaint amach ar feadh tamaill i Maracó, a tír dhúchais, ach nuair a bhog sí chuig an Ísiltír bualadh le tragóid í agus thit a saol as a chéile. Fuair a fear céile bás nuair a bhí sí ag iompair cúpla. Ba thurraing mhór di í agus rugadh na naíonáin go réamhaibí. Chaith sí roinnt blianta mar mháthair lánaimseartha agus ag tabhairt aire do leanaí a cairde ansin.

Toisc go raibh uirthi cúram a thabhairt dá clann fad agus a bhí sí ag iarraidh dul i dtaithí ar an saol sa tír nua, bhí ar Khadija brath ar chúram stáit. Gan ach eolas bunúsach ar Ollainnis aici, ba dheacair di teacht ar phost simplí, gan chaint ar ghnó nua a thosú.

## Bóthar an athshlánaithe

"Níl sé éasca leanaí a thógáil leat féin," arsa Khadija. "Bhraith sé go raibh gach lá chomh lán nach raibh aon am agam d'aon rud eile. Ar dtús, bhí sé rí-dheacair post a aimsiú."

Ag an oifig seirbhísí sóisialacha áitiúil, fuair Khadija amach faoi chúrsa oiliúna saor in aisce do mhná dífhostaithe, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa. "Chabhraigh an cúrsa liom m'aisling a bhaint amach, trí fheabhas a chur ar mo scileanna teanga ar dtús," a mhíníonn sí. "Bhí an ghné sin ríthábhachtach agus bhraith mé níos fearr dá bharr."

Is ionad oibre agus oideachais é VONK do mhná a bhfuil cónaí orthu i gceantar Zeeburg Amstardam. Cabhraíonn an clár le mná is cuma a leibhéal oideachais, a dtaithí ná a dtionscnamh. Cuireann sé faisnéis agus moltaí ar fáil agus cabhraíonn sé leo post, oiliúint agus sochair shóisialacha a fháil. Go ginearálta, tacaíonn sé le comhtháthú agus le dea-bhraistint na rannpháirtithe. Comhoibríonn VONK le gníomhaireachtaí eile Ollannacha agus áitiúla, le heagraíochtaí ban agus le hinstitiúidí seirbhíse sóisialaí freisin.

## Ag brath go maith fút féin

Ceann de na constaicí is deacra le sárú ag mná i ndiaidh dóibh tréimhsí fada a chaitheamh gan phost is ea easpa muiníne. Mar sin,

*"Ba ghruagaire mé roimhe seo nuair a bhí cónaí orm i Maracó. Ach níor chreid mé riamh go mbeinn in ann é seo a dhéanamh anseo, go mbeinn in ann mo shiopa féin a oscailt."*

bhí seisiúin sa chúrsa oiliúna a dhírigh go sonrach ar fhéinmheas agus treallús a mhéadú.

"D'fhoghlaim mé conas feabhas a chur ar mo chuid cumarsáide," arsa Khadija, "agus fuair mé tuiscint níos fearr ar na riachtanais maidir le gnó a oscailt. Ba é an chéad rud a bhí le déanamh agam ná post a fháil. Bhí mé cleithiúnach ar dhaoine eile. Bhí orm mé féin a chur ar mo dhá chois arís."

Chuaigh foireann VONK in éineacht le Khadija nuair a bhí poist á gcuardach aici, agus le tacaíocht agus spreagadh óna cairde agus óna teaghlach, fuair sí post le gruagaire áitiúil ar deireadh. "Ar dtús, bhí na daoine ar bhuail mé leo drogallach roimh phost a thabhairt dom," a mhíníonn sí. "Ní thagaim ón tír seo agus níl an chuma chéanna orm agus atá ar gach duine eile, agus ní raibh mé in ann mé féin a chur in iúl mar ba mhaith liom. Chabhraigh na daoine ag VONK liom tús a chur le m'aistear."

## "Níor chreid mé riamh go mbeinn in ann é seo a dhéanamh"

Agus í ar ais ag an obair, d'éirigh le Khadija roinnt airgid a spáráil. Ar deireadh, d'éirigh léi go leor airgid a spáráil le haisling a leanbaíochta a bhaint amach. I mí Aibreáin 2009, d'oscail sí a siopa gruagaireachta féin gar dá baile in Amstardam. "Ba ghruagaire mé roimhe seo," a mhíníonn sí, "nuair a bhí cónaí orm i Maracó. Is aoibhinn liom é agus is gruagaire maith mé. Ach níor chreid mé riamh go mbeinn in ann é seo a dhéanamh anseo, go mbeinn in ann mo shiopa féin a oscailt."

Deir Khadija gur chabhraigh an cúrsa oiliúna VONK agus an cúnamh indibhidiúil léi aithne a chur uirthi féin, agus gur chuir sé feabhas ar a saol féin agus ar shaol a leanaí. "Táim an-sásta go ndearna mé an cúrsa," ar sise. "Sin an chúis go bhfuil an oiread sin bainte amach agam inniu."

# Neart san éagsúlacht



Rugadh Cornelia Schultheiss in Esslingen, gar do Stuttgart. Rinne sí staidéar ar theangeolaíocht agus ansin fuair sí post le déantúsóir tábhachtach gluaisteán i mBeirlín. Ar dtús fruilíodh mar aistritheoir í, ach d'éirigh le Cornelia aitheantas a bhaint amach tríd a sains-eirbhís féin a mholadh agus a fhorbairt sa chuideachta, ag cur oiliúna 'idirchultúrtha' uathúla ar fáil chun cabhrú le baill foirne ó gach cearn den domhan oibriú le chéile.

"Is crosbhóthar é an Eoraip d'iliomad pobal agus cultúr," ar sise. "Cuireann sé sin deis mhór ar fáil, ach is dúshlán é freisin." Trí oibriú i gcuideachta ollmhór, ilchineálach thuig Cornelia go raibh níos mó i gceist le hobair foirne ná orduithe a leanúint. "Bíonn gnáthaimh agus ionchais éagsúla ag daoine ó thíortha agus le cultúir éagsúla, agus ní thuigeann siad a chéile i gcónaí, fiú amháin nuair a labhraíonn siad an teanga chéanna."

Ar an drochuair, cuireadh athruithe suntasacha i gcrích sa chuideachta ina raibh sí ag obair, agus in 2007, mar gheall ar athstruchtúrú, bhí uirthi rogha a dhéanamh idir a post a choinneáil nó fanacht sa chathair is fearr léi. Roghnaigh sí Beirlín, áit a raibh sí cónaí uirthi lena páirtí ar feadh 15 bliana.

"Ba chinneadh deacair é," ar sise. "Nuair a d'fhág mé mo phost, bhí orm tús a chur le slí bheatha nua, teacht ar rud éigin le déanamh." Chinn sí iarracht a dhéanamh a gnó féin mar thraenálaí agus oiliúnóir idirchultúrtha a bhunú, ach cé go bhfaca sí go raibh éileamh ann dá sainscileanna, ní raibh a fhios aici conas leas a bhaint as toisc nach raibh aon taithí aici ar chuideachta a bhunú.

## Comhairle choincréiteach

Thug an tionscadal *Human Venture II*, a chómhaoinigh an tAontas Eorpach trí Chiste Sóisialta na hEorpa, léargas tábhachtach di ar céard atá i gceist le gnó a thosú, le cois comhairle choincréiteach ar rialacha agus rialacháin tráchtála.

Bhí an scéim ar siúl ó mhí Lúnasa 2006 go mí Mheán Fómhair 2008, leis an aidhm feabhas a chur ar chumais rannpháirtithe a ngnóthais féin a thosú agus bhí díospóireachtaí grúpa, ceardlanna agus seisiúin oiliúna san áireamh inti. Chumhdaigh gníomhaíochtaí ábhair éagsúla a bhain le cuideachta a bhunú, rud a chabhraigh le Cornelia a gnólacht nua-thionscanta féin a ullmhú. "Fuair mé

*"Bíonn na ceardlanna idirchultúrtha dírithe ar thimpeallacht oibre rathúil mhuiníneach a chruthú ina líontar an bhearna idir traidisiúin éagsúla agus modhanna cumarsáide éagsúla."*

a lán faisnéise ar ábhair nach raibh mórán eolais agam fúthu," ar sise. "Chuir sin ar mo chumas a lán botún féideartha a sheachaint. Ach bhain mé taitneamh as an eispéireas agus as an deis líonra teagmhálacha a bhunú leis na rannpháirtithe eile freisin."

Inniu, tá seirbhís sainchomhairliúcháin rathúil ag Cornelia a chuireann sainoiliúint ar fáil do dhaoine ó chúlraí eitneacha agus cultúrtha éagsúla, ag cabhrú leo oibriú le chéile, eispéiris a roinnt agus tuiscint níos fearr a fháil ar a chéile. "Íoslaghdaítear caillteanais mar thoradh ar 'aimhréireacht idirchultúrtha'," ar sise. "Cruthaítear caidrimh níos dlúithe idir baill foirne agus cuirtear ar a gcumas oibriú ar shlí níos éifeachtaí."

I measc chliaint Cornelia tá daoine aonair agus grúpaí a oibríonn nó a mhaireann i dtimpeallacht idirnáisiúnta, daoine ó áiteanna cosúil leis an India, an Rúis nó an tSeapáin, an Ghearmáin agus an-chuid áiteanna eile.

"Bíonn na ceardlanna, an oiliúint agus na seisiúin traenála idirchultúrtha dírithe ar thimpeallacht oibre rathúil mhuiníneach a chruthú ina líontar an bhearna idir traidisiúin éagsúla agus modhanna cumarsáide éagsúla agus araile agus inar féidir sineirgí a fhorbairt," a mhíníonn sí. Uaireanta, oibríonn Cornelia ina hoifig, atá díreach ina aice lena hárasán i mBeirlín Thiar stairiúil. Ar laethanta eile, taistealaíonn sí chuig an gcliant chun na seirbhísí a chur ar fáil, i mBeirlín, sa Ghearmáin, ar fud na hEorpa agus timpeall an domhain.

"Ní bheadh sé ar mo chumas é seo a dhéanamh gan an chabhair a fuair mé," ar sise. "Thaispeáin an oiliúint a fuair mé trí Chiste Sóisialta na hEorpa dom conas mé féin a ullmhú agus conas oibriú go neamhspleách, agus d'fhoghlaim mé go leor fúm féin le linn an phróisis sin. Taithí ar fheabhas a bhí ann."

# Innéacs aibítreach na n-ábhar


| A | |
|---|---|
| Aalborg (an Danmhairg) | 52-53 |
| Aarhus (an Danmhairg) | 104-105 |
| Afraic, an | 128-129, 130-131 |
| Ailtireacht | 68-69 |
| Airgeadas agus riarachán | 18-19, 20-21, 30-31, 56-57, 60-61, 66-67, 98-99, 104-105, 110-111, 112-113, 118-119, 122-123, 124-125 |
| Áise, an | 16-17 |
| Aisteoireacht | 104-105 |
| Albain | 30-31, 38-39 |
| Alcólacht | 48-49, 108-109, 114-115, 118-119 |
| Allmhairiú agus onnmhairiú | 16-17, 124-125 |
| Amharclannaíocht | 104-105 |
| Amstardam (an Ísiltír) | 130-131 |
| Antraipeolaíocht | 94-95 |
| Aontas Sóivéadach, an | 122-123 |
| Aos óg, an | 10-11, 12-13, 14-15, 16-17, 18-19, 20-21, 30-31, 42-43, 44-45, 94-95, 108-109, 128-129 |
| Árachas | 76-77 |
| Athshlánú | 48-49, 108-109, 112-113, 118-119 |
| **B** | |
| Baile Átha Cliath (Éire) | 14-15 |
| Bainistíocht | 54-55, 56-57, 66-67, 74-75, 80-81, 88-89, 122-123 |
| Bainistíocht uisce | 32-33 |
| Beachaireacht | 70-71 |
| Beilg, an | 72-73, 86-87 |
| Beirlín (an Ghearmáin) | 132-133 |
| Bláthadóireacht | 10-11 |
| Bochtaineacht | 14-15, 48-49, 38-39, 82-83, 84-85, 112-113, 126-127 |
| Bodhaire | 40-41, 116-117 |
| Bologna (an Iodáil) | 112-113 |
| Braille | 42-43 |
| Bratasláiv, an (an tSlóvaic) | 34-35, 116-117 |
| Breisoideachas/coláiste | 10-11, 70-71, 84-85, 96-97, 102-103, 108-109, 124-125 |
| Bríceadóireacht | 84-85 |
| Búcairist (an Rómáin) | 94-95 |
| Bulgáir, an | 58-59, 88-89 |

| | |
|---|---|
| **C** | |
| Cathracha | 10-11, 14-15, 16-17, 20-21, 26-27, 30-31, 34-35, 38-39, 40-41, 46-47, 52-53, 56-57, 60-61, 66-67, 82-83, 104-105, 112-113, 114-115, 116-117, 126-127, 130-131, 132-133 |
| Ceimiceáin | 58-59, 70-71, 98-99, 122-123 |
| Ceol | 40-41, 48-49, 62-63, 84-85, 96-97, 104-105, 118-119 |
| Chichester (Sasana) | 68-69 |
| Cipir, an | 24-25, 82-83 |
| Clermont-Ferrand (an Fhrainc) | 20-21 |
| Cliseadh teaghlaigh/méala | 10-11, 24-25, 48-49, 52-53, 56-57, 86-87, 108-109, 110-111, 112-113, 116-117, 118-119, 130-131 |
| Cluichí físeáin | 12-13 |
| Coireacht | 108-109, 112-113, 114-115 |
| Cóireáil leighis | 38-39, 40-41, 46-47, 48-49, 86-87, 112-113, 118-119 |
| Comhairleoireacht/ oiliúint bheatha | 58-59, 80-81, 82-83, 104-105, 114-115, 118-119, 122-123, 130-131, 132-133 |
| Comharchumainn | 48-49, 76-77, 112-113 |
| Comhionannas inscne | 24-25, 26-27, 28-29, 30-31, 32-33, 34-35, 130-131 |
| Comhshaol | 20-21, 28-29, 56-57, 58-59, 62-63, 68-69, 70-71, 72-73, 98-99 |
| Corfú (an Ghréig) | 48-49 |
| Corpacmhainn agus folláine | 14-15, 18-19, 20-21, 28-29, 46-47, 86-87, 118-119 |
| Cothabháil tírdhreacha | 62-63 |
| Cothromaíocht oibre/saoil | 26-27, 32-33, 34-35, 56-57, 86-87 |
| Creideamh reiligiúnach | 118-119, 128-129 |
| Cuimsiú/ lánpháirtiú sóisialta | 40-41, 42-43, 48-49, 58-59, 80-81, 84-85, 108-109, 110-111, 112-113, 114-115, 116-117, 118-119, 122-123, 124-125, 126-127, 128-129, 130-131 |
| Cuntasóireacht agus leabharchoimeád | 60-61, 82-83, 88-89 |
| Cúram baile – daoine scothaosta | 58-59 |
| Cúram lae | 24-25, 26-27, 58-59 |
| Cúram leanaí | 26-27, 32-33, 86-87, 84-85 |
| Cúram sláinte | 24-25, 48-49, 52-53, 58-59, 118-119 |
| CVanna/iarratais ar phoist | 38-39, 54-55, 56-57, 90-91, 122-123, 130-131 |
| **D** | |
| Dáileadh peitril | 88-89 |
| Daille | 42-43 |
| Dámhachtainí | 68-69 |
| Danmhairg, an | 104-105 |

| | |
|---|---|
| Daoine scothaosta | 24-25, 56-57, 58-59 |
| Deacrachtaí foghlama | 12-13, 46-47 |
| Déantúsaíocht | 16-17, 40-41, 54-55, 74-75, 86-87, 88-89, 90-91, 100-101, 116-117 |
| Deontais | 94-95, 100-101 |
| Dífhostaíocht | 38-39, 40-41, 48-49, 52-53, 56-57, 62-63, 70-71, 82-83, 86-87, 90-91, 114-115, 118-119, 122-123, 126-127, 130-131 |
| Drugaí | 48-49, 108-109, 112-113, 114-115 |
| Dul ar scor | 46-47, 52-53, 58-59 |
| Dúlagar | 14-15, 44-45, 46-47, 58-59, 74-75, 108-109, 112-113, 114-115, 118-119 |
| **E** | |
| Ealaíona agus ceardaíocht | 10-11, 28-29, 34-35, 58-59, 80-81, 94-95, 96-97 |
| Easpa dídine | 112-113 |
| Eastát réadach | 74-75, 122-123 |
| Eastóin, an | 66-67, 122-123 |
| Easuan | 86-87 |
| Éire | 14-15, 124-125 |
| Eolaíocht | 102-103 |
| **F** | |
| Faisean agus táilliúireacht | 18-19, 116-117, 112-113 |
| Féinfhostaíocht/ sainchomhairliúchán | 16-17, 90-91, 96-97, 132-133 |
| Féinmhuinín | 34-35, 44-45, 52-53, 54-55, 68-69, 82-83, 90-91, 102-103, 104-105, 114-115, 116-117, 122-123, 126-127, 130-131 |
| Feirm oideachasúil | 72-73 |
| Feirmeoireacht | 44-45, 70-71, 72-73,76-77, 84-85, 98-99 |
| Feirmeoireacht ainmhithe | 44-45, 70-71, 72-73 |
| Fiachas | 48-49, 112-113 |
| Fionlainn, an | 28-29, 96-97 |
| Fiontraithe/Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide | 16-17, 18-19, 20-21, 28-29, 30-31, 34-35, 60-61, 66-67, 68-69, 70-71, 72-73, 74-75, 76-77, 96-97, 104-105, 118-119, 130-131, 132-133 |
| Flóndras (an Bheilg) | 86-87 |
| Foghlaim ar feadh an tsaoil | 10-11, 54-55, 56-57, 68-69, 84-85, 98-99, 102-103 |
| Fógraíocht agus cur chun cinn | 30-31, 66-67, 68-69, 80-81 |
| Foilsitheoireacht | 56-57, 58-59, 94-95 |
| Foraoiseacht | 98-99 |
| Foréigean san ionad oibre | 52-53 |

| | |
|---|---|
| Foréigean teaghlaigh | 48-49, 118-119 |
| Frainc, an | 10-11, 20-21 |
| Fuinneamh gréine | 100-101 |
| **G** | |
| Garraíodóireacht | 10-11, 12-13, 40-41, 48-49, 56-57, 128-129 |
| Gdansk/Gdynia (an Pholainn) | 40-41 |
| Gearmáin, an | 90-91, 132-133 |
| Glanadh | 12-13, 24-25, 48-49, 126-127, 128-129 |
| Gluaisteáin/ déantúsaíocht gluaisteán | 30-31, 54-55, 86-87, 90-91, 100-101, 116-117, 132-133 |
| Gníomhaíochtaí a oireann do theaghlaigh | 24-25, 26-27, 32-33, 40-41, 68-69, 72-73 |
| Gnó glas/turasóireacht | 20-21, 68-69 |
| Gnó teaghlaigh | 28-29, 52-53, 68-69, 72-73, 74-75,76-77, 98-99 |
| Gréig, an | 48-49, 110-111 |
| Gruagaireacht | 130-131 |
| **H** | |
| Hässleholm (an tSualainn) | 118-119 |
| Heilsincí (An Fhionlainn) | 96-97 |
| **I** | |
| Idirdhealú | 56-57, 122-123, 126-127, 130-131 |
| Idiruasán | 66-67 |
| Ilchultúrthacht | 12-13, 122-123, 132-133 |
| Imirce | 12-13, 46-47, 90-91, 122-123, 124-125, 128-129, 130-131 |
| Infheistíocht agus cánachas | 30-31, 66-67, 118-119 |
| Innealtóireacht | 74-75, 88-89, 90-91, 100-101, 108-109, 122-123 |
| Iodáil, an | 100-101, 112-113 |
| Iomarcaíocht | 54-55, 90-91, 132-133 |
| Iompar | 30-31, 52-53, 88-89 |
| Iriseoireacht | 30-31 |
| Ísiltír, an | 32-33, 130-131 |
| **L** | |
| Láimhseáil feirge | 82-83 |
| Laitvia, an | 42-43, 70-71 |
| Larnaka (an Chipir) | 82-83 |
| Leabharlanna agus siopaí leabhar | 42-43, 54-55, 56-57, 94-95, 122-123 |

| | |
|---|---|
| Leanaí | 14-15, 24-25, 26-27, 32-33, 34-35, 38-39, 40-41, 48-49, 52-53, 66-67, 68-69, 70-71, 72-73, 80-81, 82-83, 84-85, 86-87, 88-89, 98-99, 118-119, 122-123, 124-125, 126-127, 130-131 |
| Leictreach | 62-63 |
| Líonrú | 68-69, 74-75, 132-133 |
| Liotuáin, an | 60-61, 102-103 |
| Liúibleána (an tSlóivéin) | 108-109 |
| Lóistíocht | 54-55, 76-77, 124-125 |
| Lónadóireacht | 18-19, 28-29, 40-41, 68-69, 82-83, 84-85 |
| Longchlóis | 38-39 |
| Lucsamburg | 12-13, 46-47 |
| Luimneach (Éire) | 124-125 |
| **M** | |
| Magdeburg (an Ghearmáin) | 90-91 |
| Malartán idirnáisiúnta | 16-17, 76-77, 80-81, 86-87, 94-95, 124-125, 132-133 |
| Malmö (an tSualainn) | 128-129 |
| Málta | 62-63, 80-81 |
| Margaíocht | 16-17, 20-21, 56-57, 66-67, 68-69, 98-99 |
| Meabhairshláinte | 44-45, 48-49, 118-119 |
| Meáin chumarsáide agus cumarsáid | 30-31, 54-55, 56-57, 62-63, 66-67, 96-97, 102-103 |
| Meantóireacht | 44-46, 66-67, 68-69, 118-119 |
| Mianadóireacht | 108-109 |
| Míchumas | 38-39, 40-41, 42-43, 46-47, 52-53, 58-59, 116-117 |
| Miondíoltóireacht | 10-11 20-21, 82-83, 88-89, 110-111, 112-113, 118-119, 128-129 |
| Mionlaigh eitneacha | 12-13, 46-47, 94-95, 84-85, 122-123, 124-125, 126-127, 128-129, 130-131 |
| **N** | |
| Neamhoird itheacháin | 48-49 |
| Nuálaíocht | 28-29, 30-31, 60-61, 66-67, 68-69, 74-75, 76-77, 100-101 |
| **O** | |
| Obair oifige | 32-33, 56-57, 60-61 |
| Obair sholúbtha | 24-25, 26-27, 32-33, 68-69, 70-71, 82-83 |
| Oibrithe breacaosta | 46-47, 52-53, 54-55, 56-57, 58-59, 60-61, 62-63, 80-81, 98-99 |
| Oibrithe sóisialta/cúntóirí | 48-49, 58-59, 82-83, 112-113, 128-129 |
| Oideachas | 12-13, 26-27, 44-45, 56-57, 72-73, 94-95, 100-101, 102-103, 104-105, 108-109, 122-123, 128-129 |
| Oiliúint | 10-11, 14-15, 16-17, 34-35, 38-39, 40-41, 42-43, 44-45, 46-47, 48-49, 52-53, 54-55, 56-57, 62-63, 68-69, 70-71, 74-75, 76-77, 80-81, 82-83, 84-85, 86-87, 88-89, 90-91, 96-97, 104-105, 110-111, 112-113, 114-115, 116-117, 122-123, 124-125, 126-127, 128-129, 132-133 |

| | |
|---|---|
| Ollscoil | 16-17, 26-27, 42-43, 54-55, 56-57, 58-59, 60-61, 66-67, 88-89, 90-91, 94-95, 98-99, 100-101, 102-103, 104-105, 108-109 |
| Oporto (an Phortaingéil) | 16-17 |
| Óstáin/Leaba is Bricfeasta | 28-29, 68-69, 126-127 |
| Ostair, an | 26-27, 56-57 |
| **P** | |
| Pá | 12-13, 38-39, 48-49, 58-59, 80-81, 84-85 |
| Peataí | 10-11, 46-47, 56-57, 58-59, 86-87, 112-113, 118-119, |
| Pleananna gnó | 18-19, 20-21, 30-31, 70-71, 118-119 |
| Pluiméireacht | 62-63 |
| Pobail tuaithe | 24-25, 28-29, 44-45, 76-77, 68-69, 70-71, 72-73, 74-75, 94-95, 98-99 |
| Poblacht na Seice | 18-19, 54-55 |
| Polainn, an | 30-31, 38-39 |
| Polaitíocht áitiúil | 98-99 |
| Portaingéil, an | 16-17, 98-99 |
| Postas agus teileachumarsáid | 46-47, 124-125 |
| Poznań (an Pholainn) | 30-31 |
| Príosún | 112-113, 114-115 |
| **R** | |
| Reims (an Fhrainc) | 10-11 |
| Ríge (an Laitvia) | 42-43 |
| Ríocht Aontaithe, an | 68-69, 114-115 |
| Romach | 84-85, 126-127 |
| Rómáin, an | 76-77, 94-95 |
| **S** | |
| Saoire mháithreachais | 34-35 |
| Saothrú torthaí | 76-77 |
| Scannáin | 96-97 |
| Scileanna nua | 10-11, 12-13, 14-15, 20-21, 40-41, 46-47, 54-55, 56-57, 60-61, 62-63, 80-81, 82-83, 86-87, 88-89, 90-91, 98-99, 110-111, 112-113, 116-117, 122-123, 124-125, 126-127, 128-129, 130-131, 132-133 |
| Scileanna ríomhaireachta | 30-31, 32-33, 38-39, 42-43, 54-55, 56-57, 58-59, 60-61, 80-81, 90-91, 102-103, 110-111, 116-117 |
| Scoil – speisialta | 12-13, 40-41, 42-43, 116-117 |
| Scoil | 10-11, 12-13, 40-41, 44-45, 72-73, 98-99, 108-109, 128-129 |
| Sealobair | 52-53, 82-83, 86-87 |
| Sean-tuismitheoirí | 24-25, 40-41, 52-53, 126-127 |
| Seirbhís airm | 82-83, 84-85, 110-111, 122-123 |
| Seirbhísí ar líne | 30-31, 116-117 |

| | |
|---|---|
| Sevilla (an Spáinn) | 126-127 |
| Siúinéireacht | 62-63, 66-67, 86-87, 84-85 |
| Sláinte agus sábháilteacht | 46-47, 48-49, 52-53, 58-59, 72-73, 84-85 |
| Slóivéin, an | 44-45, 108-109 |
| Slóvaic, an | 34-35, 116-117 |
| Sochair leasa | 14-15, 38-39, 52-53, 58-59, 84-85, 124-125, 130-131 |
| Socrúchán oibre | 12-13, 80-81, 90-91, 100-101, 124-125, 128-129 |
| Spáinn, an | 74-75, 126-127 |
| Spórt | 14-15, 20-21, 66-67 |
| Sráidbhailte | 12-13, 56-57, 72-73, 98-99 |
| Stáit Aontaithe, na | 96-97 |
| Strus/tnáitheadh | 24-25, 38-39, 82-83, 118-119 |
| Sualainn, an | 118-119, 128-129 |
| Szekszárd, (an Ungáir) | 40-41 |
| **T** | |
| Taighde agus forbairt | 26-27, 86-87, 94-95, 100-101, 102-103 |
| Taillinn (an Eastóin) | 66-67 |
| Táirgí orgánacha/cóir-thrádáil | 18-19, 68-69, 70-71 |
| Taisteal | 56-57, 80-81, 94-95, 96-97, 112-113, 132-133 |
| Talmhaíocht | 44-45, 70-71, 72-73, 76-77, 98-99 |
| Táthú agus miotalóireacht | 54-55, 62-63, 74-75 |
| Teagasc | 14-15, 26-27, 34-35, 72-73, 102-103, 104-105, 124-125, 128-129 |
| Teangacha | 12-13, 40-41, 46-47, 66-67, 102-103, 116-117, 122-123, 128-129, 130-131, 132-133 |
| Teicneolaíocht | 76-77, 88-89, 100-101, 110-111, 124-125 |

| | |
|---|---|
| Teicstílí | 16-17, 34-35, 54-55, 88-89 |
| Teile oibriú | 32-33 |
| Tinneas droma | 46-47, 52-53 |
| Tiomáint | 12-13, 30-31, 40-41, 44-45, 52-53, 82-83, 128-129 |
| Tiomsú airgid (carthanach) | 56-57 |
| Tionóiscí agus breoiteacht | 38-39, 40-41, 42-43, 44-45, 46-47,48-49, 52-53, 58-59, 68-69, 112-113, 118-119 |
| Tionscal slándála | 38-39 |
| Tógáil & Foirgníocht | 62-63, 68-69, 74-75, 86-87, 84-85, 122-123 |
| Toircheas sna déaga | 14-15, 48-49, 112-113 |
| Tuismeadh | 130-131 |
| Tuismitheoirí aonair | 14-15, 118-119, 130-131 |
| Turasóireacht & fóillíocht | 14-15, 20-21, 28-29, 30-31, 66-67, 68-69, 72-73, 76-77, 94-95 |
| **U** | |
| Údaráis áitiúla | 12-13, 118-119 |
| Umbria (an Iodáil) | 100-101 |
| Ungáir, an | 40-41, 84-85 |
| **V** | |
| Vallúin (an Bheilg) | 72-73 |
| Vilnias (an Liotuáin) | 60-61 |
| Vín | 26-27, 56-57 |
| Vratsa (an Bhulgáir) | 58-59 |
| **Z** | |
| Zalaegerszeg, an Ungáir | 84-85 |

# Liosta scéimeanna le haghaidh infheistithe i ndaoine

## An t-aos óg

**An Fhrainc (Audrey Libres)**
Teideal: **Ecole de la deuxième chance**
**Tréimhse:** 2002 – 2009
**Buiséad:** €1,027,208
**Rannpháirtithe:** 650 – 700 in aghaidh na bliana

**Lucsamburg (Bruno de Almeida Aveiro)**
Teideal: **Tionscadal Liewenshaff (Päerd's Atelier asbl)**
**Tréimhse:** cúrsa trí bliana
**Buiséad:** €256,578.57
**Rannpháirtithe:** 40
**Suíomh gréasáin:** http://www.liewenshaff.lu/

**Éire (Síne Nic Mathúna)**
Teideal: **Spóirt Teic, cúrsa Tionscnaimh Oiliúna Áitiúil**
**Tréimhse:** 2000 – 2008
**Buiséad:** €2.6m
**Rannpháirtithe:** 232
**Suíomh gréasáin:** http://sports.southdublin.ie/index.php?option=com_content&task=view&id=54&Itemid=114

**An Phortaingéil (Bruno Texeira)**
Teideal: **Inov Contacto**
**Tréimhse:** Tugadh Contacto@lcep ar an gcúrsa seo tráth, agus tá sé ar bun ó 1997. Athraíodh a ainm go InovContacto sa bhliain 2005.
**Buiséad:** Ar an meán €25,000 / Intéirneacht – tá gach rud san áireamh air sin, lena n-áirítear costais struchtúir agus oibríochtúla
**Rannpháirtithe:** Glacann líon éagsúil rannpháirtithe páirt ann gach uair, ar an meán cuirtear thart ar 145 intéirneacht ar fáil in aghaidh na bliana.
**Suíomh gréasáin:** http://live.networkcontacto.com/pt/Paginas/default.aspx

**Poblacht na Seice (Radmila Petroušková)**
Teideal: **Ionad tacaíochta d'fhiontraithe nua**
**Tréimhse:** Samhain 2006 – Lúnasa 2008
**Buiséad:** CZK 5,104,670.00
**Rannpháirtithe:** 165
**Suíomh gréasáin:** www.cepac.cz

**An Fhrainc (Yann Lelièvre)**
Teideal: **Éalú ón mbaile – Espace Info Jeunes**
**Tréimhse:** 2002
**Buiséad:** €60,000 (buiséad bliantúil)
**Suíomh gréasáin:** www.espaceinfojeunes.net

## Comhionannas ban agus fear

**An Chipir (Koulla Aggelou)**
Teideal: **Sa Bhaile Leat Féin Riamh (laistigh de chreat an tionscadail "Leathnú agus Feabhsú Seirbhísí Cúraim do leanaí, do Dhaoine Scothaosta, do Dhaoine faoi Mhíchumas agus do Chleithiúnaithe Eile", Beart 1.4.1 den Cháipéis Chlárúcháin Aonair, Cuspóir 3 "Acmhainn Dhaonna" de Thréimhse Chlárúcháin na gCistí Struchtúracha 2004-2006, a tosaíodh in 2005)**
**Tréimhse:** Eanáir 2007 – Samhain 2008
**Buiséad:** €76,896 in 2007, €70,500 in 2008 (Eanáir – Samhain)
**Participants:** 15
**Website:** http://www.mlsi.gov.cy/mlsi/sws/sws13.nsf/dmltheproject_en/dmltheproject_en?OpenDocument

**An Ostair (Stephan Wittich)**
Teideal: **Oifig Páistí Ollscoileanna Vín**
**Tréimhse:** Nollaig 2002 – Nollaig 2005
**Buiséad:** Ranníocaíocht AE: €142,065 – Buiséad iomlán: €308,838.76
**Rannpháirtithe:** 634
**Suíomh gréasáin:** http://kinder.univie.ac.at/

**An Fhionlainn (Riikka-Leena Lappalainen)**
Teideal: **Reaktioketju – Pohjois-Savon naisyrittäjät kehittymisen voimavarana (Imoibriú Slabhrúil – Fiontraithe is Mná i Savo Thuaidh mar Acmhainn Forbartha)**
**Tréimhse:** Samhain 2004 – Feabhra 2008
**Buiséad iomlán:** €1,489,200
**Rannpháirtithe:** 456

**An Pholainn (Beata Szozda)**
Teideal: **Idé chun gnó nua a thosú 2 – Fiontraíocht acadúil a chur chun cinn i Wielkopolska**
**Tréimhse:** Márta 2007 – Meitheamh 2007

**An Ísiltír (Gerard Jansen)**
Teideal: **Tionscadal E papa**
**Tréimhse:** Aibreán 2006 – Meán Fómhair 2007
**Buiséad:** €127,206
**Rannpháirtithe:** 66
**Suíomh gréasáin:** http://www.ewerkforum.nl/

**An tSlóvaic (Katarína Vargová)**
Teideal: **SPD Cuspóir 3 – Ionad um Fhaisnéis agus um Thacaíocht Fostaíochta**
**Tréimhse:** Meán Fómhair 2007 – Nollaig 2008
**Buiséad:** €161,352
**Rannpháirtithe:** Líon daoine a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí – 203 Líon daoine a thug cúrsaí agus oiliúint chun críche – 178
**Suíomh gréasáin:** www.zzvp.sk

## Daoine faoi mhíbhuntáiste

**An Ghréig (Georgia Chrisikopoukou)**
Teideal: **Ionchais Nua (Clár Psychargos: tionscadal don Ghréig iomlán cómhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa (tréimhse 2001-2010))**
**Tréimhse:** 2007 – 2009
**Buiséad:** €350,000
**Rannpháirtithe:** 50
**Suíomh gréasáin:**
http://www.ygeia-pronoia.gr

**An Pholainn (Andrzej Lubowiecki)**
Teideal: **Oibrithe faoi mhíchumas sa mhargadh saothair oscailte (Fundacja Gospodarcza)**
**Tréimhse:** Deireadh Fómhair 2005 – Nollaig 2006
**Buiséad:** PLN 103,323 (€23,552)
**Rannpháirtithe:** 30
**Suíomh gréasáin:**
www.Fundacjagospodarcza.pl

**An Ungáir (Éva Gyulai)**
Teideal: **LIFT Likeliness – Integration – Full employment – Training [Dóchúlacht – Comhtháthú – Fostaíocht iomlán – Oiliúint] (Fondúireacht an Éin Ghoirm)**
**Tréimhse:** Meitheamh 2006 – Feabhra 2008
**Buiséad:** €446,000
**Rannpháirtithe:** 36 duine óg faoi mhíchumas
**Suíomh gréasáin:**
http://www.kek-madar.hu
http://www.izleloetterem.hu

**Laitvia (Sarmite Gromska)**
Teideal: **"Seirbhísí Leabharlainne ilghnéitheacha a sholáthar i mBraille mar réamhchoinníoll do chomhtháthú na ndall agus an lucht lagamhairc sa tsochaí agus in iomaíocht sa mhargadh saothair."**
**Tréimhse:** Iúil 2005 – Meán Fómhair 2005
**Buiséad:** LVL 16,222
**Rannpháirtithe:** Úsáideoirí na Leabharlainne (daill) – 155 Oibrithe i Rannóg Braille na Leabharlainne – 5 Daltaí na scoile do na daill – 15
**Suíomh gréasáin:**
http://www.neredzigobiblioteka.lv/eng/about.php

**An tSlóivéin (Andrej Lovrencec)**
Ainm an tionscadail: **Oiliúint san obair**
**Tréimhse:** 2007 – 2008 (ag feidhmiú ó 2004 i leith)
**Buiséad:** Maoiniú Chiste Sóisialta na hEorpa: €2,877,275.20 –
**Maoiniú iomlán:** €3,836,367.01
**Rannpháirtithe:** 2007: 694 – 2008: 2,226
**Suíomh gréasáin:**
http://www.mddsz.gov.si/
http://www.euskladi.si/

**Lucsamburg (Otilia Marques)**
Teideal: **Action de reinsertion des lombalgiques et action de prevention par une formation adequate (Céim deiridh)**
**Tréimhse:** Eanáir 2007 – Nollaig 2007
**Buiséad:** €431,899
**Rannpháirtithe:** 425
**Suíomh gréasáin:**
http://www.stm.lu/home.html

## Oibrithe breacaosta

**An Danmhairg (Jane Grøne)**
Teideal: **Tionscadal um Inniúlachtaí Poist**
**Tréimhse:** Lúnasa 2007 – Aibreán 2008
**Buiséad:** €5,641,000
**Rannpháirtithe:** 116 (51 bean, 65 fear) – faoi mhí Iúil 2008 bhí poist faighte ag 54 díobh
**Suíomh gréasáin:**
http://www.amunordjylland.dk/front.do

**Poblacht na Seice (Milan Nedbal)**
Teideal: **An t ionad um fhoghlaim ar feadh an tsaoil**
**Tréimhse:** Meán Fómhair 2005 – Lúnasa 2007
**Buiséad:** €75,475
**Rannpháirtithe:** beartaíodh go mbeadh 625 rannpháirtí ann (chríochnaigh 623 rannpháirtí cúrsaí ach fuair 2 rannpháirtí obair le linn na gcúrsaí)
**Suíomh gréasáin:** www.knihkm.cz

**An Ostair (Roswitha Kerbel)**
Teideal: **Tionscnamh 50 – Beschäftigungsinitiative für ältere Arbeitnehmer (Tionscnamh fostaíochta d'oibrithe breacaosta)**
**Tréimhse:** Nollaig 2002 – Nollaig 2005
**Buiséad:** €6,000,000
**Rannpháirtithe:** déileáladh le 1,200 duine, 650 oibrí idirthréimhseach
**Suíomh gréasáin:** www.initiative50.or.at

**An Bhulgáir (Tsvetan Ivanov)**
Teideal: **Caighdeán Maireachtála Cuibheasach trí Sheirbhísí Sóisialta**
**Tréimhse:** Lúnasa 2008 – Iúil 2009
**Buiséad:** BGN 92,522 (€47,300)
**Rannpháirtithe:** 20 oibrí, 40 tairbhí

**An Liotuáin (Aldona Mikalauskiene)**
Teideal: **Oiliúint i litearthacht ríomhaire do bhaill LPS 'Bociai'**
**Tréimhse:** Meitheamh 2006 – Iúil 2008
**Buiséad:** €2,396,157
**Rannpháirtithe:** 1,720

**Málta (George Mifsud)**
Teideal: **An Scéim um Oiliúint agus um Nochtadh d'Fhostaíocht**
**Tréimhse:** 2004-2006 (bliain amháin: sé mhí oiliúna agus sé mhí de nochtadh d'fhostaíocht)
**Buiséad:** €3,642,543
**Rannpháirtithe:** 460
**Suíomh gréasáin:** http://www.etc.gov.mt/

**Fiontraíocht**
An Eastóin (Peeter Tarmet)
**Teideal:** Clár Meantóireachta
**Tréimhse:** Nollaig 2007 – Samhain 2008
**Buiséad:** 2008: EEK 1,125,000
**Rannpháirtithe:** 2008: 40 meantóir agus 53 dalta
**Suíomh gréasáin:** www.eas.ee – www.holjukid.ee

**An Ríocht Aontaithe (Sandra Barnes-Keywood)**
Teideal: **Fáilte faoin Tuath**
**Tréimhse:** Feabhra 2004 – Aibreán 2008
**Buiséad:** GBP 334,000
**Rannpháirtithe:** 786 duine ó 622 gnóthas
**Suíomh gréasáin:** www.tourismtrainingsoutheast.com

**An Laitvia (Normunds Zeps)**
Teideal: **Tacaíocht do theaghlaigh le leanaí chun cabhrú leo gnóthais agus deiseanna féinfhostaíochta a thionscnamh i gCeantar Daugavpils**
**Tréimhse:** Meán Fómhair 2006 – Deireadh Fómhair 2007
**Buiséad:** LVL 22,317.53
**Rannpháirtithe:** 30
**Suíomh gréasáin:** www.daugavpils.partneribas.lv

**An Bheilg (Gaetane Anselme)**
Teideal: **Bunú Preventagri**
**Tréimhse:** 2003 – 2008
**Buiséad:** 2007: €187,597
**Rannpháirtithe:** thart ar 70
**Suíomh gréasáin:** www.preventagri.be

**An Spáinn (José Salmerón Guindos)**
Teideal: **Clár CRECE um chruthú agus um chomhdhlúthú cuideachtaí**
**Tréimhse:** 2000 – 2006
**Buiséad:** €65m
**Rannpháirtithe:** 18,300
**Suíomh gréasáin:** http://www.eoi.es/nw/publica/crece.asp

**An Rómáin (Florin Istrate)**
Teideal: **Dinamizare Rurală prin angajarE Sustenibilă (DR-ES) (Forbairt Tuaithe trí fhostaíocht inbhuanaithe)**
**Tréimhse:** Samhain 2008 – Deireadh Fómhair 2011 (36 mí)
**Buiséad:** RON 16,408,535.00
**Rannpháirtithe:** 750 duine (350 fear/ 400 bean)
**Suíomh gréasáin:** http://dr-es.eu

## Scileanna nua

Málta (Marie Therese Vella)
**Teideal: An Scéim um Oiliúint agus um Nochtadh d'Fhostaíocht**
**Tréimhse:** 2004 – 2006 (bliain amháin: sé mhí oiliúna agus sé mhí de nochtadh d'fhostaíocht)
**Buiséad:** €3,642,543
**Rannpháirtithe:** 460
**Suíomh gréasáin:** http://www.etc.gov.mt/

**An Chipir (Andreas Apatzidis)**
Teideal: **Gairmoiliúint agus Cabhrú le Faighteoirí Cúnaimh Phoiblí Fostaíocht a Fháil**
**Tréimhse:** 2005-2008, Tréimhse Chlárúcháin na gCistí Struchtúracha, 2004-2006
**Buiséad:** €900,000
**Rannpháirtithe:** Faighteoirí Cúnaimh Phoiblí, Fostóirí san Earnáil Phríobháideach
**Suíomh gréasáin:** http://www.mlsi.gov.cy/mlsi/sws/sws13.nsf/dmltheproject_en/dmltheproject_en?OpenDocument

**An Ungáir (Zsolt Korcz)**
Teideal: **Bealach Amach as Imthosca faoi Mhíbhuntáiste (An Chéad Fhondúireacht Scoile Táirgiúla Ungárach-Danmhargach)**
**Tréimhse:** Meitheamh 2006 – Meitheamh 2007
**Buiséad:** HUF 106m (€373,000)
**Rannpháirtithe:** 36

**An Bheilg (Daniel Dellisse)**
Teideal: **Foghlaim Ardfheabhais**
**Tréimhse:** 2008 – 2009
**Buiséad:** €1,000,000
**Rannpháirtithe:** 700
**Suíomh gréasáin:** www.deceuninck.com

**An Bhulgáir (Biliana Filipova)**
Teideal: **Fostaithe a oiliúint – infheistiú i bhforbairt cuideachtaí**
**Tréimhse:** 2008 – 2009 (13 mhí)
**Buiséad:** BGN 232,223 (€118,734)
**Rannpháirtithe:** 254
**Suíomh gréasáin:**
http://www.petrol.bg/news.php?id=241
http://www.az.government.bg/internal.asp?CatID=28&WA=Efunds/OPHRD/AP2101/Menu_AP2101.htm

**An Ghearmáin (Peter Meller)**
Teideal: **AQUA (Akademikerinnen und Akademiker Qualifizieren sich für den Arbeitsmarkt) [Faigheann Acadóirí Cáilíochtaí don Mhargadh Saothair]**
**Tréimhse:** 2006 – 2010
**Buiséad:** €13,000,000
**Rannpháirtithe:** 715
**Suíomh gréasáin:** www.obs-ev.de/AQUA

## Oideachas agus oiliúint

**An Rómáin (Monica Stroe)**
Teideal: **Scoláireachtaí PhD chun tacú le taighde: iomaíochas, cáilíocht agus comhoibriú i spás ardoideachais na hEorpa (deontas Chiste Sóisialta na hEorpa dáfa ar an Scoil Náisiúnta um Staidéar Polaitiúil agus Riaracháin i mBúcairist (SNSPA))**
**Tréimhse:** Deireadh Fómhair 2008 – Meán Fómhair 2011
**Buiséad:** RON 4,215,105
**Rannpháirtithe:** 40 mac léinn PhD

**An Fhionlainn (Harri Haanpää)**
Teideal: **Tionscadal MEDA (fiontraíocht i réimse na meán)**
**Tréimhse:** Bealtaine 2005 – Nollaig 2007
**Buiséad:** €597,470
**Rannpháirtithe:** 64

**An Phortaingéil (Maria Balbina Soares Melo Rocha)**
Teideal: **Plano de Formação da Forestis – Plano de Formação para a Gestão Sustentada**
**Tréimhse:** Bealtaine 2004 – Nollaig 2007
**Buiséad:** €737,175.35
**Rannpháirtithe:** 865
**Suíomh gréasáin:**
http://www.forestis.pt/default.aspx

**An Iodáil (Simone Rossi)**
Teideal: **Bando Assegni di Ricerca finalizzato al miglioramento delle risorse umane nel settore della ricerca e dello sviluppo tecnologico POR Umbria Ob.3 2000-2006**
**Tréimhse:** cuireadh tús leis an Scéim Ghinearálta i mí Feabhra 2007 agus críochnaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2008 í (cláraíodh an Tionscadal roimhe sin – sa bhliain 2006 – agus íocadh as le cistí 2000 – 2006 Chiste Sóisialta na hEorpa)
**Buiséad:** €1,825,503.99
**Rannpháirtithe:** 214
**Suíomh gréasáin:**
www.ilpontesuldistretto.it

**An Liotuáin (Nedas Jurgaitis)**
Teideal: **MOKOM**
**Tréimhse:** Márta 2005 – Feabhra 2008
**Buiséad:** LTL 1,506,411
**Rannpháirtithe:** 610

**An Danmhairg (Mogens Lausen)**
Teideal: **Cúrsa fiontraíochta**
**Tréimhse:** Earrach 2004
**Buiséad:** DKK 50,000
**Rannpháirtithe:** 28
**Suíomh gréasáin:** www.cfe.au.dk

## Cuimsiú sóisialta

**An tSlóivéin (Jana Urbanija)**
Teideal: **Foghlaim Tionscadail do Dhaoine Fásta Óga – PLYA**
**Tréimhse:** 2004 – 2006
**Buiséad:** buiséad iomlán: €270,000; cómhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa: €195,000
**Rannpháirtithe:** 400
**Suíomh gréasáin:** http://www.euskladi.si/, http://www.mss.gov.si/

**An Ghréig (Christos Giannakopoulos)**
Teideal: **Oiliúint i mbunscileanna TFC (timthriall I)**
**Tréimhse:** Meitheamh 2003 – Nollaig 2003
**Buiséad:** Maoiniú iomlán: €18,152,216.32/ Ranníocaíocht Chiste Sóisialta na hEorpa: €13,614,162.20
**Rannpháirtithe:** 20,000 (18,000 ó ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí – 2,000 saighdiúir)
**Suíomh gréasáin:**
www.esfhellas.gr – www.eye-ekt.gr

**An Iodáil (Fiorella)**
Teideal: **Servizi itineranti inserimento donna (SIID I/II)**
**Tréimhse:** Aibreán 2005 – Meán Fómhair 2006/Deireadh Fómhair 2006 – Nollaig 2007
**Buiséad:** €239,500/ €236,000
**Rannpháirtithe:** 283/±500
**Suíomh gréasáin:** http://www.siid2.it/

**An Ríocht Aontaithe (Ailean Mag Fhionnlaigh)**
Teideal: **An Tionscadal um Oiliúint Bheatha**
**Tréimhse:** Eanáir 2006 – Márta 2007
**Buiséad:** Costais Iomlána an Tionscadail GBP 413,140; fuarthas GBP 178,499 den tsuim sin ó Chiste Sóisialta na hEorpa
**Rannpháirtithe:** 44 rannpháirtí san iomlán; fuair 25 díobh siúd tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa
**Suíomh gréasáin:** **http:**//www.thewisegroup.co.uk/content/default.asp

**An tSlóvaic (Mário Greško)**
Teideal: **EQUAL – Ionad seirbhísí athshlánaithe shóisialta agus faisnéise do dhaoine faoi mhíchumas éisteachta**
**Tréimhse:** Márta 2005 – Iúil 2008
**Buiséad:** €199,163.52
**Rannpháirtithe:** Líon na rannpháirtithe: (beartaithe/go hiarbhír) Líon daoine a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí – 30/71 Líon fostaithe oilte de chuid seirbhísí poiblí agus seirbhísí fostaíochta eile – 15/26 Líon daoine a ghlac páirt i dtionscadail sa réimse d'oiliúint ghrúpa do dhaoine faoi mhíchumas – 80/97
**Suíomh gréasáin:** www.sppn.sk

**An tSualainn (Anne-Lie Thuvesson)**
Teideal: **Sláinte Inbhuanaithe**
**Tréimhse:** Márta 2005 – Meitheamh 2007
**Buiséad:** SEK 18,851,000 (€1,709,991)
**Rannpháirtithe:** 200
**Suíomh gréasáin:** http://www.anneliesost.com/3.html

## Ag troid in aghaidh an idirdhealaithe

**An Eastóin (Messurme Pissareva)**
Teideal: **Comhtháthú muintire neamh-Eastónaí leis an margadh saothair**
**Tréimhse:** Meán Fómhair 2004 – Nollaig 2005
**Buiséad:** EEK 3,360,089 (ESF 2,517,146)
**Rannpháirtithe:** 242 neamhnáisiúnach, aoiseanna 16-63
**Suíomh gréasáin:** www.sm.ee/esf2004

**Éire (Serge Mbami)**
Teideal: **Cúrsa oiliúna i Riaradh Lóistíocht Shlabhra an tSoláthair**
**Tréimhse:** 2007
**Buiséad:** cuireadh buiséad €129,025 ar fáil don chúrsa agus ba ionann na liúntais a íocadh leis na foghlaimeoirí agus €116,242
**Rannpháirtithe:** 16 rannpháirtí – fuair 14 de na rannpháirtithe sin fostaíocht a bhain le lóistíocht ag deireadh an chúrsa
**Suíomh gréasáin:** www.fas.ie

**An Spáinn (Amparo Navaja Maldonado)**
Teideal: **ACCEDER: Idirdhealú in aghaidh an phobail Romaigh a chomhrac**
**Tréimhse:** 2000 – 2007 (1ú céim) agus 2008 – 2013 (2ú céim)
**Buiséad:** 2000 – 2006: €57m/2008 – 2013: €41m
**Rannpháirtithe:** 40,743 (go dtí 2007)
**Suíomh gréasáin:** http://www.gitanos.org/acceder

**An tSualainn (Abshir Mohamed Abukar)**
Teideal: **UP New City**
**Tréimhse:** 2005 – 2007 (atosaithe in 2008-2010 agus tá an t ainm New City air anois)
**Buiséad:** €2.5m
**Rannpháirtithe:** thart ar 2,000
**Suíomh gréasáin:** www.drommarnashus.se/newcity

**An Ísiltír (Khadija Majdoubi)**
Teideal: **VONK**
**Tréimhse:** Samhain 2005 – Nollaig 2007
**Buiséad:** €382,438
**Rannpháirtithe:** thart ar 1 000 bean
**Suíomh gréasáin:** http://www.vonkzeeburg.nl/

**An Ghearmáin (Cornelia Schultheiss)**
Teideal: **Human Venture II (tionscadal deartha agus curtha i gcrích ag an ngníomhaireacht um spreagadh na fiontraíochta (gründungsservice) ag Ollscoil Theicniúil Bheirlín (TU Bheirlín).**
**Tréimhse:** 2006 – 2008
**Buiséad:** €611,000
**Rannpháirtithe:** 313
**Suíomh gréasáin:** www.gruendung.tu-berlin.de

An Coimisiún Eorpach

**AG CUR CRUTHA EILE AR SHAOL DAOINE – An AE ag infheistiú i ndaoine trí mheán Chiste Sóisialta na hEorpa**

Lucsamburg : Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach

2009 — 146 lch.. — 24 × 24 cm

ISBN 978-92-79-12676-5
doi 10.2767/25848

Cad é a dhéanann an AE ar son a shaoránach? Is freagra amháin don cheist é Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), agus é ag infheistiú i dtuairim is 10 milliún duine gach bliain ar fud na 27 Ballstát. Sa leabhar seo tá scéalta 54 duine – beirt i ngach Ballstát – a ghlac na deiseanna a thairgeann tionscnaimh mhaoinithe ag CSE. Tá idir mhná agus fhir sna hagallaimh, de gach aois iad ó dhéagóirí go dtí pinsinéirí, as comhphobail sna cathracha agus faoin tuath, i ngach aon tír an AE.

Tá an foilseachán seo ar fáil i bhformáid chlóite i dteangacha oifigiúla uile an AE.

# Conas teacht ar fhoilseacháin de chuid an AE

**Foilseacháin le díol:**

- trí EU Bookshop ( http://bookshop.europa.eu)
- ó shiopaleabhair leis an teideal, an foilsitheoir agus/nó uimhir ISBN á lua agat.
- trí theagmháil a dhéanamh lenár ngníomhaireachtaí díolacháin go díreach.
- Is féidir leat teacht ar shonraí teagmhála na ngníomhaireachtaí díolacháin ar an Idirlíon (http://ec.europa.eu) nó trí facs a chur chuig uimhir + 352 2929 – 42758.

**Foilseacháin saor in aisce:**

- trí EU Bookshop ( http://bookshop.europa.eu)
- in oifigí ionadaíochta nó oifigí toscaireachta an Choimisiúin Eorpaigh.


An bhfuil suim agat i **bhfoilseacháin** na hArdstiúrthóireachta um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chomhdheiseanna?

Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil nó síntiús saor in aisce a thabhairt amach ó
***http://ec.europa.eu/social/publications***

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú clárú chun *Nuachtlitir leictreonach um Eoraip Shóisialta* an Choimisiúin Eorpaigh a fháil saor in aisce ag
***http://ec.europa.eu/social/e-newsletter***

Tá tuilleadh eolais faoi Chiste Sóisialta na hEorpa le fáil ag
***http://ec.europa.eu/esf***

KE-78-09-858-GA-C



Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-12693-2